

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 328



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

22 Nollaig 2022

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

TREORACHA

- ★ **Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas** 1

II *Gníomhartha neamhrechtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ **Cinneadh (AE) 2022/2524 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharairí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a chuimsítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.....** 59
- ★ **COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN NUA-SHÉALAINN DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII DE CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA 1994 UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) A BHAINNEANN LE LAMHÁLTAIS A MHODHNÚ AR NA CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL AE CLXXV MAR THORADH AR THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH** 61
- ★ **Fógra maidir le dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré** 63

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2525 ón gComhairle an 21 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Líbia** 64

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2526 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dramhaíl mhearcair i bhfoirm leachtach a stóráil go sealadach ⁽¹⁾	66
★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2527 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha	68
★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2528 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 611/2014, AE 2015/1366 agus (AE) 2016/1149 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe	70
★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2529 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin	74
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2530 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta	76
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2531 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	78
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2532 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, (AE) 2015/1368 agus (AE) 2016/1150 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe	80
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2533 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2022 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ["Miele della Lunigiana" (STFC)]	84
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2534 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena n-údaráítear béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β -lachtghlóbailin) a chur ar an margadh mar bhia núiosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ⁽¹⁾	85
★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2535 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena n-údaráítear an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamáí <i>Antrodia camphorata</i> a chur ar an margadh mar bhia núiosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽¹⁾	91

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh (AE) 2022/2536 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne 94
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2537 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022... maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne 96
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2538 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Nollaig 2022 maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh 98
- ★ Cinneadh (CBES) 2022/2539 ón gCoiste polaitiúil agus slándála an 13 Nollaig 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/59 (BiH/34/2022) 99
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2540 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Beilge, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 101
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2541 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 103
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2542 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 lena n-údaráítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha 105
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2543 ón gComhairle an 21 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia 107
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe 109

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme(AE, Euratom) 2022/2545 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 maidir leis an modheolaíocht chun costais a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a leithdháileadh faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú 123
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2546 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/29 maidir le nótaí bainc euro a eisiúint (BCE/2022/46) 136

MOLTAÍ

- ★ Moladh (AE) 2022/2547 ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 lena leasaítear Moladh (AE) 2022/107 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 ⁽¹⁾ 138
- ★ Moladh (AE) 2022/2548 ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil le taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle 146

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh Uimh. 2/2022 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Nollaig 2022 a mhéid a bhaineann leis an dara síneadh, arb é an síneadh deireanach é, a chur leis an tréimhse eatramhach inar féidir leis an Ríocht Aontaithe maolú ar an oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe [2022/2549] 153
- ★ Cinneadh Uimh. 3/2022 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Nollaig 2022 lena mbunaítear liosta de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair [2022/2550] ... 154
- ★ Cinneadh Uimh. 4. ón gCoiste um Thrádáil idir an Chóiré agus an tAontas Eorpach an 30 Samhain 2022 maidir leis an leasú ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (2022/2551) 157

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/2400 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailléin orgánacha mharthanacha (IO L 317, 9.12.2022) 169
- ★ Ceartúchán ar Cinneadh (AE) ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir le beart cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun achmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisia agus na Heirseagavéine a neartú (IO L 311, 2.12.2022) 170

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

TREORACHA

TREOIR (AE) 2022/2523 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2022

maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le blianta beaga anuas, tá bearta cinniúnacha glactha ag an Aontas chun an comhrac i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach laistigh den mhargadh inmheánach a threisiú. Leis na treoracha i gcoinne seachaint cánach leagtar síos rialacha i gcoinne chreimeadh an bhoinn cánach sa mhargadh inmheánach agus i gcoinne an brabús a aistriú amach as an margadh inmheánach. Leis na rialacha sin, tiontaíodh i ndlí an Aontais na moltaí a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) i gcomhthéacs an tionscnaimh i gcoinne chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) chun a áirithiú go ngearrfar cáin ar bhrabúis fiontar ilnáisiúnta (FINanna) san áit ina ndéantar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha as a dtagann na brabúis agus ina gcruthaítear luach.
- (2) Mar iarracht leanúnach chun deireadh a chur le cleachtais chánach FINanna, lena gcuirtear ar a gcumas brabúis a aistriú go dlínsí ina bhfuil siad faoi réir cánachas ar bith nó cánachas an-íseal, tá sraith rialacha idirnáisiúnta cánach forbartha ag ECFE chun a áirithiú go n-íocfaidh FINanna cion cothrom cánach cibé áit a n-oibríonn siad. Is é is aidhm don athchóiriú mór seo íosleibhéal domhanda cánachais a leagan síos le haghaidh iomaíocht maidir le rátaí cánach ioncaim chorparáidigh. Trí dheireadh a chur le cuid mhór de na buntáistí a bhaineann le brabúis a aistriú chuig dlínsí nach ngearrtar aon cháin iontu nó nach ngearrtar ach cáin an-íseal iontu, leis an athchóiriú domhanda maidir le cáin íosta tabharfar cothrom na Féinne i gcrích do ghnólachtaí ar fud an domhain agus éascófar na dlínsí a mbonn cánach a chosaint níos fearr.

⁽¹⁾ IO C 290, 29.7.2022, lch. 52.

⁽²⁾ Tuairim an 19 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (3) Tá an cuspóir polaitiúil sin tiontaíte ina rialacha dar teideal *'Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy – Global Anti-Base Erosion Model Rules (Pillar Two)'* [Dúshlán Chánach a eascraíonn as Digitíú an Gheilleagair - Rialacha Samhla Domhanda i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn (Colún a Dó)] ('Rialacha Samhla ECFE') arna bhformheas le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS an 14 Nollaig 2021, creat a bhfuil gealltanais tugtha ag na Ballstáit ina leith. Sa tuarascáil uathu chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanais cánaigh a d'fhorghreasc an Chomhairle an 7 Nollaig 2021, d'athdhearbháigh an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir leis an athchóiriú domhanda maidir le cáin íosta agus gheall sí an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme go pras trí bhithin dhlí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá sé rithabhachtach go gcuirfidh na Ballstáit a ngealltanais chun feidhme go héifeachtach chun íosleibhéal domhanda cánaigh a bhaint amach.
- (4) In Aontas ina bhfuil geilleagair atá comhtháite go dlúth, tá sé rithabhachtach go ndéanfar an t-athchóiriú domhanda maidir le cáin íosta a chur chun feidhme ar bhealach atá comhleánúnach agus comhordaithe go leordhóthanach. I bhfianais scála, sonraí agus teicniúlachtaí na rialacha nua idirnáisiúnta cánaigh sin, ní dhéanfaidh ach creat comhchoiteann de chuid an Aontais ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a chosc agus na rialacha nua sin á gcur chun feidhme. Ina theannta sin, le creat comhchoiteann de chuid an Aontais, arna cheapadh chun a bheith comhoiriúnach leis na saoirsí bunúsacha a ráthaítear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sholáthrófaí deimhneacht dhlíthiúil do cháiniócoirí agus rialacha den sórt sin á gcur chun feidhme acu.
- (5) Is gá rialacha a leagan síos chun creat éifeachtúil agus comhleánúnach a bhunú le haghaidh an íosleibhéil dhomhanda cánaigh ar leibhéal an Aontais. Leis an gcreat sin, cruthaítear córas ina mbeidh dhá rialail chomhghlasáilte, dá ngairtear le chéile 'rialacha GloBE', trínar cheart méid breise cánaigh ('cáin bhreisiúcháin') a bhailiú gach uair a bheidh ráta cánaigh éifeachtach de chuid FIN faoi bhun 15 % i ndlínse ar leith. I gcásanna den sórt sin, ba cheart a mheas gur dlínse ísealchánach. Tugtar an Rialail um Chuimsiú Ioncaim (IIR) agus an Rialail maidir le Brabús faoi thearc-cháin (UTPR) ar an dá rialail chomhghlasáilte sin. Faoi gcóras sin, máthaireintiteas FIN atá lonnaithe i mBallstát, ba chóir go mbeadh oibleagáid air IIR a chur i bhfeidhm ar a sciar féin den cháin bhreisiúcháin a bhaineann le haon eintiteas den ghrúpa a bhfuil cáin íseal air, bíodh an t-eintiteas sin lonnaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas. Ba cheart don UTPR gníomhú mar chúlstop do IIR trí aon mhéid iarmharach de cháin bhreisiúcháin a ath-leithdháileadh i gcásanna nach bhféadfadh máthaireintitis méid iomlán na cánaigh breisiúcháin a bhaineann le heintitis ísealchánach a bhailiú trí IIR a chur i bhfeidhm.
- (6) Tá sé riachtanach Rialacha Samhla ECFE arna gcomhaontú ag na Ballstáit a chur chun feidhme ar bhealach a bheidh chomh gar agus is féidir don chomhaontú domhanda chun a áirithiú go mbeidh na rialacha arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit de bhun na Treorach seo cáilithe de réir bhrí Rialacha Samhla ECFE. Cloíonn an Treoir seo go dlúth le hinneachar agus le struchtúr Rialacha Samhla ECFE. Chun an chomhoiriúnacht le dlí príomha an Aontais a áirithiú, agus go háirithe le prionsabail na saoirse bunaíochta, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha na Treorach seo maidir le heintitis a bhfuil cónaí orthu i mBallstát mar aon le heintitis neamhchónaitheacha máthaireintitis atá lonnaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo freisin maidir le grúpaí mórscála intíre. Ar an gcaoi sin, cheapfaí an creat dlíthiúil sa chaoi nach mbeadh aon bhaol ann go ndéanfaí idirdhealú idir cásanna trasteorann agus cásanna náisiúnta. Maidir le gach eintiteas atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil córas ísealchánach ann, lena n-áirítear an máthaireintiteas a chuireann IIR i bhfeidhm, ba cheart iad a bheith faoi réir na cánaigh breisiúcháin. Ar an gcuma chéanna, na comheintitis de chuid an mháthaireintiteas chéanna atá lonnaithe i mBallstát eile, Ballstát a bhfuil córas ísealchánach ann, ba cheart iad a bheith faoi réir na cánaigh breisiúcháin.
- (7) Cé gur gá a áirithiú go ndíspreagfar cleachtais seachanta cánaigh, ba cheart drochthionchair ar FINanna níos lú sa mhargadh inmheánach a sheachaint. Chun na críche sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo ach maidir le heintitis atá lonnaithe san Aontas, eintitis ar comhaltaí iad de ghrúpaí FIN nó de ghrúpaí mórscála intíre a bhfuil an tairseach bhliantúil EUR 750 000 000 ar a laghad d'ioncam comhdhlúite á comhlíonadh acu. Bheadh an tairseach sin comhshéimhach le tairseach na rialacha idirnáisiúnta cánaigh atá ann cheana, amhail na rialacha maidir le tuairisciú de réir tíre a leagtar amach i dTreoir 2011/16/AE ón gComhairle ⁽³⁾, arna tabhairt isteach le Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle ⁽⁴⁾. Tagraítear d'eintitis a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo mar 'chomheintitis'. Ba cheart eintitis áirithe a eisiáim ó raon feidhme na Treorach seo bunaithe ar a gcuspóir agus ar a stádas ar leith. Maidir le heintitis eisiata, ba cheart gurbh iad sin na heintitis nach mbíonn trádáil ná gnó á seoladh acu go ginearálta agus a dhéanann gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an leas coiteann, amhail cúram sláinte poiblí agus oideachas a chur ar fáil nó bonneagar poiblí a thógáil, agus a bhféadfadh sé, ar na cúiseanna sin, nach mbeadh siad faoi réir cánaigh sa Bhallstát ina bhfuil siad lonnaithe. Is gá, dá bhrí sin, eintitis rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, cistí pinsin, agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, lena n-áirítear eagraíochtaí chun críocha amhail an tsláinte poiblí, a eisiáim ó raon feidhme na Treorach seo. Ba cheart go bhféadfadh árachóirí cúraim sláinte nach lorgaíonn nó nach ndéanann aon bhrabúis seachas ar mhaithe le cúram sláinte poiblí a áireamh in eagraíochtaí neamhbhrabúis freisin. Ba cheart cistí infheistíochta agus meáin infheistíochta eastáit réadaigh a eisiáim ó raon feidhme na Treorach seo freisin nuair atá siad ag barr an tslabhra úinéireachta, ós rud é go ngearrtar cáin ar an ioncam a thuilleann na heintitis sin ar leibhéal a n-úinéirí.

⁽³⁾ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir leis an uathmhálartú faisnéise sainordaitheach i réimse an chánachais (IO L 146, 3.6.2016, lch. 8).

- (8) Maidir leis an máthaireintiteas deiridh de ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórskála intíre, i gcás leas rialaitheach a bheith ag an máthaireintiteas sin go díreach nó go hindíreach i ngach comheintiteas eile de chuid ghrúpa FIN nó den ghrúpa mórskála intíre, tá sé i gcoilár an chórais. Ós rud é go gceanglaítear ar an máthaireintiteas deiridh de ghnáth cuntais airgeadais na n-eintiteas uile de chuid ghrúpa FIN nó den ghrúpa mórskála intíre a chomhdhlúthú nó, murab amhlaidh atá, go n-éileofaí amhlaidh faoi chaighdeán cuntasaiochta airgeadais inghlactha, tá faisnéis chriticiúil aige agus is é ab fhearr chun a áirithiú maidir leis an leibhéal cánach in aghaidh na dlínse i gcás an ghrúpa, go gcomhlíonfaidh sé an t-íosráta cánach comhaontaithe. I gcás ina mbeidh an máthaireintiteas deiridh lonnaithe san Aontas, ba cheart, dá bhrí sin, gur air a bheidh an phríomhoibleagáid faoin Treoir seo IIR a chur i bhfeidhm ar a sciar leithdháilte den cháin bhreisiúcháin a bhaineann le gach comheintiteas íseal-chánach de ghrúpa FIN, is cuma cé acu laistigh nó lasmuigh den Aontas atá siad lonnaithe. Ba cheart do mháthaireintiteas deiridh de ghrúpa mórskála intíre IIR a chur i bhfeidhm maidir le méid iomlán na cánach breisiúcháin i ndáil lena chomheintitis ísealchánach.
- (9) In imthosca áirithe, ba cheart an oibleagáid IIR a chur i bhfeidhm a bhogadh síos agus a chur ar chomheintitis eile de ghrúpa FIN atá lonnaithe san Aontas. Ar an gcéad dul síos, nuair is eintiteas eisiata atá sa máthaireintiteas deiridh nó nuair atá sé lonnaithe i ndlínse tríú tír nach bhfuil Rialacha Samhla ECFE nó rialacha coibhéiseacha curtha chun feidhme aici agus nach bhfuil IIR cáilithe acu, ba cheart oibleagáid a bheith ar mháthaireintitis idirmheánacha atá suite faoi bhun an mháthaireintitis deiridh sa slabhra úinéireachta agus é lonnaithe san Aontas, faoin Treoir, an IIR a chur i bhfeidhm suas go dtí a sciar iomlán den cháin bhreisiúcháin. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil leas rialaithe i máthaireintiteas idirmheánach eile faoi úinéireacht máthaireintitis idirmheánaigh a gceanglaítear air IIR a chur i bhfeidhm, ba cheart don mháthaireintiteas idirmheánach céadluaithe IIR a chur i bhfeidhm.
- (10) Ar an dara dul síos, gan beann ar an máthaireintiteas deiridh a bheith lonnaithe i ndlínse ag a bhfuil IIR cáilithe, na máthaireintitis faoi pháirt-úinéireacht agus iad lonnaithe san Aontas, agus a bhfuil os cionn 20 % dá gcothromas faoi úinéireacht seabhóirí leasa lasmuigh den ghrúpa, ba cheart oibleagáid a bheith orthu faoin Treoir seo IIR a chur i bhfeidhm suas go dtí a sciar leithdháilte den cháin bhreisiúcháin. Níor cheart do mháthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht den sórt sin IIR a chur i bhfeidhm, áfach, nuair atá siad ar lánúinéireacht ag máthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht eile a gceanglaítear air IIR a chur i bhfeidhm. Ar an tríú dul síos, nuair is eintiteas eisiata atá sa máthaireintiteas deiridh nó nuair atá sé lonnaithe i ndlínse gan IIR cáilithe, ba cheart do na comheintitis atá sa ghrúpa an UTPR a chur i bhfeidhm maidir le haon mhéid iarmharach den cháin bhreisiúcháin nach raibh faoi réir IIR i gcomhréir le foirmle leithdháilte bunaithe ar an líon fostaithe agus sócmhainní inláimhsithe atá acu. Ar an gceathrú dul síos, i gcás ina bhfuil an máthaireintiteas deiridh lonnaithe i ndlínse tríú tír ag a bhfuil IIR cáilithe, ba cheart do chomheintitis ghrúpa FIN UTPR a chur i bhfeidhm maidir leis na comheintitis atá lonnaithe i ndlínse an tríú tír sin, i gcásanna inarb é dlínse ísealchánach é an tríú tír sin bunaithe ar an ráta cánach éifeachtach na gcomheintiteas ar fad atá sa dlínse sin, lena n-áirítear ráta cánach éifeachtach an mháthaireintitis deiridh.
- (11) I gcomhréir le cuspóirí beartais an athchóirithe dhomhanda maidir le cáin íosta i dtaca le hiomaíocht chóir chánach i measc dlínsí, ba cheart an ráta cánach éifeachtach a ríomh ar leibhéal na dlínse. Chun críche an ráta cánach éifeachtach a ríomh, ba cheart foráil a dhéanamh sa Treoir seo maidir le sraith choiteann rialacha sonraigh maidir leis an mbonn cánach a ríomh, dá ngairtear “ioncam nó cailteanas cáilitheach”, agus maidir leis na cánacha a íocadh, dá dtagraítear mar “chánacha cumhdaithe”. Ba cheart gurb iad na cuntais airgeadais an túsphointe, cuntais a úsáidtear chun críocha comhdhlúthaithe, agus ba cheart iad a bheith faoi réir sraith coigeartuithe ina dhiaidh sin, lena n-áirítear freastal ar dhifriochtaí uainiúcháin, chun aon saobhadh idir dlínsí a sheachaint. Thairis sin, ba cheart an t-ioncam nó cailteanas cáilitheach agus cánacha cumhdaithe eintiteas áirithe a leithdháileadh ar eintitis ábhartha eile laistigh de ghrúpa FIN chun neodracht a áirithiú sa chaoi a ndéileáiltear le hioncam nó cailteanas cáilitheach ó thaobh cánach de a d’fhéadfadh a bheith faoi réir cánacha cumhdaithe i roinnt dlínsí éagsúla, mar gheall ar chineál na n-eintiteas (mar shampla, eintitis thréshreafa, eintitis hibrideacha nó buanbhunaíocht) nó mar gheall ar an gcóir shonrach chánach ar ioncam (mar shampla, íocaíocht díbhinne nó córas cánach maidir le corparáid faoi rialú eachtrach). Maidir le cánacha cumhdaithe, ba cheart an Treoir seo a léirmhíniú i bhfianaise aon treorach breise a chuirfidh ECFE ar fáil, agus ba cheart do na Ballstáit é sin a chur san áireamh lena áirithiú go ndéanfar cánacha arna gcumhdach sna Ballstáit uile agus sna dlínsí tríú tír uile a shainithint go haonfhoirmeach.
- (12) Ba cheart ráta cánach éifeachtach de ghrúpa FIN i ngach dlínse ina ndéanann sé gníomhaíochtaí nó de ghrúpa mórskála intíre a chur i gcomparáid leis an íosráta cánach 15 % a comhaontaíodh chun a chinneadh ar cheart do ghrúpa FIN nó don ghrúpa mórskála intíre a bheith faoi dhliteanas cáin bhreisiúcháin a íoc agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh IRR nó an UTPR a chur i bhfeidhm. Leis an ráta íosta cánach 15 % arna chomhaontú i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS, léirítear cothromaíocht i measc rátaí cánach corparáide ar fud an domhain. I gcásanna ina dtéann an ráta cánach éifeachtach de ghrúpa FIN faoi bhun an íosráta cánach i ndlínse ar leith, ba cheart an cháin bhreisiúcháin a leithdháileadh ar na heintitis i ngrúpa FIN atá faoi dhliteanas an cháin sin a íoc i gcomhréir le cur i bhfeidhm IIR agus UTPR, chun cloí leis an ráta íosta éifeachtach 15 % a comhaontaíodh ar fud an domhain. I gcásanna ina dtéann an ráta cánach éifeachtach de ghrúpa mórskála intíre faoi bhun an íosráta cánach, ba cheart do mháthaireintiteas deiridh an ghrúpa mórskála intíre IIR a chur i bhfeidhm maidir lena gcomheintitis ísealchánach, chun a áirithiú go mbeidh an grúpa sin faoi dhliteanas cáin a íoc ar ráta cánach íosta éifeachtach 15 %.

- (13) Chun na Ballstáit a chumasú le bheith in ann tairbhe a bhaint as an ioncam ón gcáin bhreiseiúcháin a bhailítear ar na comheintitis ísealchánach atá lonnaithe ar a gcricoch, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rogha a dhéanamh córas náisiúnta cáilithe um cháin bhreiseiúcháin a chur i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún nuair a roghnaíonn siad cáin bhreiseiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm, rud ar cuspóir dó cinnteacht leordhóthanach a thabhairt d'údarás chánach na mBallstát eile agus na ndlínsí trúú tír, mar aon le grúpaí FIN, maidir le hinfeidhmeacht na cánach breiseiúcháin náisiúnta cáilithe go dtí comheintiteas ísealchánach sa Bhallstát sin. Maidir le comheintitis de ghrúpa FIN atá lonnaithe i mBallstát a roghnaigh córas den sórt sin a chur chun feidhme ina gcóras cánach náisiúnta féin, ba cheart dóibh an cháin bhreiseiúcháin a íoc leis an mBallstát sin. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcóras sin go ríomhtar an cánachas íosta éifeachtach ar ioncam cáilitheach nó ar chaillteanas cáilitheach na gcomheintiteas ar an mbealach céanna agus a ríomhtar an cháin bhreiseiúcháin i gcomhréir leis an Treoir seo.
- (14) Chun cur chuige comhréireach a áirithiú, ba cheart a chur san áireamh leis an Treoir seo cásanna sonracha áirithe ina laghdaítear rioscaí BEPS. Dá bhrí sin, ba cheart eisiámh ioncaim atá bunaithe ar shubstaint a áireamh sa Treoir seo, bunaithe ar na costais a bhaineann le fostaithe agus ar luach sócmhainní inlámhsithe i ndlínse ar leith. Leis an díolmhú sin, réiteofaí, go pointe áirithe, cásanna ina ndéanann grúpa FIN nó grúpa mórsála intíre gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil láithreach ábhartha ag teastáil uathu i ndlínse ísealchánach mar nach dócha go dtiocfadh borradh faoi chleachtais BEPS i gcás den sórt sin. Ba cheart cás sonracha ghrúpaí FIN atá ag an gcéim tosaigh dá ngníomhaíocht idirnáisiúnta a bhreithniú freisin ionas nach ndíspreagfaí forbairt gníomhaíochtaí trasteorann ag grúpaí FIN a bhaineann leas as cáin íseal ina ndlínse náisiúnta ina bhfuil siad ag feidhmiú den chuid is mó. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíochtaí náisiúnta ghrúpaí FIN den sórt sin a bhfuil cáin íseal orthu a eisiámh ó chur i bhfeidhm na rialacha ar feadh idirthrímhse cúig bliana, ar choinníoll nach bhfuil comheintitis ag grúpa FIN i níos mó ná sé dlínse. Chun cóir chomhionann a áirithiú do ghrúpaí mórsála intíre, ba cheart an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí na ngrúpaí sin a eisiámh freisin ar feadh idirthrímhse cúig bliana.
- (15) Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar chás ar leith na mBallstát sin ina bhfuil ceanncheathrú ag fíorbheagán grúpaí agus a dhéanann freastal ar líon chomh híseal sin de chomheintitis is go mbeadh sé díréireach é a éileamh láithreach ar riaracháin chánach na mBallstát sin IIR agus UTPR a chur i bhfeidhm, agus i bhfianaise stádais an chur chuige choitinn atá i rialacha GLoBE, bheadh sé leordhóthanach na Ballstáit a chumasú lena roghnú gan IIR agus UTPR a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama. Ba cheart do na Ballstáit a ndéanfaidh rogha den sórt sin fógra a thabhairt don Choimisiún faoin spriocdháta chun an Treoir seo a thrasú.
- (16) Ba cheart do na Ballstáit sin a roghnaíonn gan IIR agus UTPR a chur i bhfeidhm go sealadach an Treoir seo a thrasú ar bhealach ina ndéanfar feidhmiú cuí chóras íosta an chánachais dhomhanda ar ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus ar ghrúpaí mórsála intíre san Aontas a áirithiú. Baineann sé seo go háirithe leis an oibleagáid atá ar chomheintitis náisiúnta na mBallstát sin comheintiteas na mBallstát eile agus i ndlínsí trúú tír a chur ar an eolas ionas go mbeidh Ballstáit eile agus dlínsí trúú tír in ann UTPR a chur i bhfeidhm. Ba cheart an t-ualach riaracháin ar chórais riaracháin cánach na mBallstát a d'fheidhmigh an rogha sin a bheith teoranta a mhéid is féidir, agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo ar fud an Aontais á chaomhnú ag an am céanna. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit sin dul i mbun plé leis an gCoimisiún, agus a chomhairle agus a chúnamh a lorg d'fhonn teacht ar chomhthuiscint ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le trasú na Treorach seo sa dlí náisiúnta.
- (17) Mar gheall ar chineál an-luaineach agus ar thimthriall fada eacnamaíoch earnáil na loingseoireachta, is gnách go mbíonn sí faoi réir córas malartach nó córas forlíontach cánachais sna Ballstáit. Ionas nach mbainfean an bonn ón réasúnaíocht bheartais sin agus go gceadófar do na Ballstáit leanúint de chóireáil cánach shonrach a chur i bhfeidhm ar earnáil na loingseoireachta i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta agus le rialacha maidir le státchabhair, ba cheart ioncam loingseoireachta a eisiámh ón gcóras.
- (18) Chun cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí an athchóirithe dhomhanda maidir le cáin íosta agus an t-ualach riaracháin ar riaracháin chánach agus ar cháiniocóirí, ba cheart foráil a dhéanamh sa Treoir seo maidir le heisiámh *de minimis* i gcás grúpaí FIN nó grúpaí mórsála intíre ag a bhfuil meánioncam níos lú ná EUR 10 000 000 agus meánioncam cáilitheach nó caillteanas cáilitheach faoi bhun EUR 1 000 000 i ndlínse ar leith. Níor cheart do ghrúpaí FIN nó grúpaí mórsála intíre den sórt sin cáin bhreiseiúcháin a íoc fiú má tá ráta cánach éifeachtach acu faoi bhun an íosráta cánach sa dlínse sin.

- (19) D'fhéadfadh cur i bhfeidhm rialacha na Treorach seo maidir le grúpaí FIN agus grúpaí mórsála intíre a thagann faoina raon feidhme den chéad uair saobhadh a chruthú toisc airíonna cánacha a bheith ann, lena n-áirítear cailteanais ó bhlianta fioscacha roimhe sin, nó ó dhifríochtaí uainiúcháin, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rialacha idirthréimhseacha chun deireadh a chur leis an saobhadh sin. Ba cheart go mbeadh feidhm freisin ag laghdú de réir a chéile ar na rátaí le haghaidh an phárolla agus na sócmhainní inláimhsithe chomh maith chun aistriú rianúil chuig an gcóras nua cánach a éascú.
- (20) Ós rud é gur cheart do ghrúpaí FIN agus grúpaí mórsála intíre cáin a íoc ar leibhéal íosta i ndlínse ar leith agus le haghaidh bliain fhioscach ar leith, ba cheart é a bheith d'aidhm eisiach ag cáin bhreisiúcháin a áirithiú go mbeidh brabúis na ngrúpaí sin faoi réir cánach ag íosráta cánach éifeachtach i mblain fhioscach ar leith. Ar an gcúis sin, níor cheart go bhfeidhmeodh na rialacha maidir le cáin bhreisiúcháin mar cháin a thobhítear go díreach ar ioncam an eintitis ach ina ionad sin ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an róbhrabús i gcomhréir le bonn caighdeánaithe agus meicníochtaí sonracha don ríomh cánach chun ioncam ar cháin íseal laistigh de na grúpaí lena mbaineann a shainiú agus chun cáin bhreisiúcháin a fhorchur a thabharfadh ráta cánach éifeachtach grúpa ar an ioncam sin suas leis an íosleibhéal cánach a comhaontaíodh. Mar sin féin, ní chuirtear cosc ar dhlínse na rialacha sin a chur i bhfeidhm faoi chóras cánach ioncaim chorparáidigh ina dhlí náisiúnta mar thoradh ar an dearadh atá ar IRR agus UTPR mar chánacha breisiúcháin.
- (21) Mar thoradh ar an gcomhaontú polaitiúil ar thángthas air ar an leibhéal idirnáisiúnta, ba cheart gurbh iad na córais chánach dáileacháin a chuirtear san áireamh i rialacha GLOBE na córais a bhí i bhfeidhm an 1 Iúil 2021 nó roimhe sin, dáta an chéad ráiteas Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS dar teideal "Ráiteas maidir le Réiteach Décholúnach ar Dhúshláin Chánach a eascraíonn as Digitíú an Gheilleagair", lenar comhaontaíodh an chóir speisialta a dhéanfar ar chórais cánach dáileacháin incháilithe. Níor cheart don mhéid sin cosc a chur ar athruithe ar chóras cánach dáileacháin dlínse atá i gcomhréir leis an dearadh atá air faoi láthair.
- (22) Chun an córas a chur i bhfeidhm go héifeachtúil, tá sé rithábachtach go ndéanfar na nósanna imeachta a chomhordú ar leibhéal grúpa. Beidh sé riachtanach córas a oibriú lena n-áiritheofar an sreabhadh faisnéise gan bhac laistigh de ghrúpa FIN agus i dtreo riaracháin chánach ina bhfuil comheintitis lonnaithe. Ba cheart gur ar an gcomheintiteas féin a bheadh an phríomhfhreagracht an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú. Ba cheart feidhm a bheith ag tarscaoileadh na freagrachta sin, áfach, i gcás ina bhfuil eintiteas eile ainmnithe ag grúpa FIN chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú. D'fhéadfadh sé gur eintiteas áitiúil nó eintiteas ó dhlínse eile a bhfuil comhaontú údaráis inniúil i bhfeidhm aige le Ballstát an chomheintitis a bheadh i gceist. Leis an bhfaisnéis sin a chomhdaítear mar chuid den tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin, ba cheart go gceadófaí do na riaracháin chánach ina bhfuil na comheintitis lonnaithe meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas dhliteanas an chomheintitis i leith na cánach breisiúcháin nó na cánach breisiúcháin náisiúnta cáilithe, de réir na gcásanna, trí nósanna imeachta náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tuairisceán chánach náisiúnta a chomhdú. Beidh tuilleadh treorach atá le forbairt i gCreat Cur Chun Feidhme GLOBE ó ECFE ina foinse fóna léirithe agus léirmhínte i ndáil leis sin, agus d'fhéadfadh sé go roghnódh na Ballstáit treoir den sórt sin a ionchorprú sa dlí náisiúnta. I bhfianaise na gcoigeartuithe comhlíontachta a cheanglaítear le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart tréimhse 18 mhí a dheonú do ghrúpaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo den chéad uair chun na ceanglais faisnéise a chomhlíonadh.
- (23) I bhfianaise na dtairbhí a bhaineann le trédhearcacht sa réimse cánach, is ábhar misnigh é go ndéanfar méid suntasach faisnéise a chomhdú leis na húdarais chánach i ndlínse rannpháirteacha go léir. Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar ghrúpaí FIN laistigh de raon feidhme na Treorach seo faisnéis chuimsitheach agus mhionsonraithe a chur ar fáil maidir lena mbrabúis agus a ráta éifeachtach cánach i ngach dlínse ina bhfuil comheintitis acu. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis go méadófaí an trédhearcacht dá ndéanfaí tuairisciú forleathan den sórt sin.
- (24) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme ag na Ballstáit, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as Rialacha Samhla ECFE agus na mínte agus na samplaí i nDúshláin Chánach a eascraíonn as Digitíú an Gheilleagair – Tráchtareacht ar na Rialacha Samhla Domhanda i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn (Colún a Dó) arna n-eisiúint ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS, chomh maith le Creat Cur Chun Feidhme GLOBE, lena n-áirítear rialacha maidir le foráil tearmáin mar fhoinsé léirithe nó léirmhínte chun comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm ar fud na mBallstát a áirithiú sa mhéid is go bhfuil na foinsí sin comhsheasmhach leis an Treoir seo agus le dlí an Aontais. Ba cheart rialacha den sórt sin maidir le foráil tearmáin a bheith ábhartha maidir le grúpaí FIN chomh maith le grúpaí mórsála intíre.

- (25) Tá éifeachtacht agus cothroime an athchóirithe dhomhanda maidir le cáin íosta ag brath go mór ar a chur chun feidhme ar fud an domhain. Chun forfheidhmiú cuí na rialacha faoin Treoir seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit pionóis leordhóthanacha a chur i bhfeidhm, go háirithe i leith na n-eintiteas sin nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreiseiúcháin a chomhdú agus a sciar den cháin bhreiseiúcháin a íoc. Ba cheart do na Ballstáit, agus na pionóis sin á gcinneadh acu, aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá le dul i ngleic leis an riosca nach ndearbhóidh grúpa FIN an fhaisnéis is gá chun UTPR a chur i bhfeidhm. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, ba cheart do na Ballstáit pionóis athchomhairleacha a leagan síos.
- (26) Beidh sé rithábhachtach freisin go gcuirfidh príomh-chomhpháirtithe trádála uile an Aontais IIR cáilithe nó sraith rialacha coibhéseacha i bhfeidhm maidir le cáin íosta. Maidir leis an gceist i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil IIR arna cur chun feidhme ag dlínse tríú tír a chloíonn leis an gcomhaontú domhanda ina IIR cáilithe de réir bhrí an chomhaontaithe dhomhanda, is iomchuí tagairt a dhéanamh don mheasúnú atá le déanamh ar leibhéal ECFE. Thairis sin agus chun tacú le deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht na rialacha cánach íosta domhanda, tá sé tábhachtach na coinníollacha a shonrú tuilleadh faoina féidir na rialacha a chuirtear chun feidhme i ndlínse tríú tír, ar dlínse í nach ndéanfaidh rialacha an chomhaontaithe dhomhanda a thrasú, a chur ar choibhéis le IIR cáilithe. Is é cuspóir an mheasúnaithe ar an gcoibhéis, den chuid is mó, cur i bhfeidhm na Treorach seo ag an mBallstát a shoiléiriú agus a shonrú, go sonrach a mhéid a bhaineann le UTPR. Chuige sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Treoir seo do mheasúnú, arna ullmhú ag an gCoimisiún tar éis mheasúnú ECFE, ar na critéir choibhése bunaithe ar pharaiméadair shonracha áirithe. Maidir leis an gcinneadh faoi cé acu na dlínsí tríú tír atá ag cur i bhfeidhm creataí dlíthiúla a mheastar a bheith coibhéseach le IIR cáilithe, ba cheart go dtiocfadh sé go díreach as na critéir oibiachtúla a leagtar amach sa Treoir seo agus ba cheart dó cloí leis an measúnú ECFE. Is iomchuí mar sin, sa chomhthéacs ar leith sin, foráil a dhéanamh do ghníomh tarmhligthe. Go háirithe, níor cheart dul i muinín gnímh tharmhligthe sa chomhthéacs sonrach sin a mheas mar fhasach d'ionstraimí reachtacha eile arna nglacadh faoin nós imeachta reachtach speisialta, i bhfianaise an phróisis cinnteoireachta is cuí maidir le cúrsaí cánach.
- (27) Tá sé rithábhachtach a áirithiú go ndéanfar rialacha a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le haon dlínse tríú tír nach ndéanann rialacha an chomhaontaithe dhomhanda a thrasú agus nach ndéanfaítear coibhéis ar a rialacha náisiúnta le IIR cáilithe. Sa chomhthéacs sin, ní mór modheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt chun méideanna a leithdháileadh, méideanna a chumhdófaí faoi rialacha an chomhaontaithe dhomhanda mar chánacha cumhdaithe, chuig eintitis laistigh de ghrúpa FIN a bheadh faoi réir na cánach breiseiúcháin i gcomhréir le rialacha na Treorach seo. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as Creat Cur Chun Feidhme GloBE ó ECFE mar thagairt do leithdháileadh na gcánacha cumhdaithe sin.
- (28) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Treoir seo a fhorlónadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmhligean chuig an gCoimisiún i dtaca lena chinneadh, tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, cé acu dlínsí a bhfuil creat dlíthiúil ar féidir a mheas go bhfuil sé coibhéseach le IIR cáilithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúitídeach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽⁵⁾.
- (29) Agus an Treoir seo ag teacht i bhfeidhm in 2022 agus an teorainn ama lena trasú ag na Ballstáit socraithe don 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, gníomhóidh an tAontas i gcomhréir leis an amlíne a leagtar amach sa Ráiteas maidir le Réiteach Décholúnach ar Dhúshláin Chánach a eascraíonn as Digitú an Gheilleagair a d'aontaigh Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS an 8 Deireadh Fómhair 2021 ("ráiteas mhí Dheireadh Fómhair 2021 ó Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS"), ar dá réir a bhfuil Colún a Dó le tabhairt isteach sa dlí in 2022, ionas go mbeidh éifeacht leis in 2023, agus UTPR ag teacht i bhfeidhm in 2024.
- (30) Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha na Treorach seo maidir le cur i bhfeidhm UTPR ó 2024 chun a chur ar chumas dlínsí tríú tír IIR a chur i bhfeidhm sa chéad chéim de chur chun feidhme Rialacha Samhla ECFE.

⁽⁵⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (31) Foráiltear i ráiteas mhí Dheireadh Fómhair 2021 i ndáil le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS maidir le réiteach dhá cholún. Sa Phlean Mionsonraithe Cur Chun Feidhme a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis sin socraítear na hamlínte chun gach colún a chur chun feidhme. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir seo Colún a Dó a chur chun feidhme, fad atáthar ag feitheamh leis an obair ar Cholún a hAon a bheith tugtha chun críche, is gá a chinntiú go gcuirtear Colún a hAon chun feidhme chomh maith. Chuige sin, déantar foráil sa Treoir seo lena gcuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh i gCreat Cuimsitheach um BEPS ECFE/G20. Aithnítear gur féidir leis an gCoimisiún, má mheasann sé gurb iomchuí sin, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair, lena bhreithniú ag na Ballstáit.
- (32) Ba cheart don Chomhairle, roimh dheireadh gach seimeastair, ag tosú an 1 Iúil 2022, measúnú a dhéanamh ar an staid maidir le cur chun feidhme Cholún a hAon de Ráiteas Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS a tugadh i nDeireadh Fómhair 2021.
- (33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon creat comhchoiteann a chruthú le haghaidh íosleibhéal domhanda cánach laistigh den Aontas ar bhonn an chur chuige choitinn atá i Rialacha Samhla ECFE, a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar mar dá ngníomhódh na Ballstáit go neamhspleách, bheadh an baol ann go gcruthófaí ilroinnt sa mhargadh inmheánach agus ós rud é go bhfuil sé rithábhachtach réitigh a ghlacadh a fheidhmíonn mar is ceart sa mhargadh inmheánach ina iomláine, agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais de bharr scála an athchóirithe dhomhanda maidir le cáin íosta, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (34) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus thug sé barúlacha foirmiúla an 10 Feabhra 2022. Maidir leis an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint de bhun Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chomh maith le Rialachán 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, tá feidhm aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú na Treorach seo,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Treoir seo, bunaítear bearta coiteanna le haghaidh íoschánachas éifeachtach grúpaí ilnáisiúnta fiontar (FIN) agus grúpa mórskála intíre sna foirmeacha seo a leanas:
- (a) riail um chuimsiú ioncaim (IRR) ar i gcomhréir léi a ríomhann máthaireintiteas ghrúpa FIN nó máthaireintiteas grúpa mórskála intíre a chion in-leithdháilte de cháin bhreiseiúcháin i leith chomheintitis ísealchánach an ghrúpa agus a íocann an máthaireintiteas an cháin sin; agus
- (b) riail maidir le brabús faoi thearc-cháin (UTPR) ar i gcomhréir léi atá speansas cánach airgid breise ag comheintiteas ghrúpa FIN arb ionann é agus a chion de cháin bhreiseiúcháin nár gearradh faoin IIR i leith chomheintitis ísealchánach an ghrúpa.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú cáin bhreiseiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm ar i gcomhréir léi a dhéanfaidh na comheintitis ísealchánach go léir atá lonnaithe ina ndlínse cáin bhreiseiúcháin a ríomh agus a íoc ar a róbhábús de bhun na Treorach seo.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le comheintitis atá lonnaithe i mBallstát ar comhaltaí de ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórsála intíre iad, ar ghrúpa é ag a bhfuil ioncam bliantúil de EUR 750 000 000 nó níos mó, lena n-áirítear ioncam na n-eintiteas eisiata dá dtagraítear i mír 3, sna ráitis airgeadais chomhdhlúite dá mháthaireintitis deiridh in dhá cheann ar a laghad de na 4 bliana fhioscacha díreach roimh an mbliain fhioscach a tástáladh.

2. I gcás ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na 4 bliana fhioscacha dá dtagraítear i mír 1 níos faide nó níos giorra ná 12 mhí, coigeartófar an tairseach ioncaim dá dtagraítear sa mhír sin go comhréireach le haghaidh gach ceann de na blianta foscacha sin.

3. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis na heintitis seo a leanas (“eintitis eisiata”):

- (a) eintiteas rialtais, eagraíocht idirnáisiúnta, eagraíocht neamhbhábúsach, ciste pinsin, ciste infheistíochta ar máthaireintiteas deiridh é nó meán infheistíochta réadmhaoine ar máthaireintiteas deiridh é;
- (b) eintiteas ina a bhfuil ar a laghad 95 % de luach an eintitis faoi úinéireacht ag ceann amháin nó níos mó de na heintitis sin dá dtagraítear i bpointe (a), go díreach nó trí eintiteas eisiata amháin nó roinnt acu, seachas eintitis seirbhísí pinsin, ar eintiteas é a dhéanann ceann amháin de na nithe seo a leanas:
 - (i) a oibríonn go heisiach, nó nach mór go heisiach, chun sócmhainní a shealbhú nó chun cistí a infheistiú ar mhaithe leis an eintiteas nó na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a); nó
 - (ii) a dhéanann gníomhaíochtaí atá coimhdeach leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-eintiteas nó na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a);
- (c) eintiteas ina bhfuil ar laghad 85 % de luach an eintitis faoi úinéireacht, go díreach nó trí eintiteas eisiata amháin nó roinnt acu, ag ceann amháin nó níos mó de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a), seachas eintitis seirbhísí pinsin, ar choinníoll go ndíorthaíonn sé beagnach a ioncam uile ó dhíbhinní nó ó ghnóthachain nó ó chaillteanais chothromais a eisiatar ón ríomh ar an ioncam cáilitheach i gcomhréir le hAirteagal 16(2), pointí (b) agus (c).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an comheintiteas is comhdaitheoir rogha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 45(1), gan eintiteas dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den fhomhír sin a láimhseáil mar eintiteas eisiata.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “eintiteas” aon socrú dlítheanach a ullmhaíonn cuntais airgeadais ar leithligh nó aon duine dlítheanach;
- (2) ciallaíonn “comheintiteas” an méid seo a leanas:
 - (a) eintiteas ar cuid de ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórsála intíre é; agus
 - (b) aon bhuanbhunaíocht phríomheintitis ar cuid de ghrúpa FIN í dá dtagraítear i bpointe (a);
- (3) ciallaíonn “grúpa” an méid seo a leanas:
 - (a) bailiúchán eintiteas a bhfuil baint acu le chéile trí úinéireacht nó trí urlámhas mar a shainmhínítear leis an gcaighdeán cuntasaióchta airgeadais inghlactha le haghaidh ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhaíonn an máthaireintiteas deiridh, lena n-áirítear aon eintiteas a d'fhéadfadh a bheith eisiata ó ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh, bunaithe ar a mhéid bheag, ar fhorais ábharthachta nó ar na forais go bhfuil sé ar seilbh lena dhíol agus bunaithe ar na nithe sin amháin; nó

- (b) eintiteas ag a bhfuil buanbhunaíocht amháin nó níos mó ná sin, ar choinníoll nach cuid de ghrúpa eile mar a shainmhínítear i bpointe (a) é;
- (4) ciallaíonn “grúpa FIN” aon ghrúpa lena n-áirítear eintiteas nó buanbhunaíocht amháin ar a laghad nach bhfuil lonnaithe i ndlínse an mháthaireintitis deiridh;
- (5) ciallaíonn “grúpa mórsála intíre” aon ghrúpa a bhfuil na comheintitis uile lena mbaineann lonnaithe sa Bhallstát céanna;
- (6) ciallaíonn “ráitis airgeadais chomhdhlúite” an méid seo a leanas:
- (a) na ráitis airgeadais a ullmhaíonn eintiteas i gcomhréir le caighdeán cuntasáíochta airgeadais inghlactha, ina dtíolactar aon sócmhainn, dliteanas, ioncam, speansas nó sreafaí airgid de chuid an eintitis agus de chuid na n-eintiteas ina bhfuil leas rialaitheach aige amháil is gur aonad aonair eacnamaíoch iad na heintitis sin;
- (b) maidir le grúpaí a shainmhínítear i bpointe (3)(b), na ráitis airgeadais a ullmhaíonn eintiteas i gcomhréir le caighdeán cuntasáíochta airgeadais inghlactha;
- (c) ráitis airgeadais an mháthaireintitis deiridh nár ullmhaíodh i gcomhréir le caighdeán cuntasáíochta airgeadais inghlactha agus a coigeartaíodh ina dhiaidh sin chun aon saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc; agus
- (d) i gcás nach n-ullmhaíonn an máthaireintiteas na ráitis airgeadais a dtugtar tuairisc orthu i bpointe (a), (b) nó (c), na ráitis airgeadais a d’ullmhófaí dá gceanglófaí ar an máthaireintiteas deiridh ráitis airgeadais den sórt sin a ullmhú i gcomhréir le:
- (i) caighdeán cuntasáíochta airgeadais inghlactha; nó
- (ii) caighdeán cuntasáíochta airgeadais eile agus ar choinníoll gur coigeartaíodh aon ráiteas airgeadais den sórt sin chun aon saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc;
- (7) ciallaíonn “bliain fhioscach” an tréimhse chuntasáíochta ar ina leith a n-ullmhaíonn máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre a ráitis airgeadais chomhdhlúite nó, i gcás nach n-ullmhaíonn an máthaireintiteas ráitis airgeadais chomhdhlúite, an bhliain féilire;
- (8) ciallaíonn “comheintiteas is comhdaitheoir” eintiteas a chomhdaíonn tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 44;
- (9) ciallaíonn “eintiteas rialtais” eintiteas a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:
- (a) is cuid de rialtas é nó tá sé faoi úinéireacht iomlán rialtais, lena n-áirítear aon fhoroinn pholaitiúil nó údarás áitiúil dá chuid;
- (b) ní sheolann sé trádáil ná gnó agus tá sé de phríomhchuspóir aige an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (i) feidhm rialtais a chomhlíonadh; nó
- (ii) sócmhainní an rialtais nó na dlínse sin a bhainistiú nó a infheistiú trí infheistíochtaí a dhéanamh agus a shealbhú, trí shócmhainní a bhainistiú, agus trí ghníomhaíochtaí infheistíochta gaolmhara i gcomhair shócmhainní an rialtais sin nó na dlínse sin;
- (c) go bhfuil sé cuntasach do rialtas maidir lena fheidhmíocht fhoriomlán, agus cuireann sé tuairisciú bliantúil faisnéise ar fáil don rialtas sin; agus
- (d) go ndílsítear a shócmhainní do rialtas tráth a dhíscaoilte agus sa mhéid a dháileann sé glantuilleamh, déantar an glantuilleamh gan sin a dháileadh ar an rialtas sin gan aon chuid dá ghlantuilleamh a árachú chun leas daoine príobháideacha;
- (10) ciallaíonn “eagraíocht idirnáisiúnta” aon eagraíocht idir-rialtasach, lena n-áirítear eagraíocht fhornáisiúnta, nó gníomhaireacht ar lánúinéireacht nó ionstraimiúlacht dá cuid a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:
- (a) go bhfuil sí comhdhéanta de rialtais go príomha;
- (b) go ndearna sí comhaontú faoi cheanncheathrú nó a rinne comhaontú an-chosúil leis an dlínse ina bhfuil sí bunaithe, mar shampla, socruithe a thugann pribhléidí agus díolúintí d’oifigí nó do bhunaíochtaí na heagraíochta atá sa dlínse sin; agus
- (c) go gcuireann sí an dlí nó a doiciméid rialaithe cosc ar a hioncam ag dul chun tairbhe daoine príobháideacha;

(11) ciallaíonn “eagraíocht neamhbhrabúsach” eintiteas a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(a) go bhfuil sé bunaithe agus á fheidhmiú ina dhlínse chónaithe:

(i) chun críoch creidimh, carthanais, eolaíochta, ealaíne, cultúir, lúthchleasaíochta, nó oideachais, nó chun críche eile comhchosúil; nó

(ii) mar eagraíocht ghairmiúil, cumann gnó, comhlachas tráchtála, eagraíocht saothair, eagraíocht talmhaíochta nó ghairneoireachta, cumann sibhialta, nó mar eagraíocht atá á feidhmiú go heisiach chun an leas sóisialta a chur chun cinn;

(b) go bhfuil beagnach an t-ioncam uile ó na gníomhaíochtaí a luaitear i bpointe (a) díolmhaithe ó cháin ioncain ina dhlínse chónaithe;

(c) nach bhfuil aon scairshealbhóirí ná comhaltaí aige a bhfuil leas dílsithe nó tairbhíúil acu ina ioncam nó ina shócmhainní;

(d) nach bhféadfar ioncam ná sócmhainní an eintitis a dháileadh ar dhuine príobháideach ná ar eintiteas neamhcharthanúil, ná a chur i bhfeidhm chun tairbhe an duine nó an eintitis sin, seachas:

(i) de bhun iompar ghníomhaíochtaí carthanúla an eintitis;

(ii) mar íocaíocht chúitimh réasúnaigh as seirbhísí a tugadh nó as maoin nó caipiteal a úsáid; nó

(iii) mar íocaíocht arb ionann í agus margadh luach cóir na maoin a cheannaigh an t-eintiteas; agus

(e) ar an eintiteas a fhoirceannadh, a leachtú nó a dhíscaoileadh, go bhfuil a shócmhainní uile le dáileadh nó le filleadh ar eagraíocht neamhbhrabúsach nó ar rialtas, lena n-áirítear aon eintiteas rialtais, dhlínse chónaithe an eintitis nó aon fhoroinn pholaitiúil de;

(f) nach seolann trádáil nó gnó nach bhfuil baint dhíreach acu leis na críocha dár bunaíodh é;

(12) ciallaíonn “eintiteas tréshreafa” eintiteas a mhéid atá sé trédhearcach go fíoscach maidir lena ioncam, a chaiteachas, a bhrabús nó a chailteanas sa dlínse inar cruthaíodh é mura bhfuil sé ina chónaitheoir chun críoch cánach ná faoi réir cáin chumhdaithe ar a ioncam nó ar a bhrabús i ndlínse eile;

meastar eintiteas tréshreafa:

(a) ina eintiteas atá trédhearcach ó thaobh cánach de i ndáil lena ioncam, lena chaiteachas, lena bhrabús nó lena chailteanas a mhéid atá sé trédhearcach go fíoscach sa dlínse ina bhfuil a úinéir lonnaithe;

(b) ina eintiteas hibrídeach droim ar ais i ndáil lena ioncam, lena chaiteachas, lena bhrabús nó lena chailteanas a mhéid nach bhfuil sé trédhearcach go fíoscach sa dlínse ina bhfuil a úinéir lonnaithe;

chun críocha an tsainmhíne seo, ciallaíonn “eintiteas atá trédhearcach go fíoscach” eintiteas a gcaitheann dlíthe dlínse lena ioncam, lena chaiteachas, lena bhrabús nó lena chailteanas amhail is gur dhíorthaigh nó gur thabhaigh úinéir an eintitis sin go díreach é go comhréireach lena leas san eintiteas sin;

déileálfar le leas úinéireachta in eintiteas nó i mbuanbhunaíocht ar comheintiteas é mar eintiteas atá á shealbhú trí struchtúr atá trédhearcach ó thaobh cánach de má shealbhaítear an leas úinéireachta sin go hindíreach trí shlabhra d'eintitis thrédhearcacha chánach;

comheintiteas nach cónaitheoir chun críoch cánach é agus nach bhfuil faoi réir cáin chumhdaithe nó cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe bunaithe ar a áit bhainistíochta, ar áit a chruthaithe nó ar chritéir chomhchosúla, déileálfar leis mar eintiteas tréshreafa agus eintiteas atá trédhearcach ó thaobh cánach de i ndáil lena ioncam, a chaiteachas, a bhrabús nó a chailteanas a mhéid is gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil a úinéirí lonnaithe i ndlínse ina gcaitear leis an eintiteas mar eintiteas atá trédhearcach go fíoscach;

(b) nach bhfuil áit ghnó aige sa dlínse inar cruthaíodh é; agus

(c) nach bhfuil an t-ioncam, an caiteachas, an brabús ná an cailteanas inchurtha i leith buanbhunaíochta;

(13) ciallaíonn “buanbhunaíocht” an méid seo a leanas:

- (a) áit ghnó nó áit a mheastar a bheith ina háit ghnó atá lonnaithe i ndlínse ina gcaitear leis an áit sin mar bhuanbhunaíocht i gcomhréir le conradh cánach infheidhme, ar choinníoll go ngearrann an dlínse sin cáin ar an ioncam is inchurtha ina leith i gcomhréir le foráil atá cosúil le hAirteagal 7 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal, arna leasú;
- (b) mura bhfuil aon chonradh cánach infheidhme, áit ghnó nó áit a mheastar a bheith ina háit ghnó atá lonnaithe i ndlínse ina ngearrtar cáin ar an ioncam is inchurtha i leith na háite gnó sin ar ghlanbhonn ar shlí atá cosúil leis an tslí a ngearrtar cáin ar a cónaitheoirí féin chun críoch cánach;
- (c) mura bhfuil aon chóras cánach corparáide ag dlínse, áit ghnó nó áit a mheastar a bheith ina háit ghnó atá lonnaithe i ndlínse den sórt sin ar áit í a gcaithfí léi mar bhuanbhunaíocht i gcomhréir le Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal, arna leasú, ar choinníoll go mbeadh sé de cheart ag an dlínse sin cáin a ghearradh ar an ioncam a bheadh inchurtha i leith na háite gnó i gcomhréir le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún sin; nó
- (d) áit ghnó nó áit a mheastar a bheith ina háit ghnó nach bhfuil cur síos air i bpointí (a) go (c) trína ndéantar oibríochtaí lasmuigh den dlínse ina bhfuil an t-eintiteas lonnaithe, ar choinníoll go ndíolmhaíonn dlínse den sórt sin an t-ioncam is inchurtha i leith na n-oibríochtaí sin;

(14) ciallaíonn “máthaireintiteas deiridh” an méid seo a leanas:

- (a) eintiteas a bhfuil leas urlámhais in aon eintiteas eile ar úinéireacht aige go díreach nó go hindíreach agus nach bhfuil ar úinéireacht ag aon eintiteas eile, go díreach nó go hindíreach, ag a bhfuil leas urlámhais ann; nó
- (b) príomheintiteas grúpa mar a shainmhínítear i bpointe (3)(b) é;

(15) ciallaíonn “íosráta cánach” cúig déag faoin gcéad (15 %);

(16) ciallaíonn “cáin bhreisiúcháin” an cháin bhreisiúcháin a ríomhtar le haghaidh dlínse nó le haghaidh comheintitis de bhun Airteagal 27;

(17) ciallaíonn “córas cánach maidir le cuideachtaí faoi rialú eachtrach” tacar rialacha cánach, seachas IIR cáilithe, faoina bhfuil scairshealbhóir díreach nó indíreach eintiteas eachtrach, nó príomheintiteas buanbhunaíochta, faoi réir cánachais ar a chion den ioncam a thuilleann an comheintiteas eachtrach sin nó ar a chion den ioncam uile, gan beann ar cé acu a dháiltear an t-ioncam sin ar an scairshealbhóir nó nach ndáiltear;

(18) ciallaíonn “IIR cáilithe” tacar rialacha a chuirtear chun feidhme i ndlí náisiúnta dlínse, ar choinníoll nach gcuireann an dlínse sin aon sochair ar fáil a bhaineann leis na rialacha sin, agus ar tacar é ar fíor an méid seo a leanas maidir leis:

- (a) go bhfuil sé coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, leis na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiú an Gheilleagair - Rialacha Samhla Domhanda i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn (Colún a Dó) (“Rialacha Samhla ECFE”) ar i gcomhréir leo a ríomhann agus a íocann máthaireintiteas ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre a chion is in-leithdháilte den cháin bhreisiúcháin i leith chomheintitis ísealchánach an ghrúpa sin;
- (b) go riartar é ar bhealach atá comhsheasmhach leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, le Rialacha Samhla ECFE;

(19) ciallaíonn “comheintiteas ísealchánach” an méid seo a leanas:

- (a) comheintiteas ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre atá lonnaithe i ndlínse ísealchánach; nó
- (b) comheintiteas gan stát ag a bhfuil ioncam cáilitheach agus ráta cánach éifeachtach, i leith bliain fhioscach, atá níos ísle ná an t-íosráta cánach;

(20) ciallaíonn “máthaireintiteas idirmheánach” comheintiteas a bhfuil leas úinéireachta i gcomheintiteas eile sa ghrúpa FIN céanna nó sa ghrúpa mórsála intíre céanna ar úinéireacht aige, go díreach nó go hindíreach, agus nach gcáilíonn mar mháthaireintiteas deiridh, mar mháthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht, mar bhuanbhunaíocht nó mar eintiteas infheistíochta;

- (21) ciallaíonn “leas urlámhais” leas úinéireachta in eintiteas lena gceanglaítear ar an sealbhóir leasa, nó lena gceanglófaí ar an sealbhóir leasa sócmhainní, dliteanais, ioncam, speansais agus sreafaí airgeadais an eintitis a chomhdhlúthú ar bhonn líne ar líne, i gcomhréir le caighdeán cuntasáochta airgeadais inghlactha; maidir le príomheintiteas, meastar go bhfuil na leasanna urlámhais ina bhuanbhunaíochtaí féin aige.
- (22) ciallaíonn “máthaireintitis faoi pháirt-úinéireacht” comheintiteas a bhfuil leas úinéireachta i gcomheintiteas eile sa ghrúpa FIN céanna nó sa ghrúpa mórsála intíre céanna, agus ar úinéireacht aige go díreach nó go hindíreach, ar comheintiteas é a bhfuil níos mó ná 20 % don leas úinéireachta ina bhrabúis ar seilbh, go díreach nó go hindíreach, ag duine amháin nó daoine éagsúla nach comheintitis den ghrúpa FIN nó den ghrúpa mórsála intíre iad agus nach gcáilíonn mar mháthaireintiteas deiridh, mar bhuanbhunaíocht ná mar eintiteas infheistíochta;
- (23) ciallaíonn “leas úinéireachta” aon leas cothromais lena ngabhann cearta ar bhrabúis, ar chaipiteal nó ar chúlchistí eintitis nó buanbhunaíochta;
- (24) ciallaíonn “máthaireintiteas” máthaireintiteas deiridh nach eintiteas eisiata, máthaireintiteas idirmheánach ná máthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht é;
- (25) ciallaíonn “caighdeán cuntasáochta airgeadais inghlactha” Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS nó IFRS arna nglacadh ag an Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾) agus prionsabail chuntasáochta na hAstráile, na Brasaíle, Cheanada, Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, Hong Cong (an tSín), na Seapáine, Mheicsiceo, na Nua-Shéalainne, Dhaon-Phoblacht na Síne, Phoblacht na hIndia, Phoblacht na Cóiré, na Rúise, Shingearpór, na hEilvéise, na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, prionsabail a nglactar leo go ginearálta;
- (26) ciallaíonn “caighdeán cuntasáochta airgeadais údaraithe”, i leith eintitis, tacar prionsabal cuntasáochta is inghlactha go ginearálta a cheadaíonn comhlacht cuntasáochta údaraithe sa dlínse ina bhfuil an t-eintiteas sin lonnaithe; chun críocha an tsainmhíneithe sin, ciallaíonn comhlacht cuntasáochta údaraithe comhlacht ag a bhfuil údarás dlíthiúil i ndlínse chun caighdeán chuntasáochta a fhorordú, a leagan síos nó a ghlacadh chun críoch tuairiscithe airgeadais.
- (27) ciallaíonn “saobhadh iomaíochta ábhartha” i leith prionsabal sonrath nó nós imeachta sonrath a chur i bhfeidhm faoi thacar prionsabal cuntasáochta is inghlactha go ginearálta, arb é an toradh atá ar a chur i bhfeidhm ná athrú comhiomlán níos mó ná EUR 75 000 000 ar ioncam nó ar speansas i mbliain fhioscach i gcomparáid leis an méid a chinneadh dá gcuirfí an prionsabal nó an nós imeachta comhfhreagrach i bhfeidhm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS nó IFRS arna nglacadh ag an Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).
- (28) ciallaíonn “cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe” cáin bhreisiúcháin a chuirtear chun feidhme i ndlí náisiúnta dlínse ar choinníoll nach gcuireann an dlínse sin aon sochair ar fáil a bhaineann leis na rialacha sin, agus ar fíor an méid seo a leanas maidir léi:
- (a) déantar foráil léi maidir le róbhrabúis comheintiteas atá lonnaithe sa dlínse sin a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE agus maidir leis an íosráta cánach a chur i bhfeidhm maidir leis na róbhrabúis sin le haghaidh na dlínse agus na gcomheintiteas i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE; agus
- (b) déantar í a riar ar bhealach atá comhsheasmhach leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE;
- (29) ciallaíonn “glanluach de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe” meánluachanna tosaigh agus deiridh sócmhainní inláimhsithe tar éis dímheas, ídiú agus lagú carntha a chur san áireamh, mar a thaifeadtar sna ráitis airgeadais;

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasáochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

- (30) ciallaíonn “eintiteas infheistíochta” an méid seo a leanas:
- (a) ciste infheistíochta nó meán infheistíochta réadmhaoine;
 - (b) eintiteas atá 95 % ar a laghad faoi úinéireacht go díreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a), nó ag slabhra de na heintitis sin, agus a oibríonn go heisiach nó nach mór go heisiach chun sócmhainní a shealbhú nó cistí a infheistiú dá thairbhe; nó
 - (c) eintiteas a bhfuil 85 % ar a laghad de luach an eintitis faoi úinéireacht ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a), ar choinníoll go ndíorthaíonn sé a ioncam uile nach mór ó dhíbhinní nó ó ghnóthachain nó ó chaillteanais chothromais a eisiatar ón ríomh ar an ioncam cáilitheach nó ar an gcaillteanas cáilitheach chun críocha na Treorach seo;
- (31) ciallaíonn “ciste infheistíochta” eintiteas nó socrú lena gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) ceapadh é chun sócmhainní airgeadais agus neamh-airgeadais ó roinnt infheisteoirí, cuid acu nach bhfuil aon nasc eatarthu, a chomhthiomsú;
 - (b) infheistíonn sé i gcomhréir le beartas infheistíochta sainithe;
 - (c) cuireann sé ar a gcumas do na hinfeisteoirí costais idirbhirt, taighde agus anailíse a laghdú nó an riosca a leathadh le chéile;
 - (d) ceapadh é go príomha chun ioncam nó gnóthachain infheistíochta a ghiniúint nó chun cosaint a ghiniúint ar theagmhas nó ar thoradh áirithe nó ginearálta;
 - (e) tá ceart ag a infheisteoirí ar thoradh ó shócmhainní an chiste nó ar ioncam a thuilleann na sócmhainní sin, bunaithe ar an ranníocaíocht a rinne siad;
 - (f) tá an ciste nó bainistíocht an chiste, faoi réir an chórais rialála, lena n-áirítear rialáil iomchuí maidir le sciúradh airgid a chomhrac agus cosaint infheisteoirí, le haghaidh cistí infheistíochta sa dlínse ina bhfuil sé bunaithe nó ina mbainistítear é; agus
 - (g) bainistíonn gairmithe bainistíochta cistí infheistíochta an chiste thar ceann na n-infheisteoirí;
- (32) ciallaíonn “meán infheistíochta réadmhaoine” eintiteas atá ar seilbh go forleathan lena sealbhaítear maoin dhó-aistrithe den chuid is mó agus atá faoi réir leibhéal aonair cánachais, faoina chúram féin nó faoi chúram a shealbhóirí leasa, agus bíonn bliain iarchurtha amháin ar a mhéad aige;
- (33) ciallaíonn “ciste pinsin” an méid seo a leanas:
- (a) eintiteas a bhunaítear agus a oibrítear go heisiach nó nach mór go heisiach i ndlínse chun sochair scoir agus sochair choimhdeacha nó theagmhasacha a riar nó a sholáthar do dhaoine aonair más rud é:
 - (i) go bhfuil an t-eintiteas sin á rialú amhlaidh ag an dlínse sin nó ag ceann dá foranna polaitiúla nó dá húdaráis áitiúla; nó
 - (ii) go ndéantar na sochair sin a dhaingniú nó a chosaint ar shlí eile le rialacháin náisiúnta agus go gcuitear iad le comhthiomsú sócmhainní arna sealbhú trí shocrú muiníneach nó trí iontaobhaí chun comhlíonadh na n-oibleagáidí pinsin comhfhreagracha a áirithiú i gcoinne cás dócmhainneachta ghrúpa FIN agus an ghrúpa mórsála intíre;
 - (b) eintiteas seirbhísí pinsin;
- (34) ciallaíonn “eintiteas seirbhísí pinsin” eintiteas a bhunaítear agus a oibrítear go heisiach nó nach mór go heisiach chun cistí a infheistiú chun sochar na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (33)(a) nó chun gníomhaíochtaí a dhéanamh atá coimhdeach leis na gníomhaíochtaí rialáilte dá dtagraítear i bpointe (33)(a), ar choinníoll go bhfuil an t-eintiteas seirbhísí pinsin ina chuid den ghrúpa céanna a dhéanann na gníomhaíochtaí rialáilte sin;
- (35) ciallaíonn “dlínse ísealchánach”, maidir le grúpa FIN nó grúpa mórsála intíre in aon bhliain fhioscach ar bith, Ballstát nó dlínse tríú tír ina bhfuil ioncam cáilitheach ag grúpa FIN nó ag an ngrúpa mórsála intíre agus ina bhfuil sé faoi réir ráta cánach éifeachtach atá níos ísle ná an t-íosráta cánach;
- (36) ciallaíonn “ioncam nó cailteanas cáilitheach” an glanioncam nó an glanchailteanas cuntasaióchta airgeadais atá ag comheintiteas arna choigeartú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i gCaibidlí III, VI agus VII;

(37) ciallaíonn “cáin bharúlach in-aisíochta dhícháilithe” aon cháin, seachas cáin bharúlach cháilithe a fhabhraíonn nó a íocann comheintiteas a bhfuil an méid seo a leanas i gceist léi:

- (a) tá sí in-aisíochta le húinéir tairbhiúil díbhinne a dháileann comheintiteas den sórt sin i leith na díbhinne sin nó tá sí inchreidiúnaithe ag an úinéir tairbhiúil in aghaidh dliteanas cánach seachas dliteanas cánach i leith na díbhinne sin; nó
- (b) tá sí in-aisíochta leis an gcuideachta is dáilteoir tráth a dháiltear díbhinn ar scairshealbhóir;

chun críocha an tsainmhínte seo, ciallaíonn “cáin bharúlach cháilithe” cáin chumhdaithe a fhabhraíonn nó a íocann comheintiteas, lena n-áirítear buanbhunaíocht, ar cáin í atá inaisíochta nó inchreidiúnaithe le húinéir tairbhiúil na díbhinne arna dáileadh ag an gcomheintiteas nó ag an bpríomheintiteas, nó i gcás cáin chumhdaithe a fhabhraíonn nó a íocann buanbhunaíocht, díbhinn arna dáileadh ag an bpríomheintiteas, a mhéid atá an aisíocaíocht iníochta, nó a dhéantar ceann díobh seo a leanas:

- (a) soláthraíonn dlínse seachas an dlínse a fhorchuir na cánacha cumhdaithe an creidmheas;
- (b) soláthraítear an creidmheas d'úinéir tairbhiúil na díbhinne atá faoi réir cáin ag ráta ainmnithe arb ionann é nó ar mó é ná an t-íosráta cánach, cáin a ghearrtar ar an díbhinn a fuarthas faoi dhlí náisiúnta na dlínse inar forchuireadh na cánacha cumhdaithe ar an gcomheintiteas;
- (c) soláthraítear an creidmheas do dhuine aonair arb é úinéir tairbhiúil na díbhinne agus atá ina chónaitheoir chun críoch cánach sa dlínse inar forchuireadh na cánacha cumhdaithe ar an gcomheintiteas agus atá faoi réir ráta cánach ainmniúil arb ionann é nó ar mó é ná an ráta cánach caighdeánach is infheidhme maidir le gnáthioncam; nó
- (d) soláthraítear an creidmheas d'eintiteas rialtais, d'eagraíocht idirnáisiúnta chónaitheach, d'eagraíocht neamhbhrabúsach chónaitheach, do chiste pinsin cónaitheach, d'eintiteas infheistíochta nach cuid de ghrúpa FIN é ná den ghrúpa mórscaála intíre, do chuideachta árachais saoil chónaitheach a mhéid a fhaightear an díbhinn i ndáil le gníomhaíochtaí ciste pinsin cónaitheacha agus atá sí faoi réir cáin ar shlí chomhchosúil le díbhinn a fhaigheann ciste pinsin;

chun críocha phointe (d):

- (i) tá eagraíocht neamhbhrabúis, nó ciste pinsin, cónaitheach i ndlínse má chruthaítear agus má bhainistítear iad sa dlínse sin;
- (ii) tá cónaí ar eintiteas infheistíochta i ndlínse má chruthaítear agus má rialáiltear sa dlínse sin é;
- (iii) tá cónaí ar chuideachta árachais saoil sa dlínse ina bhfuil sí lonnaithe;

(38) ciallaíonn “creidmheas cánach in-aisíochta cáilithe” an méid seo a leanas:

- (a) creidmheas cánach in-aisíochta a cheaptar ar bhealach ina bhfuil sé le híoc mar íocaíocht airgid thirim nó mar choibhéis airgid le comheintiteas laistigh de 4 bliana ón dáta óna bhfuil an comheintiteas i dteideal an creidmheas cánach in-aisíochta a fháil faoi dhlíthe na dlínse a dheonaíonn an creidmheas; nó
- (b) má tá an creidmheas cánach in-aisíochta i bpáirt, an chuid den chreidmheas cánach in-aisíochta is iníochta mar íocaíocht airgid thirim nó mar choibhéis airgid le comheintiteas laistigh de 4 bliana ón dáta óna bhfuil an comheintiteas i dteideal an creidmheas cánach in-aisíochta páirteach a fháil;

ní bheidh ar áireamh i gcreidmheas cánach inaisíochta cáilithe aon mhéid cánach is inchreidiúnaithe nó is inaisíochta de bhun cáin bharúlach cháilithe nó cáin bharúlach inaisíochta dhícháilithe;

(39) ciallaíonn “creidmheas cánach inaisíochta neamhcháilithe” creidmheas cánach nach creidmheas cánach inaisíochta cáilithe é ach atá inaisíochta go hiomlán nó go páirteach;

- (40) ciallaíonn “príomheintiteas” eintiteas a áiríonn glanioncam nó glanchailteanas cuntasáíochta airgeadais buanbhunaíochta ina ráitis airgeadais;
- (41) ciallaíonn “úinéir comheintitis” comheintiteas a bhfuil leas úinéireachta ar úinéireacht aige, go díreach nó go hindíreach, i gcomheintiteas eile de chuid an ghrúpa FIN chéanna nó an ghrúpa mórsála intíre chéanna;
- (42) ciallaíonn “córas cánach dáileachán incháilithe” córas cánach corparáide lena ndéantar an méid seo a leanas:
- (a) ní fhorchuirtear cáin ioncaim ar bhrabúis leis ach amháin nuair a dháiltear na brabúis sin ar scairshealbhóirí nó nuair a mheastar go ndáiltear iad, nó i gcás ina dtabhaíonn an chuideachta costais áirithe nach speansais ghnó iad;
 - (b) forchuirtear cáin leis ar ráta atá cothrom leis an íosráta cánach nó níos mó ná an ráta sin; agus
 - (c) bhí sé i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2021 nó roimhe sin;
- (43) ciallaíonn “UTPR cáilithe” tacar de rialacha a chuirtear chun feidhme i ndlí náisiúnta dlínse, ar choinníoll nach gcuireann an dlínse sin aon sochair ar fáil a bhaineann leis na rialacha sin, agus ar tacar é ar fíor an méid seo a leanas maidir leis:
- (a) go bhfuil sé coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE, ar i gcomhréir leo a bhailíonn dlínse a chion in-leithdháilte de cháin bhreisiúcháin grúpa FIN, ar cáin í nár gearradh faoi IIR i leith chomheintitis ísealachánach an ghrúpa sin;
 - (b) go riartar é ar bhealach atá comhsheasmhach leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo nó, a mhéid a bhaineann le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE;
- (44) ciallaíonn “eintiteas is comhdaitheoir ainmnithe” an comheintiteas, seachas an máthaireintiteas deiridh, arna cheapadh ag grúpa FIN nó ag grúpa mórsála intíre chun na hoibleagáidí comhdúcháin a leagtar amach in Airteagal 44 a chomhlíonadh thar ceann ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre.

Airteagal 4

Suíomh comheintitis

1. Chun críocha na Treorach seo, measfar eintiteas, seachas eintiteas tréshreafa, a bheith lonnaithe sa dlínse ina meastar é a bheith cónaitheach chun críocha cánach bunaithe ar a áit bhainistíochta, ar áit a chruthaithe nó ar chritéir chomhchosúla.

Maidir le comheintiteas nach eintiteas tréshreafa é, i gcás nach féidir suíomh an chomheintitis sin a chinneadh bunaithe ar an gcéad fhomhír, measfar é a bheith lonnaithe sa dlínse inar cruthaíodh é.

2. Measfar eintiteas tréshreafa a bheith gan stát, ach amháin más máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre é nó má cheanglaítear air IIR a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 5, 6, 7 agus 8, agus sa chás sin measfar an t-eintiteas tréshreafa a bheith lonnaithe sa dlínse inar cruthaíodh é.

3. Measfar buanbhunaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13)(a), a bheith lonnaithe sa dlínse ina gcaitear léi mar bhuanbhunaíocht agus ina bhfuil sí faoi dhliteanas cáin a íoc faoin gconradh cánach is infheidhme.

Measfar buanbhunaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13)(b), a bheith lonnaithe sa dlínse ina bhfuil sí faoi réir glanbhonn cánach bunaithe ar a láithreach gnó.

Measfar buanbhunaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13)(c), a bheith lonnaithe sa dlínse ina bhfuil sí suite.

Meastar buanbhunaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13)(d), a bheith gan stát.

4. I gcás ina bhfuil comheintiteas lonnaithe in dhá dhlínse agus ina bhfuil conradh cánach infheidhme ag na dlínsí sin, measfar an comheintiteas a bheith lonnaithe sa dlínse ina meastar é a bheith ina chónaitheoir chun críoch cánach faoin gconradh cánach sin.

I gcás ina gceanglaítear leis an gconradh cánach is infheidhme go dtiocfadh na húdaráis inniúla ar chomhaontú frithpháirteach maidir le cónaitheacht mheasta an chomheintitis chun críoch cánach agus nach dtagtar ar chomhaontú, beidh feidhm ag mír 5.

I gcás nach bhfuil aon fhaoiseamh ann le haghaidh an chánachais dhúbailte faoin gconradh cánach is infheidhme, mar gheall go bhfuil comheintiteas ina chónaitheoir chun críoch cánach an dá pháirtí chonarthacha, beidh feidhm ag mír 5.

5. I gcás ina bhfuil comheintiteas lonnaithe in dhá dhlínse agus nach bhfuil conradh cánach infheidhme ag na dlínsí sin, measfar an comheintiteas a bheith lonnaithe sa dlínse inar gearradh an méid is mó cánacha cumhdaithe le haghaidh na bliana fiosaí.

Chun an méid cánacha cumhdaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ríomh, ní chuirfear san áireamh an méid cánach a íocadh i gcomhréir le córas cánach cuideachtaí eachtracha rialaithe.

Más ionann an méid cánacha cumhdaithe atá dlite sa dá dhlínse nó má an méid sin cothrom le nialas, measfar an comheintiteas a bheith lonnaithe sa dlínse ina bhfuil an méid is mó eisiámh ioncaim bunaithe ar shubstaint arna ríomh ar bhonn eintitis i gcomhréir le hAirteagal 28.

Más ionann méid an eisiámh ioncaim bunaithe ar shubstaint sa dá dhlínse nó má tá an méid sin cothrom le nialas, measfar an comheintiteas a bheith gan stát, ach amháin más máthaireintiteas deiridh é, agus sa chás sin measfar é a bheith lonnaithe sa dlínse inar cruthaíodh é.

6. I gcás ina meastar, mar thoradh ar mhíreanna 4 agus 5 a chur i bhfeidhm, máthaireintiteas a bheith lonnaithe i ndlínse nach bhfuil sé faoi réir IIR cáilithe, measfar an máthaireintiteas a bheith faoi réir IIR cáilithe na dlínse eile maidir le cuimsiú ioncaim, ach amháin má tá conradh cánach infheidhme lena dtoirmeashtar riail den sórt sin a chur i bhfeidhm.

7. I gcás ina n-athraíonn comheintiteas a shuíomh i gcaitheamh bliain fhioscach, measfar é a bheith lonnaithe sa dlínse inar measadh é a bheith lonnaithe faoin Airteagal seo ag tús na bliana fiosaí sin.

Caibidil II

IIR agus UTPR

Airteagal 5

Máthaireintiteas deiridh san Aontas

1. Maidir le máthaireintiteas deiridh ar comheintiteas é atá lonnaithe i mBallstát, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé faoi réir na cánach breisiúcháin (“cáin bhreisiúcháin IIR”) don bhliain fhioscach i leith a chomheintiteas ísealchánach atá lonnaithe i ndlínse eile nó atá gan stát.

2. I gcás ina bhfuil comheintiteas, ar máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre é, lonnaithe i mBallstát atá ina dlínse ísealchánach, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR i ndáil leis féin agus i ndáil leis na gcomheintiteas ísealchánach uile den ghrúpa atá lonnaithe sa Bhallstát céanna le haghaidh na bliana fiosaí.

Airteagal 6

Máthaireintiteas idirmheánach san Aontas

1. Maidir le máthaireintiteas idirmheánach atá lonnaithe i mBallstát ar máthaireintiteas idirmheánach é atá ar seilbh ag máthaireintiteas deiridh atá lonnaithe i ndlínse tríú tír, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR don bhliain airgeadais maidir lena chomheintitis ísealchánach atá lonnaithe i ndlínse eile nó atá gan stát.

2. I gcás ina bhfuil máthaireintitas idirmheánach lonnaithe i mBallstát ar dlínse ísealchánach é agus atá ar seilbh ag máthaireintitas deiridh atá lonnaithe i ndlínse tríú tír, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR ina leith féin agus i leith a gcomheintitas ísealchánach atá lonnaithe sa Bhallstát céanna le haghaidh na bliana fiosaí.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) go bhfuil máthaireintitas deiridh faoi réir IIR le haghaidh na bliana fiosaí sin; nó
 - (b) go bhfuil máthaireintitas idirmheánach eile lonnaithe i ndlínse ina bhfuil sé faoi réir IIR cáilithe don bhliain fhioscach sin agus tá úinéireacht aige, go díreach nó go hindíreach, ar leas urlámhais sa mháthaireintitas idirmheánach.

Airteagal 7

Máthaireintitas idirmheánach atá lonnaithe san Aontas agus atá i seilbh máthaireintitis deiridh eisiata

1. I gcás ina bhfuil máthaireintitas idirmheánach atá lonnaithe i mBallstát ina sheilbh ag máthaireintitas deiridh ar eintitas eisiata é, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR don bhliain airgeadais maidir lena chomheintitis ísealchánach atá lonnaithe i ndlínse eile nó atá gan stát.
2. I gcás ina bhfuil máthaireintitas idirmheánach atá lonnaithe i mBallstát ar dlínse ísealchánach é ina sheilbh ag máthaireintitas deiridh ar eintitas eisiata é, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR ina leith féin agus i leith a gcomheintitas ísealchánach atá lonnaithe sa Bhallstát céanna le haghaidh na bliana fiosaí.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 i gcás ina bhfuil máthaireintitas idirmheánach eile lonnaithe i ndlínse ina bhfuil sé faoi réir IIR don bhliain fhioscach sin agus ina bhfuil leas rialaithe aige, go díreach nó go hindíreach, sa mháthaireintitas idirmheánach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

Airteagal 8

Máthaireintitas faoi pháirt-úinéireacht san Aontas

1. Maidir le máthaireintitas faoi pháirt-úinéireacht atá lonnaithe i mBallstát, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR don bhliain airgeadais i leith a chomheintitas ísealchánach atá lonnaithe i ndlínse eile nó atá gan stát.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil eintitas faoi pháirt-úinéireacht lonnaithe i mBallstát atá ina dlínse ísealchánach, go mbeidh an t-eintitas sin faoi réir cháin bhreisiúcháin IIR ina leith féin agus i leith a gcomheintitas ísealchánach atá lonnaithe sa Bhallstát céanna le haghaidh na bliana fiosaí.
3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 i gcás ina bhfuil leasanna úinéireachta an mháthaireintitis faoi pháirt-úinéireacht ar seilbh ina n-íomláine, go díreach nó go hindíreach, ag máthaireintitas eile faoi pháirt-úinéireacht atá faoi réir IIR le haghaidh na bliana fiosaí sin.

Airteagal 9

An cháin bhreisiúcháin a leithdháileadh faoi IIR

1. Maidir le cáin bhreisiúcháin IIR atá dlite de mháthaireintitas i leith comheintitas ísealchánach de bhun Airteagal 5(1), Airteagal 6(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1), beidh an cháin sin cothrom le cáin bhreisiúcháin an chomheintitis ísealchánach, mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 27, arna iolrú faoi chion in-leithdháilte an mháthaireintitis den cháin bhreisiúcháin sin le haghaidh na bliana fiosaí.
2. Is éard a bheidh i gcion in-leithdháilte máthaireintitis den cháin bhreisiúcháin i leith comheintitas ísealchánach an chomhréir de leas úinéireachta an mháthaireintitis in ioncam cáilitheach an chomheintitis ísealchánach. Beidh an cion sin cothrom le hioncam cáilitheach an chomheintitis ísealchánach don bhliain fhioscach, arna laghdú de mhéid an ioncaim sin is inchurtha i leith leasanna úinéireachta arna sealbhú ag úinéirí eile, arna roinnt ar ioncam cáilitheach an chomheintitis ísealchánach don bhliain fhioscach.

Is é an méid ioncaim cháilithigh is inchurtha i leith leasanna úinéireachta i gcomheintiteas ísealchánach arna shealbhú ag úinéirí eile an méid a gcaithfí leis mar ioncam inchurtha i leith na n-úinéirí sin faoi phrionsabail an chaighdeáin cuntasaíochta airgeadais inghlactha a úsáidtear i ráitis chomhdhlúite airgeadais an mháthaireintitis deiridh dá mba ionann glanioncam an chomheintitis ísealchánach agus a ioncam cáilitheach agus:

- (a) má bhí ráitis chomhdhlúite airgeadais ullmhaithe ag an máthaireintiteas i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasaíochta sin (na “ráitis chomhdhlúite airgeadais hipitéiseacha”);
- (b) dá mba leis an máthaireintiteas leas rialaithe sa chomheintiteas ísealchánach sa chaoi is go ndearnadh ioncam agus speansais uile an chomheintitis ísealchánach a chomhdhlúthú ar bhonn líne ar líne le hioncam agus costais an mháthaireintitis sna ráitis chomhdhlúite airgeadais hipitéiseacha;
- (c) má bhí ioncam cáilitheach uile an chomheintitis ísealchánach inchurtha i leith idirbhearta le daoine nach grúpeintitis iad; agus
- (d) má bhí gach leas úinéireachta nach raibh i seilbh dhíreach nó indíreach an mháthaireintitis i seilbh daoine seachas grúpeintitis.

3. I dteannta an mhéid a leithdháiltear ar mháthaireintiteas i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, áireofar le cáin bhreisiúcháin IIR atá dlite de mháthaireintiteas de bhun Airteagal 5(2), Airteagal 6(2), Airteagal 7(2) agus Airteagal 8(2), don bhliain fhioscach, i gcomhréir le hAirteagal 26, na méideanna seo a leanas:

- (a) méid iomlán na cánach breisiúcháin arna ríomh don mháthaireintiteas sin; agus
- (b) méid na cánach breisiúcháin arna ríomh dá chomheintitis ísealchánach atá lonnaithe sa Bhallstát céanna arna iolrú faoi sciar in-leithdháilte an mháthaireintitis sa cháin bhreisiúcháin sin don bhliain fhioscach.

Airteagal 10

Sásra fritháirimh IIR

I gcás ina bhfuil leas úinéireachta i gcomheintiteas ísealchánach ar úinéireacht ag máthaireintiteas atá lonnaithe i mBallstát, bíodh sé sin go hindíreach trí mháthaireintiteas idirmheánach nó trí mháthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht atá faoi réir IIR cáilithe le haghaidh na bliana fiosaí, laghdófar an cháin bhreisiúcháin atá dlite de bhun Airteagail 5 go 8 faoi mhéid arb ionann é agus cion in-leithdháilte sciar an mháthaireintitis chéadluaite den cháin bhreisiúcháin atá dlite den mháthaireintiteas idirmheánach nó den mháthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht.

Airteagal 11

Roghnú cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm

1. Féadfaidh na Ballstáit roghnú cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm.

Má roghnaíonn Ballstát ina bhfuil comheintitis ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre lonnaithe cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm, beidh gach comheintiteas ísealchánach de chuid an ghrúpa FIN nó de chuid an ghrúpa mórsála intíre sa Bhallstát sin faoi réir na cánach breisiúcháin náisiúnta cáilithe sin le haghaidh na bliana fiosaí.

Faoi cháin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe, féadfar róbhrabúis náisiúnta na gcomheintiteas ísealchánach a ríomh bunaithe ar chaighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha nó ar chaighdeán cuntasaíochta airgeadais údaraithe arna cheadú ag an gcomhlacht cuntasaíochta údaraithe agus arna choigeartú chun aon saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc, seachas an caighdeán cuntasaíochta airgeadais a úsáidtear sna ráitis chomhdhlúite airgeadais.

2. I gcás ina bhfuil máthaireintiteas ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre lonnaithe i mBallstát agus ina bhfuil na comheintitis atá ar seilbh aige go díreach nó go hindíreach lonnaithe sa Bhallstát sin nó i ndlíne eile, tríú tír, i gcás ina bhfuil na comheintitis sin faoi réir cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe le haghaidh na bliana fiosaí sna dlínsí sin, laghdófar méid aon chánach breisiúcháin náisiúnta cáilithe a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 27, ar cáin í atá dlite den mháthaireintiteas de bhun Airteagail 5 agus 8, suas go nialas, faoi mhéid na cánach breisiúcháin cáilithe náisiúnta atá dlite de féin nó de na comheintitis sin.

D'ainneoin na chéad fomhíre, má ríomhadh an cháin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe do bhliain fhioscach i gcomhréir le caighdeán inghlactha cuntasáíochta airgeadais an mháthaireintitis deiridh nó le Caighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais (IFRS nó IFRS arna nglacadh ag an Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002), ní dhéanfar aon cháin bhreisiúcháin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 27 don bhliain fhioscach sin i ndáil le comheintitis an ghrúpa FIN sin nó an ghrúpa mórsála intíre sin atá lonnaithe sa Bhallstát sin. Tá an fhomhír seo gan dochar do ríomh aon chánach breisiúcháin breise de bhun Airteagal 29 i gcás nach gcuireann Ballstát cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe i bhfeidhm chun aon cháin bhreisiúcháin bhreise a eascraíonn faoi Airteagal 29 a bhailiú.

3. I gcás nach ndearnadh méid na cánach breisiúcháin náisiúnta cáilithe do bhliain fhioscach a íoc laistigh de na 4 bliana fhioscacha tar éis na bliana fiosaí ina raibh sé dlite, cuirfear an méid cánach breisiúcháin náisiúnta cáilithe nár íocadh leis an gcáin bhreisiúcháin dhlínsiúil a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 27(3) agus ní bhaileoidh an Ballstát a rinne an roghnú de bhun mhír 1 den Airteagal.

4. Ballstáit a roghnaíonn cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin roghnú sin laistigh de 4 mhí tar éis glacadh a ndlíthe, a rialachán agus a bhforálacha riaracháin náisiúnta lena dtabharfar cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe isteach. Beidh an roghnú sin bailí agus ní fhéadfar é a chúlghairm ar feadh tréimhse 3 bliana. Ag deireadh gach tréimhse 3 bliana, déanfar an roghnú a athnuachan go huathoibríoch, mura rud é go ndéanfaidh an Ballstát a roghnú a chúlghairm. Tabharfar fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 4 mhí roimh dheireadh na tréimhse 3 bliana, faoi aon chúlghairm ar an roghnaithe.

Airteagal 12

UTPR a chur i bhfeidhm ar fud ghrúpa FIN

1. I gcás ina bhfuil máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN lonnaithe i ndlínse tríú tír nach gcuirtear rial cáilithe maidir le cuimsiú ioncain i bhfeidhm, nó i gcás inar eintiteas eisiata é an máthaireintiteas de chuid ghrúpa FIN, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na comheintitis atá lonnaithe san Aontas faoi réir, sa Bhallstát ina bhfuil siad lonnaithe, coigeartú arb ionann é agus méid cháin bhreisiúcháin UTPR arna leithdháileadh ar an mBallstát sin don bhliain fhioscach i gcomhréir le hAirteagal 14.

Chun na críche sin, féadfaidh an coigeartú sin a bheith i bhfoirm cáin bhreisiúcháin atá dlite de na comheintitis sin nó i bhfoirm diúltú asbhainte i gcoinne ioncam inchánach na gcomheintiteas sin as a n-eascraíonn méid dlíteanais cánach is gá chun méid cánach breisiúcháin UTPR a leithdháiltear ar an mBallstát sin a bhailiú.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an coigeartú i bhfeidhm de bhun mhír 1 den Airteagal seo i bhfoirm diúltú asbhainte i gcoinne ioncam inchánach, beidh feidhm ag coigeartú den sórt sin a mhéid is féidir i ndáil leis an mbliain inchánach ina mbeidh deireadh leis an mbliain fhioscach inar ríomhadh méid cánach breisiúcháin UTPR agus inar leithdháileadh an méid sin ar Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 14.

Aon mhéid cánach breisiúcháin UTPR a bheidh dlite fós i leith bliain fhioscach mar thoradh ar dhiúltú asbhainte i gcoinne ioncain inchánach don bhliain fhioscach sin a chur i bhfeidhm, déanfar é a thabhairt ar aghaidh a mhéid is gá agus beidh sé, maidir le gach bliain fhioscach ina dhiaidh sin, faoi réir an choigeartaithe de bhun mhír 1 go dtí go mbeidh méid cánach breisiúcháin UTPR a leithdháileadh ar an mBallstát sin don bhliain fhioscach sin glanta.

3. Ní bheidh comheintitis ar eintitis infheistíochta iad faoi réir an Airteagail seo.

Airteagal 13

UTPR a chur i bhfeidhm i ndlínse máthaireintitis deiridh

1. I gcás ina bhfuil máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN lonnaithe i ndlínse tríú tír ísealchánach, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na comheintitis atá lonnaithe san Aontas faoi réir, sa Bhallstát ina bhfuil siad lonnaithe, coigeartú arb ionann é agus méid cháin bhreisiúcháin UTPR arna leithdháileadh ar an mBallstát sin don bhliain fhioscach i gcomhréir le hAirteagal 14.

Chun na críche sin, féadfaidh coigeartú den sórt sin a bheith i bhfoirm cáin bhreisiúcháin atá dlite de na comheintitis sin nó i bhfoirm diúltú asbhainte i gcoinne ioncam inchánach na gcomheintiteas sin as a n-eascraíonn méid dliteanais cánach is gá chun méid cánach breisiúcháin UTPR a leithdháiltear ar an mBallstát sin a bhailiú.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina mbeidh an máthaireintiteas deiridh sa dlínse tríú tír ísealchánach faoi réir IIR cáilithe i ndáil leis féin agus lena gcomheintitis ísealchánach atá lonnaithe sa dlínse sin.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an coigeartú i bhfeidhm de bhun mhír 1 den Airteagal seo i bhfoirm diúltú asbhainte i gcoinne ioncam inchánach, beidh feidhm ag an gcoigeartú sin a mhéid is féidir i ndáil leis an mbliain inchánach ina mbeidh deireadh leis mbliain fhioscach inar ríomhadh méid cánach breisiúcháin UTPR agus inar leithdháileadh an méid sin ar Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 14.

Aon mhéid cánach breisiúcháin UTPR a bheidh dlite fós i leith bliain fhioscach mar thoradh ar dhiúltú asbhainte i gcoinne ioncaim inchánach don bhliain fhioscach sin a chur i bhfeidhm, déanfar é a thabhairt ar aghaidh a mhéid is gá agus beidh sé, maidir le gach bliain fhioscach ina dhiaidh sin, faoi réir an choigeartaithe de bhun mhír 1 go dtí go mbeidh méid cánach breisiúcháin UTPR a leithdháileadh ar an mBallstát sin don bhliain fhioscach sin íoctha.

3. Ní bheidh comheintitis ar eintitis infheistíochta iad faoi réir an Airteagail seo.

Airteagal 14

Méid cháin bhreisiúcháin UTPR a ríomh agus a leithdháileadh

1. Ríomhfar méid cháin bhreisiúcháin UTPR a leithdháilfear ar Bhallstát trí cháin bhreisiúcháin UTPR iomlán, mar a chinntear i gcomhréir le mír 2, a iolrú faoi chéatadán UTPR an Bhallstáit, mar a chinntear i gcomhréir le mír 5.

2. Beidh an cháin bhreisiúcháin UTPR iomlán le haghaidh bliain fhioscach cothrom le hiomlán na cánach breisiúcháin arna ríomh do gach comheintiteas ísealchánach ghrúpa FIN le haghaidh na bliana fiosaí sin, i gcomhréir le hAirteagal 27, faoi réir na coigeartuithe a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo.

3. Beidh cáin bhreisiúcháin UTPR ar chomheintiteas ísealchánach cothrom le nialas i gcás ina bhfuil, don bhliain fhioscach, leasanna úinéireachta uile an mháthaireintitis deiridh sa chomheintiteas ísealchánach sin á sealbhú go díreach nó go hindíreach ag máthaireintiteas amháin nó níos mó, a gceanglaítear orthu IIR cáilithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an gcomheintiteas ísealchánach sin don bhliain fhioscach sin.

4. I gcás nach bhfuil feidhm ag mír 3, déanfar cáin bhreisiúcháin UTPR atá ag comheintiteas ísealchánach a laghdú le sciar leithdháilte an mháthaireintitis de cháin bhreisiúcháin an chomheintitis ísealchánach sin a thugtar faoi réim faoi IIR cáilithe.

5. Ríomhfar céatadán UTPR Ballstáit le haghaidh gach bliana fiosaí agus le haghaidh gach grúpa FIN, de réir na foirmle seo a leanas:

$$50\% \times \frac{\text{líon fostaithe sa Bhallstáit}}{\text{líon fostaithe i ndlínsí UTPR go léir}} + 50\% \times \frac{\text{líon iomlán na sócmhainní inláimhsithe sa Bhallstáit}}{\text{líon iomlán na sócmhainní inláimhsithe i ndlínsí UTPR go léir}}$$

sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inarb ionann an líon fostaithe sa Bhallstát agus líon iomlán fostaithe chomheintitis uile an ghrúpa FIN atá lonnaithe sa Bhallstát sin;

- (b) i gcás inarb ionann an líon fostaithe sna dlínsí UTPR uile agus líon iomlán fostaithe chomheintitis uile ghrúpa FIN atá lonnaithe sa dlínse ag a bhfuil UTPR i bhfeidhm le haghaidh na bliana fiosaí;
- (c) i gcás inarb ionann luach iomlán na sócmhainní inláimhsithe sa Bhallstát agus iomlán na nglanluachanna de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe chomheintitis ghrúpa FIN atá lonnaithe sa Bhallstát sin;
- (d) maidir le luach iomlán na sócmhainní inláimhsithe sna dlínsí uile UTPR, is éard atá ann ná iomlán na nglanluachanna de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe chomheintitis uile ghrúpa FIN atá lonnaithe i ndlínse ina bhfuil UTPR cáilithe i bhfeidhm le haghaidh na bliana fiosaí.

6. Is éard a bheidh sa líon fostaithe ná líon fostaithe na gcomheintiteas uile atá lonnaithe sa dlínse ábhartha a fhostaítear ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha, lena n-áirítear conraitheoirí neamhspleácha ar choinníoll go nglacann siad páirt i ngnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin an chomheintitis.

Áireofar leis na sócmhainní inláimhsithe sócmhainní inláimhsithe na gcomheintiteas uile atá lonnaithe sa dlínse ábhartha ach ní áireofar leo airgead tirim ná coibhéis airgid thirim, sócmhainní doláimhsithe ná sócmhainní airgeadais.

7. Déanfar na fostaithe a n-áirítear a gcostais phárolla i gcuntais airgeadais ar leithligh na buanbhunaíochta sin arna gcinneadh de bhun Airteagal 18(1) agus arna gcoigeartú i gcomhréir le hAirteagal 18(2) a leithdháileadh ar an dlínse ina bhfuil an bhuanbhunaíocht lonnaithe.

Déanfar sócmhainní inláimhsithe a n-áirítear i gcuntais airgeadais ar leithligh buanbhunaíochta arna gcinneadh le hAirteagal 18(1) agus arna gcoigeartú i gcomhréir le hAirteagal 18(2) a leithdháileadh ar an dlínse ina bhfuil an bhuanbhunaíocht lonnaithe.

Ní dhéanfar líon na bhfostaithe ná na sócmhainní inláimhsithe a leithdháiltear ar dhlínse chánach buanbhunaíochta a chur san áireamh i gcás líon na bhfostaithe agus sócmhainní inláimhsithe dhlínse an phríomheintitis.

An líon fostaithe agus an glanluach de réir na leabhar a ghabhann leis na sócmhainní inláimhsithe atá ar seilbh ag eintiteas infheistíochta, eisiafar ó eilimintí na foirmle a leagtar amach i mír 5 iad.

An líon fostaithe eintitis tréshreafa agus an glanluach de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe eintitis tréshreafa, eisiafar ó eilimintí na foirmle a leagtar amach i mír 5 iad, ach amháin má leithdháiltear ar bhuanbhunaíocht iad nó, in uireasa buanbhunaíochta, má leithdháiltear iad ar na comheintitis atá lonnaithe sa dlínse inar cruthaíodh an t-eintiteas tréshreafa.

8. De mhaolú ar mhír 5, measfar céatadán UTPR de chuid dlínse i gcomhair ghrúpa FIN a bheith nialasach do bhliain fhioscach fad nach raibh mar thoradh ar an méid cánach breisiúcháin UTPR arna leithdháileadh ar an dlínse sin i mbliain fhioscach roimhe sin go bhfuil speansas breise cánach airgid ag comheintitis ghrúpa FIN sin atá lonnaithe sa dlínse sin arb ionann é, ar an iomlán, agus méid cánach breisiúcháin UTPR don bhliain fhioscach roimhe sin a leithdháiltear ar an dlínse sin.

An líon fostaithe agus an glanluach de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe comheintiteas grúpa FIN, ar grúpa é atá lonnaithe i ndlínse ag a bhfuil céatadán UTPR atá cothrom le nialas le haghaidh na bliana fiosaí, eisiafar an líon fostaithe agus glanluach na sócmhainní sin ó eilimintí na foirmle chun cháin bhreisiúcháin UTPR iomlán a dháileadh ar ghrúpa FIN le haghaidh na bliana fiosaí sin.

9. Ní bheidh feidhm ag mír 8 maidir le bliain fhioscach má tá céatadán UTPR de nialas ag gach dlínse ag a bhfuil UTPR cáilithe atá i bhfeidhm don bhliain fhioscach i gcomhair ghrúpa FIN don bhliain fhioscach sin.

Caibidil III

An t-ioncam nó an cailteanas cáilitheach a ríomh*Airteagal 15***An t-ioncam nó an cailteanas cáilitheach a chinneadh**

1. Ríomhfar ioncam nó cailteanas cáilitheach comheintitis trí na coigeartuithe a leagtar amach in Airteagail 16 go 19 a dhéanamh ar ghlánioncam nó ar glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis le haghaidh na bliana fioscaí sula ndéantar aon choigeartú comhdhlúthúcháin chun deireadh a chur le hidirbhearta inghrúpa, mar a chinntear faoin gcaighdeán cuntasaíochta a úsáidtear chun ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh a ullmhú.

2. I gcás nach mbeidh sé indéanta go réasúnach an glánioncam nó an glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais atá ag comheintiteas a chinneadh bunaithe ar an gcaighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha nó ar an gcaighdeán cuntasaíochta airgeadais údaraithe a úsáidtear chun ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh a ullmhú, féadfar glánioncam nó glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis le haghaidh na bliana fioscaí a chinneadh trí chaighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha nó caighdeán cuntasaíochta airgeadais údaraithe eile a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go gcoinnítear cuntais airgeadais an chomheintitis bunaithe ar an gcaighdeán cuntasaíochta sin;

(b) go bhfuil an fhaisnéis sna cuntais airgeadais iontaofa; agus

(c) difríochtaí buana is mó ná EUR 1 000 000 a eascraíonn ó phrionsabal nó ó chaighdeán áirithe a chur i bhfeidhm ar mhíreanna ioncaim nó costais nó ar idirbhearta, i gcás ina bhfuil an prionsabal nó an caighdeán sin éagsúil leis an gcaighdeán airgeadais a úsáidtear chun ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh a ullmhú, go gcoigeartófar na difríochtaí sin chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an gcur chuige is gá le haghaidh na míre sin faoin gcaighdeán cuntasaíochta a úsáidtear chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú.

3. I gcás nár ullmhaigh an máthaireintiteas deiridh a ráitis airgeadais chomhdhlúite i gcomhréir le caighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(c), coigeartófar ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh chun aon saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc.

4. I gcás nach n-ullmhaíonn an máthaireintiteas deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (6)(a), (b) agus (c), is éard a bheidh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6)(d) na ráitis airgeadais a d'ullmhófaí dá gceanglófaí ar an máthaireintiteas deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite den sórt sin a ullmhú i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) caighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha; nó

(b) caighdeán cuntasaíochta airgeadais údaraithe ar choinníoll go gcoigeartaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite sin chun aon saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc.

5. I gcás ina gcuireann Ballstát nó tríú tír cáin bhreiseiúcháin náisiúnta cháilithe i bhfeidhm, féadfar glánioncam nó glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais na gcomheintiteas atá lonnaithe sa Bhallstát sin nó sa tríú tír a chinneadh i gcomhréir le caighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha nó caighdeán cuntasaíochta airgeadais údaraithe atá éagsúil leis an gcaighdeán cuntasaíochta airgeadais a úsáidtear chun ráitis chomhdhlúite airgeadais an mháthaireintitis deiridh a ullmhú, ar choinníoll go ndéantar an glánioncam nó an glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais sin a choigeartú chun saobhadh iomaíochta ábhartha a chosc.

6. Maidir le cur i bhfeidhm prionsabail nó nós imeachta sonracha faoi thacar prionsabal cuntasaíochta is inghlactha go ginearálta, i gcás ina bhfuil saobhadh iomaíochta ábhartha ann mar thoradh air sin, coigeartófar an cur chuige cuntasaíochta a úsáidtear i leith aon mhír nó aon idirbheart atá faoi réir an phrionsabail nó an nós imeachta sin chun go mbeidh sé i gcomhréir leis an gcur chuige is gá le haghaidh na míre nó an idirbhirt faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS agus IFRS arna nglacadh ag an Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002).

*Airteagal 16***Coigeartuithe chun an t-ioncam nó an cailteanas cáilitheach a chinneadh**

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “glanchostas cánacha” glanmhéid na nithe seo a leanas:
 - (i) cánacha cumhdaithe arna bhfabhrú mar chostas agus aon chánacha cumhdaithe reatha agus iarchurtha a bheidh ar áireamh sa chostas cánach ioncaim, lena n-áirítear cánacha cumhdaithe ar ioncam atá eisiata ó ríomh an ioncaim cháilitheach nó cailteanais;
 - (ii) sócmhainní cánach iarchurtha atá inchurtha i leith cailteanas le haghaidh na bliana fiosaí;
 - (iii) cánacha breisiúcháin náisiúnta cáilithe a fhabhraítear mar chostas;
 - (iv) cánacha a thagann chun cinn de bhun rialacha na Treorach seo nó, maidir le dlínsí tríú tír, Rialacha Samhla ECFE, arna bhfabhrú mar chostas; agus
 - (v) cánacha barúlacha in-aisíoctha dícháilithe a fhabhraítear mar chostas;
 - (b) ciallaíonn “díbhinn eisiata” díbhinn nó dáileachán eile a fhaightear nó a fhabhraítear i leith leas úinéireachta, seachas díbhinn nó dáileachán eile a fhaightear nó a fhabhraítear i leith na nithe seo a leanas:
 - (i) leas úinéireachta:
 - atá i seilbh an ghrúpa in eintiteas ag a bhfuil cearta ar níos lú ná 10 % de bhrabúis, de chaipiteal nó de chúlchistí an eintitis sin, nó cearta vótála an eintitis sin ag dáta an dáileacháin nó na diúscairtha (“scairsheilbh punainne”); agus
 - atá faoi úinéireacht eacnamaíoch an chomheintitis a fhaigheann an díbhinn nó an dáileachán eile nó a fhabhraíonn ar feadh tréimhse is lú ná bliain amháin ar dháta an dáileacháin;
 - (ii) leas úinéireachta in eintiteas infheistíochta atá faoi réir roghnú de bhun Airteagal 43;
 - (c) ciallaíonn “gnóthachan nó cailteanas eisiata” gnóthachan, brabús nó cailteanas, a áirítear in ioncam nó i gcaillteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis, ar ioncam nó cailteanas é a eascraíonn ó na nithe seo a leanas:
 - (i) gnóthachain agus cailteanais a eascraíonn ó athruithe ar luach cóir leasa úinéireachta, ach amháin le haghaidh scairsheilbh phunainne;
 - (ii) brabúis nó cailteanais i leith leas úinéireachta a áirítear faoi mhodh cuntasaíochta an chothromais; agus
 - (iii) gnóthachain agus cailteanais ó dhiúscairt leasa úinéireachta, seachas diúscairt scairsheilbhe punainne;
 - (d) ciallaíonn “gnóthachan nó cailteanas modha athluachála cuimsithe” glanhnóthachan nó glanchailteanas, arna mhéadú nó arna laghdú faoi aon chánacha cumhdaithe lena mbaineann le haghaidh na bliana fiosaí, ar gnóthachan nó cailteanas é a eascraíonn ó mhodh nó ó chleachtas cuntasaíochta lena ndéantar an méid seo a leanas i leith gach maoinne, gléasra nó trealaimh:
 - (i) coigeartaítear luach maoinne, gléasra nó trealaimh den sórt sin de réir na leabhar chuig a luach cóir;
 - (ii) taifeadtar na hathruithe ar luach ioncaim chuimsithe eile; agus
 - (iii) ní thuairiscítear an gnóthachan nó an cailteanas a fhabhraítear in ioncam cuimsitheach eile trí chuntas brabúis agus cailteanais ina dhiaidh sin;
 - (e) ciallaíonn “gnóthachan nó cailteanas neamhshiméadrach airgeadra eachtraigh” gnóthachan nó cailteanas airgeadra eachtraigh eintitis a bhfuil a airgeadra cuntasaíochta agus a chuid airgeadraí feidhmiúla cánach difriúil agus ar fíor an méid seo a leanas maidir leis:
 - (i) áirítear sa ríomh ar ioncam nó ar chailteanas inchánach an chomheintitis é agus tá sé inchurtha i leith luaineacht sa ráta malartaithe idir airgeadra cuntasaíochta feidhmiúil agus airgeadra cánach feidhmiúil an chomheintitis;
 - (ii) áirítear sa ríomh ar ghlanioncam nó ar ghlanchailteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis é agus tá sé inchurtha i leith luaineacht sa ráta malartaithe idir airgeadra cuntasaíochta feidhmiúil agus airgeadra cánach feidhmiúil an chomheintitis;

- (iii) áirítear sa ríomh ar ghlanioncam nó ar glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis é agus tá sé inchurtha i leith luaineacht sa ráta malartaithe idir tríú airgeadra eachtrach agus airgeadra cuntasaíochta feidhmiúil an chomheintitis; agus
- (iv) is inchurtha é i leith luaineachtaí sa ráta malairte idir tríú airgeadra eachtrach agus airgeadra cánach feidhmiúil an chomheintitis, is cuma cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnóthachan nó caillteanas tríú airgeadra eachtraigh den sórt sin ar áireamh san ioncam inchánach;

is é an t-airgeadra cánach feidhmiúil an t-airgeadra feidhmiúil a úsáidtear chun ioncam nó caillteanas inchánach an chomheintitis a chinneadh maidir le cáin chumhdaithe sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe; is é an t-airgeadra cuntasaíochta feidhmiúil an t-airgeadra feidhmiúil a úsáidtear chun glanioncam nó glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis a chinneadh; is éard is tríú airgeadra eachtrach ann airgeadra nach airgeadra feidhmiúil cánach nó airgeadra feidhmeach cuntasaíochta an chomheintitis é;

- (f) ciallaíonn “speansas dícháilithe de bharr beartais” an méid seo a leanas:
 - (i) “speansas a fhabhraíonn an comheintiteas as íocaíochtaí neamhdhleathacha, lena n-áirítear breabanna agus síntí láimhe; agus
 - (ii) “speansas a fhabhraíonn an comheintiteas le haghaidh fineálacha agus pionóis atá cothrom le EUR 50 000 nó níos mó ná sin nó atá cothrom le méid coibhéseach san airgeadra feidhmiúil ina ríomhtar glanioncam nó glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis;
- (g) ciallaíonn “earráid a rinneadh i dtréimhse roimhe seo agus athruithe ar na prionsabail chuntasaíochta” athrú ar chothromas tosaigh comheintitis ag tús bliana fiosaí atá inchurtha i leith na nithe seo a leanas:
 - (i) ceartúchán ar earráid a rinneadh maidir le glanioncam nó glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais a chinneadh i mbliain fhioscach roimhe seo, ar earráid í a rinne difear don ioncam nó do na costais ar féidir iad a áireamh sa ríomh ar an ioncam nó ar an gcaillteanas cáilitheach sa bhliain fhioscach sin, ach amháin a mhéid a bhí sé de thoradh ar an gceartúchán ar earráid sin go raibh laghdú ábhartha ar dhliteanas i leith cánacha cumhdaithe faoi réir Airteagal 25; agus
 - (ii) athrú ar phrionsabail nó ar bheartas cuntasaíochta a rinne difear don ioncam nó do na costais a áiríodh sa ríomh ar an ioncam nó ar an gcaillteanas cáilitheach;
- (h) ciallaíonn “speansais pinsin fhabhráithe” an difríocht idir an méid costais dliteanais pinsin a áiríodh sa ghlanioncam nó sa glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais agus an méid a ranníodadh le ciste pinsin le haghaidh na bliana fiosaí.

2. Coigeartófar glanioncam nó glanchaillteanas comheintitis faoi mhéid na míreanna seo a leanas chun a ioncam nó a chaillteanas cáilitheach a chinneadh:

- (a) glanchostais cánacha;
- (b) díbhinní eisiata;
- (c) gnóthachain nó caillteanais chothromais eisiata;
- (d) gnóthachain nó caillteanais modha athluachála cuimsithe;
- (e) gnóthachain nó caillteanais ó dhiúscairt sócmhainní agus dliteanas a eisiatar de bhun Airteagal 35;
- (f) gnóthachain nó caillteanais neamshiméadracha airgeadra eachtraigh;
- (g) speansais dhícháilithe de bharr beartais;
- (h) earráid a rinneadh i dtréimhse roimhe seo agus athruithe ar na prionsabail chuntasaíochta; agus
- (i) speansais phinsin fhabhráithe.

3. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, féadfaidh comheintiteas an méid arna chostas ina chuntais airgeadais do chostas nó caiteachas de chuid an chomheintitis sin ar íocadh cúiteamh stocbhunaithe leis an méid a cheadaítear mar asbhaint agus a ioncam inchánach á ríomh ina shuíomh.

I gcás nár úsáideadh an rogha chun na stoc-roghanna a úsáid, aischuirfear an méid costais nó speansais i dtaca le cúiteamh stoc-bhunaithe a aisbhaineadh as glanioncam nó as glanchaillteanas cuntasaíochta airgeadais an chomheintitis chun a ioncam nó a chaillteanas cáilitheach a ríomh le haghaidh na bliana fiosaí roimhe sin ar fad, áireofar an méid sin sa bhliain fhioscach ina ndeachaigh an rogha in éag.

I gcás inar taifeadadh cuid den mhéid costais nó speansais i dtaca le cúiteamh stoc-bhunaithe i gcuntais airgeadais an chomheintitis i mblianta fioscacha roimh an mbliain fhioscach ina ndéantar an roghnú, áireofar méid atá cothrom leis an difríocht idir an méid iomlán costais nó speansais i dtaca le cúiteamh stoc-bhunaithe a asbhaineadh le haghaidh an ríomha ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach sna blianta fioscacha sin roimhe seo agus an méid iomlán costais nó speansais i dtaca le cúiteamh stoc-bhunaithe a d'asbhainfí le haghaidh an ríomha ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach sna blianta fioscacha sin roimhe seo dá ndéanfaí an roghnú sna blianta fioscacha sin, áireofar an méid sin in ioncam nó i gcaillteanas cáilitheach an chomheintitis le haghaidh na bliana fiosaí sin.

Déanfar an roghnú i gcomhréir le hAirteagal 45(1) agus beidh feidhm chomhsheasmhach aige maidir leis na comheintitis uile atá lonnaithe sa dlínse chéanna le haghaidh na bliana ina ndéantar an roghnú agus le haghaidh na mblianta fioscacha uile ina dhiaidh sin.

Sa bhliain fhioscach ina gcúlghairtear an roghnú, an méid costais nó speansais neamhíoctha i dtaca le cúiteamh stoc-bhunaithe a asbhaintear de bhun an roghnaithe atá níos mó ná an costas cuntasaíochta airgeadais a fhabhraítear, áireofar sa ríomh ar ioncam nó ar chaillteanas cáilitheach an chomheintitis é.

4. Maidir le haon idirbheart idir comheintitis atá lonnaithe i ndlínsí éagsúla agus nach bhfuil taifeadta sa mhéid céanna i gcuntais airgeadais an dá comheintiteas nó nach bhfuil comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, coigeartófar é ionas go mbeidh sé sa mhéid céanna agus comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách.

Déanfar cailteanas ó dhíolachán nó aistriú eile sócmhainne idir dhá chomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse chéanna agus nach dtaifeadtar go comhsheasmhach le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a choigeartú bunaithe ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách má áirítear an cailteanas sin agus an t-ioncam nó an cailteanas cáilitheach á ríomh.

Chun críocha na míre seo, ciallaíonn “prionsabal an fheidhmithe neamhspleách” an prionsabal faoina bhfuil idirbhearta idir comheintitis le taifeadadh trí thagairt a dhéanamh do na coinníollacha a bheadh faighte idir frontair neamhspleácha in idirbhearta inchomparáide agus in imthosca inchomparáide.

5. Caithfear le creidmheasanna cánacha in-aisíoctha cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (38), mar ioncam chun ioncam nó cailteanas cáilitheach comheintitis a ríomh. Ní chaithfear le creidmheasanna cánacha in-aisíoctha neamhcháilithe mar ioncam chun ioncam nó cailteanas cáilitheach comheintitis a ríomh.

6. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, maidir le gnóthachain agus cailteanais i leith sócmhainní agus dliteanais atá faoi réir luach cóir nó cuntasaíocht laghdaithe i ráitis airgeadais chomhdhlúite le haghaidh bliain fhioscach, féadfar iad a chinneadh ar bhonn an phrionsabail réadaithe chun ioncam nó cailteanas cáilitheach a ríomh.

Maidir le gnóthachain nó cailteanais atá ann mar thoradh ar luach cothrom nó ar an gcuntasaíocht laghdaithe a chur i bhfeidhm i leith sócmhainne nó dliteanais, eisiafar iad ón ríomh ar ioncam nó ar chaillteanas cáilitheach comheintitis faoin gcéad fhomhír.

Maidir le luach sócmhainne nó dliteanais de réir na leabhar chun gnóthachan nó cailteanas a chinneadh faoin gcéad fhomhír, is éard a bheidh sa luach sin ná luach na sócmhainne de réir na leabhar tráth a fuarthas í nó luach an dliteanais de réir na leabhar tráth a tabhaíodh é, nó luach na sócmhainne nó an dliteanais ar an gcéad lá den bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú, pé dáta acu is déanaí.

Déanfar an roghnú i gcomhréir le hAirteagal 45(1) agus beidh feidhm aige maidir leis na comheintitis ar fad atá lonnaithe sa dlínse ina ndéantar an roghnú, ach amháin má roghnaíonn an comheintiteas is comhdaitheoir an roghnú a theorannú do shócmhainní inláimhsithe na gcomheintiteas nó d'eintitis infheistíochta.

Sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú a chúlghairm, maidir le méid atá cothrom leis an difríocht idir luach cóir na sócmhainne nó an dliteanais agus luach na sócmhainne nó an dliteanais de réir na leabhar ar an gcéad lá den bhliain fhioscach ina gcinntear an chúlghairm, de bhun an roghnaithe, déanfar é a áireamh, má tá an luach cóir níos mó ná an luach de réir na leabhar, nó a asbhaint, má tá an luach de réir na leabhar níos mó ná an luach cóir, chun ioncam nó cailteanas cáilitheach na gcomheintiteas a ríomh.

7. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, maidir le hioncam nó cailteanas cáilitheach comheintitis atá lonnaithe i ndlínse a eascraíonn ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe áitiúla atá lonnaithe sa dlínse sin ag comheintiteas den sórt sin chuig tríú páirtithe, seachas ball den ghrúpa, féadfar an t-ioncam nó an cailteanas cáilitheach sin le haghaidh bliain fhioscach a choigeartú mar a leagtar amach sa mhír seo. Chun críocha na míre seo, is maoin do-aistrithe atá lonnaithe sa dlínse chéanna leis an gcomheintiteas atá sna sócmhainní inláimhsithe áitiúla.

Maidir leis an nglanhnóthachan a eascraíonn ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe áitiúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú, fritháireofar an glanhnóthachan sin in aghaidh aon ghlanchailteanais de chuid comheintitis atá lonnaithe sa dlínse sin a eascraíonn ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe áitiúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú agus sna 4 bliana fhioscacha roimh an mbliain fhioscach sin (“tréimhse 5 bliana”). Fritháireofar an glanhnóthachan in aghaidh an ghlanchailteanais, más ann dó, a tháinig chun cinn sa bhliain fhioscach is luaithe sa tréimhse 5 bliana. Tabharfar aon mhéid glanhnóthachain iarmharach ar aghaidh agus fritháireofar é in aghaidh aon ghlanchailteanais a tháinig chun cinn sna blianta fhioscacha ina dhiaidh sin sa tréimhse 5 bliana.

Maidir le haon mhéid glanhnóthachain iarmharach atá fós ann tar éis an dara fhomhír a chur i bhfeidhm, dáilfear go cothrom é thar an tréimhse 5 bliana chun ioncam nó cailteanas cáilitheach gach comheintitis atá lonnaithe sa dlínse sin a ríomh, ar comheintitis iad a rinne glanhnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe áitiúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú. Beidh méid iarmharach an glanhnóthachain a leithdháiltear ar chomheintiteas comhréireach le glanhnóthachan an chomheintitis sin arna roinnt ar ghlanhnóthachan na gcomheintiteas uile.

I gcás nach ndéanann aon chomheintiteas i ndlínse glanhnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe áitiúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú, leithdháilfear méid iarmharach an ghlanhnóthachain dá dtagraítear sa tríú fhomhír go cothrom ar gach comheintiteas sa dlínse sin agus dáilfear go cothrom ar an tréimhse 5 bliana é le haghaidh an ríomha ar ioncam nó ar chailteanas cáilitheach na gcomheintiteas sin.

Maidir le haon choigeartú faoin mhír seo do na blianta fhioscacha roimh an mbliain fhioscach ina ndéantar an roghnú, beidh sé faoi réir coigeartuithe i gcomhréir le hAirteagal 29(1). Déanfar an roghnú ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 45(2).

8. Aon chostas a bhaineann le socrú maoinithe lena soláthraíonn comheintiteas amháin nó níos mó creidmheas do chomheintiteas amháin eile den ghrúpa céanna nó níos mó nó a dhéanann ar bhealach eile infheistíocht i gcomheintiteas amháin eile den ghrúpa céanna nó níos mó (“an comhaontú maoinithe inghrúpa”), ní chuirfear an costas sin san áireamh agus ioncam nó cailteanas cáilitheach comheintitis á ríomh má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá an comheintiteas lonnaithe i ndlínse ísealchánach nó i ndlínse ina ngearraí cáin íseal mura raibh an costas fabhráithe ag an gcomheintiteas;
- (b) is féidir a thuar go réasúnach, le linn thréimhse ionchasach an tsocraithe maoinithe inghrúpa, go méadófaí leis an socrú maoinithe inghrúpa an méid costas a chuirfear san áireamh chun ioncam nó cailteanas cáilitheach an chomheintitis sin a ríomh, agus nach mbeadh sé mar thoradh air sin go méadófaí ioncam inchánach an chomheintitis go comhréireach, lena soláthraí an creidmheas (an “contrapháirtí”);
- (c) tá an contrapháirtí lonnaithe i ndlínse nach dlínse ísealchánach í nó i ndlínse nach mbeadh cáin íseal inti mura raibh an t-ioncam a bhaineann leis an gcostas fabhráithe ag an contrapháirtí,

9. Féadfaidh an máthaireintiteas deiridh roghnú a chur chuige cuntasáíochta comhdhlúite a chur i bhfeidhm chun ioncam, costas, gnóthachain agus cailteanais ó idirbhearta idir comheintitis atá lonnaithe sa dlínse chéanna agus a chuimsítear i ngrúpa comhdhlúthúcháin cánach a dhíothú chun glanioncam nó glanchailteanas cáilitheach na gcomheintiteas sin a ríomh.

Déanfar an roghnú i gcomhréir le hAirteagal 45(1).

Sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú nó ina gcúlghairtear an roghnú, déanfar coigeartuithe iomchuí chun nach dtabharfar míreanna ioncain nó cailteanais cháilithigh san áireamh níos mó ná uair amháin nó nach bhfágfar ar lár iad mar thoradh ar an roghnú nó ar an gcúlghairm sin a dhéanamh.

10. Maidir le cuideachta árachais, eisiafaidh sé ón ríomh ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach aon mhéid a ghearrtar ar shealbhóirí polasaí le haghaidh na gcánacha a íocann an chuideachta árachais i leith íocaíochtaí a íoctar leis na sealbhóirí polasaí. Maidir leis an ríomh ar ioncam nó ar chaillteanas cáilitheach, áireoidh cuideachta árachais aon íocaíocht a íoctar leis na sealbhóirí polasaí nach léirítear ina ghlanioncam nó ina ghlanchaillteanas cuntasáíochta airgeadais a mhéid a léirítear an méadú nó an laghdú comhfhreagrach ar dhliteanas i leith na sealbhóirí polasaí ina ghlanioncam nó ina ghlanchaillteanas cuntasáíochta airgeadais.

11. Aon mhéid a aithnítear mar laghdú ar chothromas comheintitis agus atá ann mar thoradh ar dháileacháin a rinneadh nó atá dlite i leith ionstraim arna heisiúint ag an gcomheintiteas sin de bhun na gceanglas rialála stuamachta (“caipiteal leibhéal 1 breise”), caithfear leis an méid sin mar chostas sa ríomh ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach.

Aon mhéid a aithnítear mar mhéadú ar chothromas comheintitis agus atá ann mar thoradh ar dháileacháin a fuarthas nó atá le fáil i leith caipiteal leibhéal 1 breise atá ar seilbh ag an gcomheintiteas, áireofar sa ríomh ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach é.

Airteagal 17

Eisiamh maidir le hioncam loingseoireachta idirnáisiúnta

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “ioncam idirnáisiúnta loingseoireachta” glanioncam a fhaigheann eintiteas comhpháirte ó na gníomhaíochtaí seo a leanas, ar choinníoll nach ndéantar an t-iompar trí uiscebhealaí intíre laistigh den dlínse chéanna:
 - (i) paisinéirí nó lasta a iompar ar long i dtrácht idirnáisiúnta, cibé acu atá an long faoi úinéireacht an chomheintitis, ar léas aige nó ar fáil dó ar bhealach éigin eile;
 - (ii) paisinéirí nó lastas a iompar ar long i dtrácht idirnáisiúnta faoi shocrúithe maidir le cairtfhostú sliotán;
 - (iii) léasú loinge atá le húsáid chun paisinéirí nó lasta a iompar i dtrácht idirnáisiúnta ar cairtfhostú lánfheistithe, lánchrúáilte agus lánsoláthartha;
 - (iv) léasú loinge a úsáidtear chun paisinéirí nó lasta a iompar i dtrácht idirnáisiúnta, ar bhonn cairtfhostú lom, chuig comheintiteas eile;
 - (v) rannpháirtíocht i gcomhthiomsú, i gcomhghnólacht nó i ngníomhaireacht oibriúcháin idirnáisiúnta chun paisinéirí nó lasta a iompar ar long i dtrácht idirnáisiúnta; agus
 - (vi) díolachán loinge a úsáidtear chun paisinéirí nó lastas a iompar i dtrácht idirnáisiúnta ar choinníoll go raibh an long ar seilbh ag an gcomheintiteas lena húsáid ar feadh bliain amháin ar a laghad;
 - (b) ciallaíonn “ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta cáilithe coimhdeach” glanioncam a fhaigheann comheintiteas ó cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas, ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí sin go príomha i ndáil le paisinéirí nó lasta a iompar ar long i dtrácht idirnáisiúnta:
 - (i) long a léasú, ar bhonn cairtfhostú lom, chuig fiontar loingseoireachta eile nach comheintiteas é, ar choinníoll nach faide ná 3 bliana ré an chairt;
 - (ii) díolachán ticéad arna n-eisiúint ag fiontair loingseoireachta eile le haghaidh na coda náisiúnta d’aistear idirnáisiúnta;
 - (iii) léasú agus stóráil ghearrthéarmach coimeádán nó táillí coinneála as coimeádán a thabhairt ar ais go déanach;
 - (iv) seirbhísí a sholáthraíonn innealtóirí, foireann chothabhála, láimhseálaithe lasta, foireann lónadóireachta agus foireann um seirbhísí do chustaiméirí d’fhiontair loingseoireachta eile; agus
 - (v) ioncam infheistíochta, i gcás ina ndéantar an infheistíocht a ghineann an t-ioncam mar chuid dhílis d’fheidhmiú na gnólachta a oibríonn na longa i dtrácht idirnáisiúnta.

2. Ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta agus ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe comheintitis, eisiafar ón ríomh ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach iad, ar choinníoll go léiríonn an comheintiteas go ndéantar bainistíocht straitéiseach nó tráchtála na long lena mbaineann laistigh den dlínse ina bhfuil an comheintiteas lonnaithe, a bheag nó a mhór.

3. I gcás ina bhfuil caillteanas mar thoradh ar an ríomh ar ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta agus ar ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe comheintitis, eisiafar an caillteanas sin ón ríomh ar ioncam nó ar chaillteanas cáilitheach an chomheintitis.

4. Ní rachaidh ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe comhiomlánaithe de chuid gach comheintitis atá lonnaithe i ndlínse thar 50 % d'ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta na gcomheintiteas sin.

5. Maidir leis na costais a thabhaíonn comheintiteas atá inchurtha go díreach i leith a ghníomhaíochtaí loingseoireachta idirnáisiúnta a liostaítear i mír 1, pointe (a), agus a ghníomhaíochtaí loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeacha cáilithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), leithdháilfear iad ar na gníomhaíochtaí sin chun glanioncam loingseoireachta idirnáisiúnta agus glanioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe an chomheintitis a ríomh.

Maidir leis na costais a thabhaíonn comheintiteas mar thoradh indíreach ar a ghníomhaíochtaí loingseoireachta idirnáisiúnta agus a ghníomhaíochtaí loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeacha cáilithe, asbhainfear iad d'ioncaim an chomheintitis ó na gníomhaíochtaí sin chun an glanioncam loingseoireachta idirnáisiúnta agus an glanioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe an chomheintitis a ríomh ar bhonn a ioncam ó na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir lena ioncaim iomlána.

6. Maidir leis na costais dhíreacha agus indíreacha atá inchurtha i leith ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta comheintitis agus ioncam loingseoireachta idirnáisiúnta coimhdeach cáilithe comheintitis i gcomhréir le mír 5, eiseofar iad ón ríomh ar a ioncam nó ar a chaillteanas cáilitheach iad.

Airteagal 18

An t-ioncam nó an caillteanas cáilitheach a leithdháileadh idir príomheintiteas agus buanbhunaíocht

1. I gcás gur buanbhunaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13)(a), (b) nó (c) é comheintiteas, is éard a bheidh ina ghlánioncam nó ina ghlancaillteanas cuntasafóchta airgeadais an glanioncam nó an glancaillteanas a léirítear i gcuntais airgeadais ar leithligh na buanbhunaíochta sin.

I gcás nach bhfuil cuntais airgeadais ar leithligh ag buanbhunaíocht, is éard a bheidh ina ghlánioncam nó ina ghlancaillteanas cuntasafóchta airgeadais an méid a léireofaí ina chuntais airgeadais ar leithligh dá n-ullmhófaí iad ar bhonn neamhspleách agus i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasafóchta a úsáidtear chun ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthairentitis deiridh a ullmhú.

2. I gcás ina gcomhlíonann comheintiteas an sainmhíniú ar bhuanbhunaíocht in Airteagal 3, pointe (13)(a) nó (b), coigeartófar a ghlánioncam nó a ghlancaillteanas cuntasafóchta airgeadais chun na méideanna agus na míreanna ioncaim agus costais atá inchurtha ina leith amháin a léiriú i gcomhréir leis an gconradh cánach is infheidhme nó le dlí náisiúnta na dlínse ina bhfuil sé lonnaithe, gan beann ar an méid ioncaim atá faoi réir cánach agus an méid costas in-asbhainte sa dlínse sin.

I gcás ina gcomhlíonann comheintiteas an sainmhíniú ar bhuanbhunaíocht in Airteagal 3, pointe (13)(c), coigeartófar a ghlánioncam nó a ghlancaillteanas cuntasafóchta airgeadais chun léiriú a thabhairt ar na méideanna agus na míreanna ioncaim agus costais a bheadh inchurtha ina leith amháin i gcomhréir le hAirteagal 7 de Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal, arna leasú.

3. I gcás ina gcomhlíonann comheintiteas an sainmhíniú ar bhuanbhunaíocht in Airteagal 3, pointe (13)(d), ríomhfar a ghlánioncam nó a ghlancaillteanas cuntasafóchta airgeadais bunaithe ar na méideanna agus na míreanna ioncaim a dhíolmhaítear sa dlínse ina bhfuil an príomheintiteas lonnaithe, ar míreanna iad atá inchurtha i leith na n-oibríochtaí a dhéantar lasmuigh den dlínse sin agus bunaithe ar na méideanna agus na míreanna costais nach n-asbhaintear chun críoch cánach sa dlínse ina bhfuil an príomheintiteas lonnaithe, ar míreanna iad atá inchurtha i leith oibríochtaí den sórt sin.

4. Ní chuirfear glanioncam nó glanchailteanas cuntasáíochta airgeadais buanbhunaíochta san áireamh chun ioncam nó cailteanas cáilitheach an phríomheintitis a chinneadh, ach amháin de réir mar a fhoráiltear dó i mír 5.

5. Caithfear le cailteanas cáilitheach buanbhunaíochta mar chostas de chuid an phríomheintitis chun a ioncam nó a chailteanas cáilitheach a ríomh a mhéid a chaithfear le cailteanas buanbhunaíochta mar chostas le linn ioncam inchánach náisiúnta an phríomheintitis sin a ríomh agus nach ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh míre den ioncam inchánach náisiúnta atá faoi réir cánach faoi dhlíthe dhlínse an phríomheintitis agus dhlínse na buanbhunaíochta araon.

Ioncam cáilitheach a thuilleann an bhuanbhunaíocht ina dhiaidh sin, caithfear leis mar ioncam cáilitheach de chuid an phríomheintitis suas go dtí méid an chailteanais cháilithigh ar caitheadh leis cheana mar chostas de chuid an phríomheintitis faoin gcéad fhomhír.

Airteagal 19

Ioncam nó cailteanas eintitis tréshreafa a leithdháileadh

1. Maidir le glanioncam nó glanchailteanas cuntasáíochta airgeadais comheintitis ar eintiteas tréshreafa é, laghdófar é faoin méid is in-leithdháilte ar a úinéirí nach eintitis ghrúpa iad agus a bhfuil a leas úinéireachta san eintiteas tréshreafa sin ar seilbh acu go díreach nó trí eintiteas amháin atá trédhearcach go fíoscach nó níos mó ná sin, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) is máthaireintiteas deiridh é an t-eintiteas tréshreafa; nó
- (b) tá an t-eintiteas tréshreafa ar seilbh ag máthaireintiteas deiridh dá dtagraítear i bpointe (a) go díreach nó trí shlabhra eintiteas atá trédhearcach go fíoscach.

2. Maidir le glanioncam nó glanchailteanas cuntasáíochta airgeadais comheintitis ar eintiteas tréshreafa é, laghdófar é faoin nglanioncam nó faoin nglanchailteanas cuntasáíochta airgeadais a leithdháiltear ar chomheintiteas eile.

3. I gcás ina ndéanann eintiteas tréshreafa gnó go hiomlán nó go páirteach trí bhuanbhunaíocht, a ghlanioncam nó a ghlanchailteanas cuntasáíochta airgeadais atá fós ann tar éis mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, leithdháilfear ar an mbuanbhunaíocht sin é i gcomhréir le hAirteagal 18.

4. I gcás nach eintiteas atá trédhearcach go fíoscach é an máthaireintiteas deiridh, an glanioncam nó an glanchailteanas cuntasáíochta airgeadais atá fós ann tar éis míreanna 1 agus 3 a chur i bhfeidhm, leithdháilfear ar a úinéirí comheintitis é i gcomhréir lena leasanna úinéireachta san eintiteas tréshreafa.

5. I gcás inar eintiteas tréshreafa é atá trédhearcach go fíoscach é an máthaireintiteas deiridh nó eintiteas hibrídeach droim ar ais, leithdháilfear aon ghlanioncam nó aon ghlanchailteanas cuntasáíochta airgeadais an chomheintitis tréshreafa atá fós ann tar éis míreanna 1 agus 3 a chur i bhfeidhm, leithdháilfear ar an máthaireintiteas deiridh nó ar an eintiteas hibrídeach droim ar ais é.

6. Cuirfear míreanna 3, 4 agus 5 i bhfeidhm ar leithligh i ndáil le gach leas úinéireachta san eintiteas tréshreafa.

Caibidil IV

Cánacha cumhdaithe coigeartaithe a ríomh

Airteagal 20

Cánacha cumhdaithe

1. Cuimseofar na cánacha seo a leanas le cánacha cumhdaithe comheintitis:

- (a) cánacha arna dtaifeadh i gcuntais airgeadais comheintitis maidir lena ioncam nó lena bhrabúis, nó maidir lena chion d'ioncam nó de bhrabúis chomheintitis ina bhfuil leas úinéireachta aige;

- (b) cánacha a ghearrtar ar bhrabúis dháilte, ar dháileacháin bhrabúis mheasta agus ar chostais nach costais ghnó iad a fhorchuirtear faoi chóras cánach dáileachán incháilithe;
 - (c) cánacha a fhorchuirtear in ionad cáin corparáide is infheidhme go ginearálta; agus
 - (d) cánacha a thobhítear faoi threoir tuilleamh coimeádta agus cothromas corparáide, lena n-áirítear cánacha ar chomhpháirteanna éagsúla bunaithe ar ioncam agus ar chothromas.
2. Ní chuimseofar na cánacha seo a leanas le cánacha cumhdaithe comheintitis:
- (a) an cháin bhreiseiúcháin a fhabhraíonn máthaireintiteas faoi IIR cáilithe;
 - (b) an cháin bhreiseiúcháin a fhabhraíonn comheintiteas faoi cháin bhreiseiúcháin náisiúnta cháilithe;
 - (c) cánacha is inchurtha i leith coigeartú a rinne comheintiteas mar thoradh ar UTPR cáilithe a chur i bhfeidhm;
 - (d) cáin bharúlach in-aisíochta dhícháilithe; agus
 - (e) cánacha a íocann cuideachta árachais i leith íocaíochtaí leis na sealbhóirí polasaí.
3. Maidir le cánacha cumhdaithe i leith aon ghlanghnóthachain nó aon ghlanchailteanas a eascraíonn ó dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 16(7), an chéad fhomhír, sa bhliain fhioscach ina ndéantar an roghnú dá dtagraítear sa fhomhír sin, eisiafar ón ríomh ar chánacha cumhdaithe iad.

Airteagal 21

Cánacha cumhdaithe coigeartaithe

1. Cinnfear cánacha cumhdaithe coigeartaithe comheintitis le haghaidh bliain fhioscach trí iomlán an chostais cánach reatha a fhabhraítear ina ghlanioncam nó ina ghlanchailteanas cuntasaíochta airgeadais a choigeartú maidir le cánacha cumhdaithe le haghaidh na bliana fioscaí faoi na méideanna seo a leanas:
- (a) glanmhéid a bhreiseanna agus a laghduithe ar chánacha cumhdaithe le haghaidh na bliana fioscaí mar a leagtar amach i míreanna 2 agus 3;
 - (b) an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán a leagtar amach in Airteagal 22; agus
 - (c) aon mhéadú nó aon laghdú ar chánacha cumhdaithe arna thaifeadadh i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile a bhaineann le méideanna a áirítear sa ríomh ar ioncam nó ar chailteanas cáilitheach a bheidh faoi réir cánach faoi rialacha áitiúla cánach.
2. Áireofar na nithe seo a leanas ar na breiseanna ar chánacha cumhdaithe comheintitis le haghaidh na bliana fioscaí:
- (a) aon cháin chumhdaithe dá bhfabhraítear mar chostas sa bhrabús roimh cháin sna cuntais airgeadais;
 - (b) aon shócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach arna úsáideadh de bhun Airteagal 23(2);
 - (c) aon chánacha cumhdaithe a bhaineann le seasamh cánach neamhchinnte, cánacha arna n-eisiúint cheanna faoi mhír 3, pointe (d), agus a íoctar le haghaidh na bliana fioscaí; agus
 - (d) aon chreidmheas nó aisíocaíocht i leith creidmheas cánach in-aisíochta cáilithe a fhabhraíodh mar laghdú ar an gcostas cánach reatha.
3. Áireofar na nithe seo a leanas ar na laghduithe ar chánacha cumhdaithe comheintitis le haghaidh na bliana fioscaí:
- (a) an méid costais cánach reatha i leith ioncaim arna eisiúint sòn ríomh ar ioncam nó ar chailteanas cáilitheach faoi Chaibidil III;
 - (b) aon chreidmheas nó aisíocaíocht i leith creidmheas cánach in-aisíochta neamhcháilithe nár taifeadadh mar laghdú ar an gcostas cánach reatha;
 - (c) aon chánacha cumhdaithe a aisíocadh le comheintiteas nó a cuireadh dá shochar, méid nár caitheadh leis mar choigeartú ar an gcostas cánach reatha sna cuntais airgeadais, ach amháin má bhaineann sé le creidmheas cánach in-aisíochta cáilithe;

- (d) an méid costais cánach reatha a bhaineann le seasamh cánach neamhchinnte; agus
 - (e) aon chostas cánach reatha nach meastar go n-íocfar é laistigh de 3 bliana ó dheireadh na bliana fiosaí.
4. Chun na cánacha cumhdaithe coigeartaithe a ríomh, i gcás ina dtugtar tuairisc ar mhéid cánach cumhdaithe i níos mó ná pointe amháin i míreanna 1, 2 agus 3, ní chuirfear san áireamh ach uair amháin é.
5. I gcás nach bhfuil aon ghlanioncam cáilitheach, i ndlínse le haghaidh bliain fhioscach, agus go bhfuil an méid cánacha cumhdaithe coigeartaithe le haghaidh na dlínse sin diúltach agus níos lú ná méid atá cothrom leis an nglanachailteanas cáilitheach arna iolrú faoin íosráta cánach (“na cánacha cumhdaithe coigeartaithe a mheastar a bheidh ann”), maidir leis an méid atá cothrom leis an difríocht idir an méid cánacha cumhdaithe coigeartaithe agus an méid cánacha cumhdaithe coigeartaithe a mheastar a bheidh ann, caithfear leis an méid sin mar cháin bhreisiúcháin bhreise le haghaidh na bliana fiosaí sin. Leithdháilfear an méid cánach breisiúcháin breise ar gach comheintiteas sa dlínse i gcomhréir le hAirteagal 29(3).

Airteagal 22

An méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
- (a) ciallaíonn “fabhrú dícheadaithe”:
 - (i) aon ghluaiseacht sa chostas cánach iarchurtha a fhabhraítear i gcuntais airgeadais comheintitis, ar gluaiseacht í a bhaineann le seasamh cánach neamhchinnte; agus
 - (ii) aon ghluaiseacht sa chostas cánach iarchurtha a fhabhraítear i gcuntais airgeadais comheintitis, ar gluaiseacht í a bhaineann le dáileacháin ó chomheintiteas.
 - (b) ciallaíonn “fabhrú neamhéilithe” aon mhéadú ar dhliteanas cánach iarchurtha a thairfeadtar i gcuntais airgeadais comheintitis le haghaidh bliain fhioscach, ar dliteanas é nach meastar go n-íocfar é laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 7 den Airteagal seo agus a roghnaíonn an comheintiteas is comhdaitheoir go bliantúil, i gcomhréir le hAirteagal 45(2), gan a áireamh sa mhéid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán le haghaidh na bliana fiosaí sin.
2. I gcás ina bhfuil an ráta cánach a chuirtear i bhfeidhm chun críche an chostais cánach iarchurtha a ríomh comhionann leis an íosráta cánach nó faoina bhun, is éard a bheidh sa mhéid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán atá le cur le cánacha cumhdaithe coigeartaithe comheintitis le haghaidh bliain fhioscach de bhun Airteagal 21(1), pointe (b), ná an costas cánach iarchurtha a fhabhraítear ina chuntais airgeadais i leith cánacha cumhdaithe, faoi réir na gcoigeartuithe a shonraítear i míreanna 3 go 6 den Airteagal seo.

I gcás ina bhfuil an ráta cánach a chuirtear i bhfeidhm chun críche an chostais cánach iarchurtha a ríomh os cionn an íosráta éifeachtaigh, is éard a bheidh sa mhéid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán atá le cur le cánacha cumhdaithe coigeartaithe comheintitis le haghaidh bliain fhioscach de bhun Airteagail 20(1), pointe (b), ná an costas cánach iarchurtha a fhabhraítear ina chuntais airgeadais i leith cánacha cumhdaithe arna athmhúnú ag an íosráta cánach, faoi réir na gcoigeartuithe a shonraítear i míreanna 3 go 6 den Airteagal seo.

3. Méadófar an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán faoi na méideanna seo a leanas:
- (a) aon fhabhrú dícheadaithe nó fabhrú neamhéilithe a íocadh le linn na bliana fiosaí; agus
 - (b) aon dliteanas cánach iarchurtha athghafa a cinneadh i mbliain fhioscach roimhe sin, méid a íocadh le linn na bliana fiosaí.
4. I mbliain fhioscach, i gcás nach n-aithnítear sócmhainn cailteanais cánach iarchurtha sna cuntais airgeadais toisc nach gcomhlíontar na critéir aitheantais, laghdófar an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán faoin méid a laghdódh an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán dá bhfabhrófaí sócmhainn cailteanais cánach iarchurtha le haghaidh na bliana fiosaí.
5. Ní áireofar leis an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán na méideanna seo a leanas:
- (a) an méid costais cánach iarchurtha i leith míreanna a eisiatar ón ríomh ar ioncam nó ar chailteanas cáilitheach faoi Chaibidil III;

- (b) an méid costais cánach iarchurtha i leith fabhruithe dícheadaithe agus fabhruithe neamhéilithe;
- (c) tionchar coigeartaithe luachála nó coigeartaithe aitheanta cuntasaíochta i leith sócmhainn cánach iarchurtha;
- (d) an méid costais cánach iarchurtha a eascraíonn ó atomhas i leith athrú ar an ráta cánach náisiúnta is infheidhme; agus
- (e) an méid costais cánach iarchurtha maidir le creidmheasanna cánach a ghiniúint agus a úsáid.

6. I gcás ina dtaifeadtar sócmhainn cánach iarchurtha, ar sócmhainn í atá inchurtha i leith cailteanas cáilitheach comheintitis, le haghaidh bliain fhioscach ag ráta atá níos ísle ná an t-íosráta cánach, féadfar í a athmhúnlú ag an íosráta cánach sa bhliain fhioscach chéanna ar choinníoll go n-éiríonn leis an gcáiníocóir a léiriú go bhfuil an tsócmhainn cánach inchurtha i leith cailteanas cáilitheach.

I gcás ina méadaítear sócmhainn cánach iarchurtha de bhun na chéad fomhíre, laghdófar an méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán dá réir sin.

7. Maidir le dliteanas cánach iarchurtha nach n-aisiompraítear nó nach n-íoctar é laistigh de na 5 bliana fhioscacha ina dhiaidh sin, athghabhfar é a mhéid a cuireadh san áireamh é i méid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán comheintitis.

An méid den dliteanas cánach iarchurtha athghafa a chinntear le haghaidh na bliana fiosaí reatha, caithfear leis mar laghdú ar chánacha cumhdaithe sa chúigiú bliain fhioscach roimh an mbliain fhioscach reatha, agus athríomhfar an ráta cánach éifeachtach agus cáin bhreisiúcháin na bliana fiosaí sin i gcomhréir le hAirteagal 29(1). Is é an dliteanas cánach iarchurtha athghafa le haghaidh na bliana fiosaí reatha méid an mhéadaithe ar chatagóir an dliteanais chánach iarchurtha a áiríodh i méid iomlán an choigeartaithe cánach iarchurtha sa chúigiú bliain fhioscach roimh an mbliain fhioscach reatha nár aisiompaíodh faoi dheireadh an lae dheiridh den bhliain fhioscach reatha.

8. De mhaolú ar mhír 7, i gcás gur fabhrú eisceachta athghabhála é an dliteanas cánach iarchurtha, ní dhéanfar é a athghabháil fiú mura n-aisiompaítear nó nach n-íoctar laistigh de na 5 bliana fhioscacha ina dhiaidh sin é. Is éard a bheidh i bhfabhrú eisceachta athghabhála an méid costais cánach fhabhráite atá inchurtha i leith athruithe ar dhliteanais chánach iarchurtha ghaolmhara, i leith na nithe seo a leanas:

- (a) liúntais aisghabhála costas ar shócmhainní inláimhsithe;
- (b) costas ceadóinóis nó socraithe chomhchosúil ó rialtas le haghaidh úsáid maoine do-aistrithe nó saothrú acmhainní nádúrtha a bhfuil infheistíocht mhór i sócmhainní inláimhsithe i gceist leis;
- (c) costais taighde agus forbartha;
- (d) costais díchoimisiúnaithe agus feabhsúcháin;
- (e) cuntasaíocht luacha chóir maidir le glanhnóthachain neamhréadaithe;
- (f) glanhnóthachain ó mhalartú airgeadraí eachtracha;
- (g) costais éadála iarchurtha maidir le cúlchistí árachais agus polasaithe árachais;
- (h) gnóthachain ó dhíolachán maoine inláimhsithe atá lonnaithe sa dlínse chéanna ina bhfuil an comheintiteas lonnaithe, ar gnóthachain iad a athinfheistítear i maoin inláimhsithe sa dlínse chéanna; agus
- (i) méideanna breise a fhabhraítear mar thoradh ar athruithe ar na prionsabail cuntasaíochta maidir leis na míreanna a liostaítear i bpointí (a) go (h).

Airteagal 23

Roghnú cailteanais cháilithigh

1. De mhaolú ar Airteagal 22, féadfaidh comheintiteas is comhdaitheoir roghnú cailteanais cháilithigh a dhéanamh le haghaidh dlínse ar i gcomhréir leis a chinnfear sócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach le haghaidh gach bliana fiosaí ina bhfuil glanachailteanas cáilitheach sa dlínse sin. Chun na críche sin, beidh an tsócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach cothrom leis an nglanachailteanas cáilitheach sa dlínse le haghaidh bliain fhioscach arna iolrú faoin íosráta cánach.

Ní dhéanfar roghnú cailteanais cháilithigh le haghaidh dlínse ag a bhfuil córas cánach dáileachán incháilithe faoi Airteagal 40.

2. An tsócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach a chinntear de bhun mhír 1, úsáidfeair í in aon bhliain fhioscach ina dhiaidh sin ina bhfuil glanioncam cáilitheach le haghaidh na dlínse, méid glanioncaim cháilithigh atá cothrom leis an nglanioncam cáilitheach arna iolrú faoin íosráta cánach nó más ísle ná sin é, méid na sócmhainne cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach atá le fáil.

3. An tsócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach a chinntear de bhun mhír 1, laghdófar í faoin méid a úsáidtear le haghaidh bliain fhioscach agus tabharfar an t-iarbhéid ar aghaidh chuig na blianta fioscacha ina dhiaidh sin.

4. I gcás ina gcúlghairtear roghnú cailteanais cháilithigh, laghdófar aon sócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach a chinntear de bhun mhír 1 atá fós ann go nialas ón gcéad lá den chéad bhliain fhioscach nach bhfuil an roghnú cailteanais cháilithigh infheidhme a thuilleadh ar aghaidh.

5. Comhdófar an roghnú cailteanais cháilithigh leis an gcéad tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44 de chuid ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórsála intíre, tuairisceán lena gcuimsítear an dlínse ina ndéantar an roghnú.

6. Maidir le heintiteas tréshreafa arb é máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre é, i gcás ina ndéanann sé roghnú cailteanais cháilithigh faoin Airteagal seo, ríomhfar an tsócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach faoi threoir chaillteanas cáilitheach an eintitis tréshreafa tar éis laghdú de bhun Airteagal 38(3).

Airteagal 24

Leithdháileadh sonrach cánacha cumhdaithe a thabhaíonn cineálacha áirithe comheintiteas

1. Leithdháilfeair ar bhuanbhunaíocht méid aon chánach cumhdaithe a áirítear i gcuntais airgeadais comheintitis ar cáin í a bhaineann le hioncam nó le cailteanas cáilitheach na buanbhunaíochta sin.

2. Leithdháilfeair ar úinéir comheintitis méid aon chánach cumhdaithe a áirítear i gcuntais airgeadais comheintitis atá trédhearcach go fioscach, ar cáin í a bhaineann le hioncam nó le cailteanas cáilitheach a leithdháiltear ar an úinéir comheintitis sin i gcomhréir le hAirteagal 19(4).

3. Leithdháilfeair ar chomheintiteas méid aon chánach cumhdaithe a áirítear i gcuntais airgeadais a úinéirí comheintitis díreacha nó indéreacha faoi chóras cánach cuideachtaí eachtracha rialaithe ar a gcion d'ioncam cuideachtaí eachtracha rialaithe.

4. Maidir le comheintiteas ar eintiteas hibrideach é, leithdháilfeair air méid aon chánach cumhdaithe a áirítear i gcuntais airgeadais a úinéara comheintitis, ar cáin í a bhaineann le hioncam nó le cailteanas cáilitheach an eintitis hibridigh.

Ciallaíonn “eintiteas hibrideach” eintiteas a gcaitear leis mar dhuine ar leithligh chun críoch cánach ioncaim sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe ach a gcaitear leis mar eintiteas atá trédhearcach go fioscach sa dlínse ina bhfuil a úinéir lonnaithe.

5. Maidir le comheintiteas a rinne dáileachán le linn na bliana fioscaí, leithdháilfeair air méid aon chánach cumhdaithe a fhabhraítear i gcuntais airgeadais a úinéirí comheintitis díreacha ar na dáileacháin sin.

6. Maidir le comheintiteas a leithdháileadh cánacha cumhdaithe air de bhun mhíreanna 3 agus 4 maidir le hioncam éighníomhach, áireoidh sé na cánacha cumhdaithe sin ina chánacha cumhdaithe coigeartaithe i méid atá cothrom leis na cánacha cumhdaithe a leithdháileadh i leith an ioncaim éighníomhaigh sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, an méid atá ann mar thoradh ar an gcéatadán cánach breisiúcháin le haghaidh na dlínse a iolrú faoi mhéid ioncam éighníomhach an chomheintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a áirítear ina chánacha cumhdaithe coigeartaithe faoi chóras cánach cuideachtaí eachtracha rialaithe nó faoi riail maidir le trédhearcacht fhioscach, áireoidh an comheintiteas an méid sin i gcás ina bhfuil an toradh níos lú ná an méid a chinntear faoin gcéad fhomhír. Chun críoch na fomhíre seo, cinnfeair an céatadán cánach breisiúcháin le haghaidh na dlínse gan aird a thabhairt ar chánacha cumhdaithe a thabhaíonn an t-úinéir comheintitis i dtaca leis an ioncam éighníomhach sin.

Aon cháin chumhdaithe a thabhaíonn an t-úinéir comheintitis i dtaca leis an ioncam éighníomhach sin ar cáin í atá fós ann tar éis an mhír seo a chur i bhfeidhm, ní leithdháilfear faoi mhíreanna 3 ná 4 í.

Chun críocha na míre seo, ciallaíonn “ioncam éighníomhach” na míreanna ioncaim seo a leanas a áirítear in ioncam cáilitheach a mhéid a bhí úinéir comheintitis faoi réir cáin faoi chóras cánach cuideachtaí eachtracha rialaithe nó mar thoradh ar leas úinéireachta in eintiteas hibrideach:

- (a) díbhinn nó coibhéisí díbhinne;
- (b) ús nó coibhéisí úis;
- (c) cíós;
- (d) ríchíos;
- (e) blianachtaí; nó
- (f) glanghnóthachain ó mhaoin ar cineál maoine é a dhéanann ioncam dá dtagraítear i bpointí (a) go (e).

7. I gcás ina gcaitear le hioncam cáilitheach buanbhunaíochta mar ioncam cáilitheach de chuid an phríomheintitis i gcomhréir le hAirteagal 18(5), aon cháin chumhdaithe a thagann chun cinn sa dlínse ina bhfuil an bhuanbhunaíocht lonnaithe agus a bhaineann leis an ioncam sin, caithfear léi mar chánacha cumhdaithe de chuid an phríomheintitis i gcás méid nach mó ná an t-ioncam sin arna iolrú faoin ráta cánach is airde a ghearrtar ar ghnáthioncam sa dlínse ina bhfuil an príomheintiteas lonnaithe.

Airteagal 25

Coigeartuithe iarchomhdaithe agus athruithe ar rátaí cánach

1. I gcás ina dtaifeadann comheintiteas coigeartú ar a chánacha cumhdaithe ina chuntais airgeadais le haghaidh bliain fhioscach roimhe seo, caithfear leis an gcoigeartú sin mar choigeartú ar chánacha cumhdaithe sa bhliain fhioscach ina ndéantar an coigeartú, ach amháin má bhaineann an coigeartú le bliain fhioscach ina bhfuil laghdú ar chánacha cumhdaithe sa dlínse.

I gcás ina bhfuil laghdú ar chánacha cumhdaithe a áiríodh i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe an chomheintitis le haghaidh bliain fhioscach roimhe seo, athríomhfar an ráta cánach éifeachtach agus an cháin bhreisiúcháin le haghaidh na bliana fiosaí sin i gcomhréir le hAirteagal 29(1) trí na cánacha cumhdaithe coigeartaithe a laghdú faoi mhéid an laghdaithe ar chánacha cumhdaithe. Coigeartófar an t-ioncam cáilitheach le haghaidh na bliana fiosaí agus aon bhliana fiosaí roimhe seo dá réir sin.

Arna roghnú bliantúil don chomheintiteas is comhdaitheoir, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 45(2), féadfar caitheamh le laghdú neamhthábhachtach ar chánacha cumhdaithe mar choigeartú ar chánacha cumhdaithe sa bhliain fhioscach ina ndéantar an coigeartú. Is éard a bheidh i laghdú neamhthábhachtach ar chánacha cumhdaithe laghdú comhiomlán is lú ná EUR 1 000 000 ar na cánacha cumhdaithe coigeartaithe a chinntear le haghaidh na dlínse i gcomhair na bliana fiosaí.

2. I gcás ina laghdaítear an ráta cánach náisiúnta is infheidhme faoi bhun an íosráta cánach agus go bhfuil costas cánach iarchurtha ann mar thoradh ar an laghdú sin, caithfear le méid an chostais cánach iarchurtha a bheidh mar thoradh air sin mar choigeartú ar dhliteanas an chomheintitis i leith cánacha cumhdaithe a chuirtear san áireamh de bhun Airteagal 21 le haghaidh bliain fhioscach roimhe sin.

3. I gcás inar tugadh costas cánach iarchurtha san áireamh ag ráta atá níos ísle ná an t-íosráta cánach agus ina méadaítear an ráta cánach is infheidhme níos déanaí, nuair a íocfar an méid costais cánach iarchurtha atá ann mar thoradh ar an méadú sin, caithfear leis mar choigeartú ar dhliteanas comheintitis i leith cánacha cumhdaithe a éilíodh i mbliain fhioscach roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 21.

Ní bheidh an coigeartú faoin gcéad fhomhír níos mó ná méid atá cothrom leis an gcostas cánach iarchurtha arna athmhúnlú ag an íosráta cánach.

4. I gcás nach n-íoctar níos mó ná EUR 1 000 000 den mhéid a fhabhraíonn comheintiteas mar chostas cánach reatha agus a áirítear i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe le haghaidh bliain fhioscach, i gcás nach n-íoctar é laistigh de 3 bliana tar éis dheireadh na bliana fiosaí sin, athríomhfar an ráta cánach éifeachtach agus an cháin bhreisiúcháin le haghaidh na bliana fiosaí inar éilíodh an méid neamhíochta mar cháin chumhdaithe i gcomhréir le hAirteagal 29(1) tríd an méid neamhíochta sin a eisiáil ó na cánacha cumhdaithe coigeartaithe.

Caibidil V

An ráta cánach éifeachtach agus an cháin bhreisiúcháin a ríomh*Airteagal 26***An ráta cánach éifeachtach a chinneadh**

1. Ráta cánach éifeachtach ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre le haghaidh gach bliana fioscaí agus le haghaidh gach dlínse, ríomhfar an ráta sin, ar choinníoll go bhfuil glanioncam cáilitheach sa dlínse, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{An ráta cánach éifeachtach} = \frac{\text{cánacha cumhdaithe coigeartaithe na gcomheintiteas sa dlínse}}{\text{glanioncam cáilitheach na gcomheintiteas sa dlínse}}$$

i gcás inarb éard atá i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe na gcomheintiteas iomlán chánacha cumhdaithe coigeartaithe na gcomheintiteas uile atá lonnaithe sa dlínse chéanna arna gcinneadh i gcomhréir le Caibidil IV.

2. Cinnfear glanioncam cáilitheach nó cailteanas cáilitheach na gcomheintiteas sa dlínse le haghaidh bliain fhioscach i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{Glanioncam cáilitheach nó cailteanas cáilitheach} = \text{glanioncam cáilitheach na gcomheintiteas} - \text{cailteanas cáilitheach na gcomheintiteas}$$

sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb éard atá in ioncam cáilitheach na gcomheintiteas méid dearfach, más ann dó, d'iomlán ioncain cháilitheacha na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse, arna gcinneadh i gcomhréir le Caibidil III;
- (b) i gcás inarb éard atá i gcaillteanais cháilitheacha na gcomheintiteas iomlán chaillteanais cháilitheacha na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse, arna gcinneadh i gcomhréir le Caibidil III.

3. Cánacha cumhdaithe coigeartaithe agus ioncam nó cailteanas cáilitheach comheintiteas ar comheintitis infheistíochta iad, eisiafar iad ón ríomh ar an ráta cánach éifeachtach i gcomhréir le mír 1 agus ón ríomh ar an nglanioncam cáilitheach i gcomhréir le mír 2.

4. Ráta cánach éifeachtach gach comheintiteas gan stát, ríomhfar le haghaidh gach bliana fioscaí é ar leithligh ó ráta cánach éifeachtach gach comheintiteas eile.

*Airteagal 27***An cháin bhreisiúcháin a ríomh**

1. I gcás ina bhfuil ráta cánach éifeachtach dlínse ina bhfuil comheintitis lonnaithe faoi bhun an íosráta cánach le haghaidh bliain fhioscach, déanfaidh an grúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre ríomh ar leithligh ar an gcáin bhreisiúcháin le haghaidh gach ceann dá chomheintitis ag a bhfuil ioncam cáilitheach a áirítear sa ríomh ar ghlánioncam cáilitheach na dlínse sin. Ríomhfar an cháin bhreisiúcháin ar bhonn dlínsiúil.

2. Is éard a bheidh sa chéatadán cánach breisiúcháin le haghaidh dlínse i gcomhair bliain fhioscach an difríocht dhearfach i bpointe céatadán, más ann di, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{Céatadán cánach breisiúcháin} = \frac{\dot{E}}{E} \text{ eosráta cánach} - \text{ráta cánach éifeachtach}$$

i gcás inarb éard atá sa ráta cánach éifeachtach an ráta a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 26.

3. Is éard a bheidh sa cháin bhreisiúcháin dhlínsiúil i gcomhair bliain fhioscach ná an méid dearfach, más ann dó, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{An cháin bhreisiúcháin dhlínsiúil} = (\text{an céatadán cánach breisiúcháin} \times \text{róbhrabús}) + \text{an cháin bhreisiúcháin bhreise} - \text{an cháin bhreisiúcháin náisiúnta}$$

sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb éard atá sa cháin bhreisiúcháin bhreise an méid cánach a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 29 le haghaidh na bliana fioscaí;
- (b) i gcás inarb í an cháin bhreisiúcháin náisiúnta méid na cánach le haghaidh na bliana fioscaí arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11 nó faoi cháin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe de chuid dlínse trúú tír.

4. Is éard a bheidh sa róbhrabús le haghaidh na dlínse i gcomhair na bliana fioscaí dá dtagraítear i mír 3, an méid dearfach, más ann dó, a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas é:

$$\text{Róbhrabús} = \text{glanioncam cáilitheach} - \text{eisiaimh} - \text{ioncain} - \text{ar shubstaint}$$

sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb éard atá sa ghlanioncam cáilitheach an t-ioncam a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 26(2) le haghaidh na dlínse;
- (b) i gcás inarb éard atá san eisiaimh ioncain bunaithe ar shubstaint an méid a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 28 le haghaidh na dlínse.

5. Ríomhfar céatadán cánach breisiúcháin comheintitis le haghaidh na bliana fioscaí reatha i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{Cáin bhreisiúcháin comheintitis} = \text{an cháin bhreisiúcháin dhlínsiúil}$$

$$\times \frac{\text{ioncam cáilitheach an chomheintitis}}{\text{ioncam cáilitheach comhiomlán na gcomheintiteas uile}}$$

sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb éard atá in ioncam cáilitheach comheintitis le haghaidh na dlínse le haghaidh bliain fhioscach an t-ioncam a chinntear i gcomhréir le Caibidil III;
- (b) i gcás inarb éard atá in ioncam cáilitheach comhiomlán na gcomheintiteas uile le haghaidh dlínse le haghaidh bliain fhioscach suim ioncam cáilitheach na gcomheintiteas uile atá lonnaithe sa dlínse le haghaidh na bliana fioscaí.

6. Má tá an cháin bhreisiúcháin dhlínsiúil ann mar thoradh ar athríomh de bhun Airteagal 29(1) agus mura bhfuil aon ghlanioncam cáilitheach sa dlínse le haghaidh na bliana fioscaí, leithdháilfear an cháin bhreisiúcháin ar gach comheintiteas trí bhíthin na foirmle a leagtar amach i mír 5 den Airteagal seo, bunaithe ar ioncam cáilitheach na gcomheintiteas sna blianta fioscacha a ndéantar na hathríomhanna de bhun Airteagal 29(1) ina leith.

7. Maidir le cáin bhreisiúcháin na gcomheintiteas gan stát, ríomhfar le haghaidh gach bliana fioscaí í ar leithligh ó cháin bhreisiúcháin na gcomheintiteas eile uile.

Airteagal 28

An t-eisiaimh ioncain bunaithe ar shubstaint

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “fostaithe incháilithe” fostaithe lánaimseartha nó páirtaimseartha comheintitis agus conraitheoirí neamhspleácha a ghlacann páirt i ngnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre faoi stiúir agus faoi rialú ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre;

- (b) ciallaíonn “costais phárolla incháilithe” caiteachais chun fostaithe a chúiteamh, lena n-áirítear tuarastail, pá agus caiteachais eile lena soláthraítear sochar pearsanta díreach ar leithligh don fhostaí, amhail árachas sláinte agus ranníocaíochtaí pinsin, cáin phárolla agus fostaíochta agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóra;
- (c) ciallaíonn “sócmhainní inláimhsithe incháilithe” na nithe seo a leanas:
- (i) maoin, gléasra agus trealamh atá lonnaithe sa dlínse;
 - (ii) acmhainní nádúrtha atá lonnaithe sa dlínse;
 - (iii) ceart úsáide léasaí ar shócmhainní inláimhsithe atá lonnaithe sa dlínse; agus
 - (iv) ceadúnas nó socrú comhchosúil ón rialtas le haghaidh úsáid maoin do-aistrithe nó saothrú acmhainní nádúrtha a bhfuil infheistíocht mhór i sócmhainní inláimhsithe i gceist leis.

2. Ach amháin i gcás ina roghnaíonn comheintiteas is comhdaitheoir de ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórsála intíre, i gcomhréir le hAirteagal 45(2), gan an t-eisiamh ioncain bunaithe ar shubstaint a chur i bhfeidhm le haghaidh na bliana fiosaí, laghdófar an glanioncam cáilitheach le haghaidh dlínse, chun an cháin bhreisiúcháin a ríomh, faoi mhéid atá cothrom le hiomlán an ghearrtha amach párolla dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus an ghearrtha amach sócmhainní inláimhsithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo le haghaidh gach comheintitis atá lonnaithe sa dlínse.

3. Beidh gearradh amach párolla comheintitis atá lonnaithe i ndlínse cothrom le 5 % dá chostais phárolla incháilithe le haghaidh fostaithe incháilithe a dhéanann gníomhaíochtaí le haghaidh an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre sa dlínse sin, ach amháin costais phárolla incháilithe a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leo:

- (a) tá siad caipitlithe agus áirítear leis an luach de réir na leabhar maidir le sócmhainní inláimhsithe incháilithe iad;
- (b) tá siad inchurtha i leith ioncam a eisiatar i gcomhréir le hAirteagal 17.

4. Maidir le gearradh amach sócmhainní inláimhsithe comheintitis atá lonnaithe i ndlínse, beidh sé cothrom le 5 % de luach na sócmhainní inláimhsithe incháilithe de réir na leabhar, ar sócmhainní iad atá lonnaithe sa dlínse, seachas na nithe seo a leanas:

- (a) luach maoin de réir na leabhar, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, atá ar seilbh chun a díol, a ligean ar léas nó le haghaidh infheistíochta;
- (b) luach sócmhainní inláimhsithe de réir na leabhar, ar sócmhainní iad a úsáidtear chun ioncam atá eisiata i gcomhréir le hAirteagal 17 a dhíorthú.

5. Chun críocha mhír 4, is éard a bheidh i luach sócmhainní inláimhsithe incháilithe de réir na leabhar meán luach na sócmhainní inláimhsithe incháilithe de réir na leabhar ag tús na bliana fiosaí agus ag deireadh na bliana fiosaí, mar a thaifeadtar chun ráitis airgeadais an mháthaireintitis deiridh a ullmhú, arna laghdú faoi aon dímheas, amúchadh nó ídiú carntha agus arna mhéadú faoi aon mhéid is inchurtha i leith caipitliú costas párolla.

6. Chun críoch mhíreanna 3 agus 4, is éard a bheidh i gcostais phárolla incháilithe agus i sócmhainní inláimhsithe incháilithe comheintitis ar buanbhunaíocht é na costais phárolla incháilithe agus na sócmhainní inláimhsithe incháilithe sin a chuimsítear ina chuntais airgeadais ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 18(1) agus (2), ar choinníoll go bhfuil na costais phárolla incháilithe agus na sócmhainní inláimhsithe incháilithe lonnaithe sa dlínse chéanna leis an mbuanbhunaíocht.

Ní chuirfear costais phárolla incháilithe agus sócmhainní inláimhsithe incháilithe buanbhunaíochta san áireamh i gcostais phárolla incháilithe agus sócmhainní inláimhsithe incháilithe an phríomheintitis.

I gcás inar eisiadh ioncam buanbhunaíochta, go hiomlán nó i bpáirt, de bhun Airteagal 19(1) agus Airteagal 38(5), eisiafar costais phárolla incháilithe agus sócmhainní inláimhsithe incháilithe na buanbhunaíochta sa chomhréir chéanna ón ríomh faoin Airteagal seo le haghaidh an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre.

7. Costais phárolla incháilithe le haghaidh fostaithe incháilithe a n-íocann eintiteas tréshreafa iad agus sócmhainní inláimhsithe incháilithe atá ar úinéireacht ag eintiteas tréshreafa, ar costais agus sócmhainní iad nach leithdháiltear faoi mhír 6, leithdháiltear orthu seo a leanas iad:

- (a) úinéirí comheintitis an eintitis tréshreafa, i gcomhréir leis an méid a leithdháiltear orthu de bhun Airteagal 19(4), ar choinníoll go bhfuil na fostaithe incháilithe agus na sócmhainní inláimhsithe incháilithe lonnaithe sa dlínse chéanna leis na húinéirí comheintitis; agus
- (b) an t-eintiteas tréshreafa más é an máthaireintiteas deiridh é, arna laghdú i gcomhréir leis an ioncam a eisiatar ón ríomh ar ioncam cáilitheach an eintitis tréshreafa de bhun Airteagal 38(1) agus Airteagal (2), ar choinníoll go bhfuil na fostaithe incháilithe agus na sócmhainní inláimhsithe incháilithe lonnaithe sa dlínse chéanna leis an eintiteas tréshreafa.

Na costais phárolla incháilithe agus na sócmhainní inláimhsithe incháilithe eile uile de chuid an eintitis tréshreafa, eisiafar iad ó ríomhanna an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre maidir leis an eisiadh ioncaim bunaithe ar shubstaint.

8. Eisiadh ioncaim na gcomheintiteas uile gan stát, ar eisiadh ioncaim bunaithe ar shubstaint é, ríomhfar an t-eisiadh, le haghaidh gach bliana fioscaí, ar leithligh ó eisiadh ioncaim na gcomheintiteas eile uile.

9. An t-eisiadh ioncaim atá bunaithe ar shubstaint, ar eisiadh é a ríomhtar faoin Airteagal seo, ní chuimseofar leis gearradh amach párolla ná gearradh amach sócmhainní inláimhsithe na gcomheintiteas ar comheintiteas infheistíochta sa dlínse sin iad.

Airteagal 29

Cáin bhreisiúcháin bhreise

1. I gcás, de bhun Airteagal 11(3), Airteagal 16(7), Airteagal 22(6), Airteagal 25(1) agus (4) agus Airteagal 40(5), ina bhfuil sé mar thoradh ar choigeartú ar chánacha cumhdaithe nó ar ioncam nó ar chailiteanas cáilitheach go n-athríomhtar ráta cánach éifeachtach nó cáin bhreisiúcháin ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre le haghaidh bliain fhioscach roimhe seo, athríomhfar an ráta cánach éifeachtach agus an cháin bhreisiúcháin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagail 26, 27 agus 28. Aon mhéid cánach breisiúcháin incrimintí a eascraíonn ó athríomh den sórt sin, caithfear leis mar cháin bhreisiúcháin chun críocha Airteagal 27(3) le haghaidh na bliana fioscaí ina ndéantar an t-athríomh.

2. I gcás ina bhfuil cáin bhreisiúcháin bhreise ann agus nach bhfuil aon ghlanioncam cáilitheach ann le haghaidh na dlínse i gcomhair na bliana fioscaí, is éard a bheidh in ioncam cáilitheach gach comheintitis atá lonnaithe sa dlínse méid atá cothrom leis an gcáin bhreisiúcháin a leithdháiltear ar na comheintitis sin de bhun Airteagal 27(5) agus (6) arna roinnt ar an íosráta cánach.

3. I gcás, de bhun Airteagal 21(5), ina bhfuil cáin bhreisiúcháin bhreise dlite, is éard a bheidh in ioncam cáilitheach gach comheintitis atá lonnaithe sa dlínse méid atá cothrom leis an gcáin bhreisiúcháin a leithdháiltear ar an gcomheintiteas sin arna roinnt ar an íosráta cánach. Déanfar an leithdháileadh ar bhonn pro rata ar gach comheintiteas, bunaithe ar an bhfoirmle seo a leanas:

(Ioncam cáilitheach nó cailiteanas cáilitheach x an t-íosráta cánach) – cánacha cumhdaithe coigeartaithe

Ní leithdháiltear an cháin bhreisiúcháin bhreise ach ar chomheintitis a thairfeadann méid cánach cumhdaithe coigeartaithe atá níos lú ná nialas agus níos lú ná ioncam nó cailiteanas cáilitheach na gcomheintiteas sin arna iolrú faoin íosráta cánach.

4. I gcás ina leithdháiltear cáin bhreisiúcháin bhreise ar chomheintiteas i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagal 27(5) agus (6), caithfear leis an gcomheintiteas mar chomheintiteas ísealchánach chun críochs Chaibidil II.

Airteagal 30

Eisiadh de minimis

1. De mhaolú ar Airteagail 26 go 29 agus ar Airteagal 31, arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, beidh an cháin bhreisiúcháin dhlite le haghaidh na gcomheintiteas atá lonnaithe i ndlínse cothrom le nialas le haghaidh bliain fhioscach, má tá na nithe seo a leanas i gceist leis an mbliain fhioscach sin:

- (a) tá meánioncam cáilitheach na gcomheintiteas uile atá lonnaithe sa dlínse sin níos lú ná EUR 10 000 000; agus

- (b) is éard atá i meánioncam nó i meánchailteanas cáilitheach na gcomheintiteas uile sa dlínse sin cailteanas nó is lú ná EUR 1 000 000 an meánioncam nó meánchailteanas cáilitheach sin.

Déanfar an roghnú ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 45(2).

2. An meánioncam cáilitheach nó an meánioncam nó an meánchailteanas cáilitheach dá dtagraítear i mír 1, is éard a bheidh ann meán ioncam cáilitheach nó ioncam nó cailteanas cáilitheach na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse le haghaidh na bliana fiosaí agus an dá bhliain fhioscacha roimhe sin.

Mura bhfuil aon chomheintiteas ag a bhfuil ioncam cáilitheach nó cailteanas cáilitheach lonnaithe sa dlínse sa chéad nó sa dara bliain fhioscach roimhe sin, nó iontu araon, eisiafar na blianta fiosaí sin ón ríomh ar mheánioncam cáilitheach nó ar mheánioncam nó ar mheánchailteanas cáilitheach na dlínse sin.

3. Maidir le hioncam cáilitheach na gcomheintiteas atá lonnaithe i ndlínse le haghaidh bliain fhioscach, is éard a bheidh ann iomlán ioncaim uile na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse sin, arna laghdú nó arna méadú faoi aon choigeartú a dhéantar i gcomhréir le Caibidil III.

4. Maidir le hioncam nó cailteanas cáilitheach na gcomheintiteas atá lonnaithe i ndlínse le haghaidh bliain fhioscach, is éard a bheidh ann glanioncam nó glanchailteanas cáilitheach na dlínse sin mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 26(2) é.

5. Ní bheidh an t-eisiamh *de minimis* a leagtar amach i míreanna 1 go 4 infheidhme maidir le comheintitis gan stát ná eintitis infheistíochta. Eisiafar ioncam agus ioncam nó cailteanas cáilitheach na n-eintiteas sin ón ríomh ar an eisiamh *de minimis*.

Airteagal 31

Comheintitis faoi úinéireacht mhionlaigh

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “comheintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh” comheintiteas a bhfuil leas úinéireachta díreach nó indíreach de 30 % nó níos lú ag an máthaireintiteas deiridh ann;
- (b) ciallaíonn “máthaireintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh” comheintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh a bhfuil leasanna urlámhais ar seilbh aige, go díreach nó go hindíreach, i gcomheintiteas eile faoi úinéireacht mhionlaigh, ach amháin i gcás ina bhfuil leasanna urlámhais sa chéad eintiteas ar seilbh, go díreach nó go hindíreach, ag comheintiteas eile arís faoi úinéireacht mhionlaigh;
- (c) ciallaíonn “foghrúpa faoi úinéireacht mhionlaigh” máthaireintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh agus a fhochuideachtaí faoi úinéireacht mhionlaigh; agus
- (d) ciallaíonn “fochuideachta faoi úinéireacht mhionlaigh” comheintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh a bhfuil a leasanna urlámhais ar seilbh, go díreach nó go hindíreach, ag máthaireintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh.

2. An ríomh ar an ráta cánach éifeachtach agus an cháin bhreisiúcháin le haghaidh dlínse i gcomhréir le Caibidil III go VII i ndáil le comhaltaí foghrúpa faoi úinéireacht mhionlaigh, beidh feidhm aige amhail is dá mba grúpa FIN ar leithligh nó grúpa mórsála intíre gach foghrúpa faoi úinéireacht mhionlaigh.

Cánacha cumhdaithe coigeartaithe agus ioncam nó cailteanas cáilitheach comhaltaí foghrúpa faoi úinéireacht mhionlaigh, eisiafar iad ón gcinneadh faoi mhéid iarmharach ráta cánach éifeachtach an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 26(1), agus ón nglanioncam cáilitheach a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 26(2).

3. Ráta cánach éifeachtach agus cáin bhreisiúcháin comheintitis atá faoi úinéireacht mhionlaigh nach comhalta d'fhoghrúpa faoi úinéireacht mhionlaigh é, ríomhtar ar bhonn eintitis i gcomhréir le Caibidil III go VII iad.

Cánacha cumhdaithe coigeartaithe agus ioncam nó cailteanas cáilitheach an chomheintitis faoi úinéireacht mhionlaigh, eisiafar iad ón gcinneadh faoi mhéid iarmharach ráta cánach éifeachtach an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 26(1) agus ón nglanioncam cáilitheach a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 26(2).

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le comheintiteas faoi úinéireacht mhionlaigh ar eintiteas infheistíochta é.

Airteagal 32

Tearmainn

De mhaolú ar Airteagal 26 go hAirteagal 31, áiritheoidh na Ballstáit, arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, go measfar go mbeidh an cháin bhreisiúcháin atá dlite de ghrúpa i ndlínse áirithe a bheith cothrom le nialas do bhliain fhioscach má chomhlíonann leibhéal éifeachtach cánachais na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse sin na coinníollacha i gcomhaontú idirnáisiúnta cáilitheach maidir le tearmainn.

Chun críocha na céad míre seo, ciallaíonn “comhaontú idirnáisiúnta cáilitheach maidir le tearmainn” tacar rialacha agus coinníollacha idirnáisiúnta lenar thoiligh na Ballstáit go léir agus a thugann deis do ghrúpaí faoi raon feidhme na Treorach seo roghnú tairbhe a bhaint as tearmann amháin nó níos mó le haghaidh dlínse.

Caibidil VI

Rialacha speisialta maidir le hathstruchtúró comparáide agus struchtúir seilbhe

Airteagal 33

An tairseach ioncaim chomhdhlúite a chur i bhfeidhm maidir le cumaisc agus díchumaisc grúpaí

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “cumasc” aon socrú lena ndéantar an méid seo a leanas:
 - (i) na heintitis ghrúpa uile a bhaineann le dhá ghrúpa ar leithligh nó níos mó, nó nach mór iad uile, tugtar faoi rialú comhchoiteann iad ar bhealach a fhágann gur eintitis chomhghrúpa iad; nó
 - (ii) eintiteas nach comhalta de ghrúpa ar bith a thugtar faoi rialú comhchoiteann le heintiteas nó le grúpa eile é ar bhealach a fhágann gur eintitis chomhghrúpa iad;
 - (b) ciallaíonn “díchumasc” aon socrú lena ndéantar na heintitis ghrúpa a bhaineann le grúpa aonair a dheighilt ina dhá ngrúpa dhifriúla nó níos mó nach gcomhdhlúthaíonn an máthaireintiteas deiridh céanna iad a thuilleadh.
2. I gcás ina gcumascann dhá ghrúpa nó níos mó chun grúpa aonair a dhéanamh in aon cheann de na 4 bliana fioscacha is déanaí as a chéile díreach roimh an mbliain fhioscach thástáilte, measfar tairseach ioncaim chomhdhlúite an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre dá dtagraítear in Airteagal 2 a bheith comhlíonta d'aon bhliain fhioscach roimh an gcumasc má tá iomlán na n-ioncam a chuimsítear ina ráitis airgeadais chomhdhlúite don bhliain fhioscach sin cothrom le EUR 750 000 000 nó níos mó ná sin.
3. I gcás ina gcumascann eintiteas nach comhalta de ghrúpa é (“an sprioc”) le heintiteas nó le grúpa (“an t-eintiteas éadála”) sa bhliain fhioscach thástáilte, agus nach bhfuil ráitis airgeadais chomhdhlúite ag an sprioc ná ag an eintiteas éadála le haghaidh aon cheann de na 4 bliana fioscacha is déanaí as a chéile díreach roimh an mbliain fhioscach thástáilte, measfar tairseach ioncaim chomhdhlúite an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre a bheith comhlíonta le haghaidh na bliana sin má tá iomlán an ioncaim a chuimsítear ina ráitis airgeadais nó ina ráitis airgeadais chomhdhlúite le haghaidh na bliana fioscaí sin cothrom le EUR 750 000 000 nó níos mó ná sin.

4. I gcás ina ndíchumasann ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre faoi raon feidhme na Treorach seo ina dhá ngrúpa nó níos mó (gach ceann ina "ghrúpa díchumaiscthe"), measfar an tairseach ioncaim chomhdhlúite a bheith comhlíonta ag grúpa díchumaiscthe i gcás:

- (a) maidir leis an gcéad bhliain fhioscach thástáilte a dtagann deireadh léi tar éis an díchumaisc, go bhfuil ioncam bliantúil EUR 750 000 000 nó níos mó ag an ngrúpa díchumtha sa bhliain fhioscach sin;
- (b) maidir leis an dara bliain nó leis an gceathrú bliain fhioscach thástáilte ar tháinig deireadh léi tar éis an díchumaisc, go bhfuil ioncam bliantúil EUR 750 000 000 nó níos mó ag an ngrúpa díchumtha in dhá bhliain fhioscacha ar a laghad de na blianta fioscacha sin.

Airteagal 34

Comheintitis ag dul isteach i ngrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre agus á fhágáil

1. Maidir le heintiteas ("an sprioc") a iompaíonn ina chomheintiteas de chuid grúpa FIN nó de chuid grúpa mórsála intíre nó eintiteas a éiríonn as a bheith ina chomheintiteas de sin mar thoradh ar leasanna úinéireachta díreacha nó indéreacha sa sprioc a bheith aistriithe, nó i gcás an sprioc a bheith iompaithe ina máthaireintiteas deiridh ar ghrúpa nua le linn bliain fhioscach ("an bhliain éadála"), caithfear leis an sprioc mar chomhalta de ghrúpa FIN nó den ghrúpa mórsála intíre chun críocha na Treorach seo ar choinníoll go n-áirítear sciar dá shócmhainní, dá dhliteanas, dá ioncam, dá chostais agus dá shreabh airgeadais ar bhonn líne ar líne i ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh sa bhliain éadála.

Ríomhfar ráta cánach éifeachtach agus cáin bhreisiúcháin na sprice i gcomhréir le míreanna 2 go 8.

2. Sa bhliain éadála, ní chuirfidh grúpa FIN nó grúpa mórsála intíre san áireamh ach glanioncam nó glanchailteanas cuntasaíochta airgeadais agus cánacha faoi chumhdach coigeartaithe na sprice a áirítear i ráitis chomhdhlúite airgeadais an mháthaireintitis deiridh chun críocha na Treorach seo.

3. Sa bhliain éadála, agus i ngach bliain fhioscach ina dhiaidh sin, bunófar ioncam nó cailteanas cáilitheach agus cánacha cumhdaithe coigeartaithe na sprice ar luach stairiúil a sócmhainní agus a dliteanas de réir na leabhar.

4. Sa bhliain éadála, ní thabharfar san áireamh leis an ríomh ar chostais phárolla incháilithe na sprice de bhun Airteagal 28(3) ach na costais a léirítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh.

5. An ríomh ar an luach de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe incháilithe na sprice de bhun Airteagal 28(4), coigeartófar é, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an tréimhse a raibh an sprioc ina comhalta den ghrúpa FIN nó de ghrúpa mórsála intíre le linn na bliana éadála.

6. Seachas an tsócmhainn cánach iarchurtha maidir le cailteanas cáilitheach dá dtagraítear in Airteagal 23, cuirfidh grúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre éadála san áireamh na sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanas chánach iarchurtha sprice a aistrítear idir grúpaí FIN nó grúpaí mórsála intíre, cuirfidh sé san áireamh iad ar an mbealach céanna agus an méid céanna amháil is dá mbeadh an sprioc faoi rialú ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre éadála nuair a tháinig na sócmhainní agus na dliteanas sin chun cinn;

7. Maidir le dliteanas chánach iarchurtha na sprice a áiríodh ina mhéid coigeartaithe cánach iarchurtha iomlán cheana, caithfidh grúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre is diúscairteoir leo mar dhliteanas aisiompaithe, chun críocha Airteagal 22(7), agus mar dhliteanas ag eascairt ó ghrúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre éadála leo sa bhliain éadála, ach amháin i gcás mar sin, go mbeidh feidhm ag aon laghdú ina dhiaidh sin ar chánacha cumhdaithe de bhun Airteagal 22(7) sa bhliain ina ndéantar an méid a athghabháil.

8. I gcás inar máthaireintiteas agus grúpeintiteas in dhá ghrúpa FIN nó i ngrúpa mórsála intíre nó níos mó ná sin le linn na bliana éadála í an sprioc, cuirfidh sí IIR i bhfeidhm ar leithligh maidir lena chion in-leithdháilte de cháin bhreisiúcháin comheintiteas ísealchánach a chinntear le haghaidh gach grúpa FIN nó grúpa mórsála intíre.

9. De mhaolú ar mhíreanna 1 go dtí 8, maidir le héadail nó le diúscairt leasa urlámhais i sprioc, caithfear léi mar éadail nó mar dhiúscairt sócmhainní nó dliteanas, má chaitear le héadail nó le diúscairt an leasa urlámhais sin ar an mbealach céanna a chaithfí le héadail nó le diúscairt sócmhainní agus dliteanas sa dlínse ina bhfuil an sprioc lonnaithe, nó i gcás eintiteas atá trédhearcach go fíoscach, sa dlínse ina bhfuil na sócmhainní lonnaithe agus go bhforchuirtear cáin chumhdaithe ar an díoltóir bunaithe ar an difríocht idir an mbonn cánach agus an chomaoin a íoctar mar mhalairt ar an leas urlámhais nó luach cóir na sócmhainní agus na dliteanas.

Airteagal 35

Sócmhainní agus dliteanas a aistriú

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “atheagrú” sócmhainní agus dliteanas a chlaochlú nó a aistriú amhail mar a dhéanfaí i gcumasc, i ndeacra, i leachtú nó in idirbheart comhchosúil sna cásanna seo a leanas:
 - (i) gurb é atá i gcomaoin an aistrithe, ina n-iomláine nó go páirteach, leasanna cothromais arna n-eisiúint ag an gcomheintiteas éadála nó ag duine a bhfuil baint aige leis an gcomheintiteas éadála, nó, i gcás leachtú, leasanna cothromais na sprice nó, i gcás nach dtugtar aon chomaoin, i gcás nach mbeadh aon tábhacht eacnamaíoch ag baint le leas cothromais a eisiúint;
 - (ii) níl gnóthachan ná cailteanas an eintitis atá ag diúscairt na sócmhainní sin faoi réir cánach, go hiomlán nó go páirteach; agus
 - (iii) ceanglaíonn dlíthe cánach na dlínse ina bhfuil an comheintiteas éadálalonnaithe ar an gcomheintiteas éadálaioncam inchánach a ríomh tar éis na diúscairt nó na héadála, agus é ag baint úsáid as bonn cánach an chomheintitis diúscairt sna sócmhainní, arna choigeartú i gcomhair gnóthachan nó cailteanas neamhcháilitheach ar bith ar an diúscairt nó ar an éadail;
 - (b) ciallaíonn “gnóthachan nó cailteanas neamhcháilitheach” an ceann is lú de ghnóthachan nó cailteanas an chomheintitis diúscairt a eascraíonn ón atheagrú atá faoi réir cánach i suíomh an chomheintitis diúscairt agus an gnóthachan nó an cailteanas cuntasáochta airgeadais a eascraíonn ón atheagrú.
2. Maidir le comheintiteas a dhiúscaíonn sócmhainní agus dliteanas (“an comheintiteas diúscairt”), áireoidh sé an gnóthachan nó an cailteanas a eascraíonn ón diúscairt sin sa ríomh ar a ioncam nó ar a chailteanas cáilitheach.

Maidir le comheintiteas a fhaigheann sócmhainní agus dliteanas (an “comheintiteas éadála”), cinntíonn sé a ioncam nó a chailteanas cáilitheach bunaithe ar an luach de réir na leabhar a ghabhann leis na sócmhainní agus na dliteanas a fhaightear arna chinneadh faoin gcaighdeán cuntasáochta airgeadais a úsáidtear in ullmhú chuntais airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh.

3. De mhaolú ar mhír 2, déanfar an méid seo a leanas i gcás ina ndéantar sócmhainní nó dliteanas a dhiúscairt nó a fháil i gcomhthéacs atheagraithe:
 - (a) eisiafaidh an comheintiteas diúscairt aon ghnóthachan nó cailteanas a eascraíonn ón diúscairt sin ón ríomh ar a ioncam nó ar a chailteanas cáilitheach; agus
 - (b) cinntíonn an comheintiteas éadála a ioncam nó a chailteanas cáilitheach ar bhonn an luacha de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní agus le dliteanas fhaighte an eintitis diúscairt tráth a aistrítear iad.
4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, i gcás ina ndéantar sócmhainní agus dliteanas a dhiúscairt i gcomhthéacs atheagraíochta a bhfuil gnóthachan nó cailteanas neamhcháilitheach le haghaidh an eintitis diúscairt mar thoradh air, déanfar an méid seo a leanas:
 - (a) áireoidh an comheintiteas diúscairt an gnóthachan nó an cailteanas ar an diúscairt i ríomh a ioncaim nó a chailteanas cháilitheach go feadh mhéid an ghnóthachain nó an chailteanas neamhcháilitheach; agus

- (b) cinnfidh an comheintiteas éadála a ioncam nó a chailteanas cáilitheach tar éis na héadála agus é ag úsáid an luacha de réir na leabhar a ghabh leis na sócmhainní agus na dliteanais fhaighte ag an gcomheintiteas diúscartha tráth na diúscartha, arna choigeartú i gcomhréir le rialacha cánach áitiúla an chomheintitis éadála chun an gnóthachan nó an cailteanas neamhcháilitheach a chur san áireamh.
5. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, i gcás ina gceanglaítear ar chomheintiteas bonn a shócmhainní agus méid a dhliteanas a choigeartú chuig luach cothrom chun críoch cánach sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe nó i gcás ina gceadaítear dó déanamh amhlaidh, féadfaidh an comheintiteas sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) a áireamh, sa ríomh ar a ioncam nó ar a chailteanas cáilitheach, méid gnóthachain nó cailteanais i leith gach ceann dá shócmhainní agus dá dhliteanais, ar méid é:
- (i) atá cothrom leis an difríocht idir an luach de réir na leabhar a ghabh leis an tsócmhainn nó leis an dliteanas sin chun críoch cuntasaióchta airgeadais díreach roimh dháta an teagmhais lenar gníomhachtaíodh an coigeartú cánach (“an teagmhas truceartha”) agus luach cóir na sócmhainne nó an dliteanais díreach tar éis an teagmhais truceartha; agus
- (ii) arna laghdú (nó arna mhéadú) tríd an ngnóthachan nó an cailteanas neamhcháilitheach, más ann, a eascraíonn ón teagmhas truceartha;
- (b) luach cóir na sócmhainne nó an dliteanais chun críoch cuntasaióchta airgeadais díreach tar éis an teagmhais ghníomhachtaithe a úsáid chun ioncam nó cailteanas cáilitheach a ríomh sna blianta fíoscacha ar tháinig deireadh leo tar éis an teagmhais truceartha; agus
- (c) iomlán glan na méideanna a chinntear i bpointe (a) a áireamh in ioncam nó cailteanas cáilitheach an chomheintitis ar cheann de na bealaí seo a leanas:
- (i) áirítear iomlán glan na méideanna sin sa bhliain fhioscach ina dtarlaíonn an teagmhas truceartha; nó
- (ii) áirítear méid atá comhionann le hiomlán glan na méideanna sin roinnte ar chúig sa bhliain fhioscach ina dtarlaíonn an teagmhas truceartha, agus i ngach ceann de na ceithre bliana fíoscacha díreach ina dhiaidh sin, ach amháin má fhágann an comheintiteas grúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre i mbliain fhioscach amháin sa tréimhse sin, agus sa chás sin, áireofar an méid atá fágtha go hiomlán sa bhliain fhioscach sin.

Airteagal 36

Comhfhiontair

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas,
- (a) ciallaíonn “comhfhiontar” eintiteas a dtuairiscítear a thorthaí airgeadais faoi mhodh an chothromais i ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthaireintitis deiridh, ar choinníoll go bhfuil 50 % ar a laghad de leas úinéireachta an mháthaireintitis deiridh, ar seilbh go díreach nó go hindíreach ag an máthaireintiteas deiridh féin.
- Ní áirítear le comhfhiontar:
- (i) máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre nach mór dó an riail maidir le cuimsiú ioncaim a chur i bhfeidhm;
- (ii) eintiteas eisiata mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) é;
- (iii) eintiteas a shealbháitear a leasanna úinéireachta ag grúpa FIN nó ag grúpa mórsála intíre go díreach trí eintiteas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 2(3) agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha a leanas :
- go n-oibríonn sé go heisiach, nó nach mór go heisiach, chun sócmhainní a shealbhú nó chun cistí a infheistiú ar mhaithe lena infheisteoirí;
- go ndéanann gníomhaíochtaí atá coimhdeach leo sin a dhéanann an t-eintiteas eisiata; nó
- go ndéantar cuid mhór dá hioncam go léir a eisiadh ó ríomh an ioncaim nó an chailteanais cháilitheach i gcomhréir le hAirteagal 16 (2), pointí (b) agus (c).

- (iv) eintiteas atá i seilbh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre atá comhdhéanta go heisiach d'eintitis eisiata; nó
 - (v) cleamhnaí comhfhiontair;
- (b) ciallaíonn “cleamhnaí comhfhiontair”:
- (i) eintiteas a bhfuil a shócmhainní, a dhliteanais, a ioncam, a chostais agus a shreabha airgid á gcomhdhlúthú ag comhfhiontar faoi chaighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha nó a gcomhdhlúthófaí dá gceanglófaí ar an gcomhfhiontar na sócmhainní, na dliteanais, an t-ioncam, na costais agus na sreabha airgid sin a chomhdhlúthú faoi chaighdeán cuntasaíochta airgeadais inghlactha; nó
 - (ii) buanbhunaíocht a bhfuil a príomheintiteas ina chomhfhiontar nó eintitis dá dtagraítear i bpointe (i). I gcásanna den sórt sin, déileálfar leis an mbuanbhunaíocht mar chleamhnaí comhfhiontair ar leithligh.
2. Maidir le máthaireintiteas a bhfuil leas úinéireachta i gcomhfhiontar nó i gcleamhnaí comhfhiontair ar seilbh aige, go díreach nó go hindíreach, cuirfidh sé IIR i bhfeidhm maidir lena chion in-leithdháilte de cháin bhreisiúcháin an chomhfhiontair nó cleamhnaí comhfhiontair i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10.
3. Déanfar an ríomh ar cháin bhreisiúcháin an chomhfhiontair agus a chleamhnaithe comhfhiontair (dá ngairtear le chéile “grúpa comhfhiontar”) i gcomhréir le Caibidlí III go VII, amhail is gur chomheintitis grúpa FIN nó grúpa mórsála intíre ar leithligh iad, agus gurb é an comhfhiontar máthaireintiteas deiridh an ghrúpa sin.
4. Laghdófar an cáin bhreisiúcháin atá dlite ón ngrúpa comhfhiontar faoi chion inleithdháilte gach máthaireintitis den cháin bhreisiúcháin faoi mhír 2 de gach comhalta den ghrúpa comhfhiontar, cáin bhreisiúcháin a thugtar faoi réim faoi mhír 3. Aon mhéid den cháin bhreisiúcháin atá fágtha, cuirfear le méid cháin bhreisiúcháin UTPR iomlán de bhun Airteagal 14(2) é.
- Chun críocha na míre seo, ciallaíonn “cáin bhreisiúcháin atá dlite ón ngrúpa comhfhiontar” cion in-leithdháilte an mháthaireintitis de cháin bhreisiúcháin an ghrúpa comhfhiontar.

Airteagal 37

Grúpaí FIN ilmháthar

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
- (a) ciallaíonn “grúpa FIN ilmháthar nó grúpa mórsála intíre ilmháthar” dhá ghrúpa nó níos mó ná sin a ndéanann máthaireintitis deiridh comhshocrú ar struchtúr stápláilte nó socrú déliostaithe é lena gcuimsítear eintiteas nó buanbhunaíocht amháin ar a laghad den ghrúpa comhcheangailte atá lonnaithe i ndlínse dhifriúil maidir le suíomh eintitis eile an ghrúpa chomhcheangailte;
 - (b) ciallaíonn “struchtúr stápláilte” comhshocrú a dhéanann dhá mháthaireintiteas deiridh nó níos mó ná sin a bhaineann le grúpaí ar leithligh, comhshocrú a bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis:
 - (i) 50 % nó níos mó de na leasanna úinéireachta i máthaireintitis deiridh grúpaí ar leithligh, a luaitear ar phraghas aonair má liostaítear iad agus atá comhcheangailte le chéile, de bharr foirm úinéireachta, srianta ar aistriú nó téarmaí nó coinníollacha eile, agus nach féidir a aistriú nó a thrádáil go neamhspleách; agus
 - (ii) ullmhaíonn ceann de na máthaireintitis deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite ina dtíolactar sócmhainní, dliteanais, ioncam, costais agus sreabha airgid na n-eintiteas uile sna grúpaí lena mbaineann le chéile mar shócmhainní, mar dhliteanais, mar ioncam, mar chostais agus mar shreabha airgid aonaid eacnamaíoch aonair, agus go gceanglaíonn córas rialála iad a bheith iniúchta go seachtrach;
 - (c) ciallaíonn “comhshocrú déliostaithe” comhshocrú a dhéanann dhá mháthaireintiteas deiridh nó níos mó ná sin a bhaineann le grúpaí ar leithligh, comhshocrú faoina ndéantar an méid seo a leanas:
 - (i) comhaontaíonn na máthaireintitis deiridh a ngnó a chomhcheangal trí chonradh amháin;
 - (ii) de bhun socrúithe conarthacha, déanfaidh na máthaireintitis deiridh dáileadh, i ndáil le díbhinní agus faoi leachtú, ar a scairshealbhóirí, agus sin bunaithe ar chóimheas seasta;
 - (iii) bainistítear gníomhaíochtaí na máthaireintiteas deiridh mar aonad eacnamaíoch aonair faoi chomhshocrúithe conarthacha agus a gcéannachtaí dlíthiúla ar leithligh á gcoinneáil ag an am céanna;

- (iv) leasanna úinéireachta na máthaireintiteas deiridh atá sa chomhaontú, déantar na leasanna sin a lua, a thrádáil agus a aistriú go neamhspleách i margáí caipitil difriúla; agus
- (v) ullmhaíonn na máthaireintitis deiridh ráitis airgeadais chomhdhlúite ina dtíolactar sócmhainní, dliteanais, ioncam, costais agus sreabha airgid eintiteas atá sna grúpaí uile mar shócmhainní, mar dhliteanais, mar ioncam, mar chostais agus mar shreabha airgid aonaid eacnamaíoch aonair, agus ceanglaíonn córas rialála nach mór iniúchadh seachtrach a dhéanamh orthu.

2. I gcás ina bhfuil eintitis agus comheintitis de dhá ghrúpa nó níos mó ina gcuid de ghrúpa FIN ilmháthar nó de ghrúpa mórskála intíre ilmháthar, caithfear le heintitis agus le comheintitis gach grúpa mar chomhaltáí de ghrúpa FIN ilmháthar nó de ghrúpa mórskála intíre ilmháthar amháin.

Caithfear le heintiteas nach eintiteas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 2(3) é mar chomheintiteas má chomhdhlúthaíonn grúpa FIN nó grúpa mórskála intíre ilmháthar é ar bhonn líne ar líne, nó má tá a leasanna úinéireachta ar seilbh ag eintitis i ngrúpa FIN ilmháthar nó sa ghrúpa mórskála intíre ilmháthar .

3. Is éard a bheidh i ráitis airgeadais chomhdhlúite ghrúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíre ilmháthar na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomhcheangailte dá dtagraítear sna sainmhínte ar struchtúr stápláilte nó ar chomhshocrú déliostaithe i mír 1, ar ráitis iad a ullmhaítear faoi chaighdeán cuntasaióchta airgeadais inghlactha, caighdeán a mheastar gurb é caighdeán cuntasaióchta an mháthaireintitis deiridh.

4. Is éard a bheidh i máthaireintitis deiridh na ngrúpaí ar leithligh lena gcomhdhéantar an grúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíre ilmháthar máthaireintitis deiridh ghrúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíre ilmháthar.

Agus an Treoir seo á cur i bhfeidhm i leith grúpa FIN ilmháthar nó grúpa mórskála intíre ilmháthar, beidh feidhm ag aon tagairtí do mháthaireintiteas deiridh, de réir mar is gá, amhail is gur tagairtí do roinnt máthaireintiteas deiridh éagsúil iad.

5. Máthaireintitis an ghrúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíre ilmháthar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear gach máthaireintiteas deiridh, cuirfidh siad IIR i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 5 go 10 i leith a gcion in-leithdháilte de cháin bhreisiúcháin na gcomheintiteas ísealchánach.

6. Cuirfidh comheintitis an ghrúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíreilmháthar atá lonnaithe i mBallstát UTPR i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 12, 13 agus 14, agus cuirfidh siad san áireamh cáin bhreisiúcháin gach comheintiteas ísealchánach atá ina chomhalta de ghrúpa FIN ilmháthar nó den ghrúpa mórskála intíre ilmháthar .

7. Ceanglófar ar mháthaireintitis deiridh ghrúpa FIN ilmháthar nó an ghrúpa mórskála intíre ilmháthar an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú i gcomhréir le hAirteagal 44, ach amháin má cheapann siad eintiteas is comhdaitheoir ainmnithe aonair de réir bhrí Airteagal 44(3), pointe (b). Cuimseofar leis an tuairisceán sin faisnéis a bhaineann le gach ceann de na grúpaí lena gcomhdhéantar grúpa FIN ilmháthar nó an grúpa mórskála intíre ilmháthar.

Caibidil VII

Córais neodrachta cánach agus córais dáileachán

Airteagal 38

Máthaireintiteas deiridh ar eintiteas tréshreafa é

1. Ioncam cáilitheach eintitis tréshreafa ar máthaireintiteas deiridh é, laghdófar an t-ioncam sin, le haghaidh na bliana fiosaí, faoin méid ioncaim cháilithigh atá inchurtha i leith sealbhóir leasa úinéireachta (“an sealbhóir úinéireachta”) san eintiteas tréshreafa, ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil an sealbhóir úinéireachta faoi réir cánach ar an ioncam le haghaidh tréimhse inchánach a dtagann deireadh léi laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana fiosaí sin, cáin a gheartar ar ráta ainmniúil atá cothrom leis an íosráta cánach nó níos mó ná sin; nó

- (b) gur féidir a mheas go réasúnach go bhfuil méid comhiomlánaithe cánacha cumhdaithe coigeartaithe an mháthaireintitis deiridh agus cánacha a íocann an sealbhóir úinéireachta ar ioncam den sórt sin laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana fioscaí, cothrom leis an ioncam sin arna iolrú faoin íosráta cánach nó go bhfuil an méid cánach níos mó ná sin.
2. Ioncam cáilitheach eintitis tréshreafa ar máthaireintiteas deiridh é, laghdófar an t-ioncam sin chomh maith, le haghaidh na bliana fioscaí, faoin méid ioncaim cháilithigh a leithdháiltear ar an sealbhóir úinéireachta san eintiteas tréshreafa ar choinníoll gur ceann de na nithe seo a leanas an sealbhóir úinéireachta:
- (a) duine nádúrtha atá ina chónaí chun críoch cánach sa dlínse ina bhfuil an máthaireintiteas deiridh lonnaithe agus a bhfuil leasanna úinéireachta ar seilbh aige lena léirítear ceart ar 5 % de bhrabúis agus de shócmhainní an mháthaireintitis deiridh nó níos lú ná sin; nó
- (b) eintiteas rialtais, eagraíocht idirnáisiúnta eagraíocht neamhbhrabúsach nó ciste pinsin ar a bhfuil cónaí chun críoch cánach sa dlínse ina bhfuil an máthaireintiteas deiridh lonnaithe agus a bhfuil leasanna úinéireachta ar seilbh aige lena léirítear ceart ar 5 % de bhrabúis agus de shócmhainní an mháthaireintitis deiridh nó níos lú ná sin.
3. Cailteanas cáilitheach eintitis tréshreafa ar máthaireintiteas deiridh é, laghdófar an cailteanas sin, le haghaidh na bliana fioscaí, faoin méid cailteanais cháilithigh is inchurtha i leith an tsealbhora úinéireachta san eintiteas tréshreafa.
- Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír sa mhéid is nach gceadaítear don sealbhóir úinéireachta an cailteanas sin a úsáid sa ríomh ar a ioncam inchánach.
4. Cánacha cumhdaithe eintitis tréshreafa ar máthaireintiteas deiridh é, laghdófar go comhréireach iad chuig an méid ioncaim cháilithigh arna laghdú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2.
5. Buanbhunaíocht trína ndéanann eintiteas tréshreafa ar máthaireintiteas deiridh é a ghnó go hiomlán nó go páirteach nó trína ndéantar go hiomlán nó go páirteach gnó eintitis atá trédhearcach ó thaobh cánach de, beidh feidhm ag míreanna 1, go 4 maidir leis an mbuanbhunaíocht sin ar choinníoll go bhfuil leas úinéireachta an mháthaireintitis deiridh sin san eintiteas atá trédhearcach go fíoscach, go bhfuil an leas sin ar seilbh go díreach nó trí shlabhra eintiteas atá trédhearcach go fíoscach.

Airteagal 39

Máthaireintiteas deiridh atá faoi réir córas díbhinní in-asbhainte

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:
- (a) ciallaíonn “córas díbhinní in-asbhainte” córas cánach lena gcuirtear leibhéal cánach aonair i bhfeidhm ar ioncam úinéirí eintitis trí na brabúis a dháiltear ar na húnéirí a asbhaint nó a eisiáimh ó ioncam an eintitis nó trí chomharchumann a dhíolmhú ón gcánachas;
- (b) ciallaíonn “díbhinn in-asbhainte” an méid seo a leanas i dtaca le comheintiteas atá faoi réir córas díbhinní in-asbhainte:
- (i) dáileachán brabús ar shealbhoir leasa úinéireachta sa chomheintiteas, dáileachán is in-aisbhainte ó ioncam inchánach an chomheintitis faoi dhlíthe na dlínse ina bhfuil sé lonnaithe; nó
- (ii) díbhinn phátrúnachta a íoctar le comhalta comharchumainn; agus
- (c) ciallaíonn “comharchumann” eintiteas a mhargaíonn nó a fhaigheann earraí nó seirbhísí go comhpháirteach thar ceann a chomhaltaí ar eintiteas é atá faoi réir córas cánach sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe lena n-áiríthítear an neodracht cánach i leith earraí nó seirbhísí a dhíolann na comhaltaí tríd an gcomharchumann nó a fhaigheann a chomhaltaí tríd an gcomharchumann.

2. Máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre atá faoi réir córas díbhinní in-aisbhainte, laghdóidh sé a ioncam cáilitheach suas go nialas, le haghaidh na bliana fiosaí, faoin méid a dháiltear mar dhíbhinn in-aisbhainte laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana fiosaí, ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil an díbhinn faoi réir cánach faoi chúram an fhaighteora le haghaidh tréimhse inchánach a dtagann deireadh léi laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana fiosaí, cáin a ghearrtar ag ráta ainmnithe atá cothrom leis an íosráta cánach nó níos mó ná sin; nó
- (b) gur féidir a mheas go réasúnach go bhfuil méid comhiomlánaithe cánacha cumhdaithe coigeartaithe agus cánacha an mháthaireintitis deiridh a íocann an faighteoir ar an díbhinn sin cothrom leis an ioncam sin arna iolrú faoin íosráta cánach nó go bhfuil an cháin níos mó ná sin.

3. Máthaireintiteas deiridh ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre atá faoi réir córas díbhinní in-aisbhainte, laghdóidh sé a ioncam cáilitheach suas go nialas le haghaidh na bliana fiosaí faoin méid a dháileann sé mar dhíbhinn in-aisbhainte laistigh de 12 mhí tar éis dheireadh na bliana fiosaí, ar choinníoll gur ceann de na nithe seo a leanas é an faighteoir:

- (a) duine nádúrtha, agus is díbhinn phátrúnachta ó chomharchumann soláthair í an díbhinn a fhaightear;
- (b) duine nádúrtha atá ina chónaí chun críoch cánach sa dlínse chéanna ina bhfuil an máthaireintiteas deiridh lonnaithe agus a bhfuil leasanna úinéireachta ar seilbh aige lena léirítear ceart ar 5 % de bhrabúis agus de shócmhainní an mháthaireintitis deiridh nó níos lú ná sin; nó
- (c) eintiteas rialtais, eagraíocht idirnáisiúnta, eagraíocht neamhbhrabúsach nó ciste pinsin seachas eintiteas seirbhísí pinsin, ar a bhfuil cónaí chun críoch cánach sa dlínse ina bhfuil an máthaireintiteas deiridh lonnaithe.

4. Cánacha cumhdaithe máthaireintitis deiridh, seachas na cánacha ar ceadaíodh an asbhaint díbhinne ina leith, laghdófar na cánacha sin go comhréireach chuig an méid ioncaim cháilithigh arna laghdú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

5. I gcás ina bhfuil leas úinéireachta i gcomheintiteas eile atá faoi réir córas díbhinní inasbhainte ar seilbh ag an máthaireintiteas deiridh go díreach nó trí shlabhra comheintiteas den sórt sin, beidh feidhm ag míreanna 2, 3 agus 4 maidir le haon chomheintiteas eile atá lonnaithe i ndlínse an mháthaireintitis deiridh atá faoi réir an chórais díbhinní in-aisbhainte, a mhéid a dháileann an máthaireintiteas deiridh a ioncam cáilitheach a thuilleadh ar fhaighteoirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 3.

6. Chun críocha mhír 2, díbhinn pátrúnachta a dháileann comharchumann soláthair, caithfear léi mar dhíbhinn atá faoi réir cánach faoi chúram an fhaighteora a mhéid a laghdaíonn an díbhinn sin speansas nó costas in-aisbhainte sa ríomh ar ioncam nó ar chailleanas inchánach an fhaighteora.

Airteagal 40

Córais cánach dáileachán incháilithe

1. Féadfaidh comheintiteas is comhdaitheoir roghnú a dhéanamh dó féin nó i dtaca le comheintiteas eile atá faoi réir córas cánach dáileachán incháilithe an méid a chinntear mar cháin dáileachán measta i gcomhréir le mír 2 a chuimsiú i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe an chomheintitis le haghaidh na bliana fiosaí.

Déanfar an roghnú go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 45(2) agus beidh feidhm aige maidir leis na comheintitis uile atá lonnaithe sa dlínse sin.

2. Is éard a bheidh i méid na cánach dáileachán measta an ceann is lú díobh seo a leanas:

- (a) an méid cánacha cumhdaithe coigeartaithe is gá chun an ráta cánach éifeachtach, mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 27(2) le haghaidh na dlínse i gcomhair na bliana fiosaí, a mhéadú chuig an íosráta cánach; nó
- (b) an méid cánach a bheadh dlite dá ndáilfeadh na comheintitis atá lonnaithe sa dlínse a n-ioncam iomlán atá faoi réir an chórais cánach dáileachán incháilithe le linn bliain fhioscach den sórt sin.

3. I gcás ina ndéantar roghnú faoi mhír 1, bunófar cuntas athghabhála um cháin dáileachán measta le haghaidh gach bliana fiosaí a bhfuil feidhm ag an roghnú sin maidir léi. An méid cánach dáileachán measta a chinntear i gcomhréir le mír 2 don dlínse, cuirfear leis an gcuntas athghabhála um cháin dáileachán measta é le haghaidh na bliana fiosaí inar bunaíodh é.

Ag deireadh gach bliana fiosaí, laghdófar in ord croineolaíoch na méideanna amuigh sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta le haghaidh blianta fiosaí roimhe sin, suas go nialas, faoi na cánacha a d'íoc an comheintiteas le linn na bliana fiosaí i ndáil le dáileacháin mheasta nó iarbhír.

Aon mhéid iarmharach sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta atá fós iontu tar éis an dara fomhír a chur i bhfeidhm, laghdófar é, suas go nialas, faoi mhéid atá cothrom leis an nglanachailteanas cáilitheach ó dhlínse arna iolrú faoin íosráta cánach.

4. Aon mhéid iarmharach de ghlanchailteanas cáilitheach arna iolrú faoin íosráta cánach atá fós ann tar éis mhír 3, an tríú fomhír, a chur i bhfeidhm le haghaidh na dlínse, tabharfar ar aghaidh é chuig na blianta fiosaí ina dhiaidh sin agus laghdófar leis aon mhéid iarmharach sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta atá fós ann tar éis mír 3 a chur i bhfeidhm.

5. An t-iarhméid gan íoc, más ann dó, atá sa chuntas athghabhála um cháin dáileachán measta ar an lá deireanach den cheathrú bliain fhioscach tar éis an cuntas sin a bhunú, caithfear leis mar laghdú ar na cánacha cumhdaithe coigeartaithe a cinneadh roimhe sin do bhliain fhioscach den sórt sin. Déanfar ráta cánach éifeachtach agus cáin bhreisiúcháin do bhliain fhioscach den sórt sin a ríomh dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 29(1).

6. Cánacha a íoctar le linn na bliana fiosaí i ndáil le dáileacháin mheasta nó iarbhír, ní chumseofar le cánacha cumhdaithe coigeartaithe iad a mhéid a laghdaíonn siad cuntas athghabhála um cháin dáileachán measta i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.

7. I gcás ina bhfágann comheintiteas atá faoi réir roghnú faoi mhír 1 grúpa FIN nó an grúpa mórsála intíre nó i gcás ina n-aistrítear a shócmhainní uile nach mór chuig duine nach comheintiteas é de chuid ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre chéanna atá lonnaithe sa dlínse chéanna, aon iarhméid gan íoc sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta i mblianta fiosaí roimhe sin inar bunaíodh na cuntais sin, caithfear leis na hiarmhéideanna sin mar laghdú ar na cánacha cumhdaithe coigeartaithe le haghaidh gach ceann de na blianta fiosaí sin i gcomhréir le hAirteagal 29(1).

Aon mhéid cánach breisiúcháin breise atá dlite, iolrófar faoin gcóimheas seo a leanas é chun an cháin bhreisiúcháin bhreise atá dlite le haghaidh na dlínse a ríomh:

Ioncam cáilitheach an chomheintitis
Glanioncam cáilitheach na dlínse

sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcinnfear ioncam cáilitheach an chomheintitis i gcomhréir le Caibidil III le haghaidh gach bliana fiosaí ina bhfuil iarhméid gan íoc sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta le haghaidh na dlínse; agus
- (b) i gcás ina gcinnfear an glanioncam cáilitheach na dlínse i gcomhréir le hAirteagal 26(2) le haghaidh gach bliana fiosaí ina bhfuil iarhméid gan íoc sna cuntais athghabhála um cháin dáileachán measta le haghaidh na dlínse.

Airteagal 41

An ráta cánach éifeachtach agus cáin bhreisiúcháin eintitis infheistíochta a chinneadh

1. I gcás inar eintiteas infheistíochta nach bhfuil trédhearcach go fiosaí agus nach ndearna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 42 agus 43 é comheintiteas ghrúpa FIN nó grúpa mórsála intíre, ríomhfar ráta cánach éifeachtach an eintitis infheistíochta sin ar leithligh ó ráta cánach éifeachtach na dlínse ina bhfuil sé lonnaithe.

2. Beidh ráta cánach éifeachtach an eintitis infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 cothrom lena chánacha cumhdaithe coigeartaithe arna roinnt ar mhéid atá cothrom le cion in-leithdháilte ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre in ioncam nó i gcaillteanas cáilitheach an eintitis infheistíochta.

I gcás ina bhfuil níos mó ná eintiteas infheistíochta amháin lonnaithe i ndlínse, ríomhfar a ráta cánach éifeachtach trína gcánacha cumhdaithe coigeartaithe mar aon le cion in-leithdháilte ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre ina n-ioncam nó ina gcaillteanas cáilitheach a chomhcheangal le chéile.

3. Is éard a bheidh i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe eintitis infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 na cánacha cumhdaithe coigeartaithe atá inchurtha i leith chion in-leithdháilte ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre in ioncam cáilitheach an eintitis infheistíochta agus na cánacha cumhdaithe a leithdháiltear ar an eintiteas infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 24. Ní áireofar i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe an eintitis infheistíochta aon chánacha cumhdaithe a d'fhabhraigh an t-eintiteas infheistíochta i leith ioncaim nach cuid é de sciar in-leithdháilte de chuid ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre d'ioncam an eintitis infheistíochta.

4. Is éard a bheidh i gcáin bhreisiúcháin eintitis infheistíochta dá dtagraítear i mír 1, ar méid é atá cothrom le céatadán cánach breisiúcháin an eintitis infheistíochta arna iolrú faoi mhéid atá cothrom leis an difríocht idir cion in-leithdháilte de chuid ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre in ioncam cáilitheach an eintitis infheistíochta agus an t-eisiamh ioncaim bunaithe ar shubstaint a ríomhtar le haghaidh an eintitis infheistíochta.

Is éard a bheidh i gcéatadán cánach breisiúcháin an eintitis infheistíochta méid dearfach atá cothrom leis an difríocht idir an t-íosráta cánach agus ráta cánach éifeachtach an eintitis infheistíochta sin.

I gcás ina bhfuil níos mó ná eintiteas infheistíochta amháin lonnaithe i ndlínse, ríomhfar a ráta cánach éifeachtach trína méideanna eisiata ioncaim bunaithe ar shubstaint mar aon le cion in-leithdháilte an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre ina n-ioncam nó ina gcaillteanas cáilitheach a chomhcheangal le chéile.

Cinnfear eisiamh ioncaim eintitis infheistíochta bunaithe ar shubstaint i gcomhréir le hAirteagal 28(1) go (7). Costais phárolla incháilithe le haghaidh fostaithe incháilithe agus sócmhainní inláimhsithe incháilithe a tugadh san áireamh le haghaidh eintiteas infheistíochta den sórt sin, laghdófar iad i gcomhréir le cion in-leithdháilte de chuid ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre in ioncam cáilitheach an eintitis infheistíochta arna roinnt ar ioncam cáilitheach iomlán an eintitis infheistíochta sin.

5. Chun críocha an Airteagail seo, cinnfear an sciar in-leithdháilte den ghrúpa FIN nó den ghrúpa mórsála intíre in ioncam nó cailteanas cáilitheach eintitis infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 9 gan a chur san áireamh ach leasanna nach bhfuil faoi réir roghnaithe i gcomhréir le hAirteagal 42 nó 43.

Airteagal 42

Roghnú chun caitheamh le heintiteas infheistíochta mar eintiteas atá trédhearcach go fíoscach

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “eintiteas infheistíochta” árachais eintiteas a chomhlíonfadh an sainmhíniú ar chiste infheistíochta a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (31), nó ar mheán infheistíochta réadmhaoine a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (32), mura mbunófaí i ndáil le dliteanais faoi chonradh árachais nó faoi chonradh blianachta é agus mura raibh sé ar úinéireacht iomlán ag eintiteas atá faoi réir rialáil sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe mar chuideachta árachais.

2. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, féadfar caitheamh le comheintiteas is comhdaitheoir gur eintiteas infheistíochta é nó le heintiteas infheistíochta árachais mar eintiteas atá trédhearcach go fíoscach má tá an t-úinéir comheintitis faoi réir cáin sa dlínse ina bhfuil sé lonnaithe faoi luach margaidh cóir nó córas comhchosúil atá bunaithe ar na hathruithe bliantúla ar luach cóir a leasanna úinéireachta san eintiteas sin agus má tá an ráta cánach is infheidhme maidir leis an úinéir comheintitis i dtaca leis an ioncam sin cothrom leis an íosráta cánach nó níos mó ná sin.

3. Maidir le comheintiteas a bhfuil leas úinéireachta in eintiteas infheistíochta nó in eintiteas infheistíochta árachais ar úinéireacht indíreach aige trí leas úinéireachta díreach in eintiteas infheistíochta eile nó trí eintiteas infheistíochta árachais eile, measfar é a bheith faoi réir cáin faoi luach margaidh cóir nó faoi chóras comhchosúil i leith a leasa úinéireachta indíreach san eintiteas nó san eintiteas infheistíochta árachais céadluaite má tá sé faoi réir luach margaidh cóir nó córas comhchosúil i leith a leasa úinéireachta dhíreach sa dara heintiteas nó sa dara heintiteas infheistíochta árachais a luaitear.

4. Déanfar an roghnú faoi mhír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 45(1).

Má chúlghairtear an roghnú, aon ghnóthachan nó aon chailteanas ó dhiúscairt sócmhainne nó dliteanas a bhí ar seilbh ag an eintiteas infheistíochta nó eintiteas infheistíochta árachais, cinnfear é ar bhonn luach margaidh cóir na sócmhainne nó an dliteanas ar an gcéad lá den bhliain ina ndéantar an chúlghairm.

Airteagal 43

Roghnú modh dáilte inchánach a chur i bhfeidhm

1. Arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, féadfaidh úinéir comheintitis eintitis infheistíochta modh dáilte inchánach a chur i bhfeidhm i leith a leasa úinéireachta san eintiteas infheistíochta, ar choinníoll nach eintiteas infheistíochta é an t-úinéir comheintitis agus gur féidir a mheas go réasúnach go mbeidh sé faoi réir cáin ar dháileacháin ón eintiteas infheistíochta ag ráta cánach atá cothrom leis an íosráta cánach nó níos mó ná sin.

2. Faoin modh dáilte inchánach, áireofar dáileacháin agus dáileacháin mheasta ioncaim cháilithigh eintitis infheistíochta in ioncam cáilitheach an úinéara comheintitis a fuair an dáileachán, ar choinníoll nach eintiteas infheistíochta é.

An méid cánacha cumhdaithe a thabhaíonn an t-eintiteas infheistíochta atá inchreidiúnaithe in aghaidh dhliteanas cánach an úinéara comheintitis a eascraíonn ó dháileachán eintitis infheistíochta, áireofar an méid sin in ioncam cáilitheach agus i gcánacha cumhdaithe coigeartaithe an úinéara comheintitis a fuair an dáileachán.

Maidir le cion an úinéara comheintitis i nglanioncam cáilitheach neamhdháilte an eintitis infheistíochta dá dtagraítear i mír 3 sa tríú bliain roimh an mbliain fhioscach (“an bhliain thástáilte”), caithfear leis an gcion sin mar ioncam cáilitheach de chuid an eintitis infheistíochta sin le haghaidh na bliana fioscaí. An méid atá cothrom leis an ioncam cáilitheach sin arna iolrú faoin íosráta cánach, caithfear leis mar cháin bhreiseiúcháin comheintitis ísealchánach le haghaidh na bliana fioscaí chun críocha Chaibidil II.

Maidir le hioncam nó cailteanas cáilitheach eintitis infheistíochta agus na cánacha cumhdaithe coigeartaithe is inchurtha i leith an ioncaim sin, le haghaidh na bliana fioscaí, eisiafar iad ón ríomh ar an ráta cánach éifeachtach i gcomhréir le Caibidil V agus Airteagal 41(1) go (4), ach amháin le haghaidh an mhéid cánacha cumhdaithe dá dtagraítear sa dara fómhír den Airteagal seo.

3. Is éard a bheidh i nglanioncam cáilitheach neamhdháilte eintitis infheistíochta le haghaidh bliain fhioscach thástáilte méid ioncaim cháilithigh an eintitis infheistíochta sin le haghaidh na bliana tástáilte arna laghdú, suas go nialas, faoi na nithe seo a leanas:

- (a) cánacha cumhdaithe an eintitis infheistíochta;
- (b) dáileacháin agus dáileacháin mheasta ar scairsealbhóirí nach eintitis infheistíochta iad le linn na tréimhse ón gcéad lá den tríú bliain roimh an mbliain fhioscach agus ag críochnú ar an lá deiridh den bhliain fhioscach tuairiscithe ina sealbhaíodh an leas úinéireachta (“an tréimhse thástála”);
- (c) cailteanas cháilitheacha a thagann chun cinn le linn na tréimhse tástála; agus
- (d) aon mhéid iarmharach de chailteanas cháilitheacha nár laghdaigh glanioncam cáilitheach neamhdháilte an eintitis infheistíochta sin cheana le haghaidh bliain thástáilte roimhe sin, eadhon “an tabhairt ar aghaidh cailteanas infheistíochta”.

Ní laghdófar glanioncam cáilitheach neamhdháilte eintitis infheistíochta le dáileacháin nó le dáileacháin mheasta lenar laghdaíodh glanioncam cáilitheach neamhdháilte an eintitis infheistíochta sin cheana le haghaidh bliain thástáilte roimhe sin agus an chéad fómhír, pointe (b), á chur i bhfeidhm.

Ní laghdófar glanioncam cáilitheach neamhdháilte eintitis infheistíochta faoin méid cailteanas cáilitheach lenar laghdaíodh glanioncam cáilitheach neamhdháilte an eintitis infheistíochta sin cheana le haghaidh bliain thástáilte roimhe sin agus an chéad fómhír, pointe (c), á chur i bhfeidhm.

4. Chun críocha an Airteagail seo, beidh dáileachán measta ann nuair a aistrítear leas úinéireachta díreach nó indéach san eintiteas infheistíochta chuig eintiteas nach le grúpa FIN ná an grúpa mórsála intíre é agus atá cothrom leis an gcion den ghlanioncam cáilitheach neamhdháilte is inchurtha i leith an leasa úinéireachta sin ar dháta an aistrithe sin, arna chinneadh gan aird a thabhairt ar an dáileachán measta.

5. Déanfar an roghnú faoi mhír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 45(1).

Má chúlghairtear an roghnú, caithfear le cion an úinéara comheintitis i nglanioncam cáilitheach neamhdháilte an eintitis infheistíochta le haghaidh na bliana tástáilte ag deireadh na bliana fiosaí a dhéantar roimh bhliain fhioscach na cúlghairme, mar ioncam cáilitheach de chuid an eintitis infheistíochta le haghaidh na bliana fiosaí. An méid atá cothrom leis an ioncam cáilitheach sin arna iolrú faoin íosráta cánach, caithfear leis mar cháin bhreisiúcháin comheintitis ísealachánach le haghaidh na bliana fiosaí chun críocha Chaibidil II.

Caibidil VIII

Forálacha riaracháin

Airteagal 44

Oibleagáidí comhdúcháin

1. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- ciallaíonn “eintiteas áitiúil ainmnithe” comheintiteas ghrúpa FIN nó ghrúpa mórsála intíre atá lonnaithe i mBallstát agus ar cheap na comheintitis eile de chuid ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre atá lonnaithe sa Bhallstát céanna é chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú nó chun na fógraí a chur isteach i gcomhréir leis an Airteagal seo thar a gceann;
- ciallaíonn “comhaontú údarás inniúil cáilitheach” comhaontú nó comhshocrú déthaobhach nó iltaobhach idir dhá údarás inniúil nó níos mó ná sin lena ndéantar foráil maidir le malartú uathoibríoch tuairisceán faisnéise bliantúil maidir le cáin bhreisiúcháin.

2. Comhdóidh comheintiteas atá lonnaithe i mBallstát tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin lena údarás fioscach i gcomhréir le mír 5.

Féadfaidh eintiteas áitiúil ainmnithe an tuairisceán sin a chomhdú thar ceann an chomheintitis.

3. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh oibleagáid ar chomheintiteas tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú lena údarás fioscach má chomhdaigh aon cheann díobh seo a leanas tuairisceán den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 5:

- an máthaireintiteas deiridh atá lonnaithe i ndlínse a bhfuil, le haghaidh na bliana fiosaí tuairiscithe, comhaontú údarás inniúil cáilitheach i bhfeidhm aici leis an mBallstát ina bhfuil an comheintiteas lonnaithe; nó
- an t-eintiteas is comhdaitheoir ainmnithe atá lonnaithe i ndlínse a bhfuil, le haghaidh na bliana fiosaí tuairiscithe, comhaontú údarás inniúil cáilitheach i bhfeidhm aici leis an mBallstát ina bhfuil an comheintiteas lonnaithe.

4. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 3, tabharfaidh an comheintiteas atá lonnaithe i mBallstát fógra dá údarás fioscach faoi chéannacht an eintitis a chomhdóidh an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin agus faoin dlínse ina bhfuil sé lonnaithe nó tabharfaidh eintiteas áitiúil ainmnithe an fógra sin thar ceann an chomheintitis.

5. Comhdófar an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin i dteimpléad caighdeánach agus áireofar ann an fhaisnéis seo a leanas i leith an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre:

- céannacht na gcomheintiteas, lena n-áirítear a n-uimhir aitheantais chánach, más ann dóibh, sa dlínse ina bhfuil siad lonnaithe agus a stádas faoi rialacha na Treorach seo;

- (b) faisnéis faoi struchtúr corparáide foriomlán an ghrúpa FIN nó an ghrúpa mórsála intíre, lena n-áirítear na leasanna urlámhais sna comheintitis atá ar seilbh ag comheintitis eile;
- (c) an fhaisnéis uile is gá chun na nithe seo a leanas a ríomh:
 - (i) an ráta cánach éifeachtach le haghaidh gach dlínse agus cáin bhreisiúcháin gach comheintitis;
 - (ii) cáin bhreisiúcháin comhalta grúpa comhfhiontar;
 - (iii) an leithdháileadh cánach breisiúcháin faoi IRR agus leithdháileadh méid cháin bhreisiúcháin UTPR ar gach dlínse; agus
- (d) taifead ar na roghnuithe a dhéantar i gcomhréir leis an Treoir seo.

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina bhfuil comheintiteas lonnaithe i mBallstát agus ina bhfuil máthaireintiteas deiridh lonnaithe i ndlínse tríú tír ina gcuirtear i bhfeidhm rialacha a mheastar a bheith coibhéiseach le rialacha na Treorach seo de bhun Airteagal 52, comhdóidh an comheintiteas nó an t-eintiteas áitiúil ainmnithe tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis uile is gá chun Airteagal 8 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - (i) céannacht na gcomheintiteas uile ina bhfuil leas úinéireachta ar seilbh, go díreach nó go hindíreach, ag máthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht atá lonnaithe i mBallstát tráth ar bith le linn na bliana fiosaí agus struchtúr na leasanna úinéireachta sin;
 - (ii) an fhaisnéis uile is gá chun ráta cánach éifeachtach na ndlíní ina bhfuil leasanna úinéireachta ag comheintitis a shainaithnítear faoi phointe (i) ar seilbh ag máthaireintiteas faoi pháirt-úinéireacht atá lonnaithe i mBallstát agus an cháin bhreisiúcháin atá dlite a ríomh; agus
 - (iii) an fhaisnéis uile is ábhartha chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 9, 10 agus 11;
- (b) an fhaisnéis uile is gá chun Airteagal 13 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - (i) céannacht na gcomheintiteas uile atá lonnaithe i ndlínse an mháthaireintitis agus struchtúr na leasanna úinéireachta sin;
 - (ii) an fhaisnéis uile is gá chun ráta cánach éifeachtach dhlínse an mháthaireintitis deiridh agus a cháin bhreisiúcháin atá dlite a ríomh; agus
 - (iii) an fhaisnéis uile is gá chun an cháin bhreisiúcháin sin a leithdháileadh bunaithe ar fhoirmle leithdháilte UTPR a leagtar amach in Airteagal 14.
- (c) an fhaisnéis uile atá riachtanach chun cáin bhreisiúcháin náisiúnta cháilithe a chur i bhfeidhm ag aon Bhallstát a roghnaigh cáin bhreisiúcháin den sórt sin a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 11.

7. An tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 agus aon fhógra ábhartha, comhdófar iad le húdarás fíoscach an Bhallstáit ina bhfuil an comheintiteas lonnaithe tráth nach déanaí ná 15 mhí tar éis an lae dheireanaigh sa bhliain fhíoscach tuairiscithe.

Airteagal 45

Roghnuithe

1. Na roghnuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(3), an dara fómhír, Airteagal 16(3), (6) agus (9), agus in Airteagail 42 agus 43, beidh siad bailí le haghaidh tréimhse 5 bliana, ó thús na bliana ina ndéantar an roghnú. Athnuafar an roghnú go huathoibríoch ach amháin má chúlghaireann an comheintiteas is comhdaitheoir an roghnú ag deireadh na tréimhse 5 bliana. Beidh cúlghairm an roghnaithe bailí ar feadh tréimhse 5 bliana, ó dheireadh na bliana ina ndéantar an cúlghairm.
2. Beidh an roghnú dá dtagraítear in Airteagal 16(7), Airteagal 22(1)(b), Airteagal 25(1), Airteagal 28(2), Airteagal 30(1) agus Airteagal 40(1) bailí ar feadh tréimhse bliana. Athnuafar an roghnú go huathoibríoch ach amháin má chúlghaireann an comheintiteas is comhdaitheoir an roghnú ag deireadh na bliana.

3. Déanfar na roghnuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(3), an dara fómhír, Airteagal 16(3), (6),(7) agus 16(9), Airteagal 22(1)(b), Airteagal 25(1), Airteagal 28(2), Airteagal 30(1), Airteagal 40(1), agus Airteagail 42 agus 43 chuig údarás fioscach an Bhallstáit ina bhfuil an comheintiteas is comhdaitheoir lonnaithe.

Airteagal 46

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an oibleagáid atá ar chomheintiteas a sciar cánach breisithe a chomhdú agus a íoc nó costas breise cánach airgid a bheith aige, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Caibidil IX

Rialacha idirthréimhseacha

Airteagal 47

Cóireáil cánach ar shócmhainní cánach iarchurtha, ar dhliteanais chánach iarchurtha agus ar shócmhainní aistrithe tráth an trasdula

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “idirbhliain” i gcás dlínse, an chéad bhliain fhioscach a thagann grúpa FIN nó grúpaí mórskála intíre faoi raon feidhme na Treorach seo i leith na dlínse sin.

2. Agus an ráta cánach éifeachtach á chinneadh le haghaidh dlínse in idirbhliain agus le haghaidh gach bliana fiosaí ina dhiaidh sin, cuirfidh grúpa FIN nó an grúpaí mórskála intíre san áireamh na sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha uile a léirítear nó a nochtar i gcuntais airgeadais na gcomheintiteas uile i ndlínse le haghaidh na hidirbhliana.

Cuirfear sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha san áireamh ag an íosráta cánach nó ag an ráta cánach náisiúnta is infheidhme, pé acu is ísle. Maidir le sócmhainn cánach iarchurtha a thaifeadadh ag ráta cánach atá níos ísle ná an t-íosráta cánach, áfach, féadfar í a chur san áireamh ag an íosráta cánach más féidir leis an gcáiníocóir a léiriú go bhfuil an tsócmhainn cánach iarchurtha inchurtha i leith cailiteanas cáilitheach.

Tabharfar neamhaird ar thionchar aon choigeartaithe luachála nó aon choigeartaithe aitheanta cuntasaoíochta i leith sócmhainn cánach iarchurtha.

3. Maidir le sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn ó mhíreanna a eisiatar ón ríomh ar ioncam nó ar chaillteanas cáilitheach i gcomhréir le Caibidil III, eisiafar ón ríomh dá dtagraítear i mír 2 iad i gcás ina ngintear na sócmhainní cánach iarchurtha sin in idirbhearta a dhéantar tar éis an 30 Samhain 2021.

4. I gcás aistriú sócmhainní idir comheintitis tar éis an 30 Samhain 2021 agus roimh thús idirbhliana, bunófar bunús na sócmhainní a fuarthas, seachas fardal, ar an luach anonn an chomheintitis diúscartha, ar luach anonn é a bhí ag gabháil leis na sócmhainní aistrithe tráth na diúscartha le sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha arna gcinneadh ar an mbonn sin.

Airteagal 48

Faoiseamh idirthréimhseach le haghaidh an eisiaimh ioncaim bunaithe ar shubstaint

1. Chun críoch Airteagal 28(3) a chur i bhfeidhm, cuirfear na luachanna a leagtar amach sa tábla seo a leanas in ionad luach 5 %, i gcás gach bliana fioscaí ag tosú ón 31 Nollaig gach bliain féilire ina dhiaidh sin:

2023	10 %
2024	9,8 %
2025	9,6 %
2026	9,4 %
2027	9,2 %
2028	9,0 %
2029	8,2 %
2030	7,4 %
2031	6,6 %
2032	5,8 %

2. Chun críoch Airteagal 28(4) a chur i bhfeidhm, cuirfear na luachanna a leagtar amach sa tábla seo a leanas in ionad luach 5 %, i gcás gach bliana fioscaí ag tosú a ón 31 Nollaig gach bliain féilire ina dhiaidh sin:

2023	8 %
2024	7,8 %
2025	7,6 %
2026	7,4 %
2027	7,2 %
2028	7,0 %
2029	6,6 %
2030	6,2 %
2031	5,8 %
2032	5,4 %

Airteagal 49

An chéim thosaigh d'eisiamh grúpaí FIN agus grúpaí mórsála intíre ó IIR agus UTPR

1. Déanfar an cháin bhreisiúcháin atá dlite ag máthaireintiteas deiridh atá lonnaithe i mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 5(2), nó ag máthaireintiteas idirmheánach atá lonnaithe i mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 7(2) nuair is eintiteas eisiata é an máthaireintiteas deiridh, a laghdú go nialas sna cásanna a leanas:

- sa chéad 5 bliana den chéim thosaigh de ghníomhaíocht idirnáisiúnta an ghrúpa FIN d'ainneoin na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil V;
- sna chéad 5 bliana, ag tosú ón gcéad lá den bhliain fhioscach ina dtagann grúpa mórsála intíre faoi raon feidhme na Treorach seo den chéad uair.

2. I gcás ina bhfuil máthaireinteachas deiridh ghrúpa FIN lonnaithe i ndlínse tríú tír, an cháin bhreiseúcháin atá dlite ag comheinteachas atá lonnaithe i mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 14(2), laghdófar go nialas í sa chéad 5 bliana de chéim thosaigh ghníomhaíocht idirnáisiúnta ghrúpa FIN sin d'ainneoin na gceanglas a leagtar síos i gCaibidil V.

3. Measfar grúpa FIN a bheith sa chéim thosaigh dá ghníomhaíocht idirnáisiúnta más rud é, le haghaidh bliain fhioscach:

(a) nach bhfuil comheinteachas aige i níos mó ná sé dhlínse; agus

(b) iomlán an ghlanluacha de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe chomheinteachas uile an ghrúpa FIN atá lonnaithe i ngach dlínse seachas sa dlínse thagartha, nach mó ná EUR 50 000 000 é.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), ciallaíonn dlínse thagartha an dlínse ina bhfuil an luach iomlán is airde de shócmhainní inláimhsithe ag comheinteachas ghrúpa FIN sa bhliain fhioscach ina dtagann grúpa FIN faoi raon feidhme na Treorach seo ar dtús. Is éard a bheidh i luachanna iomlána sócmhainní inláimhsithe i ndlínse iomlán na nglanluachanna de réir na leabhar a ghabhann le sócmhainní inláimhsithe comheinteachas uile ghrúpa FIN atá lonnaithe sa dlínse sin.

4. An tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i míreanna 1, pointe (a), agus i mír 2, tosóidh sí ó thús na bliana fiosaí ina dtagann an grúpa FIN faoi raon feidhme na Treorach ar dtús.

Maidir le grúpaí FIN a bheidh faoi raon feidhme na Treorach seo tráth a thiocfaidh sí i bhfeidhm, tosóidh an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ar an 31 Nollaig 2023.

Maidir le grúpaí FIN a bheidh faoi raon feidhme na Treorach seo tráth a thiocfaidh sí i bhfeidhm, tosóidh an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i mír 2 ar an 31 Nollaig 2024.

Maidir le grúpaí mórsála intíre a bheidh faoi raon feidhme na Treorach seo tráth a thiocfaidh sí i bhfeidhm, tosóidh an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar an 31 Nollaig 2023.

5. Cuirfidh an t-einteachas is comhdaitheoir ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 44 údarás fioscach an Bhallstáit ina bhfuil sé lonnaithe ar an eolas faoi thús na céime tosaigh de ghníomhaíocht idirnáisiúnta ghrúpa FIN.

Airteagal 50

Roghnú cur i bhfeidhm IIR agus UTPR a chur siar

1. De mhaolú ar Airteagail 5 go 14, féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil níos mó ná 12 máthaireinteachas deiridh de ghrúpaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo lonnaithe iontu a roghnú gan an IIR ná an UTPR a chur i bhfeidhm go ceann 6 bliana fhioscacha as a chéile ag tosú amhail ón 31 Nollaig 2023. Tabharfaidh na Ballstáit a roghnaíonn amhlaidh fógra don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2023.

2. I gcás ina bhfuil máthaireinteachas deiridh ghrúpa FIN lonnaithe i mBallstát a rinne roghnú de bhun mhír 1 den Airteagal seo, áiríteoidh na Ballstáit, seachas an ceann ina bhfuil an máthaireinteachas lonnaithe, go bhfuil comheinteachas ghrúpa FIN faoi réir, sa Bhallstát ina bhfuil siad lonnaithe, méid cháin bhreiseúcháin UTPR arna leithdháileadh ar an mBallstát sin do na blianta fioscacha ag tosú amhail ón 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le hAirteagal 14.

Ainmneoidh an máthaireinteachas deiridh a luaitear sa chéad fhomhír einteachas is comhdaitheoir ainmnithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an máthaireinteachas deiridh lonnaithe nó, mura bhfuil comheinteachas bunaithe ag grúpa FIN i mBallstát eile de chuid an Aontais, i ndlínse tríú tír ag a bhfuil comhaontú údaráis inniúil cáilitheach don bhliain fhioscach tuairiscithe atá i bhfeidhm leis an mBallstát ina bhfuil an máthaireinteachas deiridh lonnaithe.

I gcásanna den chineál sin, déanfaidh an t-eintiteas is comhdaitheoir ainmnithe tuairisceán faisnéise cánach a chomhdú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 44(5). Déanfaidh na comheintitis atá lonnaithe sa Bhallstát a d'fheidhmigh an rogha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis is gá chun Airteagal 44(5) a chomhlíonadh a chur ar fáil don eintiteas is comhdaitheoir ainmnithe agus díolúine aige ón gceanglas maidir le taisceadh dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

3. Measfar an céatadán UTPR a cinneadh do Bhallstát a rinne roghnú de bhun mhír 1 a bheith ag nialas don bhliain fhioscach.

Airteagal 51

Faoiseamh idirthréimhseach le haghaidh oibleagáidí comhdúcháin

D'ainneoin Airteagal 44(7), comhdófar an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin agus na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 44 le húdarás fioscach na mBallstát tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis an lae dheireanaigh den bhliain fhioscach tuairiscithe arb í an idirbhliain dá dtagraítear in Airteagal 47.

Caibidil XI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 52

Measúnú ar choibhéis

1. An creat dlíthiúil a chuirtear chun feidhme i ndlí náisiúnta dlínse tríú tír, measfar é a bheith coibhéiseach le rialail maidir le cuimsiú ioncaim a leagtar amach i gCaibidil II, agus ní chaithfear leis mar chóras cánach cuideachtaí eachtracha rialaithe, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas leis:

- (a) go gcuirtear tacar rialacha chun feidhme ar i gcomhréir leo a ríomhfaidh máthaireintiteas ghrúpa FIN a chion is in-leithdháilte den cháin bhreisiúcháin i leith chomheintitis ísealchánach ghrúpa FIN agus a bhaileoidh sé an cháin sin;
- (b) go mbunaítear íosráta cánach éifeachtach de 15 % ar a laghad faoina meastar comheintiteas a bheith ina chomheintiteas ísealchánach;
- (c) chun an t-íosráta cánach éifeachtach a ríomh, nach gceadaítear ach ioncam eintiteas atá lonnaithe sa dlínse chéanna a chumasc; agus
- (d) chun críoch cáin bhreisiúcháin a ríomh faoin rialail choibhéiseach maidir le cuimsiú ioncaim incháilithe, go bhforálfar ann maidir le faoiseamh i leith aon chánach breisiúcháin a íocadh i mBallstát agus an rialail maidir le cuimsiú ioncaim á cur i bhfeidhm agus maidir le haon cháin bhreisiúcháin náisiúnta incháilithe a leagtar amach sa Treoir seo.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an liosta de dhlínsí tríú tír a chuir creat dlíthiúil chun feidhme ina ndlí náisiúnta a mheastar a bheith coibhéiseach le IIR cáilithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, agus an liosta sin a nuashonrú mar thoradh ar mheasúnú ina dhiaidh sin ar an gcreat dlíthiúil arna chur chun feidhme ag dlínse tríú tír ina dlí náisiúnta.

Airteagal 53

An tarmilgean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 52 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 23 Nollaig 2022.

3. Féadfaidh an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 52 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 52 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle.

Airteagal 54

Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le gníomhartha tarmligthe a bheith glactha, maidir le haon agóid ina leith, agus maidir le cúlghairm na gcumhachtaí tarmligthe ag an gComhairle.

Airteagal 55

Comhaontú déthaobhach maidir le hoibleagáidí tuairiscithe simplithe

Féadfaidh an tAontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le dlínsí tríú tír ar measadh a gcreataí dlíthiúla a bheith coibhéiseach le IIR cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 52 d'fhonn creat a shocrú chun na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha síos in Airteagal 44(6) a shimpliú.

Airteagal 56

Trasú

Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2023. Cuirfidh siad téacs na mbearta sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm i leith na mblianta fioscacha ag tosú ón 31 Nollaig 2023.

Cé is moite den socrú dá bhforáiltear in Airteagal 50(2) áfach, cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta is gá chun Airteagail 12, 13 agus 14 a chomhlíonadh i leith na mblianta fioscacha ag tosú amhail ón 31 Nollaig 2024.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

Airteagal 57

Athbheithniú ag an gCoimisiún ar Chur Chun Feidhme Cholún a hAon

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2023, tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar an staid maidir le cur chun feidhme Cholún a hAon de Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair arna haontú le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS an 8 Dheireadh Fómhair 2021 agus, más iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoina bráid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach sin in éagmais chur chun feidhme réiteach Cholún a hAon.

*Airteagal 58***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 59***Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/2524 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a chuimsítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fhomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún, an 15 Meitheamh 2018, tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 leis an Nua-Shéalainn maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.
- (2) Tugadh an chaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn i gcrích agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (“an Comhaontú”) an 20 Nollaig 2021.
- (3) Síniódh an Comhaontú thar ceann an Aontais an 20 Iúil 2022, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/781 ón gComhairle ⁽²⁾.
- (4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

⁽¹⁾ Toiliú ó 22 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2022/781 an 16 Bealtaine 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a chuimsítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 140, 19.5.2022, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a chuimsítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ⁽³⁾.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) den Chomhaontú ⁽⁴⁾.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽³⁾ Féach leathanach 61 den Iris Oifigiúil seo.

⁽⁴⁾ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN NUA-SHÉALAINN DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII DE CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA 1994 UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) A BHAINNEANN LE LAMHÁLTAIS A MHODHNÚ AR NA CUÓTAÍ RÁTA TARAIFE UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL AE CLXXV MAR THORADH AR THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

dá ngairtear “an tAontas” anseo feasta

agus

AN NUA-SHÉALAINN,

dá ngairtear “na Páirtithe” i gcomhpháirt anseo feasta,

AG FÉACHAINT don chaibidlíocht a rinneadh faoi chuimsiú Airteagail XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann leis an modhnú lamháltas atá beartaithe ar na cuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal AE CLXXV mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i ndoiciméad G/SECRET/42/Add.2,

AG TABHAIRT DÁ N-AIRE go léirítear leis an gcur chuige a glacadh sa chás seo na cúinsí uathúla a eascraíonn as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cuspóirí

Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, agus chun na gcríoch sin amháin, is é cuspóir an Chomhaontaithe seo teacht ar chomhaontú maidir le modhnú na lamháltas ar chuótaí ráta taraife agus le gealltanais chainníochtúla an Aontais a eascraíonn as sin, Aontas nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh, i leith na cuótaí ráta taraife a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin ag an Nua-Shéalainn ina leith faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Airteagal 2

Cur chuige atá le glacadh maidir le méideanna cuótaí ráta taraife sa chás seo

Tuigeann an tAontas agus an Nua-Shéalainn go mbeidh an cur chuige atá le glacadh maidir le méideanna na gcuótaí ráta taraife sin de chuid EDT sna cúinsí uathúla a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas sa chaoi is nach rachaidh na gealltanais chainníochtúla sceidealta i bhfoirm na dtaraif-chuótaí sin de chuid EDT a ghlacann an tAontas air féin, mar aon leis na cuótaí ráta taraife comhfhreagracha de chuid EDT a ghlacann an Ríocht Aontaithe uirthi féin i ndiaidh imeacht di as an Aontas, thar mhéideanna na gcuótaí sin a leagtar amach sa Sceideal AE (AE28).

Airteagal 3

Cuótaí ráta taraife an Aontais nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh iontu a thuilleadh

1. Maidir leis na cuótaí ráta taraife thíos, comhaontaíonn an Nua-Shéalainn agus an tAontas ar na hathruithe seo a leanas ar ghealltanais sceidealta mar a leanas:

- (a) Cuóta ráta taraife 006 (feoil ardcháilíochta ó ainmhithe den speiceas buaibheach, agus í úr, fuaraithe nó reoite): déanfar méid an Aontais den chuóta tír-shonrach seo a bhaineann leis an Nua-Shéalainn a choigeartú go 1 102 thona;
- (b) Cuóta ráta taraife 020 (caoireoil): déanfar méid an Aontais den chuóta tír-shonrach seo a bhaineann leis an Nua-Shéalainn a choigeartú go 125 769 dtona;

- (c) Cuóta ráta taraife 030 (púdar bainne bhearrtha): déanfar méid an Aontais den chuóta *erga omnes* seo a choigeartú go 62 917 tona.
2. Maidir leis na cuótaí ráta taraife thíos, comhaontaíonn an Nua-Shéalainn agus an tAontas ar na hathruithe seo a leanas ar ghealltanais scidealta chun úsáid roinnt cuótaí ráta taraife a éascú:
- (a) Cuóta ráta taraife 011 (feoil ó ainmhithe den speiceas buaibheach, agus í reoite; scairteach inite ó ainmhithe den speiceas buaibheach, agus í reoite): laghdóidh an tAontas an chuid *ad valorem* den dleacht laistigh den chuóta ó 20 % go 15 %;
- (b) Cuóta ráta taraife 032 (im): bainfidh an tAontas na sonraíochtaí sonracha táirge a raibh feidhm acu faoin gcuóta ráta taraife seo agus déanfaidh sé na sonraíochtaí táirge a ailíniú leis an sainmhíniú ar an Ainmniocht Chomhcheangailte d'im agus déanfaidh sé an incháilitheacht a shíneadh chuig cód CC 0405 10 ina iomláine; ina theannta sin, aisghairfidh an tAontas an oibleagáid faireacháin atá in Airteagal 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún freisin, atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le meáchan agus cion saille na dtáirgí arna n-allmhairiú faoin gcuóta ráta taraife seo;
- (c) Cuóta ráta taraife 040 (cáiseanna céadair iomlána): bainfidh an tAontas na sonraíochtaí sonracha táirge a raibh feidhm acu faoin gcuóta ráta taraife seo agus leathnóidh sé an incháilitheacht tairbhiú den chuóta ráta taraife seo chuig cód AC 0406 90 21 ina iomláine.
3. Maidir leis na cuótaí ráta taraife eile i gcás ina bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin ag an Nua-Shéalainn faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, aontaíonn an Nua-Shéalainn leis na gealltanais atá beartaithe a bhaineann le cuótaí ráta taraife mar a leagtar amach sa Doiciméad G/SECRET/42/Add.2 a rinne an tAontas tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar, faoi réir aon choigeartú a eascraíonn as Airteagal 4 thíos.

Airteagal 4

Caibidlíocht leanúnach an Aontais faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an tAontas ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúchán a dhéanamh le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT.
2. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar an gcomhairliúchán sin, féadfaidh an tAontas athrú a mheas ar na scaireanna agus ar na cainníochtaí nó ar na coinníollacha eile a leagtar amach in Airteagal 3 nó orthu sin sa doiciméad G/SECRET/42/Add.2. I gcás athrú den sórt sin maidir le gealltanais a bhaineann le cuótaí ráta taraife de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin ag an Nua-Shéalainn ina leith, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an Nua-Shéalainn d'fhonn toradh comhshásúil a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Airteagal 5

Forálacha críochnaitheacha

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích a nósanna imeachta dlí inmheánacha sonracha is gá chun na críche sin.
2. Is comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn an socrú seo, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) agus (b) de CGTT 1994.
3. Dréachtófar an Comhaontú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus beidh comhúdarás ag gach téacs.

DÁ FHIANÚ SIN tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

**Fógra maidir le dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B den Chomhaontú
Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré**

An leasú ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré ⁽¹⁾, a síníodh sa Bhruiséil an 6 Deireadh Fómhair 2010, tiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

⁽¹⁾ IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2525 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Nollaig 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 21(6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.
- (2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-627/20 ⁽²⁾, ba cheart iontráil a bhaineann le heintiteas amháin atá liostaithe a scriosadh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BEK

⁽¹⁾ IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 28 Meán Fómhair 2022, *Libyan African Investment Company (Laico) v. Council*, T-627/20.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)), Cuid B (Eintitis), scriostar an iontráil seo a leanas:

‘1. Libyan Arab African Investment Company — LAAICO (dá ngairtear freisin LAICO)’.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2526 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dramhaíl mhearcair i bhfoirm leachtach a stóráil go sealadach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2017/852 go meastar gur dramhaíl atá beartaithe le haghaidh diúscairt deiridh iad mearcair agus comhdhúile mearcair, i bhfoirm íon nó i meascáin, ó cheithre fhoinse mhóra a shonraítear san Airteagal sin, de réir bhrí Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Ceanglaítear le hAirteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2017/852, maidir le dramhaíl mhearcair, lena n-áirítear dramhaíl a tháirgtear ó na ceithre phríomhfhoinsí lena mbaineann, go ndéanfar oibríochtaí cóireála sonracha uirthi roimh an diúscairt deiridh, i.e. í a chomhshó agus, i gcás ina mbeartaítear í a dhiúscairt go buan i saoráidí os cionn talún, í a chomhshó agus a sholadú.
- (3) Ceadáítear le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2017/852, de mhaolú ar Airteagal 5(3), pointe (a), de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle ⁽³⁾, dramhaíl mhearcair i bhfoirm leachtach a stóráil go sealadach, go dtí go ndéanfar í a chomhshó agus a sholadú, i láithreáin líonta talún tiomnaithe agus feistithe go dtí an 31 Nollaig 2022, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine a leagtar amach i dTreoir 1999/31/CE.
- (4) Thug faisnéis a thuairiscigh na Ballstáit i mí na Bealtaine 2022 le fios gur raibh breis agus 2 000 tona de dhramhaíl mhearcair leachtach fós i stóráil shealadach san Aontas agus go raibh níos mó ama ag teastáil chun an dramhaíl sin a chomhshó agus a sholadú. Meastar gur gá síneadh a chur leis an tréimhse stórála sin go dtí an 31 Nollaig 2025 chun a áirithiú go leanfar den stóráil shealadach i láithreáin líonta talún i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i dTreoir 1999/31/CE.
- (5) Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (AE) 2017/852 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2017/852, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Scoirfidh an maolú a leagtar amach sa chéad fhomhír d’fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2026.”

⁽¹⁾ IO L 137, 24.5.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

⁽³⁾ Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2527 ÓN gCOIMISIÚN**an 17 Deireadh Fómhair 2022****lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3), Airteagal 14(5), Airteagal 16(5), Airteagal 19(8), Airteagal 22(3), Airteagal 28(10) agus (11), Airteagal 29(6), Airteagal 30(8), Airteagal 33(4), Airteagal 34(5), Airteagal 35(10), Airteagal 36(5), Airteagal 45(6), Airteagal 47(6) agus Airteagal 89 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraíonn sé cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe. Mar thoradh air sin, aisghairtear leis Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, eadhon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 154(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 fós maidir le cur chun feidhme na glár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le caiteachas arna thabhuí ag na tairbhíthe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na glár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunáitear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha (IO L 227, 31.7.2014, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Mar sin féin, beidh feidhm ag an Rialachán sin fós maidir le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus maidir le caiteachas arna thabhu ag na tairbhíthe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2528 ÓN gCOIMISIÚN
an 17 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmlichte (AE) 2017/891 agus lena n-aisghairtear Rialacháin Tharmlichte (AE) Uimh. 611/2014, AE 2015/1366 agus (AE) 2016/1149 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 30, Airteagal 37 pointí (a)(i), (ii) (iii) agus (vi), (b), (c), (d), (e)(i), Airteagal 53, 56(1), 223(2) agus 231(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 62(1), 63(4), 64(6) agus 106(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbaintear cuspóirí an Aontais amach leis, ar cuspóirí iad a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh cuspóirí sin an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus solúbthacht á fágáil faoi na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2115 gach cineál idirghabhála in earnálacha talmhaíochta áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Mar thoradh air sin, le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ scriostar na forálacha maidir le cabhair in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil an fhíona, in earnáil na beachadóireachta agus in earnáil na leannlusanna a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhráithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le dearadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, eadhon trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 611/2014 ⁽⁶⁾, (AE) 2015/1366 ⁽⁷⁾, (AE) 2016/1149 ⁽⁸⁾ agus (AE) 2017/891 ⁽⁹⁾ ón gCoimisiún.
- (4) I Rialacháin Tharmligthe (AE) 2015/1366, (AE) 2016/1149 agus (AE) 2017/891, tá forálacha áirithe a bhaineann le seiceálacha, rialuithe, pionóis nó sonraíocht an teagmhais oibríochtúil a mhéid a bhaineann le cabhair in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachadóireachta agus in earnáil an fhíona a glacadh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- (5) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. I gcomhréir leis an gcur chuige a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir leis an gcaoi ina mbaintear amach cuspóirí an Aontais, sa Rialachán sin fágtar níos mó solúbthachta faoi na Ballstáit freisin, go háirithe a mhéid a bhaineann lena seiceálacha agus rialuithe atá le déanamh agus leis na pionóis atá le forchur.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart na hAirteagail ábhartha de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis a scriosadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus i gcomhréir le hAirteagal 104(1) pointe (a)(ii) agus (iii) de Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart dóibh leanúint d'fheidhm a bheith acu a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhreach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus a mhéid a bhaineann le cláir oibríochtúla a leanfaidh de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh deireadh leo, lena n-áirítear na cláir oibríochtúla sin a fhorhmeasann na Ballstáit in 2022 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 roimh an 1 Eanáir 2023.
- (7) Ba cheart Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 611/2014 agus (AE) 2015/1366 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart dóibh leanúint d'fheidhm a bheith acu a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh de na scéimeanna cabhrach in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird chomh maith le hearnáil na beachadóireachta.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1149 a aisghairm le héifeacht ón 16 Deireadh Fómhair 2023 agus ba cheart feidhm a bheith aige go fóill a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh de na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona agus a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Airteagail 46 agus 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117,

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁶⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 611/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir thacaíochta náisiúnta in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird (IO L 168, 7.6.2014, lch. 55).

⁽⁷⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1366 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cabhair in earnáil na beachadóireachta (IO L 211, 8.8.2015, lch. 3).

⁽⁸⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1149 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir thacaíochta náisiúnta in earnáil an fhíona agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008 ón gCoimisiún (IO L 190, 15.7.2016, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138 25.5.2017, lch. 4).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus ar fhorálacha idirthréimhseacha

Scríostar Airteagal 2, pointí (f) go (m), Airteagail 22 go 54, Airteagail 56, 57 agus 58, Airteagal 59(7) agus (8), Airteagail 60 go 67, Airteagal 76, Airteagal 77, pointe (a), agus Airteagail 78, 79 agus 80 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus larscríbhinní I, II, III, IV agus V a ghabhann leis an Rialachán sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Na hAirteagail agus na hlarscríbhinní sin a scríosadh, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu, áfach:

- (a) a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagal 32 go 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013,
- (b) a mhéid a bhaineann le cláir oibríochtúla a leanfaidh de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh deireadh leo faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/2117 nó a d'fhormheas na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 roimh an 1 Eanáir 2023.

Airteagal 2

Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 611/2014, (AE) 2015/1366 agus (AE) 2016/1149 agus forálacha idirthréimhseacha a aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 611/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29, 30 agus 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1366 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 55, 56 agus 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

3. Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1149 le héifeacht ón 16 Deireadh Fómhair 2023.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) caiteachas arna thabhtú agus íocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh den scéim cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 39 go 52 den Rialachán sin,
- (b) caiteachas arna thabhtú agus íocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Airteagail 46 agus 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na hoibríochtaí sin curtha chun feidhme go páirteach faoin 15 Deireadh Fómhair 2023 agus go mbeidh an caiteachas arna thabhtú cothrom le 30 % ar a laghad den chaiteachas iomlán atá beartaithe acu agus, go mbeidh na hoibríochtaí sin curtha chun feidhme ina n-iomláine faoin 15 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2529 ÓN gCOIMISIÚN**an 17 Deireadh Fómhair 2022**

lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(3), Airteagal 8(3), Airteagal 9(5), Airteagal 35(1), (2) agus (3), Airteagal 36(6), Airteagal 39(3), Airteagal 43(12), Airteagal 44(5), Airteagal 45(5) agus (6), Airteagal 46(9), Airteagal 50(11), Airteagal 52(9), Airteagal 57(3), Airteagal 58(5), Airteagal 59(3) agus Airteagal 67(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraíonn sé cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí díreacha. Mar thoradh air sin, aisghairtear leis Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, eadhon le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (4) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 154(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith aige fós maidir le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2023,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 181, 20.6.2014, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i leith iarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2023.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2530 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Nollaig 2022

lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le hÍocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le hÍocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagail 24(11), 31(2), 34(5), 36(4), 39(4), 43(13), 45(7), 55(2), 57(4) agus Airteagal 67(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a sheachadann sé cuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha. Mar thoradh air sin, aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT *inter alia* le haghaidh íocaíochtaí díreacha, is é sin le rá, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ⁽³⁾ ón gCoimisiún. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún.
- (4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 a aisghairm ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 154(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith aige fós maidir le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2023.
- (5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le hÍocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 181, 20.6.2014, p. 74).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014 agus foráil idirthréimhseach

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 641/2014.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i leith iarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2023.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Nollaig 2022

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2531 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Nollaig 2022

lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 8(3), Airteagal 12, Airteagal 14(6), Airteagal 41, Airteagal 54(4), Airteagal 66(5), Airteagal 67, Airteagal 75(5) agus Airteagal 76(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an mbealach a mbaintear cuspóirí an Aontais amach leis, ar cuspóirí iad a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh na cuspóirí sin de chuid an Aontais atá le baint amach le CBT agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus, an tráth céanna, solúbthacht á fágáil ag na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le soláthar ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe. Dá thoradh sin, aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, *inter alia* le haghaidh forbairt tuaithe, is é sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 808/2014 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 154(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart feidhm a bheith aige fós a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu ag na tairbhíthe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Tuaithe,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 agus foráil idirthréimhseach

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 808/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhu ag na tairbhíthe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2532 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Nollaig 2022****lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, (AE) 2015/1368 agus (AE) 2016/1150 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 31, 38, 54, Airteagal 57, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), Airteagal 60, agus Airteagal 174(1), pointe (d), agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 58(4), pointí (a) agus (b), 62(2), pointí (a) go (d) agus (h), agus Airteagail 63(5), 64(7), 66(4) agus 106(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leagtar síos creat dlíthiúil nua le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an mbealach a mbaintear cuspóirí an Aontais amach leis, ar cuspóirí iad a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh cuspóirí sin an Aontais atá le baint amach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus solúbthacht á fágáil faoi na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.
- (2) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2115 gach cineál idirghabhála in earnálacha talmhaíochta áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. De thoradh air sin, le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ scriostar na forálacha maidir le cabhair in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil an fhíona, in earnáil na beachaireachta agus in earnáil na leannlusanna a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

⁽¹⁾ IO L 347 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 347 20.12.2013, lch. 549.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

- (3) Sa chomhthéacs sin, ghlac an Coimisiún ceanglais bhreise de bhun Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le dearadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT, is é sin trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Cuirtear an Rialachán Tarmligthe sin in ionad na rialacha a leagtar síos faoi láthair i Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, agus i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014 ⁽⁷⁾, (AE) 2015/1368 ⁽⁸⁾, (AE) 2016/1150 ⁽⁹⁾ agus (AE) 2017/892 ⁽¹⁰⁾ ón gCoimisiún freisin.
- (4) Tá forálacha áirithe sna Rialacháin sin a bhaineann le seiceálacha, rialuithe, pionóis, urrúis a mhéid a bhaineann le cabhair in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta, in earnáil an fhíona agus in earnáil na leannlusanna a glacadh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- (5) Le Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾, leagtar síos rialacha maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. I gcomhréir leis an gcur chuige a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/2115 maidir leis an mbealach a mbaintear cuspóirí an Aontais amach, sa Rialachán sin fágfar níos mó solúbthachta faoi na Ballstáit freisin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus rialuithe atá le déanamh agus leis na pionóis atá le forchur.
- (6) Dá thoradh sin, ba cheart na hAirteagail ábhartha de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis a scriosadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus i gcomhréir le hAirteagal 104(1) pointe (a)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus a mhéid a bhaineann le cláir oibríochtúla a leanfaidh de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh deireadh leo, lena n-áirítear na cláir oibríochtúla sin a fhorhmeasann na Ballstáit in 2022 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ⁽¹²⁾ roimh an 1 Eanáir 2023.
- (7) Ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014 agus (AE) 2015/1368 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh de na scéimeanna cabhrach in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnáil na beachaireachta, faoi seach.

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2010 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le híocaíochtaí le heagraíochtaí táirgeoirí Gearmánacha in earnáil na leannlusanna (IO L 216, 17.8.2010, lch. 11).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm i leith cláir oibre chun tacú le hearnálacha na hola olóige agus na n-ológ boird (IO L 168, 7.6.2014, lch. 95).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair in earnáil na beachaireachta (IO L 211, 8.8.2015, lch. 9).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

⁽¹²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

- (8) I gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 a aisghairm le héifeacht ón 16 Deireadh Fómhair 2023 agus ba cheart go leanfadh sé d'fheidhm a bheith aige a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh de na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona agus a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Airteagail 46 agus 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/2117.
- (9) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart go leanfadh sé d'fheidhm a bheith aige a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach in earnáil na leannlusanna.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margat Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus forálacha idirthréimhseacha

Scríostar Airteagail 2 go 21 agus Airteagail 25 go 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus Iarscríbhinní I go VI a ghabhann leis an Rialachán sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Na hAirteagail agus na hIarscríbhinní sin a scríosadh, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu, áfach:

- (a) a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 32 go 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
- (b) a mhéid a bhaineann le cláir oibríochtúla a leanfaidh de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh deireadh leo faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 nó a d'fhormheas na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) 2017/891 roimh an 1 Eanáir 2023.

Airteagal 2

Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, (AE) 2015/1368, (AE) 2016/1150 agus Rialachán (AE) 738/2010 a aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 615/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29, 30 agus 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabhtú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 55, 56 agus 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

3. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 le héifeacht ón 16 Deireadh Fómhair 2023.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) caiteachas arna thabhtú agus íocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh den scéim cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 39 go 52 den Rialachán sin;

(b) caiteachas arna thabú agus íocaíochtaí arna ndéanamh i leith oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Airteagail 46 agus 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh an 16 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na hoibríochtaí sin curtha chun feidhme go páirteach faoin 15 Deireadh Fómhair 2023 agus go mbeidh an caiteachas arna thabú cothrom le 30 % ar a laghad den chaiteachas iomlán atá beartaithe acu agus, go mbeidh na hoibríochtaí sin curtha chun feidhme ina n-iomláine faoin 15 Deireadh Fómhair 2025.

4. Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 738/2010 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, a mhéid a bhaineann le caiteachas arna thabú agus le híocaíochtaí arna ndéanamh roimh an 1 Eanáir 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 58, 59 agus 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2533 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Nollaig 2022

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [“Miele della Lunigiana” (STFC)]

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Miele della Lunigiana’ atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1845/2004 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽³⁾ faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.
- (3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm ‘Miele della Lunigiana (STFC)’ formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1845/2004 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2004 lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2400/96 maidir le hainmneacha áirithe a iontráil sa “Chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint” [Tergeste, Lucca, Miele della Lunigiana et Άγιος Ματθαίος Κέρκυρας (Agios Mathaios Kerkyras)] (IO L 322, 23.10.2004, lch. 14).

⁽³⁾ IO C 327, 30.8.2022, lch. 20.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2534 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Nollaig 2022

lena n-údaraitear béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β -lachtghlóbailin) a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) An 22 Iúil 2020, chuir an chuideachta Arla Foods Ingredients Group P/S (“an t-iarratasóir”) iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β -lachtghlóbailin), í aonraithe ó mheadhg ó bhó-ainmhithe faoi dhálaí aigéadacha nó neodracha, a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfí béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe i ndeochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach, púdar meidhg, deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla, agus i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ a cheaptar don phobal ginearálta atá níos sine ná 3 bliana d'aois seachas mná atá ag iompar clainne nó mná atá ag cothú leis an gcíoch.
- (4) An 22 Iúil 2020 chuir an t-iarratasóir iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun go gcosnófaí staidéir agus sonraí eolaíocha dílseánaigh arna gcur isteach chun tacú leis an iarratas, is é sin tástáil bhaictéarach ais-sócháin ⁽⁴⁾; measúnacht micreanúicléis *in vitro* le limicítí daonna ⁽⁵⁾; staidéar raoin dáileoige 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh ⁽⁶⁾; staidéar 90 lá ar thocsaineacht fho-ainsealach béil i bhfrancaigh ⁽⁷⁾; na torthaí ó anailís ar chomhdhéanamh agus na deimhnithe anailíseacha le haghaidh 23 bhaisc bhreise den bhia núíosach agus 20 baisc d'aonraíoch próitéine meidhg tráchtála ⁽⁸⁾; agus na torthaí ó anailís ar áireamh coilíneachtaí an bhia núíosach agus a ndeimhnithe ⁽⁹⁾.
- (5) An 5 Samhain 2020 d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú a dhéanamh ar bhéite-lachtghlóbailin mar bhia núíosach.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

⁽⁴⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2019a, nár foilsíodh).

⁽⁵⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2019b, nár foilsíodh).

⁽⁶⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2019c, nár foilsíodh).

⁽⁷⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2019d, nár foilsíodh).

⁽⁸⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2021 agus 2022, nár foilsíodh).

⁽⁹⁾ Arla Foods Ingredients Group P/S (2022, nár foilsíodh).

- (6) An 28 Feabhra 2022 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch dar teideal *Safety of beta-lactoglobulin as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* ⁽¹⁰⁾ [Sábháilteacht béite-lachtghlóbailine mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283] i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (7) Sa tuairim eolaíoch uaidh, chinn an tÚdarás go bhfuil béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhíthe sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim eolaíoch sin chun a shuí, i gcás ina n-úsáidtear í i ndeochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach, púdar meidhg, deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla, agus i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar don phobal ginearálta atá níos sine ná 3 bliana d'aois seachas mná atá ag iompar clainne nó mná atá ag cothú leis an gcíoch, go gcomhlíonann béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhíthe na coinníollacha maidir lena gcur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (8) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire freisin go raibh a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núíosach bunaithe ar na staidéir agus sonraí eolaíochta ar an tástáil bhaictéarach ais-sócháin; ar an measúnacht micreanúicléis *in vitro* le limficítí daonna; ar an staidéar raoin dáileoige 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh; ar an staidéar 90 lá ar thocsaineacht fho-ainsealach béil i bhfrancaigh; ar na torthaí ó anailís ar chomhdhéanamh; agus ar na deimhnithe anailíseacha le haghaidh 23 bhaisc bhreise den bhia núíosach agus 20 baisc d'aonraíoch próitéine meidhg tráchtála, agus ar na torthaí ó anailís ar áireamh coilíneachtaí an bhia núíosach agus a ndeimhnithe, nithe atá ann i gcomhad an iarratasóra agus nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an mbia núíosach ná teacht ar a chonclúid dá n-uireasa.
- (9) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir agus sonraí eolaíochta sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach tagartha a bheith aige orthu i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (10) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta tagartha dílseánaigh agus eisiacha acu ar na sonraí eolaíochta ar an tástáil bhaictéarach ais-sócháin; ar an measúnacht micreanúicléis *in vitro* le limficítí daonna; ar an staidéar raoin dáileoige 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh; ar an staidéar 90 lá ar thocsaineacht fho-ainsealach béil i bhfrancaigh; Ar na torthaí ó anailís ar chomhdhéanamh agus na deimhnithe anailíseacha le haghaidh 23 bhaisc bhreise den bhia núíosach agus na 20 baisc d'aonraíoch próitéine meidhg tráchtála; agus ar na torthaí ó anailís ar áireamh coilíneachtaí an bhia núíosach agus a ndeimhnithe, tráth a chuir siad an t-iarratas isteach, agus dhearbhaigh sé freisin nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na sonraí sin ná iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.
- (11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh cruthúnas leordhóthanach tugtha aige gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na staidéir agus na sonraí eolaíochta ar an tástáil bhaictéarach ais-sócháin; an mheasúnacht micreanúicléis *in vitro* le limficítí daonna; an staidéar raoin dáileoige 14 lá ar thocsaineacht bhéil i bhfrancaigh; an staidéar 90 lá ar thocsaineacht fho-ainsealach béil i bhfrancaigh; na torthaí ó anailís ar chomhdhéanamh agus na deimhnithe anailíseacha le haghaidh 23 bhaisc bhreise den bhia núíosach agus na 20 baisc d'aonraíoch próitéine meidhg tráchtála; agus na torthaí ó anailís ar áireamh coilíneachtaí an bhia núíosach agus a ndeimhnithe, ba cheart iad a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhíthe a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (12) Mar sin féin, maidir le béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhíthe agus an tagairt do na staidéir agus na sonraí eolaíochta atá i gcomhad an iarratasóra a shrianadh d'úsáid an iarratasóra amháin, ní chuirfidh an srianadh sin cosc ar iarratasóirí eile ina dhiaidh sin cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh ar choinníoll gur ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin atá a n-iarratas bunaithe.

⁽¹⁰⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(4):7204.

- (13) Ós rud é go dtagann an bia núíosach ó bhainne ó bhó-ainmhithe, rud a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ mar cheann amháin de roinnt substaintí nó táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí ar bhia, ba cheart bianna ina bhfuil béite-lachtghlóbailin a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 21 den Rialachán sin.
- (14) Is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283 san iontráil a bhaineann le béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha.
- (15) Ba cheart béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.
- (16) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β -lachtghlóbailin) a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Áireofar béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe i liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ní údaraítear ach don chuideachta Arla Foods Ingredients Group P/S ⁽¹²⁾ an bia núíosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó 11 Eanáir 2023, mura bhfaighidh iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaiigh sin gan tagairt do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint de bhun Airteagal 3 nó le comhaontú ó Arla Foods Ingredients Group P/S.

Airteagal 3

Na sonraí eolaíocha atá sa chomhad iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfead iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú ó Arla Foods Ingredients Group P/S.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

⁽¹²⁾ Seoladh: Sønderhøj 10 -12, 8260 Viby J, an Danmhairg.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint Sonraí
“Béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β-lachtghlóbailin)	<i>Catagóir bhia shonraithe</i>	<i>Uasleibhéil (g NF/100 ml)</i>	Is é ‘béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe’ nó ‘β-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe’ ainmniú an bhia núíosach ar lipéadú earraí bia a bhfuil sí iontu.		Údaraithe an 11 Eanáir 2023. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe. Iarratasóir: Arla Foods Ingredients Group P/S, Sønderhøj 10 -12, 8260 Viby J, an Danmhairg. Is é Arla Foods Ingredients Group P/S amháin atá údaraithe chun an bia núíosach béite-lachtghlóbailin (β-lachtghlóbailin) a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosach gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283, sin nó le comhaontú ó Arla Foods Ingredients Group P/S. Dáta deiridh na cosanta sonraí: an 11 Eanáir 2028.”
	Deochanna boga a mhargaítear i ndáil le haclaíocht fhisiceach	25			
	Púdar meidhg (athbhunaithe)	8			
	Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla	12			
	Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 a cheaptar don phobal ginearálta atá níos sine ná 3 bliana d’aois seachas mná atá ag iompar clainne nó mná atá ag cothú leis an gcíoch	I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí ceaptha dóibh			

(2) I dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibíte:

"Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
<p>Béite-lachtghlóbailin bainne ó bhó-ainmhithe (β-lactghlóbailin)</p>	<p>Tuairisc: Is púdar bán go banbhuí í próitéin bhéite-lachtghlóbailine (β-lactghlóbailin) a tháirgtear ó mheidhg ó bhó-ainmhithe trí scagachán, tiúchan, criostalú, atuaslagáiocht (in uisce), coigeartú pH ar pH aigéadach nó neodrach, atiúchan agus triomú. Uimhir CAS: 9045-23-2 An meáchan móilíneach: 36.7 kDa (démhéir); 18.3 kDa (monaiméir)</p> <p>Saintréithe/Comhdhéanamh: pH (tuaslagán 10 %): 3,5-8,0 Próitéin (N x 6,38) (%): \geq 86,0 Béite-lachtghlóbailin (% de phróitéin): \geq 90,0 Lachtós (%): \leq 1,0 Saill (%): \leq 1,0 Luaith (%): \leq 5,0 Taise (%): \leq 5,5</p> <p>Miotail Throma: Caidmiam (mg/kg): $<$ 0,2 Luaidhe (mg/kg): $<$ 0,1 Mearcair (mg/kg): $<$ 0,01</p> <p>Éilleáin: Aflatocsain M1 (μg/kg): $<$ 0,01</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha: Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: \leq 5 000 CFU/g Áireamh iomlán na ngiostaí agus na músacán: \leq 10 CFU/g <i>Enterobacteriaceae</i>: \leq 10 CFU/g <i>Salmonella</i> spp.: Neamhláithreach in 25 g <i>Bacillus cereus</i>: $<$ 100 CFU/g <i>Listeria monocytogenes</i>: Neamhláithreach in 25 g <i>Staphylococcus aureus</i>: $<$ 10 CFU/g Clostridia a laghdaíonn an tsuilfít: $<$ 10 CFU/g CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta; kDa: cileaDaltúin”</p>

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2535 ÓN gCOIMISIÚN**an 21 Nollaig 2022****lena n-údaráitear an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) An 5 Samhain 2018 chuir an chuideachta Golden Biotechnology Corp (“an t-iarratasóir”) iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfe an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ag uasdáileog 990 mg in aghaidh an lae, don phobal ginearálta.
- (4) An 12 Bealtaine 2020 d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú a dhéanamh ar an bhfoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* mar bhia núíosach.
- (5) An 18 Bealtaine 2022 ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch dar teideal ‘*Safety of freeze-dried mycelia of Antrodia camphorata as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283*’ ⁽⁴⁾ [Sábháilteacht micéiliamaí reothriomaithe *Antrodia camphorata* mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283] i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (6) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh micéiliamaí reothriomaithe *Antrodia camphorata* sábháilte do dhaoine fásta agus do dhéagóirí atá níos sine ná 14 bliana d'aois, nuair a chuirtear iad le forbhianna ag uasdáileog laethúil 990 mg in aghaidh an lae. Mar sin féin, níor shuigh an tÚdarás go bhfuil an bia núíosach sábháilte i bhforbhianna a cheaptar do dhaoine faoi bhun 14 bliana d'aois ag an uasleibhéal iontógála 990 mg/lá, de réir mar a mhol an t-iarratasóir, toisc go sáródh an iontógáil sin an leibhéal sábháilte (16,5 mg/kg bw in aghaidh an lae) a bhunaigh an tÚdarás. Dá bhrí sin, is leor na forais a sholáthraítear sa tuairim ón Údarás chun a shuí, i gcás ina n-úsáidtear micéiliamaí reothriomaithe *Antrodia camphorata* ag uasdáileog laethúil 990 mg/lá i bhforbhianna a cheaptar do dhaoine atá 14 bliana d'aois nó níos sine, go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir lena gcur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022; 20(6):7380.

- (7) Sa tuairim eolaíoch uaidh, measann an tÚdarás, cé nach bhfuil aon fhianaise ar fáil maidir le riosca ailléirgeachta, i bhfianaise chion próitéine an bhia núosaigh, nach féidir riosca áirithe a eisiamh. Rinne an t-iarratasóir cuardach litríochta ach níor thángthas ar aon fhianaise fhoilsithe go bhféadfadh *Antrodia camphorata* a bheith ailléirgineach, agus tá easpa faisnéise nó sonraí eile ann a theastódh de ghnáth chun an riosca ailléirgeachta a d'fhéadfadh a bheith ann a dheimhniú nó a eisiamh. Mar sin féin, measann an Coimisiún nach dócha go dtiocfaidh ailléirgineacht chun solais san fhíorshaol maidir le púdar micéiliamaí *Antrodia camphorata* agus, dá bhrí sin, níor cheart ceanglas sonrath lipéadaithe a chur le liosta an Aontais de bhianna núósacha i ndáil leis sin.
- (8) Ba cheart ainmniú soiléir ar an mbia núosach agus ceanglas lipéadaithe a leagan síos le haghaidh forbhianna ina bhfuil an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* chun a áirithiú nach dtomhlóidh leanaí ná déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois na forbhianna sin.
- (9) Dá bhrí sin, is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283 san iontráil a bhaineann leis an bhfoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* ar liosta an Aontais de bhianna núósacha.
- (10) Cuirfear an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* le liosta an Aontais de bhianna núósacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Cuirfear an fhoirm phúdrach reothriomaithe de mhicéiliamaí *Antrodia camphorata* le liosta an Aontais de bhianna núósacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

"Bia núíosach údaraithe"	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
Púdar micéiliamaí <i>Antrodia camphorata</i>	<i>Catagóir bhia shonraithe</i>	<i>Uasleibhéil</i>	1. Is é 'Púdar micéiliamaí <i>Antrodia camphorata</i> ' ainmniú an bhia núiosaigh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. 2. Lipéadú na bhforbhianna ina n-úsáidtear púdar micéiliamaí <i>Antrodia camphorata</i> , beidh ráiteas air nár cheart do naíonáin, leanaí ná déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois an forbhia sin a thomhailt.'	
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas naíonáin, leanaí, déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois	990 mg/lá"		

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

"Bia núíosach údaraithe"	Sonraíocht
Púdar micéiliamaí <i>Antrodia camphorata</i>	<p>Tuairisc/Sainmhíniú:</p> <p>Is éard atá sa bhia núíosach micéiliamaí reothriomaithe an fhungais <i>Antrodia camphorata</i> (tréithchineál BCRC 39106), rud a fásadh trína shaothrú ina staid sholadach. Déantar na micéiliamaí reothriomaithe a mhuilleáil ansin ina bpúdar. Is comhchiallach <i>Antrodia camphorata</i> ar <i>Taiwanofungus camphoratus</i> (fine: Fomitopsidaceae).</p> <p>Saintréithe/Comhdhéanamh:</p> <p>Cailteanas ar thriomú (Taise): < 10 % Carbaihidráit: ≤ 80 g/100 g Próitéin: ≤ 20 g/100 g Luaith: ≤ 6 g/100 g Sail: ≤ 6 g/100 g Trítheirpéanóidigh iomlána: 1,0 — 10,0 g/100 g Antracúineonól: 1,0 — 20,0 mg/g</p> <p>Miotail throma:</p> <p>Arsanaic: < 0,5 mg/kg</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha:</p> <p>Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: ≤ 10³ CFU/g Áireamh iomlán an ghiosta agus an mhúscáin: ≤ 100 CFU/g <i>Escherichia coli</i>: Nár aimsíodh in 10 g <i>Salmonella</i> spp.: Nár aimsíodh in 25 g <i>Staphylococcus aureus</i>: Nár aimsíodh in 10 g *CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta"</p>

CINNTEÍ

CINNEADH (AE) 2022/2536 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 82(1) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa, ⁽¹⁾

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1187 ón gComhairle ⁽²⁾, an 27 Meitheamh 2019, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (“an Comhaontú”), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ina n-aonar, feabhas leordhóthanach a chur ar mhalartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí chun slándáil a chothabháil san Aontas, de bharr nádúr na coireachta idirnáisiúnta nach bhfuil teoranta do theorainneacha an Aontais. Tá sé ríthábhachtach go bhféadfadh na Ballstáit uile agus Cónaidhm na hEilvéise rochtain chómhálartach a bheith acu ar bhunachair sonraí náisiúnta maidir le comhaid anailíse DNA, córais aitheantais dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí chun comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a chothú.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Chomhaontú, tá Airteagal 5(1) agus (2) den Chomhaontú á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta sínithe an Chomhaontaithe.

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Nollaig 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/1187 an 6 Meitheamh 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha áirithe an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 187, 12.7.2019, lch. 1).

- (4) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle ⁽³⁾, Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle ⁽⁵⁾, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (6) Ba cheart an Comhaontú a fhorghnó,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne ⁽⁶⁾

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) den Chomhaontú ⁽⁷⁾.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽³⁾ Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

⁽⁵⁾ Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 322, 9.12.2009, lch. 14).

⁽⁶⁾ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 187, 12.7.2019, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

⁽⁷⁾ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

CINNEADH (AE) 2022/2537 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022...

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 82(1) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa, ⁽¹⁾

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1172 ón gComhairle ⁽²⁾, an 27 Meitheamh 2019, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne ('an Comhaontú'), faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (2) Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ina n-aonar, feabhas leordhóthanach a chur ar mhalartú faisnéise i bhforfeidhmiú an dlí chun slándáil a chothabháil san Aontas, de bharr nádúr na coireachta idirnáisiúnta, nach bhfuil teoranta do theorainneacha an Aontais. Tá sé ríthábhachtach go bhféadfadh na Ballstáit uile agus Prionsacht Lichtinstéin rochtain chómhálartach a bheith acu ar bhunachair sonraí náisiúnta maidir le comhaid anailíse DNA, córais aitheantais dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí chun comhar trasteorann i bhforfeidhmiú an dlí a chothú.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Chomhaontú, tá Airteagal 5(1) agus (2) den Chomhaontú á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta sínithe an Chomhaontaithe.
- (4) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle ⁽³⁾, Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle ⁽⁵⁾, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

⁽¹⁾ Toiliú an 17 Nollaig 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/1172 an 6 Meitheamh 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha áirithe an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 184, 10.7.2019, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

⁽⁵⁾ Cinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóirínseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (IO L 322, 9.12.2009, lch. 14).

- (5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (6) Ba cheart an Comhaontú a fhorghníomhú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne ⁽⁶⁾.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) den Chomhaontú ⁽⁷⁾.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

⁽⁶⁾ Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L 184, 10.7.2019, lch. 3, mar aon leis an gcinneadh maidir le síniú.

⁽⁷⁾ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

CINNEADH (CBES) 2022/2538 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA
an 13 Nollaig 2022

maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaráítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.
- (2) An 7 Nollaig 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2210 ⁽²⁾ lena gcuirtear síneadh le sainordú Christopher REYNOLDS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (3) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2445 ⁽³⁾ lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Somalia go dtí an 31 Nollaig 2024.
- (4) An 17 Samhain 2022, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

D. PRONK

An Cathaoirleach

⁽¹⁾ IO L 187, 17.7.2012, lch. 40.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2021/2210 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 7 Nollaig 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2021) (IO L 447, 14.12.2021, lch. 3).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2022/2445 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 319, 13.12.2022, lch. 91).

CINNEADH (CBES) 2022/2539 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA
an 13 Nollaig 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/59 (BiH/34/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraiigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").
- (2) An 10 Eanáir 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh 2022/59 ⁽²⁾, lena gceaptar an Maor-Ghinearál Anton WESSELY mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.
- (3) An 13 Deireadh Fómhair 2022, mhol údaráis mhíleata na hOstaire an Maor-Ghinearál Helmut HABERMAYER a cheapadh i gcomharbas ar an Maor-Ghinearál Anton WESSELY mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 20 Eanáir 2023.
- (4) Thacaigh Ceannasaí Oibríochta Oibríocht ALTHEA leis an moladh ó údaráis mhíleata na hOstaire.
- (5) An 24 Samhain 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh ó údaráis mhíleata na hOstaire.
- (6) Ba cheart, da bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/59 a aisghairm.
- (7) An 12 agus an 13 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag socruithe 'Beirlín Plus' agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí de ECAT nó atá rannpháirteach i gclár Comhpháirtíocht na Síochána, agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Maor-Ghinearál Helmut HABERMAYER mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (Oibríocht ALTHEA) ón 20 Eanáir 2023.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/59.

⁽¹⁾ IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2022/59 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Eanáir 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/5 (BiH/32/2022) (IO L 10, 17.1.2022, lch. 77).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

D. PRONK

An Cathaoirleach

CINNEADH (AE) 2022/2540 ÓN gCOMHAIRLE**an 19 Nollaig 2022****lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Beilge, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Beilge,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.
- (2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 ⁽²⁾ lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Dominique MICHEL éirí as oifig.
- (4) Mhol Rialtas na Beilge Olivier JORIS, *Executive Manager du Centre de compétence Europe et International de la Fédération des Entreprises de Belgique (FEB)* (Bainisteoir Feidhmiúcháin, an Roinn Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta, Cónaidhm na bhFiontar sa Bheilg), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Olivier JORIS, *Executive Manager du Centre de compétence Europe et International de la Fédération des Entreprises de Belgique (FEB)* (Bainisteoir Feidhmiúcháin, an Roinn Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta, Cónaidhm na bhFiontar sa Bheilg), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

CINNEADH (AE) 2022/2541 ÓN gCOMHAIRLE**an 19 Nollaig 2022****lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Gearmáine,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí sibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.
- (2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 ⁽²⁾ lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Gabriele MÜLLER-LIST. éirí as oifig.
- (4) Mhol Rialtas na Gearmáine Andreas KRUSE, *Mitglied im Vorstand der Bundesarbeitsgemeinschaft der Seniorenorganisation e.V. (BAGSO)* (Comhalta de Bhord Chomhlachas Náisiúnta na Gearmáine d'Eagraíochtaí Seanóirí (BAGSO)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Andreas KRUSE, *Mitglied im Vorstand der Bundesarbeitsgemeinschaft der Seniorenorganisation e.V. (BAGSO)* (Comhalta de Bhord Chomhlachas Náisiúnta na Gearmáine d'Eagraíochtaí Seanóirí (BAGSO)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/1392 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 (IO L 322, 5.10.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2542 ÓN gCOMHAIRLE
an 19 Nollaig 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 lena n-údaráítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 ⁽²⁾ ón gComhairle, tugadh údarú don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 25 000 a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL) (“an beart speisialta”).
- (2) Tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 le dul in éag an 31 Nollaig 2022. Le litir dar dáta an 23 Lúnasa 2022, d'iarr an Ísiltír údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse bhreise go dtí an 31 Nollaig 2024, an dáta faoina bhfuil na Ballstáit chun Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle ⁽³⁾ a thrasuí. Maidir leis an soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanann daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 85 000 nó choibhéis san airgeadra náisiúnta, de thoradh na Treorach sin, ón 1 Eanáir 2025, ceadófar do na Ballstáit an soláthar sin a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.
- (3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fómhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Ísiltír chuig na Ballstáit eile, cé is moite den Spáinn, le litir dar dáta an 25 Lúnasa 2022. Le litir dar dáta an 26 Lúnasa, tharchuir an Coimisiún an iarraidh sin chuig an Spáinn. Le litir an 29 Lúnasa 2022, thug an Coimisiún fógra don Ísiltír go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.
- (4) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir 2006/112/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2020/285, lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta ar fhiontair bheaga a laghdú agus saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.
- (5) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach toisc go bhféadfaidh siad na gnáthshocruithe CBL a roghnú de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.
- (6) De réir na faisnéise arna cur ar fáil ag an Ísiltír, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an Ísiltír ag céim an tomhaltais deiridh.
- (7) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle ⁽⁴⁾, ní dhéanfaidh an Ísiltír aon ríomh ar chúiteamh maidir leis an ráiteas faoin acmhainn dhílis CBL-bhunaithe le haghaidh bhliain airgeadais 2022 agus ina dhiaidh sin.

⁽¹⁾ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena n-údaráítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 310, 6.12.2018, lch. 25).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinnitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

- (8) Ós rud é go raibh tionchar dearfach ag an mbeart speisialta ar shimpliú na n-oibleagáidí a bhaineann le CBL, agus ós rud e gur laghdaigh sé an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta d'fhiontair bheaga agus d'údarais chánach araon, agus ós rud é nach mbeidh aon éifeacht mór aige ar an ioncam CBL iomlán a ghinfeadh, is iomchuí údarú a thabhairt don Ísiltír a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904
- (9) Ba cheart teorainn ama a bheith le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar oiriúnacht na tairisí reatha. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don Ísiltír an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904:

“*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/2543 ÓN gCOMHAIRLE**an 21 Nollaig 2022****lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.
- (2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-627/20 ⁽²⁾, ba cheart iontráil a bhaineann le heintiteas amháin atá liostaithe a scriosadh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

M. BEK

⁽¹⁾ IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.⁽²⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 28 Meán Fómhair 2022, *Libyan African Investment Company (Laico) v. Council*, T-627/20.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)), Cuid B (Eintitis), scriostar an iontráil seo a leanas:

“1. Libyan Arab African Investment Company — LAAICO (dá ngairtear freisin LAICO)”.

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE, Euratom) 2022/2544 ÓN gCOIMISIÚN
an 19 Nollaig 2022**

lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 220a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ⁽²⁾, leasaíodh Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (“an Rialachán Airgeadais”) tríd an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh cistiúcháin aonair chun oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a dhéanann an Coimisiún a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais maidir le clár cúnamh airgeadais a dtiocfaidh na bunghníomhartha ina leith i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó ina dhiaidh sin. Ní bheidh feidhm ag an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe maidir le clár atá ann cheana, faoinar cheart leanúint d’oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a dhéanamh faoin modh traidisiúnta “droim le droim”, i gcomhréir le hAirteagal 220 den Rialachán Airgeadais. Féadfaidh feidhm a bheith ag an modh “droim le droim” freisin, mar eisceacht air sin, maidir le clár nua cúnamh airgeadais agus beidh feidhm aige maidir le haon chlár de chuid Euratom.
- (2) De bhun Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais, tá an Coimisiún leis na socruithe is gá a bhunú chun an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme. Ba cheart go n-áireofaí ar na socruithe sin creat rialachais, nósanna imeachta um bainistiú riosca agus modheolaíocht leithdháilte costas, lenar cheart a áirithiú gurb í an tír is tairbhí a iompróidh na costais uile a thabhoídh an tAontas a bhaineann le cúnamh airgeadais. Is gá, dá bhrí sin, na socruithe is infheidhme maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a dhéanann an Coimisiún faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus maidir leis na hoibríochtaí iasachtaithe gaolmhara a bhunú.
- (3) Den chéad uair, chuir an Coimisiún an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta i gcomhthéacs NextGenerationEU (“NGEU”), ionstraim shealadach an Aontais chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19. Leis sin, bhíothas in ann cistí a shlógadh go rathúil le haghaidh tacaíocht agus iasachtaí neamh-inaisíochta faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus clár eile de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta (IO L 319, 13.12.2022, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

- (4) Bunaíodh an tsamhail rialachais agus na próisis is gá chun an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme faoi NGEU i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2502 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Áirítear ar na socruithe sin, i measc nithe eile, creat rialachais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca agus um chomhlíontacht. Forbraíodh modheolaíocht leithdháilte costas i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾. Is iomchuí na socruithe le haghaidh chur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe de bhun Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais a bhunú ar an tsamhail rialachais le haghaidh NGEU.
- (5) Cé gur cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go príomha maidir le hoibríochtaí a dhéantar faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, is iomchuí cuid de na socruithe a leagtar síos ann a leathnú chun oibríochtaí a dhéantar faoin modh “droim le droim” a chumhdach. D’áiríteofaí leis an gcur chuige sin comhsheasmhacht idir na cláir éagsúla, a mhéid is infheidhme. Ráthófaí leis freisin go gcumhdófaí na hoibríochtaí uile leis an gcaighdeán ab airde rialacha, i gcomhréir le prionsabal an bhainistithe fhónta airgeadais. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh i gcás socruithe a bhaineann le nósanna imeachta um bainistiú riosca agus um chomhlíontacht.
- (6) Ba cheart go leagfaí amach i gcinneadh bliantúil iasachtaíochta gnéithe na n-oibríochtaí iasachtaíochta atá beartaithe faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe thar thréimhse bliana amháin. Go háirithe, ba cheart méid na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais atá le déanamh a chinneadh leis d’fhonn neamhchosaint fhoriomlán bhuiséad an Aontais agus na dtairbhíthe iasachtaí a chumadh. Chuige sin, ba cheart na nithe seo a leanas a shocrú leis: raon le haghaidh uasmhéideanna eisiúna an chistithe fhadtéarmaigh chun gach críche, uasmhéid gan íoc an chistithe ghearrthéarmaigh, meánaibíocht uasta chistiú fadtéarmach an Aontais, teorainn ar an méid críochnaitheach gan íoc in aghaidh na heisiúna agus, más infheidhme, uasmhéid eisiúintí an Choimisiúin is féidir a shealbhú ar a shon féin agus is féidir a úsáid mar fhoinsé cistiúcháin bhreise nó chun tacú leis an margadh tánaisteach.
- (7) Chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ar fáil chun gealltanais faoi na cláir ghaolmhara cúnaimh airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad le híoc, ba cheart oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a dhéanamh ar bhonn pleananna cistiúcháin leathbhliantúla. Dhéanfaidh na pleananna cistiúcháin na hoibríochtaí sin a chumadh le linn na tréimhse sin trí thagairt a dhéanamh do na híocaíochtaí nach mór a dhéanamh chun na cláir ghaolmhara a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, le bunú an phlean cistiúcháin, ba cheart a áirithiú go mbeidh nasc díreach ann leis na riachtanais íocaíochta chun na gealltanais chaiteachais a rinneadh faoi na bunghníomhartha comhfhreagracha a chomhlíonadh. Ba cheart an plean cistiúcháin a bhunú ar bhonn na dteorainneacha a leagtar amach sa chinneadh bliantúil iasachtaíochta. Is é an plean cistiúcháin an bonn chun rannpháirtithe margaidh a chur ar an eolas faoi na pleananna cistiúcháin táscacha sa tréimhse atá le teacht.
- (8) Trí uasmhéid táscach iasachtaíochta a shocrú lena gcumhdaítear, de ghnáth, tréimhse 6 mhí, agus trí phríomhpharaiméadair áirithe eile de na hoibríochtaí atá beartaithe a bhunú, d’áiríteofaí leis an bplean cistiúcháin tuilleadh intuarthachta maidir le heisiúintí, agus an tráth céanna, choinneofaí solúbthacht ar bun agus dhéanfaí foráil maidir le trédhearcacht sna margáí. Tá gá ag an mbonn infheisteoírí spriocdhíríthe le faisnéis faoi eisiúintí atá ar na bacáin mar aon le léiriú ar an amlíne chun pleanáil infheistíochta a ullmhú ar a dtaobh féin.
- (9) Ba cheart an cinneadh bliantúil iasachtaíochta agus an plean cistiúcháin a bheith ina mbonn d’fhaisnéis ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 220a(2) den Rialachán Airgeadais, mar aon le bheith ina mbonn chun cumarsáid a dhéanamh leis na margáí agus leis an bpobal. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le gach gné dá straitéis iasachtaíochta agus bainistithe fiachais, ar bhealach cuimsitheach agus ar bhonn tráthrialta, de bhun Airteagal 220a(2) den Rialachán Airgeadais.
- (10) Braitheann an sainmhíniú ar phleananna cruinne fóinteacha cistiúcháin faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe ar oifigigh údarúcháin atá freagrach as cur chun feidhme na gclár cúnaimh airgeadais faisnéis a chur in iúl go tráthrialta tráthúil laistigh de na tráthchláir agus na méideanna maidir le híocaíochtaí a bhfuil coinne leo a fhormheas. Is trí uirlis réamhaisnéise airgeadais an Choimisiúin ba cheart an fhaisnéis sin a chur in iúl d’Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, ós rud é gurb í an tseirbhís atá freagrach as na pleananna cistiúcháin a shainiú agus a chur chun feidhme.

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena mbunaítear na socruithe is gá chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a riar faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus maidir leis na hoibríochtaí iasachtaíochta a bhaineann le hiasachtaí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun costais a leithdháileadh a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoi NextGenerationEU (IO L 236, 5.7.2021, lch. 75).

- (11) Leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ba cheart féachaint leis na dálaí airgeadais is buntáistí le haghaidh an Aontais a fháil, trí phleanáil fhónta agus forghníomhú rianúil idirbheart leis na téarmaí is fearr is féidir sna dálaí margaidh atá i réim. I bhfianaise an ghá cistiú a bhailiú chun gur féidir eisíocaíochtaí a dhéanamh leis na cláir faoi seach, tá rogha teoranta ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le huainiú idirbheart margaidh. Chuirfeadh an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe raon níos leithne teicnící cistiúcháin ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear maoiniú gearrthéarmach, lena bhféidir leis riosca forghníomhaithe margaidh a laghdú nuair is gá chun cistí a bhailiú in imthosca margaidh níos diúltaí.
- (12) Ba cheart a áireamh ar ionstraimí cistiúcháin faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, *inter alia*, raon bannaí tagarmhairc agus Billí AE. Ba cheart oibríochtaí iasachtaíochta faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a eagrú mar cheantanna, idirbhearta sindeacáite nó láithrithe príobháideacha, cibé acu is iomchuí i bhfianaise mhéid agus chineál na n-oibríochtaí.
- (13) Ba cheart a áireamh sa straitéis cistiúcháin éagsúlaithe an cumas ionstraimí gearrthéarmacha a eisiúint agus maolán leachtachta a choinneáil ar bun, rud a chuirfeadh é ar a chumas don Choimisiún neamhréireanna ó thaobh ama de idir iasachtaíochta agus eisíocaíochtaí a ionsú, agus iarraidh ar eisíocaíochtaí a chomhlíonadh i gcás coinníollacha cistiúcháin diúltacha. Ba cheart oibríochtaí iasachtaíochta gearrthéarmaí trí Bhillí AE a chur chun feidhme trí cheantanna rialta chun solúbthacht agus éifeachtúlacht a sholáthar. Ba cheart na ceantanna sin a eagrú ar bhealach lena n-áirítear stádas trédhearcach intuartha eisitheora an Aontais agus cóir chomhionann na rannpháirtithe.
- (14) Le hoibríochtaí bainistithe fiachais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, is féidir rioscaí ráta úis agus rioscaí eile airgeadais a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is iomchuí, dá bhrí sin, úsáid díorthach amhail babhtálacha a cheadú chun rioscaí ráta úis nó rioscaí eile airgeadais a bhainistiú i ndáil le hiasachtaí do na tíortha is tairbhíthe, agus prionsabal an iarmhéid bhuiséadaigh á urramú i gcónaí, nó idirbhearta margaidh airgid urraithe nó idirbhearta urraithe nó neamhurraithe margaidh airgid a dhéanamh le hoifigí bainistithe fiachais na mBallstát, institiúidí fornáisiúnta, gníomhaireachtaí náisiúnta earnála poiblí, institiúidí creidmheasa agus gnóachtaí infheistíochta a bhfuil seasamh creidmheasa iomchuí acu nó contrapháirtithe lárnacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an Coimisiún a údarú freisin a bhannaí féin a cheannach ar ais agus/nó a shealbhú chun leachtacht a bhainistiú agus tacú le leachtacht sa mhargadh le haghaidh bhannaí an Aontais.
- (15) Ba cheart oibríochtaí iasachtaíochta a dhéanamh i gcomhréir leis an mbunghníomh ábhartha agus leis na comhaontuithe iasachtaí comhfhreagracha. Is iomchuí coinníollacha íosta a leagan síos faoina n-eisíocfar iasachtaí. Ba cheart a áirithiú freisin gurb iad na tíortha is tairbhíthe a iompróidh na costais uile a bhaineann leis an iasacht agus a thabhóidh an tAontas i gcomhréir le modheolaíocht arna leagan síos ag an gCoimisiún i gcinneadh ar leithligh arna comhlánú ag treoirlínte mionsonraithe maidir le costais den sórt sin a ríomh.
- (16) Ba cheart an deis a thairiscint do thíortha is tairbhíthe a iarraidh ar an gCoimisiún iasachtaí a shocrú ar ráta úis seasta fálaíthe. Leis sin, cheanglófaí ar an gCoimisiún ionstraimí airgeadais amhail babhtálacha rátaí úis a úsáid chun iasachtaí ar ráta seasta a thairiscint. Ba cheart don tír is tairbhí na costais a bhaineann le bainistiú rioscaí le díorthaigh a iompar.
- (17) Oibríochtaí iasachtaíochta faoi chlár cúnamh airgeadais atá ann cheana, déantar iad faoi “Chlár Eisiúna Fiachais AE-Euratom” a bunaíodh in 2019 agus a tugadh cothrom le dáta in 2021 (“an Clár Eisiúna Fiachais”). Áirítear leis sin, *inter alia*, Ciorclán Tairisceana ina bhfuil an fhaisnéis uile a bhfuil gá ag na margáí léi de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus socruithe oibríochtúla agus conarthacha le contrapháirtithe atá rithábhachtach maidir le gníomhaíochtaí iasachtaíochta. Ba cheart oibríochtaí iasachtaíochta faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a dhéanamh faoin gClár Eisiúna Fiachais, tar éis na leasuithe is gá a thabhairt isteach sa doiciméadacht atá ann cheana.
- (18) Chun oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme, ba cheart acmhainneachtaí oibríochtúla iomchuí a bhunú, lena n-áirítear acmhainneachtaí socraithe idirbheart, ardán ceantála, agus an deis dul i muinín idirbhearta athcheannaigh agus babhtálacha.
- (19) Chun oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaíochta a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún cuntais thiomnaithe a oscailt chun críoch na n-oibríochtaí sin agus chun na críche sin amháin. Na breithnithe a bhaineann le cuntais oibríochtaí NGEU, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na cuntais sin freisin. Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca leachtachta a eascraíonn as na hoibríochtaí sin, ba cheart sainsealúchais slána airgid stuamachta a bhunú le haghaidh íocaíochtaí. An ceanglas maolán airgid stuamachta tiomnaithe den sórt sin a shealbhú, is cuid lárnach agus fíor-riachtanach den

chur chuige bainistithe riosca le haghaidh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe é. Chun a áirithiú nach mbeidh na sealúchais airgid chriticiúla sin faoi réir aon riosca contrapháirtí a eascraíonn as cliseadh na hinstiúide lena gcoimeádar na cúlchistí sin, tá sé ríthábhachtach na sealúchais airgid stuamachta sin a shealbhú i mbanc ceannais. Ba cheart na sealúchais airgid sin a choinneáil i gcuntas tiomnaithe in BCE agus ba cheart iad a choinneáil ag an leibhéal is ísle is gá chun íocaíochtaí atá ar na bacáin a chomhlíonadh le linn tréimhse ghearrthéarmach, ach féadfar méideanna éagsúla a bheith iontu de réir an sceidil eisiúna agus eisíocaíochta. Ba cheart conradh maidir le seirbhísí gníomhaireachta fiosaí a thabhairt i gcrích le BCE lena féidir na costais ghaolmhara a chumhdach.

- (20) Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú, le creat bainistithe riosca agus comhlíontachta le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe, cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus go ndéanfar na gníomhaíochtaí uile ar bhealach atá comhsheasmhach leis na caighdeáin is airde sláine, ionracais agus bainistithe fhónta airgeadais agus riosca. Chuige sin, ba cheart ról an Phríomhoifigigh Riosca a bunaíodh roimhe seo faoi Chinneadh C(2021) 2502 ón gCoimisiún a leathnú chun go mbeidh feidhm aige maidir le gach oibríocht faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe faoin gCinneadh seo. Ba cheart go dtacódh an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht leis an bPríomhoifigeach Riosca agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige.
- (21) Ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca, i gcomhréir le dea-chleachtais agus le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta, Beartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht a tharraingt suas ina bhfuil treoirlínte maidir le riosca agus comhlíontacht chun na hoibríochtaí a chur chun feidhme ar bhealach atá go hiomlán neamhspleách.
- (22) Go háirithe, ba cheart don Phríomhoifigeach Riosca a áirithiú go gcloíonn oibríochtaí leis an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht agus go ndéantar rioscaí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a thuirisciú don Phríomhoifigeach Riosca. Agus na cúraimí sin á ndéanamh, ba cheart d'Oifigeach um Chomhlíontacht tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca, agus ba cheart don Oifigeach um Chomhlíontacht sin tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach Riosca i dtaca le hábhair maidir le comhréireacht le rialacha, nósanna imeachta agus cosc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta.
- (23) Chun a áirithiú go mbeidh na socruithe is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí uile a chuirtear chun feidhme tríd an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe aonfhoirmeach, is iomchuí Cinneadh C(2021) 2502 a aisghairm.
- (24) Maidir leis na hoibríochtaí iasachtaíochta atá ar na bacáin faoin ionstraim chun tacaíocht a sholáthar don Úcráin ⁽⁷⁾, chun a áirithiú go dtairbheoidh siad den straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an gCinneadh seo na socruithe maidir le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais, agus maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara.
2. Beidh feidhm ag Caibidil 4 freisin maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a dhéantar de réir an mhodha “droim le droim”.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch.1).

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “oibríochtaí iasachtaíochta” oibríochtaí ar na margaí, go háirithe eisiúintí fiachais chun iasachtaí a fháil, lena n-áirítear iasachtaíocht tar-rollta;
- (2) ciallaíonn “oibríochtaí bainistithe fiachais” oibríochtaí margaidh a bhaineann leis an bhfiachas a eascraíonn as oibríochtaí iasachtaíochta chun struchtúr an fhiachais gan íoc a bharrfheabhsú, chun rioscaí ráta úis, rioscaí leachtachta agus rioscaí eile airgeadais a mhaolú agus oibríochtaí chun tacú le leachtacht ar an margadh tánaisteach;
- (3) ciallaíonn “oibríochtaí iasachtaithe” oibríochtaí a bhaineann le cur chun feidhme iasachtaí agus línte creidmheasa le haghaidh cúnamh airgeadais faoi Airteagal 220 den Rialachán Airgeadais;
- (4) ciallaíonn “eisiócaíocht” fáltais a fhaightear trí oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a chur ar aghaidh chun tacaíocht in-aisíochta nó neamh-inaisíochta do thairbhí a mhaoiniú;
- (5) ciallaíonn “oifigeach údarúcháin an chláir” an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Inmheánacha a bunaíodh le Cinneadh C(2018) 5120 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, as línte buiséid cláir cúnaimh airgeadais agus cláir arna mhaoiniú faoi Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 a chur chun feidhme, a mhéid a chuirtear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin chun feidhme leis;
- (6) ciallaíonn “babhtáil” babhtáil mar a shainmhínítear i Roinn 1, pointe 10, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾;
- (7) ciallaíonn “díorthaigh” díorthaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾;
- (8) ciallaíonn “idirbheart athcheannaigh” nó “idirbheart athcheannaigh droim ar ais” idirbheart athcheannaigh nó idirbheart athcheannaigh droim ar ais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾;
- (9) ciallaíonn “idirbheart ceannaigh-aisdíola” nó “idirbheart aischeannaigh díola” idirbheart ceannaigh-aisdíola agus idirbheart aischeannaigh díola mar a shainmhínítear in Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2015/2365;
- (10) ciallaíonn “idirbheart sindeacáite” idirbheart trína dtairgeann grúpa iasachtóirí, ar a dtugtar sindeacáit, maoiniú d'iasachtaí aonair;
- (11) ciallaíonn “ceant” próiseas eisiúna urrúis fiachais an Aontais agus Euratom bunaithe ar thairiscintí iomaíocha trí ardán ceantála;
- (12) Ciallaíonn “cistiú fadtéarmach” cistiú trí bhíthin oibríochtaí iasachtaíochta ar feadh téarma is faide ná bliain amháin cé is moite de na méideanna arna sealbhú ar a shon féin;
- (13) ciallaíonn “cistiú gearrhéarmach” cistiú trí bhíthin oibríochtaí iasachtaíochta ar feadh téarma atá cothrom le nó níos lú ná bliain amháin agus úsáid idirbheart neamhurraithe margaidh airgid agus idirbheart urraithe margaidh airgid trí úsáid a bhaint as urrúis arna sealbhú ar a shon féin.

⁽⁸⁾ Cinneadh C(2018) 5120 final ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2018 maidir leis na Rialacha Inmheánacha i dtaca le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (roinn an Choimisiúin Eorpaigh) le cur faoi bhráid ranna an Choimisiúin.

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólaicthe infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtaite, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrúis agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).

Caibidil 2

Oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe

ROINN 1

Straitéis cistiúcháin

Airteagal 3

Cinneadh bliantúil iasachtaíochta

1. Glacfaidh an Coimisiún creachtinneadh iasachtaíochta ina socrófar na huasteorainneacha le haghaidh na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus na n-oibríochtaí bainistithe fiachais, lena gcuimhdófar tréimhse bliana (“cinneadh bliantúil iasachtaíochta”).
2. Leagfar na paraiméadair chistiúcháin seo a leanas amach sa chinneadh bliantúil iasachtaíochta:
 - (a) uasmhéid bliantúil an chistithe fhadtéarmaigh bunaithe ar mhéideanna ionchasacha na n-eisíocaíochtaí atá beartaithe agus na riachtanas athmhaoinithe;
 - (b) uasmhéid an chistithe ghearrthéarmaigh gan íoc, lena n-áirítear trí eisiúint Bhillí AE, úsáid idirbheart neamhurraithe margaidh airgid, bunaithe ar na riachtanais ionchasacha le haghaidh bainistiú leachtachta, cistiú sealadach agus, i gcás inarb ábhartha, úsáid idirbheart neamhurraithe margaidh airgid ina n-úsáidtear eisiúintí dílse arna sealbhú ar a shon féin lena n-áirítear chun tacú leis an margadh tánaisteach i mbannaí AE;
 - (c) an t-uasmhéid críochnaitheach gan íoc in aghaidh na heisiúna lena léirítear an riosca comhchruinnithe tráth na haibíochta;
 - (d) meánaibíocht uasta an chistithe fhadtéarmaigh;
 - (e) más iomchuí, uasmhéid na n-eisiúintí dílse gan íoc is féidir a shealbhú ar shon an Choimisiúin féin agus is féidir a úsáid le haghaidh idirbhearta urraithe margaidh airgid nó chun tacú leis an margadh tánaisteach i mbannaí AE.
3. Cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh agus an cinneadh bliantúil iasachtaíochta á ullmhú:
 - (a) na ceanglais a eascraíonn as na bunghníomhartha bunúsacha, go háirithe na bunghníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 220(1) den Rialachán Airgeadais;
 - (b) na hoibleagáidí íocaíochta chun fiachas gan íoc a sheirbhísiú agus chun an phríomhshuim a aisíoc, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil agus an clárú airgeadais á chur san áireamh;
 - (c) an chomhoiriúnacht do na teorainneacha a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 agus, de réir mar is iomchuí, i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ⁽¹²⁾, agus do theorainneacha an uasfhaid nó na meánaibíochta uasta a leagtar amach sa bhunghníomh bunúsach. I dtaca le NGEU, is éard a bheidh sna teorainneacha sin na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 i gcás na huasteorann acmhainní dílse breise mar atá 0,6 pointe céatadáin de OINanna na mBallstát, agus an teorainn a leagtar amach in Airteagal 5(2), an tríú fohír, den Chinneadh sin i gcás iasachtaíocht ó bhuiséad an Aontais a bheartaítear a aisíoc;
 - (d) na haibíochtaí iasachta a leagtar amach sna comhaontuithe iasachta arna dtabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an tír is tairbhí;
 - (e) tosca eile atá ábhartha chun na hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a chinneadh.
4. Glacfar an cinneadh bliantúil iasachtaíochta roimh thús na tréimhse a gcumhdaítear leis.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

5. Féadfar an cinneadh bliantúil iasachtaíochta a leasú go háirithe i gcás ina bhfuil riosca tromchúiseach ann nach bhféadfaí an mheánaibíocht uasta a urramú mar gheall ar eisiúintí mhéideanna an chistithe fhadtármaigh a thearc-fhorghníomhú nó i gcás athrú ar cheann amháin nó níos mó de na tosca dá dtagraítear i mír 3.
6. Cuirfidh an Coimisiún an cinneadh bliantúil iasachtaíochta in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Airteagal 4

Plean cistiúcháin

1. Socrófar sa phlean cistiúcháin sprioc tháscach maidir leis na cistí atá le bailiú trí oibríochtaí iasachtaíochta agus le bainistiú trí oibríochtaí bainistithe fiachais, plean lena gcumhdófar tréimhse 6 mhí de ghnáth.
2. Léireofar sa phlean cistiúcháin na hoibríochtaí iasachtaíochta atá beartaithe agus, de réir mar a bheidh, na hoibríochtaí bainistithe fiachais, atá le déanamh faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa chinneadh bliantúil iasachtaíochta agus na tosca dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus na coinníollacha airgeadais sa bhunmhargadh agus sa mhargadh tánaisteach á gcur san áireamh, áireofar sa phlean cistiúcháin, *inter alia*, na paraiméadair chistiúcháin seo a leanas:
 - (a) uasmhéid ionchasach an chistithe ghearrthármaigh agus fhadtármaigh le haghaidh na tréimhse;
 - (b) meánaibíocht ualaithe uasta an chistithe fhadtármaigh atá le déanamh;
 - (c) cuimse uachtair ar an meánleachtacht ionchasach a bheidh ar fáil mar chúlchiste chun freastal ar riachtanais íocaíochta le haghaidh na tréimhse atá beartaithe;
 - (d) más iomchuí, uasmhéid na n-eisiúintí dílse gan íoc is féidir a shealbhú ar shon an Choimisiúin féin agus is féidir a úsáid le haghaidh idirbhearta urraithe margaidh airgid nó chun tacú leis an margadh tánaisteach.

Agus an plean cistiúcháin á bhunú, cuirfear tuairim an Phríomhoifigigh Riosca dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(a) san áireamh go cuí.

3. Glacfar an plean cistiúcháin roimh thús na tréimhse a gcumhdaítear leis.
4. Féadfar an plean cistiúcháin a leasú i gcás athrú substaintiúil ar cheann amháin nó níos mó de na tosca dá dtagraítear in Airteagal 3(3).
5. Ar bhonn an phlean cistiúcháin a ghlacfar, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas.

Airteagal 5

Riachtanais eisíocaíochta réamh-mheasta a chur in iúl chun an plean cistiúcháin a ullmhú agus a chur chun feidhme

1. Bunófar an plean cistiúcháin ar bhonn faisnéis atá cothrom le dáta, a sholáthróidh oifigigh údarúcháin na gclár d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, maidir le sceideal na n-íocaíochtaí a bhfuil coinne leo le linn na tréimhse 6 mhí atá i gceist. A mhéid is féidir, beidh an fhaisnéis a sholáthrófar cruinn agus iontaoifa.
2. Mí amháin roimh ghlacadh an phlean cistiúcháin, soláthróidh oifigigh údarúcháin na gclár réamh-mheastachán mionsonraithe ar riachtanais eisíocaíochta na gclár faoi seach.
3. A mhéid is féidir, soláthróidh oifigigh údarúcháin na gclár nuashonruithe rialta cruinne iontaoifa den fhaisnéis arna soláthar i leith eisíocaíochtaí réamh-mheasta, lena n-áirítear athruithe ar na hamlínte maidir leis na nósanna imeachta um fhorghniasanna íocaíochta a thabhairt i gcrích.
4. Chun faisnéis a cheanglaítear faoi mhíreanna 1 go 3 den Airteagal seo a chur in iúl, úsáidfidh oifigigh údarúcháin na gclár an córas leictreonach chun faisnéis faoi riachtanais eisíocaíochta réamh-mheasta a chur in iúl agus a thabhairt cothrom le dáta, córas dá bhforáiltear in Airteagal 11(2)(h).

*Airteagal 6***Cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus na n-oibríochtaí bainistithe fiachais**

1. Déanfar na hoibríochtaí iasachtaíochta aonair i gcomhréir leis an nuashonrú is déanaí is infheidhme den phlean cistiúcháin le haghaidh na tréimhse atá i gceist.

Ar bhonn na nuashonruithe rialta, dá bhforáiltear faoi Airteagal 5(3), den fhaisnéis faoi na méideanna agus na hamlínte a bhfuil coinne leo i dtaobh na n-eisiócaíochtaí a fhorfhéasfaidh oifigh údarácháin na gclár, eiseoidh Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid treoracha rialta maidir leis na méideanna atá le bailiú trí eisiúint fiachais.

2. Déanfar na méideanna a dtabharfar treoracha ina leith a bhailiú tríd an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a shainmhíneáir in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm, agus paraiméadair chistiúcháin an phlean cistiúcháin a leagtar amach in Airteagal 4(2) á n-urramú an tráth céanna.

Leis na hoibríochtaí iasachtaíochta agus na hoibríochtaí bainistithe fiachais, urramófar prionsabal an bhainistithe fhónta airgeadais, a n-áirítear ann leithscaradh iomchuí ról agus freagrachtaí, sreabha faisnéise agus tuairiscithe a bhfuil sé d'aidhm acu formhaoirseacht agus cuntasacht neamhspleách a ráthú, agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart uile. Déanfar na hoibríochtaí sin i gcomhréir le dea-chleachtas sa mhargadh agus urraim á tabhairt do choinbhinsiúin an mhargaidh.

*Airteagal 7***Straitéis cistiúcháin éagsúlaithe**

1. Agus an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á cur chun feidhme, cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal an bhainistithe fhónta airgeadais, chun an cistiú is gá a fháil ar iasacht chun riachtanais na gclár ábhartha le haghaidh tacaíocht in-aisíochta agus neamh-inaisíochta a chomhlíonadh in am trátha, agus chun an fiachas a thiocfaidh as sin a bhainistiú ar bhealach chomh héifeachtúil agus chomh gasta is féidir, agus an tráth céanna féachaint leis na dálaí airgeadais is buntáistí a fháil faoi dhálaí reatha an mhargaidh le haghaidh bhuiséad an Aontais agus na dtíortha is tairbhíthe, agus ina theannta sin, agus é d'aidhm aici láithreach tráthrialta sa mhargadh caipitil a bhaint amach:

- (a) féadfar oibríochtaí iasachtaíochta agus oibríochtaí bainistithe fiachais a dhéanamh ar an mbunmhargadh, ar an margadh tánaisteach agus ar mhargaí airgid;
- (b) eagrófar oibríochtaí iasachtaíochta trí shraith iasachtaí aonair a bhfuil aibíochtaí éagsúla acu, ó chistiú gearrthéarmach go cistiú fadtéarmach;
- (c) féadfar oibríochtaí iasachtaíochta a eagrú trí mheascán d'idirbhearta sindeacáite agus ceantanna, agus de láithrithe príobháideacha, a bhraitheann sa dá chás ar sheirbhísí institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar comhaltaí iad de líonra na bpríomhdhéileálaithe a bunaíodh faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún ⁽¹⁾;
- (d) féadfar an fiachas a thiocfaidh as sin a thar-rolladh ar mhaithe le bainistiú aibíochta;
- (e) déanfar neamhréireanna sreabhaidh airgid agus riosca leachtachta a bhainistiú trí bhearta bainistithe leachtachta gearrthearmaí ar mhéideanna arna sealbhú i gcuntas tiomnaithe trí úsáid a bhaint as idirbhearta urraithe agus neamhurraithe margaidh airgid.

2. I gcás inar gá, chun bainistiú níos fearr a áirithiú ar rioscaí ráta úis agus ar rioscaí eile airgeadais a eascraíonn as forghníomhú na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin úsáid a bhaint freisin as oibríochtaí bainistithe fiachais arb éard a d'fhéadfadh a bheith iontu úsáid a bhaint as díorthaigh amhail babhtálacha chun rioscaí ráta úis nó rioscaí eile airgeadais a bhainistiú, nó a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo idirbhearta urraithe nó neamhurraithe margaidh airgid a dhéanamh le hoifigí bainistithe fiachais na mBallstát, institiúidí fornáisiúnta, gníomhaireachtaí náisiúnta earnála poiblí, institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil seasamh creidmheasa iomchuí acu agus contrapháirtithe lárnacha. Chun na críche sin, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin a bhannáil féin a cheannach ar ais agus a shealbhú. Go háirithe, ní féadfar babhtálacha a úsáid ach amháin chun rioscaí ráta úis atá ar thíortha a thairbhíonn d'iasachtaí a fháil. Is é tairbhí na hoibríochta bainistithe riosca a iompróidh na costais chun rioscaí le díorthaigh a bhainistiú.

⁽¹⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe agus sainiú na gceistíochtaí incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 131, 16.4.2021, lch. 170).

ROINN 2

Oibríochtaí iasachtaithe

Airteagal 8

Oibríochtaí iasachtaithe

Déanfar cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaithe i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar síos sa bhunghníomh ábhartha, mar aon leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe iasachta arna dtabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an tír is tairbhí i gcomhréir leis an mbunghníomh ábhartha.

Airteagal 9

Eisíocaíochtaí agus dlús a chur leis an iasacht

Déanfar tráthchodanna nó tráinsí iasachta a eisíoc ar bhealach chomh héifeachtúil agus chomh gasta is féidir, faoi réir cistiú a bheith ar fáil. Beidh gealltanais neamhchoinníollach agus neamh-inchúlghairthe ón tír is tairbhí sna comhaontuithe iasachta go n-iompróidh sí na costais uile a bhaineann leis an iasachtaíocht, lena n-áirítear costais riaracháin, agus go n-aisíocfaidh sí an phríomhshuim agus an t-ús agus féadfar úsáid díorthach, go háirithe babhtálacha, a cheadú sna comhaontuithe sin.

Beidh clásal luasghéaraithe sna comhaontuithe iasachta faoi Rialachán (AE) 2021/241 lena dtugtar teidlíocht don Choimisiún aisíocaíocht luath na hiasachta a iarraidh, *inter alia*, i gcomhréir le hAirteagail 22(5) agus 24(9) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le haghaidh aisghabháil réamh-mhaoinithe nach bhfuil imréitithe.

Airteagal 10

Costais na hiasachta

Is iad na tíortha is tairbhí a iompróidh gach costas, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le rioscaí ráta úis agus rioscaí eile airgeadais a bhainistiú, a thabhóidh an tAontas i ndáil le cistí a fháil ar iasacht le haghaidh na n-iasachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 220 den Rialachán Airgeadais agus leis na bunghníomhartha ábhartha agus déanfar iad a ríomh i gcomhréir le modheolaíocht arna leagan síos ag an gCoimisiún i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2545 ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁾, arna comhlánú le treoirlínte sonracha, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne.

Is í an tír is tairbhí a iompróidh aon chostas a thabhóidh an tAontas mar gheall ar dhíorthaigh.

Seolfar sonrasc i leith na gcostas chuig an tír is tairbhí go tráthrialta.

ROINN 3

Cur chun feidhme agus tuairisciú

Airteagal 11

Acmhainneachtaí oibríochtúla a bhunú

1. Le cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus le cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara, áireofar bunú agus bainistiú na n-acmhainneachtaí oibríochtúla lena n-áirítear go gcloifidh na córais a chuirfear i bhfeidhm le bainistiú fóna airgeadais agus go mbeidh siad faoi réir bainistiú stóinsithe riosca agus doiciméadú ar phróisis agus ar chinntí.

⁽¹⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2545 an 19 Nollaig 2022 (féach leathanach 123 den Iris Oifigiúil).

2. Áireofar na nithe seo a leanas go háirithe sna hacmhainneachtaí oibríochtúla sin:
- (a) comhaontuithe a chaibidliú, a athbhreithniú agus a shíniú le hinstitiúidí creidmheasa poiblí nó príobháideacha agus le taisclanna lárnacha urrús náisiúnta nó idirnáisiúnta riachtanacha chun socrú idirbhirt a thabhairt i gcrích;
 - (b) doiciméadacht na hiasachta a athbhreithniú, a leasú, a athrú, a athdhréachtú agus a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear an doiciméadacht faoin gClár Eisiúna Fiachais;
 - (c) socrúithe agus rialacha a bhunú maidir le ceantanna a eagrú, lena n-áirítear comhaontuithe le soláthraithe seachtracha córas agus formhaoirseacht leanúnach ar fheidhmíocht ceantanna;
 - (d) idirbhearta aonair iasachtaíochta a chur chun feidhme trí idirbhearta sindeacáite, ceantanna agus láithrithe príobháideacha;
 - (e) ríomh na gcostas arna dtabhú i gcomhréir leis an modheolaíocht atá le leagan síos ag an gCoimisiún i dtreoirlínte sonracha a bheidh le muirearú ar bhuiséad an Aontais agus ar na tíortha is tairbhíthe i gcomhthéacs oibríochtaí iasachtaithe;
 - (f) socrúithe a bhunú agus comhaontuithe a chaibidliú, a athbhreithniú agus a shíniú, lena n-áirítear comhaontuithe le contrapháirtithe agus le soláthraithe córais trádála, socrúithe agus comhaontaithe is gá chun na hidirbhearta agus na hionstraimí seo a leanas a dhéanamh:
 - (i) idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta athcheannaigh droim ar ais, idirbhearta ceannaigh-aisdiola nó idirbhearta aischeannaigh díola agus idirbhearta eile a n-eascraíonn dliteanas astu;
 - (ii) díorthaigh, amhail babhtálacha, chun rioscaí a bhainistiú agus a fhálú chun críche iasachtaí, agus chun na críche sin amháin.
 - (g) idirbhearta margaidh thánaistigh agus idirbhearta neamhurráithe agus urraithe margaidh airgid a dhéanamh, lena n-áirítear na hidirbhearta sin dá dtagraítear i bpointí (f)(i) agus (ii) thuas;
 - (h) an córas leictreonach chun faisnéis faoi riachtanais eisiócaíochta réamh-mheasta a chur in iúl agus a thabhairt cothrom le dáta, dá dtagraítear in Airteagal 5(4), a bhunú agus a bhainistiú.

Airteagal 12

Tuairisciú ar chur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe

Bunóidh an Coimisiún tuarascáil dhá uair in aghaidh na bliana maidir le gach gné dá straitéis iasachtaíochta agus bainistithe fiachais, amhail an bunús dlí, méideanna gan íoc bannaí agus billí, próifíl aibíochta, deontais agus iasachtaí a eisíocadh, sceideal aisíocaíochta na n-iasachtaí a eisíocadh, costas an chistithe agus an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún a eisiúint sa seimeastar atá le teacht. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

CAIBIDIL 3

CUNTASAÍOCHT AGUS AN TOIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA

Airteagal 13

Cuntas chun fáltais a bhainistiú

1. Is trí chuntas a osclóidh Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a dhéanfar na fáltais a bhaineann leis na hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe a bhainistiú. Déanfaidh an tOifigeach Cuntasaíochta bainistiú an chuntais seo a tharmligean chuig seirbhísí ábhartha in Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid a dhéanfaidh é a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha, na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh seo.
2. Is in BCE a bheidh an cuntas sin ar bhonn conradh maidir le seirbhísí gníomhaireachta fiosaí. Úsáidfeadh é le haghaidh sealúchais airgid stuamachta thiomnaithe a chuirfear in oiriúint do mhéideanna na n-íocaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

*Airteagal 14***Cuntasaíocht le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe**

Beidh an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as cuntasaíocht iomchuí a áirithiú maidir le gach oibríocht iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais agus le Teideal XIII den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 15***Ráitis airgeadais a bhunú**

1. Beidh an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú i leith gach oibríochta iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais agus ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh oifigigh údarúcháin na gclár.
2. Beidh na ráitis airgeadais sin ina gcuid de chuntais bhliantúla chomhdhlúite bhuiséad an Aontais.

CAIBIDIL 4

BAINISTIÚ RIOSCA AGUS COMHLÍONTAUGHT*Airteagal 16***Ról an Phríomhoifigigh Riosca le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe**

1. Beidh Príomhoifigeach Riosca ann le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe, a leagtar a chumhachtaí agus a fheidhmeanna síos sa chinneadh seo.
2. Is é ról an Phríomhoifigigh Riosca a áirithiú go gceaptar agus go gcuirtear chun feidhme na córais agus na próisis a úsáidtear chun na hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe ar bhealach lena n-áirithítear, a mhéid is féidir, cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus bainistiú fóna airgeadais na n-oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe.
3. Déanfar ról an Phríomhoifigigh Riosca a fheidhmiú go neamhspleách ar na feidhmeanna agus ar na cúraimí a bhaineann le planáil, cur chun feidhme, forghníomhú agus cuntasaíocht na n-oibríochtaí. Beidh neamhspleáchas ag an bPríomhoifigeach Riosca agus na cúraimí agus na freagrachtaí a dtugtar tuairisc orthu sa Chaibidil seo á ndéanamh aige agus soláthrófar na hacmhainní is gá dó.
4. Tuairisceoidh an Príomhoifigeach Riosca go díreach do Chomhalta an Cholaíste atá freagrach as an mBuiséad i dtaca leis na freagrachtaí a leagtar amach sa Chaibidil seo.
5. Tuairisceoidh ball foirne ar cuireadh ról an Oifigigh um Chomhlíontacht de chúram air nó uirthi go díreach don Phríomhoifigeach Riosca maidir le hábhair a leagtar amach in Airteagal 17(4).

*Airteagal 17***Beartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht a bhunú**

1. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca Beartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht a tharraingt suas lena sainaitheofar na príomhrioscaí do leasanna airgeadais an Aontais a eascraíonn as cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca na príonsabail maidir le haitheantas agus measúnú riosca san áireamh, ar dá réir a shainaitheofar na príomhrioscaí agus a dhéantar measúnú leanúnach orthu le córas rialaithe inmheánach éifeachtach.
2. Socrófar sa Bheartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht na cuspóirí riosca straitéiseacha agus soláthrófar ann an creat uileghabhálach le haghaidh na dtreoirlínte bainistithe riosca is infheidhme maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe.

3. Sainaitheofar sa Bheartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht na rioscaí gaolmhara uile, lena n-áirítear rioscaí leachtachta, margaidh, cistiúcháin, creidmheasa, contrapháirtí agus oibríochtúla, a eascraíonn as cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe. I gcás gach riosca, socrófar sa Bheartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht an inghlacthacht riosca ardleibhéil, na modheolaíochtaí ginearálta chun an neamhchosaint ar riosca a thomhas, na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe chomh maith leis an sásra méadúcháin a bheidh le húsáid i gcás sárúithe nó neamhchomhlíontachta. Fíorófar leis stóinseacht na nósanna imeachta is gá chun ionracas, sláine agus trédhearcacht na n-oibríochtaí sin a áirithiú agus cuirfidh sé teorainn le haon riosca airgeadais nó oibríochtúil go hionchuí.
4. Áireofar sa Bheartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht na rialacha agus na nósanna imeachta seo a leanas:
 - (a) rialacha agus nósanna imeachta atá le hurramú ag daoine atá freagrach as cur chun feidhme agus forghníomhú oibríochtúil na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, agus;
 - (b) rialacha agus nósanna imeachta chun cosc a chur ar sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, forghníomhú oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe ag eintitis atá ionchorpraithe nó bunaithe i ndlínsí a liostaítear faoin mbeartas ábhartha maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha nó a shainaitheann mar thíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾, nó nach gcomhlíonann go héifeachtach caighdeáin chánach an Aontais nó caighdeáin chánach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, sárúithe ar chórais smachtbhannaí agus neamhrialtachtaí eile airgeadais atá ábhartha.
5. Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht uair sa bhliain ar a laghad agus déanfar é a athbhreithniú más gá.
6. Cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca an Beartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht faoi bhráid Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad lena fhorghnias.

Airteagal 18

Ról an Phríomhoifigigh Riosca

1. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca faireachán ar an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme é ar bhealach cuimsitheach comhsheasmhach.
2. Déanfaidh an Príomhoifigeach Riosca na cúraimí seo a leanas go háirithe:
 - (a) tuairim a eisiúint maidir leis an dréachtphlean cistiúcháin;
 - (b) athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha inmheánacha agus ar threoidhoiciméid arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid le haghaidh chur chun feidhme an Chinnidh seo i dtaca le comhsheasmhacht leis an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht, ar rialacha inmheánacha agus treoidhoiciméid iad a bhféadfaidh sé a iarraidh iad a mhodhnú;
 - (c) comhlíonadh leanúnach próiseas stóinsithe maidir le rioscaí a shainaitheann, a chainníochtú agus faireachán a dhéanamh orthu a bhunú agus a fhorghnias;
 - (d) sárúithe a d'fhéadfaidh a bheith ann ar an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht nó ar threoirlínte, beartais agus teorainneacha eile a bhaineann le riosca a shainaitheann agus bearta a mholadh a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcás sárúithe nó neamhchomhlíontachta.

Airteagal 19

Tuairiscíú ag an bPríomhoifigeach Riosca

1. Tuairisceoidh an Príomhoifigeach Riosca go tráthrialta ar rioscaí ábhartha agus ar chomhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 17(4) do Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad, don Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht, d'Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid agus don Oifigeach Cuntasaíochta. Soláthróidh an Príomhoifigeach Riosca faisnéis rialta freisin faoi rioscaí agus teorainneacha do dhaoine atá freagrach as forfheidhmiú oibríochtúil na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe.

⁽¹³⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

Déanfaidh Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid na bearta is gá gan moill mhíchúí chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin agus tabharfaidh sé mínithe ar na bearta a rinneadh don Phríomhoifigeach Riosca.

Agus an Príomhoifigeach Riosca ag tuairisciú do Chomhalta an Choláiste atá freagrach as an mBuiséad, féadfaidh sé, de réir mar is iomchúí, an Comhalta sin a chur ar an eolas faoi na torthaí dá dtagraítear sa dara fomhír agus faoi phléití an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht.

2. Tuairisceoidh an Príomhoifigeach Riosca don Choimisiún uair sa bhliain ar chur chun feidhme an Bheartais um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht.

Airteagal 20

Ról an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht

1. Bunófar Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht chun tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca agus freagrachtaí an oifigigh sin á gcomhlíonadh aige.
2. Maidir leis an gCoiste um Riosca agus um Chomhlíontacht:
 - (a) rachaidh an Príomhoifigeach Riosca i gcomhairle leis maidir leis an mBeartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht;
 - (b) tacóidh sé leis an bPríomhoifigeach Riosca agus na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointí (a), (b) agus (c) á ndéanamh;
 - (c) glacfaidh sé páirt i meastóireacht, faireachán agus formheas a dhéanamh ar chleachtais maidir le cur chun feidhme an Bheartais um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht agus a bhaineann le bainistiú riosca na n-oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe;
 - (d) tacóidh sé leis an bPríomhoifigeach Riosca agus measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí ar riosca atá ag teacht chun cinn i ndáil le hoibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe, agus cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca é ar an eolas faoi dhul thar teorainneacha a socraíodh chun rioscaí nó neamhchomhlíonadh an Bheartais um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíontacht, agus neamhchomhlíonadh treoirlínte, beartas agus teorainneacha eile a bhaineann le riosca a laghdú.

Airteagal 21

Comhaltaí agus eagrúchán an Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht

1. Is iad na daoine seo a leanas a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht: an Príomhoifigeach Riosca, Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin, an tOifigeach um Chomhlíontacht, beirt bhall foirne d'Ard-Stiúrthóireachtaí a bhfuil eolas faoi bhainistiú riosca agus faoi mhaoirseacht ar mhargaí airgeadais i gceist lena bhfeidhmeanna, agus beirt bhall foirne d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid arna n-ainmniú ag Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid.
2. Tabharfaidh an Príomhoifigeach Riosca cuireadh do bheirt saineolaithe seachtracha chuig cruinnithe den Choiste um Riosca agus um Chomhlíontacht. Tabharfaidh na saineolaithe seachtracha tuairimí agus glacfaidh siad páirt i bpléití ach ní bheidh cearta vótála acu maidir le hábhair a thugtar os comhair an Choiste.
3. Is ar bhonn comhthola a ghlacfaidh an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht seasaimh i gcás inar féidir, nó, nuair nach féidir an chomhthoil a bhaint amach, ar bhonn thiomlach simplí a chomhaltaí. I gcás comhionannas vótaí, is é vóta an Phríomhoifigigh Riosca a bheidh cinntitheach.
4. Glacfaidh an Coiste um Riosca agus um Chomhlíontacht a rialacha nós imeachta.

CAIBIDIL 5

FORÁIL IDIRTHRÉIMHSEACH AGUS CHRÍOCHNAITHEACH

Airteagal 22

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh C(2021) 2502.

Déanfar tagairtí don Chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME(AE, Euratom) 2022/2545 ÓN gCOIMISIÚN
an 19 Nollaig 2022**

maidir leis an modheolaíocht chun costais a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a leithdháileadh faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 220a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ tugtar isteach an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe mar mhodh cistiúcháin aonair chun oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais arna ndéanamh ag an gCoimisiún a chur chun feidhme i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an “Rialachán Airgeadais”). Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434, beidh feidhm ag an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe maidir le clár cúnamh airgeadais a dtiocfaidh na bunghníomhartha i bhfeidhm ina leith an 9 Samhain 2022 nó ina dhiaidh sin.
- (2) Ba cheart don Choimisiún na socruithe is gá a bhunú chun an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme. Chun an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chur i bhfeidhm, is gá sraith rialacha a ghlacadh chun leithdháileadh na gcostas faoi seach ar na clár cúnamh airgeadais ábhartha a chinneadh, agus ba cheart a áirithiú leis sin go ndéanfar na costais uile arna dtabú ag an Aontas a bhaineann le cúnamh airgeadais a ghearradh ar an tairbhí.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún ⁽³⁾, bunaíodh an mhodheolaíocht chun na costais a bhaineann le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe faoi NextGenerationEU (NGEU) a leithdháileadh. Is iomchuí na socruithe sin a leathnú chuig oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéantar faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe de bhun Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais.
- (4) Ba cheart é a bheith d’oibleagáid fós ar thairbhíthe an chúnamh airgeadais na haisíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 220(5), pointe (e) den Rialachán Airgeadais agus i gcomhréir le príonsabail bhuiséadacha na bainistíochta fóna airgeadais agus na cothromaíochta. Ba cheart na costais uile a mhuirearú ar na tairbhíthe bunaithe ar mhodheolaíocht aonair maidir le leithdháileadh costas lena n-áiríthítear go leithdháiltear na costais ar bhealach trédhearcach comhréireach.
- (5) Leis an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas, ba cheart a áirithiú nach mbeidh aon tras-fhóirdheonú costas á dhéanamh ag catagóir tairbhí amháin thar ceann catagóir tairbhí eile. Ba cheart costais na n-iasachtaí a chur i leith thairbhíthe na n-iasachtaí sin go hiomlán, ar thaobh amháin, agus costais neamh-inaisíochta a chur i leith Bhuiséad an Aontais, ar an taobh eile, bunaithe ar na costais iarbhír a thabhaítear agus sciar na bhfáltais faoi seach á chruinniú agus á eisíoc leis na tairbhíthe éagsúla. Ba cheart na costais uile a thabhaíonn an tAontas i leith oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a bheith cumhdaithe sa mhodheolaíocht, lena n-áirítear na costais riaracháin uile, agus ba cheart a áirithiú léi go ndéanfaí catagóirí éagsúla costas a ríomh le haghaidh gach eisíocaíochta.

⁽¹⁾ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta (IO L 319, 13.12.2022, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun costais a leithdháileadh a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais faoi NextGenerationEU faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus le haghaidh na n-oibríochtaí iasachtaíochta a bhaineann le hiasachtaí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 236, 5.7.2021, lch. 75).

- (6) Chun cóir chothrom agus chomhionann a áirithiú idir tairbhíthe, ba cheart don Choimisiún modheolaíocht choiteann aontaithe le haghaidh costas a chur chun feidhme, modheolaíocht a bheidh infheidhme maidir le gach cineál eisíocaíochta (iad sin a aisíocann buiséad an Aontais, agus iad sin a aisíocann tairbhíthe), a dhéanfaidh costais a chur i leith na dtairbhíthe ar bhonn sciar na bhfáltais a fuarthas.
- (7) Leis an modheolaíocht sin a bhaineann le costais a ríomh agus a leithdháileadh, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir trí chatagóir costais: costas an chistithe, costas na bainistíochta leachtachta agus costais riaracháin. Eascraíonn costas an chistithe as an ráta úis agus as muirir eile nach mór don Choimisiún a íoc ar na hionstraimí éagsúla a eisítear chun na heisíocaíochtaí atá i gceist a mhaoiniú. Is iad costais na bainistíochta leachtachta na costais a thabhaítear mar thoradh ar shuimeanna a eisítear agus a shealbhaítear go sealadach i gcuntais leachtachta mar chúlchistí chun íocaíochtaí atá ag teacht chun cinn a íoc. Is gné dháilis den straitéis chistiúcháin éagsúlaithe é an forchostas oibríochtúil leanúnach sin agus ba cheart é a roinnt go cothrom ar fud na dtairbhíthe go léir. Is éard atá sa tríú catagóir costais na costais riaracháin a bhaineann leis an acmhainneacht theicniúil agus oibríochtúil a fhorbairt chun straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme agus a thagann chun cinn go soiléir mar thoradh ar chur chun feidhme na straitéise chistiúcháin éagsúlaithe.
- (8) Déanfar leithdháileadh cothrom agus comhréireach na gcostas trí eisíocaíochtaí agus ionstraimí chistiúcháin gaolmhara a roinnt ina dtréimhsí ama (dá ngairtear “urranna ama” anseo feasta). Maidir le heisíocaíochtaí atá ann cheana agus idirbhearta iasachta gaolmhara a eisítear faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, a sannadh cheana d’urranna ama, ní dhéanfar difear dóibh má thugtar eisíocaíochtaí breise isteach faoi chlár cúnamh airgeadais faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais. Ó thús na n-eisíocaíochtaí iasachta sin ar aghaidh, aon eisíocaíocht a mhaoiníofar tríd an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, déanfar a chostais a ríomh agus a shannadh go comhionann. Is ionann costas an chistithe le haghaidh na n-eisíocaíochtaí uile a shanntar don urrann ama cheanna lena n-áirithítear go bhfuil iasachtaí curtha in oiriúint do riachtanais eisíocaíochta, agus is é sin an buntáiste is mó a bhaineann leis an gcur chuige sin.
- (9) Ba cheart a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ar dháileadh costas le haghaidh aon cheann de na cláir ar maidir leo a mbeadh feidhm ag an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas. Bheadh feidhm ag an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas, ón uair a glacadh í, maidir le hiasachtaí NGEU agus maidir leis na hiasachtaí faoi Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), a bhfuil ré agus struchtúr comhchosúil acu. Dá bhrí sin, is féidir iad a áireamh sna hurranna ama céanna. Má bhunaítear clár nua cúnamh airgeadais, a bhfuil fad agus struchtúr difriúil aige, ar dócha go mbeidh tionchar aige ar na costais, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht sin de réir mar is iomchuí.
- (10) Ba cheart ríomh chostas an chistithe a eascraíonn as idirbhearta iasachtaíochta a bheith bunaithe ar na costais a eascraíonn as gach oibríocht iasachtaíochta le linn na tréimhse ama 6 mhí thart ar dháta na heisíocaíochta. Tá gá leis na costais chistiúcháin sin a roinnt chun a áirithiú go mbeidh dlúthnasc idir costas an chistithe a ghearrtar ar an eisíocaíocht agus na rátaí margaidh atá i réim tráth a dhéantar é. Fágann an cur chuige sin nach socraítear costas beacht an chistithe go dtí go mbeidh an comhthiomsú chistiúcháin críochnaithe tráth a dhúnfar an urrann ama sé mhí, ach beidh praghsanna tascacha ar fáil do thairbhíthe iasachta roimh an gcostas deiridh. Ba cheart do thairbhíthe iasachta nó, i gcás an ioncain shannta sheachtraigh faoi Airteagal 3(1) de Rialachán 2020/2094 ón gComhairle (°), do bhuiséad an Aontais an muirear céanna a íoc. Seachnaíonn sé sin an treallachas nó ceist an tseans is dual don mhodh traidisiúnta droim-le-droim, modh inarbh iad na costais a bhí ar aon tairbhí ar leith na téarmaí ab fhéidir a fháil an lá áirithe ar tugadh an iasacht.
- (11) Ba cheart gach urrann ama a bheith gníomhach le linn thréimhse 6 mhí dar tús an 1 Eanáir nó an 1 Iúil. Mar sin féin, ba cheart an tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 a chumhdach leis an urrann chéaduaire, dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chinneadh.
- (12) Cé go bhféadfadh costas an chistithe a bheith éagsúil idir na hurranna ama sé mhí mar gheall ar dhifríochtaí i gcoinníollacha chistiúcháin nach bhfuil neart ag an gCoimisiún orthu, déanfaidh an Coimisiún oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a bhainistiú chun a áirithiú go mbeidh próifíil aibíochta comhchosúla ag gach urrann ama a mhéid is féidir.

(*) Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1).

(°) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

- (13) Le straitéis chistiúcháin an Choimisiúin is féidir riosca ráta úis agus rioscaí airgeadais eile a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Cé go mbeidh na rátaí úis a ghearrfar ar thairbhíthe iasachta cobhsaí, beidh gá leis na rátaí a athríomh go tréimhsiúil agus go himeallach nuair is gá na hionstraimí sa chistiú comhthiomsaithe atá ag dul in aibíocht a ionadú. Más gá, forbróidh an Coimisiún an cumas atá aige chun díorthaigh amhail babhtálacha a úsáid chun aon riosca ráta úis atá fágtha a bhainistiú agus chun an rogha iasachtaí ar rátaí seasta úis a thairiscint do thairbhí. Ba cheart don tairbhí a fheidhmíonn an rogha seo costais an ráta sheasta úis sin a foc go hiomlán agus go heisiach.
- (14) Ba cheart méideanna na n-eisíocaíochtaí in urrann ama a bheith cothrom le méid na n-ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a shanntar don urrann ama sin. I bhformhór na gcásanna, tarlóidh eisíocaíocht na bhfáltas san urrann ama chéanna le heisiúint na n-ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a úsáidtear chun na fáltais a thiomsú, agus sannfar eisíocaíocht na bhfáltas sin don urrann ama chéanna sin. Mar sin féin, de dheasca moilleanna gan choinne a bheith ann maidir leis an eisíocaíocht a dhéanamh, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar tiomsaíodh fáltais an chistiúcháin fhadtéarmaigh ach nach féidir iad a eisíoc mar a bhí sceidealaithe ar dtús. Sa chás sin, féadfar moill a chur ar an eisíocaíocht ó urrann ama amháin go dtí an urrann ama ina dhiaidh sin. Mar sin féin, más rud é gur tiomsaíodh na cistí do na riachtanais chistiúcháin áirithe sin cheana agus gur sannadh iad don urrann ama roimhe sin, ní féidir iad a úsáid le haghaidh riachtanas eile san urrann ama sin. Sna himthosca sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann eisíocaíochtaí a shannadh d'urrann ama ar eisíodh na hionstraimí cistiúcháin ina leith. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann freisin na hionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a shannadh don urrann ama a leanann an urrann ama roimhe sin sa chás nach leor méid na n-ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha don urrann ama sin chun méid na n-eisíocaíochtaí a chumhdach.
- (15) Beidh roinnt modhanna ag teastáil ón gCoimisiún chun réamh-mheas a dhéanamh, le linn na hurrainne ama roimhe sin, ar na riachtanais eisíocaíochta a thíocfaidh chun cinn go luath i saolré na chéad hurrainne ama eile. Chun freastal ar na cásanna sin agus chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní ar fáil ag an gCoimisiún ar théarmaí buntáisteacha chun eisíocaíochtaí a dhéanamh gar don aistriú idir na hurranna ama, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a shannadh don urrann ama ina dhiaidh sin.
- (16) Is gné lárnach den straitéis chistiúcháin éagsúlaithe é an cumas chun leachtacht na n-oibríochtaí cistiúcháin a bhainistiú trí rochtain a fháil ar iasachtaíocht ghearrthéarmach agus trí airgead tirim a shealbhú chun críocha stuamachta, agus is í an ghné is mó a shainíonn an straitéis sin í. Cuirfidh an bainistiú leachtachta sin ar chumas an Choimisiúin na riachtanais íocaíochta uile a chomhlíonadh agus eisiúint a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh. As an gcumas sin eascraíonn costais a bhaineann le fáltais a thiomsú trí pháipéar gearrthéarmach a eisiúint, agus trí roinnt fáltas a shealbhú ar bhonn sealadach ar chuntas leachtachta chun an chumas chun na híocaíochtaí uile a dhéanamh de réir mar a éilítear iad a ráthú. Le hoibríochtaí bainistíochta fiachais faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, beifear in ann an ráta úis agus rioscaí airgeadais eile a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Féadfar a áireamh leo úsáid díorthach amhail babhtálacha chun ráta úis nó rioscaí airgeadais eile a bhainistiú i ndáil le hiasachtaí do na tairbhíthe, nó chun idirbhearta margaidh airgid urraithe nó neamhurraithe a dhéanamh. Na costais a thabhaítear i ndáil le haischeannach agus/nó sealbhú bannaí dílse chun críocha bainistíochta leachtachta, ba cheart iad a mheas mar chostais bainistíochta leachtachta. Ba cheart a bhunú leis an gCinneadh seo bonn chun na costais leachtachta sin a ríomh agus na costais leachtachta sin a mhuirearú ar bhonn cóir cothromasach ar gach tairbhí ábhartha fáltas in imeacht na bliana atá i gceist.
- (17) Maidir le riachtanais eisíocaíochta atá níos airde ná méid na n-ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a leithdháiltear ar an urrann ama nó ar na híocaíochtaí úis faoi seach, féadfaidh easnamh leachtachta urrainne ama a bheith mar thoradh orthu. Maidir le riachtanais eisíocaíochta atá níos ísle ná méid na n-ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a leithdháiltear ar an urrann ama nó ar na híocaíochtaí fuascailte faoi seach a fhaightear maidir leis na heisíocaíochtaí atá gan íoc agus atá leithdháilte ar an urrann ama sin, féadfaidh barrachas leachtachta a bheith mar thoradh orthu. Is ceanglais dhosheachanta maidir le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe iad na barrachais nó na heasnaimh leachtachta sin a chúiteamh. Níor cheart na costais sin a bheith ar na hurranna ama faoi seach, ach ba cheart iad a leithlisiú agus a bhainistiú mar chuid d'fhorchostas bainistíochta leachtachta ar leith. Ba cheart sásra a bhunú leis an gCinneadh seo chun costais a eascraíonn as easnaimh leachtachta nó barrachais leachtachta a dhínascadh ionas gur féidir iad a ionsú leis an gclár cistiúcháin níos leithne i bhfoirm costais bainistíochta leachtachta. Ba cheart don Choimisiún urrann na bainistíochta leachtachta a úsáid chun aon chomhardú airgid dearfach nó diúltach sna hurranna ama a chothromú le méid iomlán na n-eisíocaíochtaí.
- (18) Chun an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme, ní mór na cumais nua is gá a fháil chun an rochtain is buntáistí a fháil ar mhargaí caipítíl agus chun a áirithiú go gcoinneofar an bonneagar sin ar bun ar bhealach leanúnach agus éifeachtach. Áirítear leis sin na costais is gá chun cuntais leachtachta a choinneáil ar bun, chun cumas a fháil ceantanna a reáchtáil do bhíll an Aontais agus do bhannaí an Aontais agus chun cumais próiseála sonraí inmheánacha nua a chur chun feidhme. Ba cheart costais den sórt sin a eascraíonn go díreach as cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus eisíocaíochta a láimhseáil mar fhorchostais lena ndéantar idirdhealú idir costais a bhaineann le bunú agus costais a bhaineann le cothabháil bhonneagar iasachtaíochta agus íocaíochta. Ba cheart na costais sin a chuimsiú le costas na seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin.

- (19) Cuimsíonn costas seirbhíse na bhforchostas riaracháin na costais riaracháin uile a thabhaítear go díreach i gcur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe. Tíocfaidh na costais sin chun cinn mar chostais bhunaithe, a bhaineann le costais aonuaire chun acmhainneachtaí oibríochtúla a thógáil nó mar chostais athfhillteacha, ar costais dhosheachanta iad atá insannta go díreach d'oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe agus a tharlaíonn le himeacht ama. Cé gur costais bhliantúla rialta a ghearrtar ar na heisiócaíochta in aon bhliain ar leith na costais athfhillteacha, ba cheart na costais bhunaithe a iontráil go barúlach mar mhuirir aonuaire.
- (20) Ó bhí 2021 ann, tabhaíodh costais a bhaineann le bunú agus fothú acmhainneachta na n-oibríochtaí sin agus tá siad sannta cheana féin do thairbhíthe chlár tacaíochta airgeadais NGEU, trí fhorchostas shonrach costais bhunaithe. Dá bhrí sin, tairbhíthe clár cúnaimh airgeadais eile faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais, níor cheart go n-íocfaidís costais a bhaineann leis an bhfothú acmhainneachta roimhe sin seachas caiteachas amach anseo a bhaineann le cothabháil an bhonneagair sin. Dá bhrí sin, sciar chostais riaracháin na gclár cúnaimh airgeadais faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais, seachas NGEU, ba cheart é a theorannú do chostais athfhillteacha, agus ba cheart é a láimhseáil mar thairbhí den straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.
- (21) Ba cheart na costais riaracháin a áirítear sa chostas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin a theorannú do liosta dúnta de chostais incháilithe, a bhaineann go díreach leis an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe. Cuirtear táillí conarthacha le haghaidh earcú foirne sainchomhairleoirí seachtracha le liosta na gcaiteachas riaracháin incháilithe tar éis comhaontuithe a baineadh amach i gcomhthéacs an Bhuiséid Bhliantúil do 2023. An leathnú a rinneadh ar liosta na gcaiteachas riaracháin incháilithe, cuireadh in iúl é d'údarás na mBallstát sular glacadh an Cinneadh seo. Sciar an-teoranta de na costais chomhiomlána ó oibríochtaí na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe atá i gcostas comhiomlán na seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin.
- (22) Tá an próiseas sonrascithe *ex post* ceaptha chun a áirithiú go ndéanfar costais a aisghabháil an bhliain dár gcionn agus go dtí an tráth nach nginfeadh costais a thuilleadh trí oibríochtaí iasachtaíochta, fiachais agus bainistíochta íocaíochta faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.
- (23) Go heisceachtúil i gcás na n-iasachtaí cúnaimh airgeadais don Úcráin a dheonaítear faoi Rialachán (AE) 2022/2463, d'fhéadfadh sé go n-íocfadh an tAontas costas na n-ús agus na gcostas riaracháin a bhaineann le hiasachtaí a fháil agus a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2463. Sholáthrófaí na hacmhainní riachtanacha le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2463. Dá bhrí sin, ba cheart sonrascadh na gcostas sin a ailíniú le sonrascadh na gcostas i ndáil le heisiócaíochtaí mar ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán 2020/2094 agus ba cheart é a ghrúpáil in aghaidh na ráithe den bhliain.
- (24) Ba cheart don Choimisiún fógra deimhniúcháin a eisiúint maidir le gach eisíocaíocht, lena n-áirítear tacaíocht neamh-inaisíochta de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) agus (c) de Rialachán 2020/2094, tacaíocht inaisíochta do Bhallstáit de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) de Rialachán 2020/2094, agus iasachtaí do Bhallstát nó do thríú tír faoi chlár cúnaimh airgeadais faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais.
- (25) Cuirfeadh iasachtaí faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe chun feidhme ar théarmaí caighdeánacha airgeadais (próifíl aibíochta agus aisíocaíochta) le haghaidh gach eisíocaíochta. Maidir le tacaíocht neamh-inaisíochta, ba cheart an fógra deimhniúcháin a bheith ina phríomhghné tacaíochta lena gcinntear na téarmaí airgeadais sin do Bhuiséad an Aontais. Is ann don fhógra deimhniúcháin chun an t-éileamh ar chostas a chinneadh bunaithe ar a théarmaí airgeadais. Ba cheart dáta na heisiócaíochta, méid na tacaíochta airgeadais, dáta chostas na n-íocaíochtaí cistiúcháin agus an dáta aibíochta a bheith san áireamh sna téarmaí sin. Is é an fógra deimhniúcháin an bonn bunriachtanach atá ina bhonn taca le planáil bhuiséadach an Aontais, le scagchuidheanna airgeadais agus le tacaíocht neamh-inaisíochta.
- (26) Soiléireofar le tagairtí iomchuí sna comhaontuithe iasachta go gcinnfeadh costais na n-eisíocaíochtaí trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta a leagtar amach leis an gCinneadh seo.
- (27) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le gach idirbheart iasachtaíochta agus gach eisíocaíocht faoi chlár NGEU, lena n-áirítear na hidirbhearta agus na heisiócaíochtaí sin a rinneadh sular tháinig sé i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR, SAINMHÍNITHE AGUS RIALACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar, raon feidhme agus prionsabal rialaithe

1. Leis an gCinneadh seo, bunaítear modheolaíocht aonair aontaithe chun costais a thabhaítear mar thoradh ar oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a chuirtear i gcrích faoi chlár cúnamh airgeadais faoi raon feidhme Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais agus tacaíocht neamh-inaisíochta faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle ⁽⁶⁾ (‘chlár CAM’) a leithdháileadh.
2. Beidh cur chun feidhme na modheolaíochta maidir le leithdháileadh costas bunaithe ar phrionsabal na cothroime agus ar phrionsabal na córa comhionainne, lena n-áiríteofar go ndéanfar na costais a leathadh bunaithe ar sciar coibhneasta na tacaíochta a fuarthas.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “tairbhí” Ballstát nó tríú tír is páirtí i gcomhaontú iasachta faoi chlár CAM, nó buiséad an Aontais le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíochta faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053;
- (2) ciallaíonn “eisíocaíocht” aistriú fáltas a fhaightear trí oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais chun tacaíocht inaisíochta nó neamh-inaisíochta le tairbhí a mhaoiniú;
- (3) ciallaíonn “ionstraimí cistiúcháin” bannaí, nótaí, páipéar tráchtála, billí an Aontais nó aon idirbheart airgeadais gearrthéarmach agus/nó fadtéarmach iomchuí eile faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe;
- (4) ciallaíonn “tréimhse úis” tréimhse dhá mhí dhéag (12 mhí), nó cibé tréimhse eile a shonrófar san fhógra deimhniúcháin, dar tús dáta na heisíocaíochta nó an chéad dáta íoca úis;
- (5) ciallaíonn “bainistíocht leachtachta” bainistíocht sreafaí airgid a bhaineann le hionstraimí cistiúcháin agus le heisíocaíochtaí;
- (6) ciallaíonn “comhaontú iasachta” comhaontú idir an Coimisiún agus tairbhí faoi chlár CAM;
- (7) ciallaíonn “oibríochtaí iasachtaíochta” oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (EU, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾;
- (8) ciallaíonn “oibríochtaí bainistíochta fiachais” oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (EU, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún;
- (9) ciallaíonn “cistiú gearrthéarmach” cistiú dá dtagraítear in Airteagal 2(11) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (EU, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún;
- (10) ciallaíonn “cistiú gearrthéarmach” cistiú dá dtagraítear in Airteagal 2(10) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (EU, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún.

⁽⁶⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena mbunaítear na socrúithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (féach leathanach 109 den Iris Oifigiúil).

*Airteagal 3***Cineálacha costas**

Bunófar na catagóirí costas seo a leanas:

- (a) costas cistithe;
- (b) costas bainistíochta leachtachta;
- (c) costas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin.

CAIBIDIL 1

COSTAS CISTITHE AGUS COSTAIS BAINISTÍOCHTA LEACHTACHTA

ROINN 1

Urranna*Airteagal 4***Urranna ama**

1. Beidh urrann ama gníomhach ar feadh tréimhse 6 mhí dar tús an 1 Eanáir nó an 1 Iúil. Mar sin féin, cumhdófar an tréimhse ón 1 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 leis an gcéad urrann ama.
2. Is éard a bheidh san urrann ama na heisíocaíochtaí a dhéanfar le linn a tréimhse gníomhaí agus na hionstraimí cistiúcháin gaolmhara a leithdháilfear uirthi. Leagfar aon eisíocaíocht ar an urrann ama a bheidh gníomhach ar dháta na heisíocaíochta sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás inar mó méid na bhfáltais ó ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a sannadh don urrann ama roimhe sin ná méid na n-eisíocaíochtaí a sannadh don urrann sin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, leanfar de na heisíocaíochtaí a leithdháilfear ar an urrann ama sin go dtí go sroichfidh méid na n-eisíocaíochtaí méid na bhfáltais ón ionstraim chistiúcháin fhadtéarmach sin.

Beidh an eisíocaíocht fós sannta don urrann ama i ndáil le haon mhéid atá fós le haisíoc.

3. Gan dochar d'Airteagal 6(2), déanfar fáltais ó ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a shannadh d'urrann ama.
4. Maidir le hionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha seachas iad sin dá dtagraítear i mír 5, déanfar iad a shannadh don urrann ama a bheidh gníomhach an tráth a thabharfar i gcrích an oibríocht iasachtaíochta a ghineann iad.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír,

- (a) féadfar ionstraimí cistiúcháin a tiomsaíodh d'fhonn eisíocaíocht a chistiú san urrann ama dá éis sin a shannadh don urrann ama sin;
 - (b) i gcás inar mó méid na n-eisíocaíochtaí ag deireadh na hurrainne ama atá gníomhach ná méid na bhfáltais ó ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha, déanfar na hionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a ghintear ó na hoibríochtaí iasachtaíochta tar éis dheireadh thréimhse ghníomhach na hurrainne ama a shannadh don urrann ama sin go dtí go sroichfidh méid na bhfáltais ó ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha méid na n-eisíocaíochtaí san urrann ama sin.
5. Maidir le hionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha a chuirtear in ionad ionstraimí cistiúcháin fadtéarmacha atá ag dul in aibíocht, déanfar iad a shannadh don urrann ama chéanna. Beidh feidhm ag Airteagal 6 i gcás neamhréire idir dáta aibíochta na hionstraime fadtéarmaí atá ag dul in aibíocht agus dáta iasachtaíochta na hionstraime fadtéarmaí a chuirtear ina hionad.

*Airteagal 5***Urrann na bainistíochta leachtachta**

1. Feidhmeoidh urrann na bainistíochta leachtachta go dtí go n-aisíofar go hiomlán na hoibríochtaí iasachtaíochta arna n-údarú i gclár CAM.
2. Déanfar ionstraimí cistiúcháin gearrthéarmacha, oibríochtaí bainistíochta fiachais agus na costais a eascraíonn astu a shannadh d'urrann na bainistíochta leachtachta.

*Airteagal 6***Comharduithe leachtachta a leibhéalú**

1. Déanfar leibhéal na sealúchas leachtachta in urrann ama a ríomh ar bhonn laethúil mar an difríocht idir insreafaí agus eis-sreafaí, mar a leagtar amach i gcéim 3 de phointe 1 den Iarscríbhinn.
2. Déanfar aon mhéid deimhneach dá dtagraítear i mír 1 (“barrachas leachtachta”) a leithdháileadh ar bhonn laethúil ón urrann ama ar urrann na bainistíochta leachtachta, mar a leagtar amach i gcéim 4 de phointe 1 den Iarscríbhinn ar chostas cistithe na hurrainne ama ábhartha ar an lá sin.
3. Déanfar aon mhéid a chomhfhreagraíonn don méid diúltach dá dtagraítear i mír 1 (“barrachas leachtachta”) a leithdháileadh ar bhonn laethúil ó urrann na bainistíochta leachtachta ar an urrann ama, mar a leagtar amach i gcéim 6 de phointe 1 den Iarscríbhinn, ar chostas cistithe urrann na bainistíochta leachtachta ar an lá sin.

ROINN 2

Costas cistithe agus costais bainistíochta leachtachta a ríomh*Airteagal 7***Costas cistithe urrainne ama a ríomh**

1. Déanfar costais chistithe a ríomh ar bhonn laethúil.
2. Is éard a bheidh i gcostas cistithe ionstraime cistiúcháin an leas laethúil i ndáil le gach ionstraim chistiúcháin agus agio/disagio féideartha bunaithe ar an bpraghas eisiúna iomlán.
3. Is éard a bheidh i gcostas laethúil cistithe na hurrainne ama costas laethúil cistithe na n-ionstraimí cistiúcháin a shanntar don urrann ama tar éis thorthaí chur i bhfeidhm Airteagal 6(2) agus (3).

*Airteagal 8***Costas bainistíochta leachtachta a ríomh**

1. Is é a bheidh i gcostas na bainistíochta leachtachta suim an chostais a bheidh le hiompar in urrann na bainistíochta leachtachta, mar a leagtar amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn.
2. Is éard a bheidh sa chostas iompair an difríocht idir an t-ús arna fhabhrú faoi ionstraimí cistiúcháin ábhartha na hurrainne bainistíochta leachtachta, na costais agus na torthaí a eascraíonn as aon bharrachas leachtachta nó easnaimh leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus (3) a leibhéalú, agus an toradh ar infheistíocht arna ghiniúint ag na sealúchais.
3. Déanfar costais na bainistíochta leachtachta a ríomh ar bhonn laethúil.

*Airteagal 9***Costais bainistíochta leachtachta a leithdháileadh**

1. Ríomhfar costais na bainistíochta leachtachta mar shuim chostais laethúla na bainistíochta leachtachta thar ráithe. Sannfar na costais sin do gach eisíocaíocht ar bhonn *pro rata* de sciar coibhneasta na heisíocaíochta le méideanna iomlána na n-eisíocaíochtaí atá gan íoc ag deireadh na ráithe.
2. Déanfar costas na bainistíochta leachtachta a ríomh bunaithe ar an modheolaíocht agus na céimeanna a leagtar amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 10***Costas cistithe a shannadh d'eisíocaíocht**

1. Íocfaidh eisíocaíochtaí na hurrainne ama céanna an meánchostas laethúil cistithe céanna go dtí go n-aisíocfar iad.
2. Maidir le gach eisíocaíocht atá gan íoc, déanfar costas laethúil an chistithe a ríomh trí chostas iomlán chistiú na hurrainne tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 6(2) agus (3) a iolrú faoi mhéid na heisíocaíochta roinnte ar mhéideanna iomlána eisíocaíochtaí gan íoc na hurrainne ama a bhfuil an eisíocaíocht sannta dó.

CAIBIDIL 3

Costas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin*Airteagal 11***Costas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin**

Is éard a bheidh sa chostas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin na costais riaracháin athfhillteacha le haghaidh tairbhíthe agus na costais bhunaithe le haghaidh iasachtaí RRF. Déanfar iad a ríomh i gcomhréir le pointe 3 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 12***Costais riaracháin athfhillteacha**

1. Is éard a bheidh sna costais riaracháin athfhillteacha aon chostas a thabhaíonn an Coimisiún agus é i mbun oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais, arb iad na cineálacha costas seo a leanas iad: táillí dlí amhail na táillí sin a thabhaítear i leith tuairimí dlíthiúla, costais athfhillteacha bainistíochta cuntas, costais le haghaidh iniúchóireacht sheachtrach, táillí cothabhála ardáin ceantála, táillí gníomhaireachta rátála, liostú, cánacha, táillí cláráithe, foilsithe agus socraíochta, teicneolaíocht faisnéise, speansais taighde a bhaineann leis an margadh, agus táillí gníomhairí conarthacha a bhaineann le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe.
2. A mhéid atá na costais sin comhchoiteann i gcás oibríochtaí iasachtaíochta a chuirtear chun feidhme le haghaidh cláir chúnamh airgeadais eile, ríomhfar na costais a áirítear sa ríomh bunaithe ar an sciar *pro rata* a shanntar d'oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais sa bhliain féilire ábhartha.
3. Déanfar costais riaracháin athfhillteacha a ríomh le haghaidh gach eisíocaíochta a gheofar faoi gach comhaontú iasachta ar bhonn *pro rata* na heisíocaíochta le méideanna iomlána na n-eisíocaíochtaí ag deireadh na bliana féilire.

*Airteagal 13***Costais bhunaithe le haghaidh iasachtaí RRF**

1. Is éard a bheidh sna costais bhunaithe le haghaidh iasachtaí RRF aon chostas a thabhaíonn an Coimisiún agus é ag cur leis an acmhainneacht chun oibríochtaí iasachtaíochta, bainistíochta fiachais agus bainistíochta íocaíochta NGEU a dhéanamh. Áirítear orthu sin costais a bhaineann le cuntais NGEU a bhunú, ardán ceant a bhunú, uirlis bhainistíochta infheisteoirí, costais eile teicneolaíochta faisnéise agus taighde a bhaineann leis an margadh agus táillí comhairliúcháin.
2. Íocfaidh na Ballstáit a shíníonn comhaontuithe iasachta RRF 48 % de na costais bhunaithe iomlána.
3. In 2021, 2022 agus 2023, íocfaidh na Ballstáit na costais bhunaithe dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn pro rata mhéid na hiasachta faoin gcomhaontú iasachta RRF sínithe le méid iomlán na n-iasachtaí faoi gach comhaontú iasachta RRF sínithe, mar a leagtar amach i bpointe 3(2)(a) agus 3(2)(b) den Iarscríbhinn.
4. Faoin 30 Meitheamh 2024, déanfar aon chostas bunaithe neamh-leithdháilte ar Bhallstáit a shínigh comhaontuithe iasachta RRF a leithdháileadh ar bhonn pro rata ar mhéid na n-iasachtaí a shínítear faoi gach comhaontú iasachta RRF ar mhéideanna iomlána na n-iasachtaí faoi gach comhaontú iasachta RRF go dtí an 31 Nollaig 2023, mar a leagtar amach i bpointe 3(2)(c) den Iarscríbhinn.
5. Ní bheidh aon chostas bunaithe breise le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta dlíte tar éis dheireadh na bliana 2023 ná ní leithdháilfear aon chostas den sórt sin ar chlár CAM, mura rud é go dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.

CAIBIDIL 4

SONRASCADH*Airteagal 14***Fógra deimhniúcháin**

1. I ndáil le gach eisíocaíocht, bunófar fógra deimhniúcháin ina mbeidh na téarmaí is cúis leis an éileamh ar chostais ón gCoimisiún.
2. Leis an bhfógra deimhniúcháin, cinnfear téarmaí maidir le costas na híocaíochta agus na haisíocaíochta príomhshuime a chistiú, atá le haisíoc as buiséad an Aontais faoi Airteagal 5(1) an chéad fhomhír de Chinneadh 2020/2053 le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíochta, agus ag tairbhíthe comhaontuithe iasachta.
3. Beidh na gnéithe seo a leanas san fhógra deimhniúcháin:
 - (a) méid na heisíocaíochta,
 - (b) an aibíocht,
 - (c) an sceideal aisíocaíochta,
 - (d) sannadh na heisíocaíochta don urrann ama,
 - (e) tréimhse úis lena léirítear an dáta íocaíochta.
4. Beidh gnéithe breise a léirítear i gcomhaontuithe iasachta ar áireamh freisin san fhógra deimhniúcháin d'iasachtaí.

*Airteagal 15***Costais chistithe a shonrascadh**

1. Déanfar costas an chistithe a ríomh i ndáil le gach eisíocaíocht ag deireadh na tréimhse úis a chinntear san fhógra deimhniúcháin.

2. Déanfar an sonrascadh ag deireadh na tréimhse úis a chinntear san fhógra deimhniúcháin. Maidir le heisiócaíochtaí mar ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán 2020/2094 agus le heisiócaíochtaí faoi ionstraim MFA+, i gcás ina n-iarrann an Úcráin fóirdheonú na gcostas gaolmhar, féadfar na sonraisc a ghrúpáil in aghaidh na ráithe den bhliain.

Airteagal 16

Costas na bainistíochta leachtachta a shonrascadh

Déanfar costas na bainistíochta leachtachta a shonrascadh ag tús gach bliana féilire i leith an chostais a tabhaíodh i rith na bliana féilire roimhe sin.

Airteagal 17

Costas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin a shonrascadh

Déanfar tairbhíthe iasachtaí a shonrascadh ag tús gach bliana féilire le haghaidh costas seirbhíse d'fhorchostais riaracháin a tabhaíodh le linn na bliana féilire roimhe sin, i ndáil leis na costais chomhiomlána a leithdháileadh faoi Airteagal 11.

Ioncam sannta inmheánach de réir bhrí Airteagal 21(3)(a) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna híocaíochtaí a dhéanfaidh tairbhíthe le haghaidh chostais na seirbhíse.

Airteagal 18

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/1095.

Déanfar tagairtí don chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. **Costas an chistithe a ríomh**

Ríomhfar costas an chistithe de réir na gcéimeanna seo a leanas:

Céim 1: Costais iomlána laethúla ionstraime cistiúcháin aonair in urrann ama nó in urrann na bainistíochta leachtachta a ríomh

Ríomhfar na fabhruithe laethúla:

$$ACC_{daily} = (notional : 100) * coupon * (1 : daysp.a.)$$

I gcás gach ionstraime cistiúcháin, leithdháilfear agio/disagio go líneach thar shaolré na hionstraime:

$$agio/disagio_{laethúil} = (100 - praghas eisiúna) : (dáta aibíochta - dáta eisiúna)$$

más Praghas eisiúna = Praghas iomlán (lena n-áirítear táillí bainc)

I gcás gach ionstraime cistiúcháin, déanfar na costais iomlána laethúla a ríomh mar a leanas:

$$CoF_{laethúil} \text{ in aghaidh na hionstraime} = ACC_{laethúil} + agio/disagio_{laethúil}$$

Céim 2: Méid comhiomlán chostais laethúla iomlána an chistithe a ríomh

I gcás gach urrainne ama (TC1-TC11), is éard a bheidh i gcostais laethúla iomlána le haghaidh na hurrainne roimh an leibhéalú dá dtagraítear in Airteagal 5 suim chostais laethúla iomlána uile gach ionstraime cistiúcháin a shanntar don urrann ama:

$$CoF_{laethúilTC(x)} \text{ roimh an leibhéalú} = \sum CoF_{laethúil} \text{ in aghaidh na hionstraime arna leithdháilleadh do TC(x)}$$

I gcás urrann na bainistíochta leachtachta is éard a bheidh i gCostas an Chistithe an méid seo a leanas:

$$CoF_{laethúilLMC} \text{ roimh an leibhéalú} = \sum CoF_{laethúil} \text{ in aghaidh na hionstraime arna leithdháilleadh do LMC}$$

Céim 3: Comharduithe leachtachta sna hurrainna ama a ríomh

Ríomhfar leibhéal na sealúchas leachtachta ar bhonn laethúil mar a leanas:

$$\text{Leachtacht}_{TC(x)} = \text{Insreafaí} [\text{Fáltais eisiúna} + \text{ÚS}_{iasachtaí/deontais} + \text{Aisíocaíochtaí}_{iasachtaí/deontais}] - \text{Eis-sreafaí} \\ [\text{Eisíocaíochtaí} + \text{Cúpóin}_{fiachas gan íoc} + \text{Fuascailtí Fiachais}]$$

Céim 4: Costas cistithe na n-ionstraimí cistiúcháin a ndéanann barrachas leachtachta dífead dóibh a ríomh

Leis an gcéim seo, sainithnítear an chuid de CoF na n-urrann ama ina bhfuil barrachas leachtachta is féidir a shannadh don leachtacht a shealbhaítear san urrann sin.

Déanfar costais an chistithe a bhaineann leis na hionstraimí cistiúcháin a ríomh mar a leanas:

$$CoF_{Barrachas leachtachtaTC(barrachas)} =$$

$$CoF_{laethúilTC(barrachas)} \text{ roimh an leibhéalú} * \text{Leachtacht}_{TC(barrachas)} - TC(barrachas)$$

$$CoF_{laethúilTC(barrachas)} \text{ tar éis an leibhéalaith} = CoF_{TClaethúil(barrachas)} \text{ roimh an leibhéalú} - CoF_{Barrachas leachtachtaTC(barrachas)}$$

Céim 5: Costas urrann na bainistíochta leachtachta a ríomh i gcás ina sanntar costais cistithe dó ó am go ham ón urrann ama a bhfuil barrachas leachtachta ag gabháil léi

I gcás ina bhfaigheann urrann na bainistíochta leachtachta barrachas ón urrann ama, déanfar costais urrann na bainistíochta leachtachta a ríomh mar seo a leanas:

$$CoF_{laethúilLMC} \text{ tar éis an leibhéalaith} = CoF_{laethúilLMC} \text{ roimh an leibhéalú} + \sum CoF_{barrachas leachtachtaTC(barrachas)}$$

Céim 6: Costas cistithe na hurrainne ama a bhfuil easnamh leachtachta ag gabháil léi a ríomh

Déantar aon easnamh leachtachta in urrann ama a leibhéalú le haistriú leachtachta ó urrann na bainistíochta leachtachta ag a costais cistithe laethúla (Céim 5).

I gcás urranna ama a bhfuil cothromaíocht leachtachta dhearfach ag gabháil leo, is as Céim 4 thuas a thagann costais an chistithe tar éis an leibhéalaith cheana féin.

$$CoF_{Aistriú leachtachta ó LMC} = CoF_{laethúilLMC} \text{ tar éis an leibhéalaith} * \text{Méid aistrithe: LMC}$$

$$CoF_{laethúilTC(easnamh)} \text{ tar éis an leibhéalaith} = CoF_{laethúilTC(easnamh)} \text{ roimh an leibhéalú} + CoF_{Aistriú leachtachta ó LMC}$$

Cé go bhféadfadh costas an chistithe a bheith éagsúil idir urranna ama sé mhí mar gheall ar dhifriochtaí i gcoinníollacha cistiúcháin nach bhfuil neart ag an gCoimisiún orthu, déanfaidh an Coimisiún oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a bhainistiú chun a áirithiú go mbeidh próifílí aibíochta comhchosúla ag gach urrann ama a mhéid is féidir.

Céim 7: Costas laethúil cistithe eisíocaíochta a ríomh

Is éard a bheidh sa chostas laethúil cistithe eisíocaíochta méid na heisíocaíochta arna iolrú faoi sciar choibhneasta na heisíocaíochta i ndáil leis an urrann ama a leithdháileadh an sciar sin ina leith.

$$\text{CoF eisíocaíochta in TC}(x) =$$

$$\text{CoF}_{\text{laethúilTC}(x)} \text{ tar éis an leibhéalaithé} * \text{ méid gan íoc na heisíocaíochta: } \sum \text{ eisíocaíochtaí gan íoc in TC}(x)$$

2. Costas Bainistíochta Leachtachta a ríomh

Déanfar costais na bainistíochta leachtachta in aghaidh na heisíocaíochta a ríomh mar shuim chostais laethúla shealúchas urrann na bainistíochta leachtachta tar éis comharduithe leachtachta na n-urrann ama a chothromú thar an tréimhse ríomha. Asbhainfear aon tuairisceán (nó aon chostas i gcás rátaí diúltacha) mar a leanas:

$$\text{LIQM}_{\text{na ráithe}} = \sum \text{CoF}_{\text{laethúilLM}} \text{ tar éis an leibhéalaithé thar an ráithe} - \text{RoI shealúchais leachtachta}_{\text{na ráithe}}$$

Sanntar LIQM do gach eisíocaíocht mar a leanas:

$$\text{LIQM na heisíocaíochta} =$$

$$\text{LIQM}_{\text{na ráithe}} *$$

$$\sum \text{ eisíocaíocht gan íoc}_{\text{ag deireadh na ráithe}} : \sum \text{ eisíocaíochtaí gan íoc}_{\text{ag deireadh na ráithe}}$$

3. Costas Seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin a ríomh

3.1. Costais riaracháin athfhillteacha a ríomh

Ríomhfar na costais riaracháin athfhillteacha mar a leanas:

costais riaracháin athfhillteacha bhliantúla $_{\text{iomlána}} = \sum$ ítimí costais riaracháin athfhillteacha le haghaidh na bliana féilire

Leithdháilfear na costais riaracháin athfhillteacha mar a leanas:

costais riaracháin athfhillteacha bhliantúla $_{\text{in aghaidh an tairbhí}} = \text{costais riaracháin athfhillteacha bhliantúla}_{\text{iomlána}} *$

\sum eisíocaíocht gan íoc atá ag dul don tairbhí $_{\text{ag deireadh na bliana}} : \sum$ eisíocaíochtaí gan íoc $_{\text{ag deireadh na bliana}}$

3.2. Na costais bhunaithe a ríomh agus a leithdháileadh

Ríomhfar na costais bhunaithe in aghaidh thairbhí iasachtaí RRF de réir an dá chéim seo a leanas:

(a) Ríomhfar na costais bhunaithe le haghaidh iasachtaí RRF mar a leanas:

$$\text{costais bhunaithe}_{\text{le haghaidh iasachtaí RRF}} = 48 \% * \sum \text{ ítimí costais bhunaithe}$$

(b) Leithdháilfear na costais bhunaithe le haghaidh iasachtaí RRF le haghaidh na mblianta 2021, 2022 agus 2023 ar gach Ballstát a shínigh comhaontú iasacht RRF mar a leanas:

$$\text{costais bhunaithe}_{\text{de réir na hiasachta RRF a síníodh}} = \text{costais bhunaithe}_{\text{le haghaidh iasachtaí RRF}} *$$

méid na hiasachta a síníodh in aghaidh an Bhallstáit $_{\text{ag deireadh na bliana}} : \text{uasmhéid iomlán iasachtaí RRF}$

(c) Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, ríomhfar aon chostas bunaithe neamh-leithdháilte mar a leanas:

$$\text{costais bhunaithe neamh-leithdháilte le haghaidh iasachtaí RRF} = \text{costais bhunaithe}_{\text{le haghaidh iasachtaí RRF}} - \sum \text{ ítimí costais bhunaithe arna leithdháileadh ar iasachtaí RRF}_{\text{in 2021, 2022 agus 2023}}$$

Leithdháilfear na costais bhunaithe neamh-leithdháilte sin mar chostais bhunaithe sa bhreis ar eisíocaíochtaí do Bhallstáit faoi chomhaontú iasacht RRF mar a leanas:

costais bhunaithe bhreise in aghaidh an tairbhí = costas bunaithe neamh-leithdháilte le haghaidh iasachtaí RRF ag deireadh 2023*

∑ méideanna na n-iasachtaí arna síniú in aghaidh an tairbhí ag deireadh 2023; méid iomlán na n-iasachtaí faoi chomhaontuithe iasacht RRF arna síniú ag deireadh 2023

3.3. Costas Seirbhíse in aghaidh an tairbhí a ríomh

$CoS_{Bliantúil} = \sum \text{Ítimí costais riaracháin athfhillteacha} + \sum \text{Ítimí costais riaracháin bhunaithe}$

4. Gluais na n-acrainmneacha

ACC_{daily}	Costais úis fhabhráithe arna miondealú de réir an lae
(ACC) laethúil	Fabhruithe laethúla ar ionstraim chistiúcháin aonair
agio/disagio _{laethúil}	agio nó disagio arna miondealú de réir lae
Tairbhí	Ballstát nó tríú tír is páirtí i gcomhaontú iasachta faoi chlár CAM, nó buiséad an Aontais le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha faoi Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053
CoF éilimh aonair in TC(x)	CoF éilimh in urrann ama X
CoF _{laethúil} in aghaidh na hionstraime	CoF in aghaidh an lae in aghaidh na hionstraime cistiúcháin
CoF _{laethúil} LMC tar éis an leibhéilaithe	CoF in aghaidh an lae le haghaidh LMC tar éis an leibhéilaithe
CoF _{laethúil} LMC roimh an leibhéilaithe	CoF in aghaidh an lae le haghaidh LMC roimh an leibhéilaithe
CoF _{laethúil} TC(easnamh)tar éis an leibhéilaithe	CoF in aghaidh an lae tar éis an leibhéilaithe le haghaidh na n-urrann a bhfuil easnamh leachtachta tosaigh ag gabháil leo
CoF _{laethúil} TC(barrachas)tar éis an leibhéilaithe	CoF in aghaidh an lae tar éis an leibhéilaithe le haghaidh na n-urrann a bhfuil barrachas leachtachta tosaigh ag gabháil leo
CoF _{laethúil} TC(x)roimh an leibhéilaithe	CoF in aghaidh an lae roimh leibhéilaithe urrann X
CoF _{Barrachas leachtachta} TC(barrachas)	CoF in aghaidh an lae a bhaineann le barrachas leachtachta san urrann ama
CoF _{Aistriú leachtachta ó LMC}	CoF in aghaidh an lae a bhaineann leis an leachtacht a aistrítear chuig LMC
CoS _{Bliantúil}	Suim chostas riaracháin na seirbhíse le linn na bliana féilire
Cúpón	Leasanna arna n-íoc ag an eisitheoir ar an mbanna
Leachtacht _{TC(x)}	Méid na leachtachta in urrann ama X. Léirítear barrachas nó easnamh i ndiaidh Chéim 3
Costais LMC _{na ráithe}	Costais na bainistíochta leachtachta thar ráithe
méid barúlach	Méid ainmniúil
RoI shealúchais leachtachta _{na ráithe}	Toradh ar infheistíocht na sealúchais leachtachta thar ráithe
TC(x)	Suim iomlán éileamh agus leachtachta urrann ama X

CINNEADH (AE) 2022/2546 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**an 16 Nollaig 2022****Iena leasaítear Cinneadh BCE/2010/29 maidir le nótaí bainc euro a eisiúint (BCE/2022/46)**

Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(1) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 16 de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/1211 ⁽¹⁾, i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), comhlíonann an Chróit na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus aisghairfear an maolú i bhfabhar na Cróite dá dtagraítear in Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2012 ⁽²⁾ le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.
- (2) In Airteagal 1(d) de Chinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽³⁾ sainmhínítear an “eochair leithdháilte nótaí bainc” agus tagraíonn sé d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin, ina sonraítear an eochair leithdháilte nótaí bainc a bheidh i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2020. Ós rud é go nglacfaidh an Chróit an euro an 1 Eanáir 2023, beidh feidhm ag na hualuithe maidir le scála caipitil nua ón dáta sin, is gá Cinneadh BCE/2010/29 a leasú chun an eochair leithdháilte nótaí bainc a chinneadh a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Leasuithe**

Leasaítear Cinneadh BCE/2010/29 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh d'Airteagal 1(d):
“In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo sonraítear an scála leithdháilte nótaí bainc a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023.”;
2. cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, an 16 Nollaig 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2022/1211 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 (IO L 187, 14.7.2022, lch. 31).

⁽²⁾ Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 112, 24.4.2012, lch. 21).

⁽³⁾ Cinneadh BCE/2010/29 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2010 ar eisiúint nótaí bainc in euro (IO L 35, 9.2.2011, lch. 26).

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN 1

SCÁLA LEITHDHÁILTE NÓTAÍ BAINC ÓN 1 Eanáir 2023

	%
An Banc Ceannais Eorpach	8,0000
Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique	3,3250
Deutsche Bundesbank	24,0575
Eesti Pank	0,2570
Central Bank of Ireland	1,5455
Bank of Greece	2,2575
Banco de España	10,8825
Banque de France	18,6390
Hrvatska narodna banka	0,7400
Banca d'Italia	15,5035
Central Bank of Cyprus	0,1965
Latvijas Banka	0,3555
Lietuvos bankas	0,5280
Banque centrale du Luxembourg	0,3005
Central Bank of Malta	0,0960
De Nederlandsche Bank	5,3480
Oesterreichische Nationalbank	2,6710
Banco de Portugal	2,1360
Banka Slovenije	0,4395
Národná banka Slovenska	1,0450
Suomen Pankki	1,6765
IOMLÁN	100,0000."

MOLTAÍ

MOLADH (AE) 2022/2547 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Nollaig 2022

Iena leasaítear Moladh (AE) 2022/107 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 21(2), Airteagal 168(6) agus an chéad agus an dara habairt d'Airteagal 292 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 25 Eanáir 2022, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2022/107 ⁽¹⁾. Le Moladh (AE) 2022/107, leantar cur chuige “duinebhunaithe” maidir le srianta ar an tsaorghluaiseacht a bhaineann le paindéim COVID-19, trína fhoráil, i bprionsabal, nár cheart duine a bhfuil deimhniú bailí ina sheilbh aige arna eisiúint ar bhonn Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ (“Deimhniú Digiteach COVID AE”) a chur faoi réir srianta breise, mar shampla, tástálacha nó coraintín, is cuma cén áit a mbíonn siad ag teacht as san Aontas. D’fhéadfaí a chur de cheangal ar dhaoine nach bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE acu tástáil a dhéanamh sula dtagann siad nó tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig ina dhiaidh sin. Le Moladh (AE) 2022/107, rinneadh oiriúnú freisin ar mhodheolaíocht léarscáil na soilse tráchta lena léirítear an staid eipidéimeolaíoch ar an leibhéal réigiúnach ar fud an Aontais a bunaíodh le Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle ⁽³⁾ agus arna foilsíú go seachtainiúil ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.
- (2) An 25 Samhain 2021, nuair a ghlac an Coimisiún a thogra ⁽⁴⁾ as a dtiocfadh Moladh (AE) 2022/107, bhí an staid eipidéimeolaíoch maidir le paindéim COVID-19 an-difriúil ón lá atá inniu ann. An tráth sin, bhí an t-athraitheach Delta, athraitheach ar dhíol inní é, fós forleathan san Aontas. Breis agus deich mí ina dhiaidh sin, is é an t-athraitheach Omicron, an-in-tarchurtha – i bhfoirm fo-athraitheach éagsúil – an t-athraitheach atá chun cinn san Aontas.
- (3) Níl Omicron chomh dian céanna leis an athraitheach Delta a bhí ann roimhe sin, a bhuí, cuid mhaith, d’éifeacht chosanta an vacsaínithe agus ionfhabhtaithe roimhe sin ⁽⁵⁾. Dá thoradh sin, agus i gcomhar leis na leibhéil níos airde cosanta mar thoradh ar vacsaíniú agus ar ionfhabhtú roimhe sin, tá an brú ar na córais cúraim sláinte inláimhsithe faoi láthair, fiú le linn buaicphointí meandracha ionfhabhtuithe cosúil leis an ráig a d’escair as fo-athraitheach Omicron BA.4 agus BA.6 le linn shamhradh 2022.
- (4) Aon srian ar shaorghluaiseacht a chuirtear i bhfeidhm mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Mar a tugadh le fios i bpointí 1 agus 2 de Mholadh (AE) 2022/107 ón gComhairle, ba cheart deireadh a chur le haon srian den sórt sin, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche. Faoi mhí Lúnasa 2022, chuir na Ballstáit uile deireadh leis na bearta uile a dhéanann difear do shaorghluaiseacht daoine san Aontas, lena n-áirítear an ceanglas atá ar thaistealaithe Deimhniú Digiteach COVID AE a bheith acu.

⁽¹⁾ Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (IO L 18, 27.1.2022, lch. 110).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 211, 15.6.2021, lch. 1).

⁽³⁾ Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an tsaorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 337, 14.10.2020, lch. 3).

⁽⁴⁾ Moladh i ndáil le Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (COM(2021) 749 final).

⁽⁵⁾ <https://www.ecdc.europa.eu/en/covid-19/latest-evidence/clinical>

- (5) Dá bhrí sin, ba cheart an cur chuige a leagtar amach i Moladh (AE) 2022/107 a oiriúnú. Go háirithe, ba cheart an Moladh sin a leasú chun foráil a dhéanamh nár cheart do na Ballstáit, i bprionsabal, aon srian a bhaineann le paindéim a fhorchur ar shaorghluaiseacht daoine ar fhorais na sláinte poiblí. Ba é a léiríodh le ráig an tsamhraidh in 2022, tar éis d'athraitheach nua teacht chun cinn ar dhíol inmí é, nach gá i gcónaí go gcuirfí brú suntasach ar na córais cúraim sláinte náisiúnta. Léiríonn sé sin a thábhachtaí atá sé a bheith stuama ó thaobh srianta a thabhairt isteach ar shaorghluaiseacht daoine ar bhonn líon na gcásanna nó ar bhonn athraitheach nua a bheith ann.
- (6) Fós féin, níl deireadh le paindéim dhomhanda COVID-19 go fóill. Ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh ráigeanna nua ionfhabhtuithe teacht, lenar measa an staid eipidéimeolaíoch dá mbarr, freisin mar thoradh ar athraitheach nua ar díol inmí nó spéise é. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach leanúint d'iarrachtaí ullmhachta a chomhordú ar fud an Aontais. Mar chuid de na hiarrachtaí sin, an 29 Meitheamh 2022, chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/953 maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE go dtí an 30 Meitheamh 2023.
- (7) Trí chreat Dheimhniú Digiteach COVID AE a shíneadh, áiríthear gur féidir le saoránaigh an Aontais leanúint de thairbhe a bhaint as deimhnithe idir-inoibritheacha a nglactar leo go frithpháirteach i ndáil le vacsaíniú COVID-19, tástáil COVID-19 agus téarnamh ó COVID-19, i gcásanna ina bhféadfadh na Ballstáit a mheas gur gá srianta áirithe ar an tsaorghluaiseacht a thabhairt isteach arís ar bhonn sealadach bunaithe ar an tsláinte phoiblí. An tráth céanna, tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir nach gcuireann Rialachán (AE) 2021/953 oibleagáid ar bith ar na Ballstáit cruthúnas ar stádas vacsaínithe, stádas tástála nó stádas téarnaimh a cheangal i gcomhthéacs fheidhmiú na saorghluaiseachta.
- (8) I gcás ina measann Ballstát, mar fhreagairt ar an staid eipidéimeolaíoch a bheith ag dul in olcas go mór, go bhfuil srianta ar shaorghluaiseacht riachtanach mar sin féin chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus go bhfuil siad comhréireach, ba cheart na srianta sin a theorannú do cheangal a chur ar thaistealaithe Deimhniú Digiteach COVID bailí de chuid an Aontais a bheith acu. Go háirithe, níor cheart a chur de cheangal ar dhaoine atá ag taisteal laistigh den Aontas agus a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE bailí acu coraintín, féinleithlisiú nó tástáil bhreise a dhéanamh sa chás sin. Chun a chinneadh ar cheart staid a cháiliú mar staid eipidéimeolaíoch atá ag dul in olcas go mór, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh go háirithe an brú ar a gcóras cúraim sláinte de dheasca COVID-19, go speisialta ó thaobh líon na n-othar atá ag dul isteach san ospidéal agus líon na n-othar in aonaid dianchúraim, déine athraitheacha SARS-CoV-2 atá i gcúrsaíocht, chomh maith leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le forbairt na staide eipidéimeolaíche. Sa chomhthéacs sin, foilsíonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú sonraí ábhartha maidir le forbairt na staide eipidéimeolaíche.
- (9) Ba cheart do na Ballstáit a mheas freisin an dócha go mbeadh tionchar dearfach ag srianta den sórt sin ar an staid eipidéimeolaíoch, lena n-áirítear laghdú suntasach ar an mbrú a chuirtear ar chórais cúraim sláinte náisiúnta, ós rud é go n-imríonn tosca intíre tionchar níos láidre ar an staid eipidéimeolaíoch de ghnáth ná an taisteal trasteorann. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh bearta neamhchógaisíochta intíre, mar shampla masc a chaitheamh, aeráil agus scaradh fisiciúil, a bheith éifeachtach chun moill a chur ar leathadh COVID-19, má chuirtear chun feidhme iad go luath cuimsitheach agus má chloítear leo go forleathan sa phobal ⁽⁶⁾.
- (10) Maidir le haon cheanglas a d'fhéadfadh a bheith ann Deimhniú Digiteach COVID AE bailí a bheith ag duine, ba cheart na leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/953 a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/1034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, a léiriú i Moladh (AE) 2022/107. Ar an gcéad dul síos, ba cheart a lua go bhféadfaidh Ballstáit eile glacadh le Deimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint do dhaoine atá rannpháirteach i dtrialacha cliniúla le haghaidh vacsaíní in aghaidh COVID-19 chun srianta ar an tsaorghluaiseacht a tharscaoileadh. Chun

⁽⁶⁾ Féach freisin Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le COVID-19 – Ullmhacht agus freagairt an Aontais a Chothú: Ag breathnú chun cinn (COM(2022) 190 final).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2022/1034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/953 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 173, 30.6.2022, lch. 37).

feidhmiú na saorghluaiseachta a éascú do shaoránaigh den Aontas a fuair vacsaín in aghaidh COVID-19 a bhfuil an nós imeachta um liostú úsáide éigeandála de chuid EDS curtha i gcrích acu ina leith, moltar do na Ballstáit glacadh le Deimhnithe Digiteacha COVID AE a eisíodh tar éis na vacsaíní sin a thabhairt. Ina theannta sin, is féidir deimhnithe tástála agus téarnaimh a eisiúint anois ar bhonn mearthástálacha antaiginí saotharlann-bhunaithe.

- (11) I bhfianaise a gcúinsí sonracha nó a bhfeidhme bunriachtanaí, ba cheart catagóirí áirithe taistealaithe a dhíolmhú ó aon cheanglas a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le deimhniú digiteach COVID AE a bheith ina seilbh acu agus an fheidhm bhunriachtanach sin á feidhmiú acu. I bhfianaise na staid slándála atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go n-áirítear go sainráite ar an liosta sin taidhleoirí, baill foirne eagraíochtaí idirnáisiúnta, daoine a fhaigheann cuireadh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, pearsanra míleata, oibríthe cabhrach daonnúla agus pearsanra cosanta sibhialta. Daoine a chumhdaítear le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle ⁽⁸⁾, ba cheart iad a bheith ar an liosta freisin agus ba cheart don liosta sin a bheith comhsheasmhach le Moladh (AE) 2022/2548 ón gComhairle ⁽⁹⁾. Fós féin, níor cheart cosc a bheith ar na Ballstáit leis sin vacsaíniú agus tástáil a thairiscint do na catagóirí daoine sin.
- (12) Chun a bheith in ann freagairt go tapa d'athraitheigh SARS-CoV-2 atá ag teacht chun cinn, ba cheart an "coscán éigeandála", is é sin le rá, an fhéidearthacht bearta eile a dhéanamh sa bhreis ar Dheimhniú Digiteach COVID AE, a choinneáil. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an nós imeachta "coscán éigeandála" mar fhreagairt ar athraitheach nua SARS-CoV-2 a tháinig chun cinn ar díol inní nó spéise é, agus é mar aidhm aige moill a chur ar a leathadh trí bhíthin srianta taistil, chun go mbeidh am ann don acmhainneacht borrrtha ospidéal a shlógadh, agus forbairt vacsaíní a spreagadh. D'fhéadfaí é a úsáid freisin i gcásanna ina dtéann an staid eipidéimeolaíoch in olcas go tapa agus go mór ar bhealach a thugann le tuiscint go bhfuil athraitheach nua SARS-CoV-2 tagtha chun cinn ar díol inní nó spéise é.
- (13) I gcás ina dtabharfaidh Ballstát ceanglas isteach chun Deimhniú Digiteach COVID AE bailí a thaispeáint, nó i gcás ina ndéanfaidh sé bearta breise i gcomhréir leis an nós imeachta coscán éigeandála, ba cheart dó an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas go pras dá réir sin tríd an líonra freagartha comhtháite polaitiúla ar ghéarchéimeanna, agus faisnéis a sholáthar maidir leis na cúiseanna, an tionchar a mheastar a bheidh aige, teacht i bhfeidhm agus fad aon srianta taistil den sórt sin. Ba cheart faisnéis a chuimsiú leis sin amhail cén fáth a gcomhlíonann tabhairt isteach srianta taistil den sórt sin prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, mar shampla i ngeall ar shuíomh geografach ar leith an Bhallstáit lena mbaineann nó ar leochaileachtaí ar leith a chórais náisiúnta cúraim sláinte féin. Ba cheart a áirithiú leis sin comhsheasmhacht leis na rialacha maidir le taisteal ó thríú tíortha. Chun comhordú éifeachtach ar leibhéal an Aontais a áirithiú, ba cheart do líonra IPCR teacht le chéile go pras chun athbheithniú a dhéanamh ar an staid má ghníomhachtaíonn Ballstát an coscán éigeandála.
- (14) Chun faisnéis thráthúil, ábhartha agus ionadaíoch a fháil maidir le teacht chun cinn agus scaipeadh athraitheacha SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise iad, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar scaipeadh athraitheach éagsúil SARS-CoV-2 sa phobal trí shamplaí ionadaíocha a roghnú lena seicheamhú, trí thréithriú géiniteach a dhéanamh agus torthaí tíópála athraitheacha a thuairisciú i gcomhréir leis an treoraíocht seicheamhaithe arna foilsiú ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ⁽¹⁰⁾.
- (15) Tá sé tábhachtach i gcónaí freisin a áirithiú go mbeidh faisnéis maidir le haon bheart nua ar fáil go poiblí a luaithe is féidir. Go deimhin, mar a thug an Coimisiún le fios sa teachtaireacht uaidh an 2 Meán Fómhair 2022 ⁽¹¹⁾, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh eolas maith ag éinne a d'fhéadfadh dul ag taisteal faoi shrianta taistil a d'fhéadfadh a bheith orthu agus iad ag dul isteach i mBallstát eile. Tá an t-ardán gréasáin "Re-Open EU" ina phríomhphointe tagartha i gcónaí d'aon duine atá ag taisteal san Aontas.

⁽⁸⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

⁽⁹⁾ Moladh (AE) 2022/2548 an 13 Nollaig 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/912 ón gComhairle (féach leathanach 146 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁰⁾ <https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/methods-detection-and-characterisation-sars-cov-2-variants-second-update>

⁽¹¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Freagairt an Aontais Eorpaigh ar COVID-19: ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair an fhómhair agus an gheimhridh 2023 (COM(2022) 452 final).

- (16) Is iomchuí scor de léarscáil na soilse tráchta atá á foilsiú ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ó glacadh Moladh (AE) 2020/1475 i mí Dheireadh Fómhair 2020. I bhfianaise forbairtí eipidéimeolaíocha, rinneadh modheolaíocht na léarscáile a oiriúnú cúpla uair. Bhí an mhodheolaíocht is déanaí bunaithe ar an taithí a fuarthas leis an athraitheach Delta agus baineadh úsáid as an ráta fógartha 14 lá, arna ualú de réir an glactha vacsaínithe. Mar sin féin, mar thoradh ar an líon ard ionfhabhtaithe de bharr an t-athraitheigh Omicron, rinneadh codanna móra den léarscáil a mharcáil i “dúdhearg”, in ainneoin go raibh deireadh curtha ag na Ballstáit uile lena srianta ar shaorghluaiseacht. Ina theannta sin, de réir mar a chuir na Ballstáit a gcórais tástála in oiriúint, bhí an t-iliomad réigiún marcáilte le “dúliath” toisc gur thit na rátaí tástála a tuairiscíodh faoi bhun na tairsí a bunaíodh le Moladh (AE) 2022/107. An t-athrú sin ar straitéisí tástála i dtreo tástáil a dhéanamh ar shamplaí ionadaíocha den daonra, ní athróidh sé sin sna blianta beaga amach romhainn. Dá thoradh sin, níor leor léarscáil na soilse tráchta chun an staid eipidéimeolaíoch san Aontas a chur in iúl. Tar éis plé leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, chuir an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú foilsiú na léarscáile ar fionraí go sealadach i mí Iúil 2022.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do bhearta sonracha breise le haghaidh daoine atá ag taisteal ó limistéir “dúdhearg” a bhaint de Mholadh (AE) 2022/107 in éineacht le léarscáil na soilse tráchta.
- (18) Maidir le feidhmiú na saorghluaiseachta, is ceanglas breise é foirmeacha aimsithe paisinéirí (PLF) a chur isteach go héigeantach i gcomhthéacs taisteal laistigh den Aontas chun críocha rianaithe teagmhálaithe. Dá bhrí sin, ní bheidh bonn cirt leis an gceanglas sin ach amháin más gá agus más comhréireach. Go háirithe, níor cheart do na Ballstáit a chur de cheangal ar thaistealaithe a bhaineann úsáid as iompar príobháideach, bíodh sé sin i bhfoirm gluasteán, rothar nó siúl na gcos, PLF a chur isteach. Is amhlaidh atá toisc nach mbíonn a nochtadh chomh dian céanna ná mar a bhíonn i gcás an iompair phoiblí agus toisc go mbíonn a fhios acu de ghnáth cé hiad a gcomhchompánaigh taistil.
- (19) Fós féin, más mian leis na Ballstáit teagmhálaithe na bpaisinéirí trasteorann a rianú, tá uirlisí comhchoiteanna, cosúil le Foirm Aimsithe Paisinéirí dhigiteach an Aontais agus modúl roghnaitheach malartuithe an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha, ar fáil chun sonraí paisinéirí a mhalartú chun a gcumais rianaithe teagmhálaithe a fheabhsú agus ualaí ar phaisinéirí agus ar oibreoirí iompair a theorannú an tráth céanna. Chun an gá le PLF a chur isteach a sheachaint, d’fhéadfadh na Ballstáit, i gcás inar féidir faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, féachaint an bhféadfaí sonraí paisinéirí atá ann cheana a úsáid chun rianú teagmhálaithe a dhéanamh.
- (20) Ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, leanúint dá athbhreithniú rialta ar Mholadh (AE) 2022/107, agus a thorthaí a tharchur chuig an gComhairle lena mbreithniú, mar aon le togra chun an Moladh sin a leasú, i gcás inar gá,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasaítear Moladh (AE) 2022/107 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil “Creat comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID 19” i ndiaidh phointe 10:
- “Creat comhordaithe maidir le saorghluaiseacht shábháilte le linn phaindéim COVID-19”;
- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11:
- “11. Níor cheart do na Ballstáit aon srian a bhaineann le paindéim a fhorchur, ar fhorais na sláinte poiblí, ar an gceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine, ach amháin sna cásanna a chumhdaítear le pointí 11d agus 22.”;
- (3) cuirtear pointe 11a, pointe 11b agus pointe 11c seo a leanas isteach:
- “11a. Gan dochar don nós imeachta coscáin éigeandála a leagtar amach i bpointe 22, níor cheart do Bhallstát srianta a bhaineann le paindéim a thabhairt isteach, ar fhorais na sláinte poiblí, ar an gceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine, ach amháin i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 1 go 10 agus mar fhreagairt ar dhul in olcas tromchúiseach na staid eipidéimeolaíche.

Chun a chinneadh ar cheart staid a cháiliú, chun críocha na chéad fhomhíre, mar staid atá ag dul in olcas go mór, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh, go háirithe, an brú ar a gcórais cúraim sláinte de dheasca COVID-19, go háirithe ó thaobh líon na n-othar atá ag dul isteach san ospidéal agus líon na n-othar in aonaid dianchúraim, déine athraitheacha SARS-CoV-2 atá i gcúrsaíocht, chomh maith leis an bhfaisnéis arna soláthar go rialta ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le forbairt na staide eipidéimeolaíche.

Sula dtabharfar isteach srianta mar sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a mheas an mbeidh nó nach mbeidh tionchar dearfach acu ar an staid eipidéimeolaíoch, lena n-áirítear laghdú suntasach ar an mbrú a chuirtear ar na córais cúraim sláinte náisiúnta.

- 11b. Má fhorchuireann Ballstát srianta de bhun phointe 11d, níor cheart a chur de cheangal ar thaistealaithe ach amháin Deimhniú Digiteach COVID AE bailí a bheith acu, arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2021/953 agus a chomhlíonann coinníollacha phointe 12.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart feidhm a bheith ag na maoluithe seo a leanas:

- (a) na díolúintí ón ngá atá le Deimhniú Digiteach COVID AE bailí a bheith agat a leagtar amach i bpointe 16;
 - (b) bearta breise a ghlactar i gcomhréir leis an nós imeachta coscáin éigeandála a leagtar amach i bpointe 22 chun moill a chur le leathadh athraitheach nua SARS CoV-2 ar díol inní nó spéise iad.
- 11c. Má fhorchuireann Ballstát srianta de bhun phointe 11a, ba cheart dó an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas go pras dá réir sin tríd an líonra freagartha comhtháite polaitiúla ar ghéarchéimeanna. Chuige sin, ba cheart don Bhallstát an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:
- (a) na cúiseanna atá leis an gceanglas, lena n-áirítear an chaoi a gcomhlíonann sé prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta;
 - (b) meastachán ar an tionchar a bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an gceanglas sin ar an staid eipidéimeolaíoch;
 - (c) teacht i bhfeidhm, dáta an athbhreithnithe i gcás inarb ábhartha, agus an fad ama atá beartaithe don cheanglas.

Ina theannta sin, ba cheart na srianta sin a phlé laistigh den líonra freagartha polaitiúla ar ghéarchéimeanna, lena n-áirítear d'fhonn comhsheasmhacht le Moladh (AE) 2022/2548 a áirithiú.”

- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:

“12. Ba cheart glacadh leis na Deimhnithe Digiteacha COVID AE seo a leanas más féidir a mbarántúlacht, a mbailíocht agus a sláine a fhíorú:

- (a) deimhniú vacsaínithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 i ndáil le vacsaín in aghaidh COVID-19 a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 5(5) den Rialachán sin nó i ndáil le vacsaín in aghaidh COVID-19 a bhfuil an nós imeachta um liostú úsáide éigeandála de chuid EDS curtha i gcrích aige agus a léiríonn go bhfuil an méid seo a leanas déanta ag an sealbhóir:

— gur chríochnaigh sé an phríomhshraith vacsaínithe agus go bhfuil 14 lá ar a laghad caite ó bhí an dáileog dheireanach ann; nó

— go bhfuair sé teanndáileog amháin nó níos mó tar éis an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú;

ar choinníoll nach bhfuil an tréimhse ghlactha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/953 caite go fóill.

Anuas air sin, d’fhéadfadh na Ballstáit glacadh le deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint le haghaidh vacsaíní eile in aghaidh COVID-19 a chumhdaítear leis an dara fhomhír d’Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/953 nó le deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint de bhun an cheathrú fhomhír d’Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/953.

Ar bhonn tuilleadh fianaise eolaíche, ba cheart don Choimisiún athmheastóireacht a dhéanamh go rialta ar an gcur chuige a leagtar amach i bpointe (a).

(b) deimhnithe tástála a eisítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 agus lena léirítear toradh diúltach tástála a fuarthas:

- nach faide ná 72 uair an chloig roimh imeacht, i gcás tástáil aimpliúcháin mhóilínigh aigéid núicléasaigh (NAAT); nó
- tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh imeacht, i gcás tástáil antaiginí a liostaítear i liosta coiteann an Aontais de thástálacha antaiginí COVID-19 arna gcomhaontú ag an gCoiste Slándála Sláinte ⁽¹²⁾.

Chun críche taistil i bhfeidhmiú chearta na saorghluaiseachta, ba cheart do na Ballstáit glacadh leis an dá chineál tástála.

Ba cheart do na Ballstáit féachaint lena áirithiú go n-eiseofar na deimhnithe tástála a luaithe is féidir tar éis an sampla tástála a bhailiú.

(c) deimhnithe téarnaimh arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953, ar choinníoll nach bhfuil an tréimhse bhailíochta i gcomhréir leis an Rialachán sin caite go fóill.”;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 15:

“15. Má thugann Ballstát ceanglas isteach Deimhniú Digiteach COVID AE bailí a bheith ag duine, d’fhéadfaí a chur de cheangal ar dhaoine nach bhfuil sé ina sheilbh acu tástáil NAAT nó antaiginí a liostaítear i liosta coiteann an Aontais de thástálacha antaiginí COVID-19 a dhéanamh roimh dóibh teacht isteach nó tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis dóibh teacht isteach. Níl feidhm aige sin maidir le daoine atá díolmhaithe ó Dheimhniú Digiteach COVID AE a bheith acu i gcomhréir le pointe 16.”;

(6) i bpointe 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) na catagóirí taistealaithe seo a leanas ar bunriachtanach a bhfeidhm nó a riachtanas, nuair a bheidh an fheidhm nó an riachtanas sin á feidhmiú nó á fheidhmiú acu:

- oibríthe iompair nó soláthraithe seirbhísí iompair, lena n-áirítear tiománaithe agus criú feithiclí lasta atá ag iompar earraí lena n-úsáid sa chríoch chomh maith leo siúd nach bhfuil ach ar idirthuras;
- gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí sláinte, agus gairmithe cúraim do dhaoine scothaosta;
- paisinéirí atá ag taisteal ar mhórchúiseanna leighis nó teaghlaigh;
- taidhleoirí, baill foirne eagraíochtaí idirnáisiúnta, daoine a fhaigheann cuireadh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, pearsanra míleata, oibríthe cabhrach daonnúla, pearsanra cosanta sibhialta agus daoine a chumhdaítear le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle ⁽¹³⁾;
- paisinéirí idirthurais;
- maraithe;
- daoine atá ag obair ar bhonneagair chriticiúla nó ar bhonneagair fhíor-riachtanacha eile.”;

(7) scriostar an ceannteideal “léarscáil soilse tráchta an Aontais agus eisceachtaí agus bearta breise atá bunaithe orthu” tar éis pointe 16;

(8) scriostar pointí 17, 18 agus 19;

(9) i bpointe 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Chun tacú leis na Ballstáit, ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú leanúint d’fhaisnéis agus sonraí a fhoilsiú maidir le hathraithigh SARS-CoV-2 ar díol inmí nó spéise iad.”;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 21, 22 agus 23:

“21. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar scaipeadh athraitheach éagsúil SARS-CoV-2 sa phobal trí shamplaí ionadaíocha a roghnú lena seicheamhú, trí thréithriú géiniteach a dhéanamh agus torthaí tíopála athraitheacha a thuairisciú i gcomhréir leis an treoraíocht seicheamhaithe arna foilsiú ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

⁽¹²⁾ Ar fáil ar: https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/public-health/high-quality-covid-19-testing_en

⁽¹³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d’insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d’éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

22. I gcás ina gcuirfidh Ballstát de cheangal ar thaistealaithe, lena n-áirítear sealbhóirí Dheimhnithe Digiteacha COVID AE, mar fhreagairt ar athraitheach nua SARS-CoV-2 a theacht chun cinn ar díol imní nó spéise é, coraintín nó féinleithlisiú a dhéanamh nó tástáil a dhéanamh le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 tar éis dóibh teacht isteach ina chríoch, nó má fhorchuireann sé srianta eile ar shealbhóirí deimhnithe mar sin, ba cheart dó an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas go pras dá réir sin, tríd an líonra IPCR, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe 11c den Mholadh seo, agus in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a sholáthar. Más féidir, ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar 48 uair an chloig sula dtugtar isteach srianta nua mar sin. I gcás inar féidir, ba cheart bearta mar sin a theorannú go dtí an leibhéal réigiúnach. Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do thástáil ar bhearta eile.

Ba cheart feidhm a bheith aige seo freisin i gcásanna ina dtéann an staid eipidéimeolaíoch in olcas go tapa tromchúiseach ar bhealach a thugann le tuiscint go bhfuil athraitheach nua SARS-CoV-2 ag teacht chun cinn ar díol imní nó spéise é.

23. I gcás ina ngníomhachtaíonn Ballstát an coscán éigeandála agus, mar thoradh air sin, i gcás ina gcuireann sé de cheangal ar oibrithe iompair agus ar sholáthraithe seirbhísí iompair tabhairt faoi thástáil le haghaidh ionfhabhtú COVID-19, ba cheart mearthástálacha antaiginí a úsáid agus níor cheart go mbeadh gá le haon choraintín, sa chaoi nach mbeadh aon chur isteach ar iompar. Má chuirtear isteach ar an slabhra iompair nó soláthair, ba cheart do na Ballstáit aon cheanglas tástála córasach mar sin a chur i leataobh nó a aisghairm láithreach chun feidhmiú na ‘Lánaí Glasa’ a chaomhnú. Ina theannta sin, níor cheart a chur de cheangal ar chineálacha eile taistealaithe a thagann faoi phointí 16(a) agus (b) coraintín nó féinleithlisiú a dhéanamh.”;

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 24:

“I gcás ina féachann Ballstát an bhféadfaí an coscán éigeandála a ghníomhachtú mar fhreagairt ar athraitheach nua SARS-CoV-2 ar ábhar imní nó díol spéise é a bheith ag teacht chun cinn, ba cheart an líonra IPCR a thionól laistigh de 48 n-uair an chloig chun plé a dhéanamh ar a riachtanaí atá bearta comhordaithe ar fud an Aontais chun moill a chur ar leathadh an athraitheach nua, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Le linn cruinniú comhordúcháin den sórt sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a chur in iúl cén fáth go bhfuil sé i gceist aige an sos éigeandála a ghníomhachtú. Ba cheart do na Ballstáit na bearta a phléitear a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe más iomchuí.

Bunaithe ar mheasúnú rialta ar fhianaise nua faoi athraitheach a rinne an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, plé ábhartha maidir leis an tsláinte phoiblí ag an gCoiste Slándála Sláinte agus an anailís a thug an Sainghrúpa Eorpach maidir le hathraitheach SARS-CoV-2, féadfaidh an Coimisiún a mholadh freisin go ndéanfaí plé sa Chomhairle maidir le hathraitheach nua SARS-CoV-2 ar díol imní nó spéise é.”;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 27:

“27. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit, i gcomhthéacs phointe 11a nó phointe 22, de cheangal ar dhaoine a bheidh ag taisteal chuig a gcríoch trí mhodhanna iompair comhchoiteanna le suíochán nó cábán réamhshainithe acu, Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí (PLF) a chur isteach chun críocha rianaithe teagmhála i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí, moltar dóibh úsáid a bhaint as Foirm dhigiteach Aimsithe Paisinéirí an Aontais, arna forbairt ag Tairseacha Sláintiúla an Aontais⁽¹⁴⁾, agus úsáid a bhaint as feidhmiúlacht roghnaitheach mhalartuithe an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), arna bunú le hAirteagal 8 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁵⁾, lena n-áirítear aon fhaisnéis struchtúrtaite ábhartha le haghaidh rianú teagmhála trasteorann. Níor cheart do na Ballstáit a chur de cheangal go gcuirfí PLF isteach le haghaidh taisteal le hiompar príobháideach. Chun an gá le PLF a chur isteach a sheachaint, d’fhéadfadh na Ballstáit, i gcás inar féidir faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as sonraí paisinéirí atá ann cheana chun críocha rianaithe teagmhálaithe.”;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 29 agus phointe 30:

“29. I gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart do na Ballstáit faisnéis shoiléir chuimsitheach thráthúil a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha agus don phobal i gcoitinne maidir le haon bhearta a dhéanann difear don cheart chun saorghluaiseachta agus aon cheanglais a ghabhann leo, mar shampla an gá le foirm aimsithe paisinéirí a thíolacadh. Áirítear leis sin faisnéis maidir le deireadh a chur leis na ceanglais nó easpa na gceanglas sin. Ba cheart an fhaisnéis a fhoilsiú i bhformáid mheaisín-inléite freisin.

⁽¹⁴⁾ <https://www.euplf.eu/en/home/index.html>

⁽¹⁵⁾ Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le mórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

30. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus ba cheart í a chur ar fáil go tráthúil ar an ardán gréasáin 'Re-Open EU'. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar freisin, maidir le 'Re-Open EU', i ndáil le haon úsáid intíre Dheimhnithe Digiteacha COVID AE.

Ba cheart faisnéis faoi aon bhearta nua a fhoilsiú a luaithe is féidir agus, mar riail ghinearálta, ar a laghad 24 uair an chloig sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá le solúbthacht áirithe le haghaidh éigeandálaí eipidéimeolaíocha.”;

(14) Scriostar an Iarscríbhinn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

MOLADH (AE) 2022/2548 ÓN gCOMHAIRLE**an 13 Nollaig 2022****maidir le cur chuige comhordaithe i ndáil le taisteal chuig an Aontas le linn phaindéim COVID-19 agus lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,f

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointí (b) agus (e) agus Airteagal 292, an chéad abairt agus an dara habairt de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 30 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2020/912 maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin ⁽¹⁾.
- (2) Ó shin i leith, tá feabhas mór tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch de bharr go bhfuil ag méadú ar an nglacadh vacsaínithe ar fud an domhain, agus vacsaíní ann a fhágann go mbíonn ardleibhéal cosanta ann ar chásanna de ghalair thromchúiseacha agus ar an mbás, sin agus de bharr scaipeadh na n-athraitheach Omicron BA.4 agus BA.5, athraithigh atá tagtha i dtreis ó bhí mí Iúil 2022 ann, agus arb iondúil dá gcuid iarmhairtí gan bheith chomh tromchúiseach leis na hiarmhairtí a bhain leis na hathraithigh Delta a bhí ann roimhe seo.
- (3) Dá bhrí sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair agus na staide eipidéimeolaíche a mheastar a bheidh ann amach anseo, dealraíonn sé gurb iomchuí a mholadh go mbainfí na srianta ar thaisteal isteach san Aontas. Na Ballstáit agus na tíortha ar fad a bhfuil feidhm ag *acquis* Schengen maidir leo, rinne siad na srianta sin a aisghairm cheana féin le linn an tsamhraidh.
- (4) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Moladh (AE) 2020/912, tugadh isteach, i measc nithe eile, liosta de na tríú tíortha sin, de réigiúin speisialta riaracháin, agus d'eintitis agus údaráis chríochacha eile (“tríú tíortha nó réigiúin”) a chomhlíonann na critéir eipidéimeolaíocha a leagtar amach sa Mholadh sin agus a bhféadfaí deireadh a chur dá réir leis an srian ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas. I bhfianaise mhaolú na srianta, níl gá leis an liosta sin a thuilleadh agus ba cheart, dá bhrí sin, é a aisghairm.
- (5) Mar sin féin, tá an víreas SARS-CoV-2 fós ag scaipeadh leis. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith réidh chun gníomhú ar bhealach comhordaithe comhréireach sa chás go rachadh an staid eipidéimeolaíoch go mór in olcas, agus ar na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin tá teacht chun cinn athraithigh nua ar díol inní nó spéise é.
- (6) Sa chás áirithe go rachadh an staid eipidéimeolaíoch i dtríú tír nó réigiún go mór in olcas, ba cheart do na Ballstáit, nuair is gá, an taisteal neamhriachtanach a theorannú seachas i gcás daoine a bheadh vacsaínithe nó tar éis téarnamh, nó a mbeadh toradh diúltach ar Thástáil Aimpliúcháin Aigéid Núicléasaigh (NAAT) a bheadh déanta orthu laistigh de 72 uair an chloig roimh dóibh imeacht. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar na Ballstáit bearta breise a dhéanamh ar theacht isteach do dhaoine, na nithe seo a leanas, cuir i gcás – tástáil bhreise, féinleithlisiú, nó coraintín.
- (7) Aon uair a thabharfaidh Ballstát srianta a bhaineann le COVID-19 isteach i gcomhréir le Moladh 2022/107 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart do na Ballstáit comhordú a dhéanamh, laistigh de struchtúir na Comhairle agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus leis an gCoiste Slándála Sláinte, d'fhonn a chinneadh ar cheart srianta den chineál céanna a thabhairt isteach maidir le taisteal ó thríú tíortha chuig na Ballstáit. Ba cheart faisnéis faoi aon bhearta nua a fhoilsiú a luaithe is féidir agus, mar riail ghinearálta, ar a laghad 48 uair an chloig sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá le solúbthacht áirithe le haghaidh éigeandálaí eipidéimeolaíocha.

⁽¹⁾ Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2020 maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin (IO L 208 I, 1.7.2020, lch. 1).

⁽²⁾ Moladh (AE) 2022/107 an 25 Eanáir 2022 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (IO L 18, 27.1.2022, lch. 110).

- (8) Sa chomhthéacs sin, ba cheart Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, a úsáid i gcónaí mar phointe tagartha chun vacsaíniú, téarnamh agus tástáil a chruthú. Ba cheart a chumhdach leis sin freisin deimhniú arna n-eisiúint ag tríú tíortha a chumhdaítear le cinneadh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (9) Thairis sin, nuair a thagann athraitheach ar díol inmí nó spéise é chun cinn i dtríú tír nó réigiún, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit fós bearta práinneacha, solúbtha a bhfuil teorainn ama leo a dhéanamh ar bhealach comhordaithe chun moill a chur ar theacht isteach an athraitheach sin ar díol inmí nó spéise é, agus chun ullmhú dá theacht isteach.
- (10) Ba cheart foráil a dhéanamh sa Mholadh seo freisin maidir leis na díolúintí is gá ó shrianta ar thaisteal ó thríú tíortha chuig na Ballstáit. Daoine atá ag taisteal de bharr riachtanais nó feidhm rithábhachtach, ba cheart cead a bheith acu taisteal chuig na Ballstáit agus chuig tíortha eile a bhfuil feidhm ag *acquis* Schengen maidir leo i gcás ina mbeidh feidhm ag an gcoscán éigeandála freisin. Chun na críche sin, ba cheart liosta na dtaistealaithe riachtanacha a oiriúnú ionas nach mbeidh san áireamh ann ach na daoine sin nach mór dóibh a bheith in ann taisteal fiú i gcásanna den sórt sin.
- (11) Ar an gcaoi chéanna, saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas, ba cheart iadsan a bheith in ann filleadh ar Bhallstát a náisiúntachta nó a gcónaithe i gcónaí, ach féadfaidh sé go mbeidh siad faoi réir beart ar theacht isteach dóibh. Níor cheart a cheangal ar leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois cruthúnas vacsaínithe, téarnaimh nó tástála a bheith ina seilbh acu.
- (12) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, seasamh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo. Ós rud é go gcuireann an Moladh seo le *acquis* Schengen, ba cheart don Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, a chinneadh an gcuirfidh sí an Moladh seo chun feidhme, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis an Moladh céanna.
- (13) Is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽⁵⁾. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (14) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar na forálacha de *acquis* Schengen, de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme ⁽⁶⁾, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁷⁾.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhniú idir-inoibrítheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (IO L 211, 15.6.2021, lgh. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhniú idir-inoibrítheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID-19 AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

⁽⁵⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁶⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁷⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

- (15) Maidir leis an Eilvéis, is éard atá sa Mholadh seo forbairt ar na forálacha de *acquis* Schengen, de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁸⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (16) Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Mholadh seo forbairt ar na forálacha de *acquis* Schengen, de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ⁽¹⁰⁾ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3s de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit ar fad, ar mhaithe le feidhmiú cuí limistéar Schengen, cinneadh a dhéanamh ar bhealach comhordaithe maidir le haon srian ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas a thabhairt isteach arís,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Deireadh a chur leis na srianta ar thaisteal

- (1) Ón 22 Nollaig 2022 ar aghaidh, ba cheart deireadh a chur leis na srianta ar fad atá ar thaistealaithe chuig an Aontas, ar srianta iad a bhaineann le COVID-19.

Ceanglais taistil i gcás ina bhfuil an staid epidéimeolaíoch ag dul in olcas go mór

- (2) Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh ar bhealach comhordaithe, sa Chomhairle agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, ceanglais iomchuí réamhimeachta a thabhairt isteach arís i dtaobh taistealaithe, i gcás inar gá sin a dhéanamh toisc an staid epidéimeolaíoch a bheith ag dul in olcas go mór, bíodh sin sna Ballstáit nó i dtríú tíortha. D'fhéadfadh ceann amháin nó meascán de na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na ceanglais sin:
- (a) an dáileog dheireanach mholta den tsraith phríomhúil vacsaínithe de cheann de na vacsaíní COVID-19 atá údaraithe san Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾, nó de cheann de na vacsaíní COVID-19 a bhfuil próiseas EDS um Liostú Úsáide Éigeandála curtha i gcrích ina leith, an dáileog sin a bheith faighte ag duine 14 lá ar a laghad roimh theacht isteach san Aontas dóibh; i gcás ina mbeidh an taistealaí 18 mbliana d'aois nó os a chionn, gan níos mó ná 270 lá a bheith caite ó tugadh an dáileog a luaitear sa deimhniú vacsaínithe maidir le cur i gcrích na príomhshraithe vacsaínithe nó, tar éis na tréimhse 270 lá sin, riachtanas a bheith ann go mbeadh dáileog bhreise faighte tar éis chur i gcrích na príomhshraithe vacsaínithe;

⁽⁸⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁹⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

⁽¹²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidíachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

- (b) a bheith téarnaithe ó COVID-19 tráth nach déanaí ná 180 lá tar éis dháta an chéad toraidh dhearfaigh ar thástáil NAAT roimh thaisteal chuig na Ballstáit eile;
- (c) Tástáil Aimpliúcháin Aigéid Núicléasaigh (NAAT) a bheith déanta a raibh toradh diúltach uirthi tráth nach faide ná 72 uair an chloig roimh imeacht chuig na Ballstáit;
- (3) Chun a chinneadh, chun críocha phointe 2, ar cheart staid a cháiliú mar staid atá ag dul in olcas go mór, ba cheart do na Ballstáit an brú atá ar a gcórais cúraim sláinte de bharr COVID-19 a chur san áireamh go háirithe, go sonrach i dtéarmaí a bhfuil d'othair á ligean isteach in ospidéal agus aonaid dianchúraim, agus líon na n-othar cónaitheach atá sna hospidéal agus sna haonaid dianchúraim, déine na n-athraitheach SARS-CoV-2 atá ag scaipeadh, chomh maith leis an bhfaisnéis a thugann an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú go rialta agus forbairt na staide eipidémeolaíche.
- (4) Ina theannta sin, má thugann Ballstát amháin nó níos mó srianta isteach arís bunaithe ar Mholadh (AE) 2022/107 ón gComhairle ⁽¹³⁾, maidir le taisteal laistigh den Aontas, ba cheart do na Ballstáit plé a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, ba cheart dóibh plé a dhéanamh i dtaobh cé acu ar cheart nó nár cheart srianta den chineál céanna a thabhairt isteach faoin Moladh seo maidir le taisteal ó thríú tíortha chuig na Ballstáit.
- (5) Nuair a thugtar srianta isteach arís i gcomhréir le pointí 2 nó 4, ba cheart ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheith ina seilbh ag taistealaithe:
- (a) cruthúnas bailí ar vacsaíniú arna eisiúint ar bhonn vacsaín COVID-19 arna údarú san Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004;
- (b) cruthúnas bailí ar vacsaíniú arna eisiúint ar bhonn vacsaíní COVID-19 a bhfuil próiseas EDS um Liostú Úsáide Éigeandála curtha i gcrích ina leith ach nach bhfuil ar liosta na vacsaíní arna n-údarú san Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004;
- (c) cruthúnas bailí ar théarnamh;
- (d) cruthúnas bailí ar Thástáil Aimpliúcháin Aigéid Núicléasaigh (NAAT) nach faide ná 72 uair an chloig roimh imeacht.
- (6) Níor cheart leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois a bheith faoi réir aon cheanglas roimh imeacht dóibh.
- (7) D'fhéadfadh na Ballstáit bearta breise a chur i bhfeidhm freisin ar theacht isteach do dhaoine i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, maidir leis na nithe seo a leanas, cuir i gcás – tástáil bhreise, féimleithlisiú agus coraintín.
- (8) Mar sin féin:
- (a) taistealaithe lena mbaineann feidhm ríthábhachtach nó riachtanas dá dtagraítear san Iarscríbhinn ⁽¹⁵⁾, níor cheart iad a bheith faoi réir aon bhirt maidir le teacht isteach a chuirfeadh isteach ar chuspóir an taistil;
- (b) i gcás pearsanra iompair, maraithe agus oibríthe teorann, níor cheart do na Ballstáit aon rud eile ach Mearthástáil Antaiginí dhiúltach a chur de cheangal orthu ar theacht isteach dóibh in aon cheann de na Ballstáit;
- (c) ba cheart aerchriúnna a dhíolmhú ó aon tástáil má ba lú ná 12 uair an chloig a bhfanacht i dtríú tír.
- (9) I gcás ina bhforchuirfidh na Ballstáit bearta breise ar theacht isteach do dhaoine, mar a leagtar amach i bpointe 7, ba cheart dóibh faisnéis iomchuí a chur ar fáil do na taistealaithe ar bhealach sorochtana.

⁽¹³⁾ Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (CE) 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunáitear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1).

⁽¹⁵⁾ Féach freisin Treoir an 28 Deireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún (COM(2020)686 final, 28.10.2020).

Cruthúnais vacsaínithe, téarnaimh agus tástála

- (10) De bhreis ar dheimhnithe arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart do na Ballstáit glacadh le cruthúnais ar vacsaíniú, téarnamh nó tástáil COVID-19 a chumhdaítear faoi ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) den Rialachán sin.
- (11) I gcás nár glacadh aon ghníomh cur chun feidhme den chineál sin, chun críocha phointe 5, d'fhéadfadh Ballstáit, chun críocha an Mholta seo, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a chinneadh cruthúnas ar vacsaíniú, téarnamh agus tástáil arna eisiúint ag tríú tír a ghlacadh, agus an gá atá lena bheith in ann barántúlacht, bailíocht agus sláine an doiciméid a fhíorú á chur san áireamh, agus an bhfuil na sonraí ábhartha ar fad sa doiciméad nó nach bhfuil, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2021/953.

Aghaidh a thabhairt ar athraitheach ar díol inní nó spéise iad agus sásra an choscáin éigeandála

- (12) I gcás ina mbeidh athraitheach ar díol inní nó spéise é braite i dtríú tír nó réigiún, ba cheart do na Ballstáit bearta práinneacha a dhéanamh (“coscán éigeandála”) chun leathadh an athraitheach chuig an Aontas a shrianadh. Mar fhreagairt ar theacht chun cinn athraitheach nua den sórt sin ar díol inní nó spéise é i dtríú tír nó i réigiún, ba cheart cruinniú a thionól laistigh de struchtúir na Comhairle laistigh de 48 n-uair an chloig chun plé a dhéanamh ar a riachtanaí atá bearta comhordaithe chun taisteal chuig an Aontas chun go gcuirí moill ar leathadh an athraitheach nua, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc. I gcás inar gá, ba cheart do na Ballstáit aon cheanglais iomchuí a chinneadh, ar bhealach comhordaithe sa Chomhairle. Ar bhonn eisceachtúil, d'fhéadfadh na Ballstáit srian práinneach, comhchoiteann agus sealadach a bhunú laistigh de struchtúir na Chomhairle ar gach taisteal chuig a gcríoch i gcás náisiúnaigh tríú tíortha a d'fhan sa tríú tír nó réigiún sin tráth ar bith le linn na 14 lá roimh imeacht i dtreo na mBallstát dóibh. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin maidir le cásanna ina dtéann an staid eipidéimeolaíoch in olcas go tapa agus go mór ar bhealach a thugann le tuiscint go bhfuil athraitheach nua de SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise é ag teacht chun cinn.
- (13) Ba cheart do na Ballstáit, laistigh de struchtúir na Comhairle agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an staid ar bhealach comhordaithe.
- (14) Ba cheart na srianta sin a bheith ag dul in éag tar éis 21 lá féilire, mura gcinneann na Ballstáit, faoin nós imeachta a leagtar amach i bpointí 12 agus 13, iad a ghiorrú nó síneadh a chur leo go ceann tréimhse eile.
- (15) Ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú léarscáil a fhoilsiú agus a nuashonrú go rialta, léarscáil ina léireofar an staid atá ann i dtríú tíortha maidir le hathraitheach ar díol inní iad agus athraitheach ar díol spéise iad.

Díolúintí ó shrianta sealadacha taistil

- (16) Taistealaithe lena mbaineann feidhm ríthábhachtach nó riachtanas dá dtagraítear san Iarscríbhinn, níor cheart iad a bheith faoi réir na srianta taistil dá dtagraítear i bpointí 2 agus 12.
- (17) D'fhéadfadh na catagóirí daoine seo a leanas a bheith faoi réir na srianta taistil a luaitear i bpointí 2 agus 12, ach ba cheart iad an deis a choimeád fillleadh ar an Aontas:
- (a) Saoránaigh den Aontas Eorpach agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cearta chun saorghluaiseachta acu, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, ar cearta iad atá coibhéiseach leis na cearta atá ag saoránaigh den Aontas Eorpach, chomh maith le baill a dteaghlach ⁽¹⁶⁾;

⁽¹⁶⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2 agus 3 de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus bhaill a dteaghlach gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

(b) náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoi Threoir 2003/109/CE ón gComhairle ⁽¹⁷⁾ agus daoine arb as ionstraimí eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta a eascraíonn a gceart cónaithe, nó a bhfuil víosaí fadtéarmacha náisiúnta acu, mar aon le baill teaghlaigh na ndaoine sin.

Sa chás nach mbeadh Deimhniú Digiteach COVID bailí de chuid an Aontais ina seilbh ag na daoine sin, d'fhéadfadh sé go mbeidís faoi réir na mbearta breise a luaitear faoi phointe 7 ar theacht isteach dóibh.

(18) Na bearta breise a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar dhaoine ar theacht isteach dóibh, bearta a leagtar amach i bpointe 7, ba cheart feidhm a bheith acu i gcónaí maidir le taistealaithe atá díolmhaithe ó shrianta i gcomhréir le pointí 16 agus 17.

Comhordú agus faisnéis don phobal

(19) Ba cheart faisnéis faoi aon bhearta nua faoi phointe 5 a fhoilsiú a luaithe is féidir agus, mar rial ghinearálta, ar a laghad 48 n-uair an chloig sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

Forálacha críochnaitheacha

(20) Chun críoch an Mholta seo, cónaitheoirí de chuid Andóra, Mhonacó, San Mairíne agus na Vatacáine/an tSuí Naofa, ba cheart a mheas gur náisiúnaigh tríú tíortha iad a thagann faoi raon feidhme phointe 17(b).

(21) Cuirtear an Moladh seo in ionad Mholadh (AE) 2020/912. Ba cheart feidhm a bheith aige ón 22 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BEK

⁽¹⁷⁾ Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarma iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44).

IARSCRÍBHINN

Catagóirí daoine atá ag taisteal agus feidhm ríthábhachtach nó riachtanas á fheidhmiú acu:

- i. Gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí sláinte, agus gairmithe um chúram daoine scothaosta;
 - ii. Oibrithe teorann;
 - iii. Pearsanra iompair;
 - iv. Taidhleoirí, foireann eagraíochtaí idirnáisiúnta agus daoine a fhaigheann cuireadh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, pearsanra míleata agus oibrithe cabhrach daonnúla agus pearsanra cosanta sibhialta;
 - v. Paisinéirí idirthurais;
 - vi. Paisinéirí atá ag taisteal ar chúiseanna práinneacha teaghlaigh nó leighis;
 - vii. Maraithe;
 - viii. Daoine a oibríonn ar bhonneagair chriticiúla nó ar bhonneagair riachtanacha eile;
 - ix. Daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, nó atá ag taisteal ar chúiseanna daonnúla eile;
-

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**CINNEADH Uimh. 2/2022 ÓN GCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BHUNÚ LEIS AN
GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN
COMPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT
AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE**

an 21 Nollaig 2022

**a mhéid a bhaineann leis an dara síneadh, arb é an síneadh deireanach é, a chur leis an tréimhse
eatramhach inar féidir leis an Ríocht Aontaithe maolú ar an oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha
Paisinéirí na bpaisinéirí a scríosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe [2022/2549]**

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do
Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (“an
Comhaontú Trádála agus Comhair”), agus go háirithe Airteagal 552 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá síneadh curtha de dara huair, agus den uair dheireanach, leis an idirthréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht
Aontaithe maolú ar an oibleagáid faoi Airteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair sonraí i dTaifead
Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scríosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe, de bhun Airteagal 552(13)
den Chomhaontú sin agus mairfidh an síneadh sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, 21 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
James CLEVERLY

CINNEADH Uimh. 3/2022 ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an 21 Nollaig 2022

lena mbunaítear liosta de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair [2022/2550]

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ⁽¹⁾ (“an Comhaontú Trádála agus Comhair”), agus go háirithe Airteagal 752(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 752(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le liosta a bhunú de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Beidh 15 dhuine ar a laghad ar an liosta sin agus beidh trí fholiosta ann: (a) foliosta amháin daoine a bhunófar ar bhonn moltaí ón Aontas; (b) foliosta amháin daoine a bhunófar ar bhonn moltaí ón Ríocht Aontaithe; agus (c) foliosta amháin daoine nach náisiúnaigh de cheachtar den dá Pháirtí iad agus a fhónfaidh mar chathaoirleach ar an mbinse eadrána.
- (2) Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta.
- (3) De bhun Airteagal 741 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun a gceaptha in ardoifig breithiúnach ina dtír féin nó ar dlí-eolaithe iad a bhfuil a n-inniúlacht aitheanta a bheidh sna headránaithe uile. Beidh saineolas léirithe acu sa dlí agus sa trádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear saineolas maidir le hábhair shonracha a chumhdaítear faoi Theidil I go VII, Caibidil 4 de Theideal VIII, Teidil IX go XII de Cheannteideal a hAon nó Ceannteideal a Sé de Chuid a Dó, nó saineolas sa dlí agus in aon ábhar eile a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus aon chomhaontú lena bhforlíontar é agus, i gcás cathaoirligh, beidh taithí aige ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 752(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ní bheidh daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile in institiúidí an Aontais, i Rialtas Ballstáit ná i Rialtas na Ríochta Aontaithe ar an liosta sin.
- (5) Ar bhonn na moltaí ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe, is iomchúí don Chomhairle Comhpháirtíochta teacht ar chomhaontú faoi dhá fholiosta ina mbeidh sé dhuine le haghaidh phoist chomhaltaí na binse eadrána, agus faoin bhfoliosta ina mbeidh ocht nduine le haghaidh phost an chathaoirligh ar an mbinse eadrána,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá leagtha amach san Iarscríbhinn liosta na ndaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí ar bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, an 21 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEŤOVIČ
James CLEVERLY

IARSCRÍBHINN

- (a) foliosta na ndaoine arna bhunú ar bhonn moltaí ón Aontas;
- Laurence BOISSON DE CHAZOURNES
Irina BUGA
Hélène RUIZ FABRI
Michael HAHN
Crenguta LEAUA
Peter Leo Henri VAN DEN BOSSCHE
- (b) foliosta na ndaoine arna bhunú ar bhonn moltaí ón Ríocht Aontaithe;
- Lorand Alexander BARTELS
Lawrence COLLINS
Jean E. KALICKI
Surya P. SUBEDI
David UNTERHALTER
Janet M. WHITTAKER
- (c) foliosta na ndaoine ba cheart fónadh mar chathaoirleach ar an mbinse eadrána.
- Leora BLUMBERG
Thomas COTTIER
William J. DAVEY
Gavan GRIFFITH
Valerie HUGHES
Campbell MCLACHLAN
Penelope Jane RIDINGS
J. Christopher THOMAS
-

CINNEADH Uimh. 4. ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN CHÓIRÉ AGUS AN tAONTAS EORPACH**an 30 Samhain 2022****maidir leis an leasú ar Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (2022/2551)**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagail 10.24.1, 10.25.1, 10.25.3, 15.1.4(c) agus 15.5.2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 15.1.4(c) den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ⁽¹⁾ (“an Comhaontú”), féadfaidh an Coiste um Thrádáil leasuithe ar an gComhaontú a bhreithniú nó forálacha an Chomhaontaithe a leasú i gcásanna dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú.
- (2) Le hAirteagal 15.5.2 den Chomhaontú, foráiltear gur féidir leis na Páirtithe cinneadh ón gCoiste um Thrádáil a ghlacadh chun na hlarscríbhinní, na Foscríbhinní, na Prótacail agus na Nótaí a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, faoi réir a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí féin is infheidhme.
- (3) Le hAirteagal 10.24.1 den Chomhaontú, ceadaítear do na Páirtithe tásca geografacha atá le cosaint a chur le hlarscríbhinní 10-A agus 10-B i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10.25.
- (4) De bhun Airteagal 10.25.1 den Chomhaontú, féadfaidh an Mheitheal um Thásca Geografacha (“an Mheitheal”) moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh de chomhthoil.
- (5) De bhun Airteagal 10.25.3 den Chomhaontú, féadfaidh an Mheitheal cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a mhodhnú chun tásca geografacha aonair de chuid an Aontais nó de chuid na Cóiré a chur leo nó chun tásca geografacha aonair a bhaint ar tásca iad nach bhfuil cosanta ag an bPáirtí tionscnaimh a thuilleadh nó nach gcomhlíonann na coinníollacha chun iad a mheas mar thásca geografacha sa Pháirtí eile. Féadfaidh sé a chinneadh freisin gur cheart tagairt do reachtaíocht sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don reachtaíocht sin arna leasú agus arna hionadú agus atá i bhfeidhm ar dháta áirithe tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.
- (6) De bhun Airteagal 5.2 de Chinneadh Uimh. 1/2019 ón Meitheal um Thásca Geografacha idir an tAontas agus an Chóiré an 17 Meán Fómhair 2019 a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta (“rialacha nós imeachta”), féadfaidh an Mheitheal cinneadh a dhéanamh de chomhthoil go molfar tásca geografacha a chur isteach nó a bhaint le haghaidh cinntí críochnaitheacha sa Choiste um Thrádáil i gcomhréir le hAirteagal 10.21.4, Airteagal 10.24 agus Airteagal 10.25 den Chomhaontú.
- (7) De bhun Airteagal 5.3 de na rialacha nós imeachta ina ndéantar tagairt d’Airteagail 15.3.5 agus 15.5.2 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul i mbun an chúraim a leagtar ar an Meitheal um Thásca Geografacha agus cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a mhodhnú agus féadfaidh na Páirtithe an cinneadh a ghlacadh faoi réir a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí féin is infheidhme.
- (8) Agus Airteagal 10.25.3(c) den Chomhaontú á chur i bhfeidhm, dhearbhaigh na Páirtithe na hábhair seo a leanas a bhaineann le tagairtí do reachtaíocht sa Chomhaontú:
 - (a) An 17 Aibreán 2019, maidir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle ⁽²⁾ dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha” den Chomhaontú, aisghaireadh é le Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú

⁽¹⁾ IO L 127, 14.5.2011, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 39, 13.2.2008, lch. 16.

deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásca geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ⁽³⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 2019/787.

- (b) An 21 Samhain 2012 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint ⁽⁴⁾ dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha” le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽⁵⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 1151/2012.
- (c) An 26 Feabhra 2014 maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus cur i láthair fionta cumhraithe, deochanna bunaithe ar fhíon cumhraithe agus manglaim táirgí fionta cumhraithe ⁽⁶⁾ dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha”, aisghaireadh é le Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach i ndáil le táirgí fionta cumhraithe agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle ⁽⁷⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) Uimh. 251/2014.
- (d) An 29 Aibreán 2008 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona ⁽⁸⁾ dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha” le Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999. Rinneadh an Rialachán deiridh a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ⁽⁹⁾ agus rinneadh a fhorálacha a chomhtháthú i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ⁽¹⁰⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (CE) Uimh. 491/2009.
- (e) An 17 Nollaig 2013 aisghaireadh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha” le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹¹⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 sa Chomhaontú a mheas mar thagairt do Rialachán (AE) 1308/2013.
- (f) Leasaíodh Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta na Cóiré (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009) dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha”. An 21 Nollaig 2021 cuireadh an tAcht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, 21 Nollaig, 2021) i bhfeidhm ⁽¹²⁾. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009) sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, 21 Nollaig, 2021).

⁽³⁾ IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 93, 31.3.2006, lch. 12.

⁽⁵⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 149, 14.6.1991, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 84, 20.3.2014, lch. 14.

⁽⁸⁾ IO L 179, 14.7.1999, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 154, 17.6.2009, lch. 1.

⁽¹⁰⁾ IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.

⁽¹¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽¹²⁾ 대한민국정부 관보 제20151호 (iris oifigiúil 20151), 2021.12.21, lch. 47.

- (g) Leasaíodh Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla na Cóiré (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008) dá dtagraítear i bhForoinn C “Tásca Geografacha”. An 1 Eanáir 2021 ionchorpraíodh forálacha sonracha maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin deochanna meisciúla etc., a shonraítear sa um Cháin ar Dheochanna Meisciúla, san Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (aistriúchán neamhoifigiúil/Acht Uimh. 17761, 29 Nollaig, 2020) agus cuireadh i bhfeidhm iad ⁽¹³⁾. Ó mhí Eanáir 2022, cuireadh an tAcht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) ⁽¹⁴⁾ agus an tAcht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022) ⁽¹⁵⁾ araon i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008) sa Chomhaontú a mheas mar thagairt don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) agus don Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022).
- (9) Chomhaontaigh na Páirtithe 44 thásc geografacha an Aontais agus 41 thásc geografacha na Cóiré a chur isteach in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B tríd an bpróiseas seo a leanas:
- (a) Le linn an seachtú cruinniú de chuid na Meithle, a reáchtáladh i Súl an 6 Samhain 2019, phléigh na Páirtithe na módúlachtaí chun Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú de bhun Airteagail 10.24 agus 10.25.3 agus chomhaontaigh siad leanúint den phlé sna míonna ina dhiaidh sin, plé a raibh sé d’aidhm aige teacht ar chomhaontú maidir le tásca geografacha nua a chur isteach ag an gcéad Mheitheal eile.
- (b) Tar éis iarraidh a fháil ó na Páirtithe agus de bhun Airteagail 10.18.3 agus 10.18.4, agus de bhun Airteagail 10.24 agus 10.25 den Chomhaontú, tá an nós imeachta freasúra agus an scrúdú ar 41 thásc geografacha na Cóiré curtha i gcrích ag an Aontas. Tá an nós imeachta freasúra agus an scrúdú ar 44 thásc geografacha an Aontais curtha i gcrích ag an gCóiré.
- (10) Chomhaontaigh na Páirtithe trí thásc geografacha an Aontais agus ceithre thásc geografacha na Cóiré a bhaint ó Iarscríbhinní 10-A agus 10-B tríd an bpróiseas seo a leanas:
- (a) An 25 Deireadh Fómhair 2016 thug an tAontas fógra don Chóiré maidir le scor na cosanta i leith thásc geografach na Spáinne agus d’iarr sé an t-ainm “Pacharán” a bhaint ó Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir sé de bheith faoi chosaint san Aontas.
- (b) Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar thásca geografacha atá faoi chosaint an Aontais sa Chomhaontú agus i bhfianaise Rialachán (AE) 2019/674 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach deochanna biotáilleacha ⁽¹⁶⁾, d’iarr an tAontas i mí na Samhna 2020 an t-ainm “Polish Cherry” a bhaint d’Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir sé de bheith faoi chosaint san Aontas.
- (c) An 15 Márta 2021, thug an Chóiré fógra agus d’iarr sí na tásca geografacha “Muan White Lotus Tea (무안백련차)” agus “Cheongyang Powdered Hot Pepper (청양고춧가루)” a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir siad de bheith faoi chosaint sa Chóiré.
- (d) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, dheimhnigh na Páirtithe, le linn an chruinnithe theicniúil fhíorúil a reáchtáladh an 16 Márta 2021, gur cheart an tásca geografach “Scotch Whisky” a bhaint de na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú.
- (e) Le linn an naoú cruinniú de chuid na Meithle a reáchtáladh an 8 Nollaig 2021, thug an Chóiré fógra agus d’iarr sí na tásca geografacha “Seosan Garlic (서산마늘)” agus “Yeoju Sweet Potato (여주고구마)” a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 10.25.3(b), toisc gur scoir siad de bheith faoi chosaint sa Chóiré.

⁽¹³⁾ 대한민국정부 관보 제19907호 (iris oifigiúil 19907), 2020.12.29, lch. 110.

⁽¹⁴⁾ 대한민국정부 관보 제20151호 (iris oifigiúil 20151), 2021.12.21, lch. 39.

⁽¹⁵⁾ 대한민국정부 관보 제20163호 별권1 (iris oifigiúil 20163, imleabhar 1 ar leith), 2022.1.6, lch. 4

⁽¹⁶⁾ IO L 114, 30.4.2019, lch. 7.

- (11) Chomhaontaigh na Páirtithe na tásca geografacha comhfhreagracha atá cothrom le dáta a chur in ionad ceithre thásc gheografacha de chuid an Aontais in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú, tásca ar athraíodh a n-ainmneacha, tríd an bpróiseas seo a leanas:
- (a) An 13 Iúil 2017 chuir an tAontas in iúl don Chóiré gur tháinig athrú ar ainmneacha ceithre thásc gheografacha a chosnaítear sa Chomhaontú ⁽¹⁷⁾. Mhol an tAontas na hainmneacha comhfhreagracha agus na tras-scríbhinní comhfhreagracha i liosta thásca geografacha an Aontais a chosnaítear sa Chóiré faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta.
- (b) San fhógra céanna, d'iarr an tAontas an tasc geografach “Originali lietuviška degtinė/vodka lituanienne originale”, atá beartaithe le cur le hIarscríbhinn 10-B, a athrú go “Originali lietuviška degtinė/Original Lithuanian vodka” (tras-scríbhinn 오리지널 리투아니아 보드카).
- (12) De bhun Airteagal 12.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1 den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 ⁽¹⁸⁾, is féidir leis an gCoiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, má thagann an dá Pháirtí ar chomhaontú, sa tréimhse idir cruinnithe an Choiste um Thrádáil. Malartú nótaí idir Cathaoirligh an Choiste um Thrádáil a bheadh sa nós imeachta i scríbhinn.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus na Cóiré i gCaibidil 10, Roinn B, Foroinn C “Tásca Geografacha” fonótaí (51), (53) — (55) i leagan den Chomhaontú a foilsíodh san Aontas nó na fonótaí céanna a bhfuil uimhreacha (2), (4)-(6) orthu i leagan den Chomhaontú a foilsíodh sa Chóiré ⁽¹⁹⁾, déanfar iad a mheas mar thagairtí don reachtaíocht sin arna leasú nó arna hionadú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

- (1) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i gCuid A d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú;
- (2) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú;
- (3) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i Roinn 1 agus Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;
- (4) na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur faoin liosta comhfhreagrach de thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;
- (5) na tásca geografacha “Pacharán” (An Spáinn), “Polska Wiśniówka/Polish Cherry” (An Pholainn) agus “Scotch Whisky” (An Ríocht Aontaithe) a bhaint de liosta na dtásc geografach i Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú;

⁽¹⁷⁾ Athraíodh “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence” go “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence”. (tras-scríbhinn: 월 에센서얼 드 라벵드 드 오뜨 프로방스 / 에센스 드 라벵드 드 오뜨 프로방스 (오뜨 프로방스 라벵드 에센스 오일) – athraíodh “Prosciutto di S. Daniele” go “Prosciutto di San Daniele” (fanann an tras-scríbhinn mar an gcéanna) — athraíodh “Jamon de Teruel” go “Jamón de Teruel/Paleta de Teruel” (tras-scríbhinn: 하몬 데 테루엘 / 팔레타 데 테루엘) — athraíodh “Jamón de Huelva” go “Jabugo” (tras-scríbhinn: 하부고).

⁽¹⁸⁾ Cinneadh Uimh. 1 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh (IO L 58, 1.3.2013, lch. 9).

⁽¹⁹⁾ 대한민국 관보 제17538호 (그2) (iris oifigiúil 17538, imleabhar 2 ar leith), 2011.6.28, lch. 800.

- (6) na tásca geografacha “Seosan Garlic (서산마늘)”, “Muan White Lotus Tea (무안백련차)”, “Cheongyang Powdered Hot Pepper (청양고춧가루)” agus “Yeoju Sweet Potato (여주고구마)” a bhaint de liosta thásca geografacha na Cóiré i gCuid B d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú; agus
- (7) na tásca geografacha comhfhreagracha a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur in ionad na dtásc geografach ar athraíodh a n-ainmneacha i liosta thásca geografacha an Bhallstáit lena mbaineann i gCuid A d'Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta lena ndeimhnítear go bhfuil a gcuid ceanglas agus nósanna imeachta dlí is infheidhme is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm curtha i gcrích acu.

IARSCRÍBHINN I

Tagairtí do reachtaíocht an Aontais agus na Cóiré i gCaibidil 10, Roinn B, Foroinn C “Tásca Geografacha” fonótaí (51), (53) – (55) i leagan den Chomhaontú a foilsíodh san Aontas nó na fonótaí céanna a bhfuil uimhreacha (2), (4)-(6) orthu i leagan den Chomhaontú a foilsíodh sa Chóiré, déanfar iad a mheas mar thagairtí don reachtaíocht sin arna leasú nó arna hionadú sna bealaí seo a leanas:

(1) I gcás tagairtí do reachtaíocht an Aontais:

- (a) Maidir le tagairtí do “Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásca geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáit de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ón gComhairle”, déanfar iad a chur in ionad tagairtí do “Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89”;
- (b) Cuirfear tagairtí do “Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí” in ionad tagairtí do “Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair”;
- (c) Cuirfear tagairtí do “Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach i ndáil le táirgí fionta cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle” in ionad tagairtí do “Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairiscí agus cur i láthair ar fhíonta cumhraithe, ar dheochanna bunaithe ar fhíon cumhraithe agus ar mhanglaim táirgí fionta cumhraithe”;
- (d) Cuirfear tagairtí do “Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagrú na margáí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair)” in ionad tagairtí do “Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona” a aisghairtear le Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona, lena leasaítear “Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005, (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999”; agus
- (e) Cuirfear tagairtí do “Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle” in ionad tagairtí do “Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margáí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair)”.

(2) I gcás tagairtí do reachtaíocht na Cóiré:

- (a) Cuirfear tagairtí don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta agus Iascaigh (Acht Uimh. 18599, Nollaig 21, 2021) in ionad tagairtí don Acht um Rialú Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta (Acht Uimh. 9759, 9 Meitheamh, 2009); agus
- (b) Cuirfear tagairtí don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18593, 21 Nollaig, 2021) agus don Acht um Cheadúnas Deochanna Meisciúla (Acht Uimh. 18723, 6 Eanáir, 2022) in ionad tagairtí don Acht um Cháin ar Dheochanna Meisciúla (Acht Uimh. 8852, 29 Feabhra, 2008).

IARSCRÍBHINN II

Cód Tíre	An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
AT	Steirisches Kürbiskernöl	Ola síl puimcín	슈타이리셰스 퀴르비스케른윌
CY	Λουκούμι Γεροσκήπου / Loukoumi Geroskipou	Milseogra	루꾸미 게로스끼뿌
DE	Hopfen aus der Hallertau	Leannlusanna	할러타우 홉펜
DE	Lübecker Marzipan	Milseogra	뤼베커 마르지판
DE	Nürnberger Lebkuchen	Milseogra	뉘른베르거 렘쿠헤
DE	Schwarzwälder Schinken	Liamhás	슈바르츠벨더 쉰켄
DK	Danablu	Cáis	다나블루
ES	Aceite de Terra Alta/Oli de Terra Alta	Ola olóige	아세이떼 데 떼라 알따; 올리 데 떼라 알따
ES	Aceite Monterrubio	Ola olóige	아세이떼 몬테루비오
ES	Estepa	Ola olóige	에스떼빠
ES	Les Garrigues	Ola olóige	레스 가리게스
ES	Sierra de Cazorla	Ola olóige	씨에라 데 까소를라
ES	Siurana	Ola olóige	씨우라나
EL	Καλαμάτα / Kalamata (*)	Ola olóige	칼라마타
EL	Σητεία Λασιθίου Κρήτης / Sitia Lasithiou Kritis	Ola olóige	시티아 라시티우 크리티스
EL	Λακωνία / Lakonia	Ola olóige	라코니아
EL	Γραβιέρα Κρήτης / Graviera Kritis	Cáis	그라비에라 크리티스
EL	Κασέρι / Kasseri	Cáis	카세리
IT	Aceto Balsamico di Modena	Fínéagar	아체토 발사미코 디 모데나
IT	Bresaola della Valtellina	Liamhás	브레사올라 델라 발텔리나
IT	Kiwi Latina	Cíobhaí	키위 라티나
IT	Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel	Úll	멜라 알토 아디제; 수드티롤레르 아펠
IT	Toscano	Ola olóige	토스카노
IT	Pecorino Toscano	Cáis	페코리노 토스카노
IT	Salamini italiani alla cacciatora	Salámaí	살라미니 이탈리아니 알라 카차토라
NL	Edam Holland	Cáis	에담 홀란드
NL	Gouda Holland	Cáis	고다 홀란드

(*) Ní chuirfear cosc, le cosaint an táisc gheografaigh “Kalamata”, ar úsáid ainm cineáil planda maidir le hola olóige i gcríoch na Cóiré. Leis an bhfoirmliú sin, ní athrúitear ná ní laghdaítear an chosaint a thugtar cheana don tásc geografach cosanta “Elia Kalamatas” leis an gComhaontú.

IARSCRÍBHINN III

An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
천안배 (Cheonan Bae (Pear))	Piorra	Cheonan Bae
나주배 (Naju Bae (Pear))	Piorra	Naju Bae
안성배 (Anseong Bae (Pear))	Piorra	Anseong Bae
고려흑삼제품 (Korean Black Ginseng Product)	Táirge Ginsinge Duibhe	Goryeo Heuksamjepum
예산사과 (Yesan Apple)	Úll	Yesan Sagwa
안성쌀 (Anseong Ssal (Rice))	Rís	Anseong Ssal
영월고춧가루 (Yeongwol Red Pepper Powder)	Púdar Piobar Dearg	Yeongwol Gochutgaru
고려흑삼 (Korean Black Ginseng)	Ginsing Dhubh	Goryeo Heuksam
보성웅치올벼쌀 (Boseong Ungchi Olbyeossal)	Rís	Boseong Ungchi Olbyeossal
김포쌀 (Gimpo Ssal (Rice))	Rís	Gimpo Ssal
진도검정쌀 (Jindo Black Rice)	Rís	Jindo Geomjeong Ssal
군산쌀 (Gunsan Ssal (Rice))	Rís	Gunsan Ssal
영월고추 (Yeongwol Red Pepper)	Piobar Dearg	Yeongwol Gochu
영천포도 (Yeongcheon Grapes)	Fíonchaor	Yeongcheon Podo
무주사과 (Muju Apple)	Úll	Muju Sagwa
삼척마늘 (Samcheok Garlic)	Gairleog	Samcheok Maneul
김천자두 (Gimcheon Jadu (Plum))	Pluma	Gimcheon Jadu
영동포도 (Yeongdong Grapes)	Fíonchao	Yeongdong Podo
문경오미자 (Mungyeong Omija)	Omija	Mungyeong Omija
청도반시 (Cheongdo Seedless Flat Persimmon)	Dátphluma	Cheongdo Bansi
평창산양삼 (PyeongChang Wild-cultivated Ginseng)	Ginsing a saothraíodh go fiáin	PyeongChang Sanyangsam
보은대추 (Boeun Jujube)	Jujobe	Boeun Daechu
충주밤 (Chungju Bam (Chestnut))	Castán	Chungju Bam
가평잣 (Gapyeong Korean Pine nuts)	Cnó péine	Gapyeong Jat
정선곤드레 (Jeongseon Gondre)	Gondre (Feochadán Cóiréach)	Jeongseon Gondre
영동곶감 (Yeongdong Persimmon Dried)	Dátphluma	Yeongdong Gotgam
부여표고 (Buyeo Pyogo (Oak mushroom))	Muisiriún darach	Buyeo Pyogo
완도미역 (Wando Sea mustard)	Mustard mara	Wando Miyeok
완도다시마 (Wando Sea tangle)	Coirleach	Wando Dasima
기장미역 (Gijang sea mustard)	Mustard mara	Gijang Miyeok
기장다시마 (Gijang sea tangle)	Coirleach	Gijang Dasima

An t-ainm atá le cosaint	Táirge	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
완도김 (Wando Laver)	Sleabhac	Wando Gim
장흥김 (Jangheung Laver)	Sleabhac	Jangheung Gim
여수굴 (Yeosu Gul (Yeosu Oyster))	Oisre	Yeosu Gul
고흥미역 (Goheung Dried Sea mustard)	Mustard mara	Goheung Miyeok
고흥다시마 (Goheung Dried Sea tangle)	Coirleach	Goheung Dasima
신안김 (Sinan Gim (Laver))	Sleabhac	Sinan Gim
해남김 (Haenam Gim (Laver))	Sleabhac	Haenam Gim
고흥김 (Goheung Laver)	Sleabhac	Goheung Gim
고흥굴 (Goheung Gul (Oyster))	Oisre	Goheung Gul

IARSCRÍBHINN IV

ROINN 1

FÍONTA DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH

Cód Tíre	Ainm Ainmniúcháin	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
CY	Κουμανδάρια (tras-scríbhinn go haibítir na Laidine: Commandaria)	꼬만다리아
DE	Franken	프랑켄
ES	Utiel-Requena	우띠엘 레께나
FR	Pays d'Oc	페이 독 / 뻬이 독
FR	Romanée-Conti	로마네 콘티 / 로마네 콩띠
FR	Pauillac	포이약 / 뽀이약
FR	Saint-Estèphe	세인트 에스테브 / 썩 에스테프
IT	Prosecco	프로세코
RO	Cotnari	코트나리
SI	Vipavska dolina	비파브스카 돌리나
SK	Vinohradnícka oblasť Tokaj	비노흐라드니스카 오블라스트 토카이

ROINN 2

DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA DE THIONSCNAMH AN AONTAIS EORPAIGH

Cód Tíre	Ainm Ainmniúcháin	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
CY	Ζιβανία / Τζιβανία / Ζιβάνα / Zivania	지바니아
ES	Brandy del Penedés	브란디 델 뻬네데스
EL	Τσίπουρο / Tsipouro	치푸로
IE	Irish Cream	아이리쉬 크림
LT	Originali lietuviška degtinė/Vodca bunaidh na Liotuáine	오리지널 리투아니아 보드카
BE+NL+FR+DE	Genièvre / Jenever / Genever	예네이버/제니버

IARSCRÍBHINN V

An t-ainm atá le cosaint	Tras-scríbhinn go haibítir na Cóiréise
무주머루와인 (Muju Wild Grape Wine)	Muju Meoru Wine

IARSCRÍBHINN VI

AN FHRAINIC

Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence ⁽¹⁾	Bláthola labhandair	월 에썬씨엘 드 라방드 드 오뜨 프로방스 / 에썬스 드 라방드 드 오뜨 프로방스 (오뜨 프로방스 라방드 에센스 오일)
--	---------------------	---

AN IODÁIL

Prosciutto di San Daniele ⁽²⁾	Liamhás	프로슈토 디 산 다니엘레(생햄)
--	---------	-------------------

AN SPÁINN

Jamón de Teruel/Paleta de Teruel ⁽³⁾	Liamhás	하몬 데 테루엘 / 팔레타 데 테루엘
Jabugo ⁽⁴⁾	Liamhás	하부고

⁽¹⁾ Athraíodh “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence” go “Huile essentielle de lavande de Haute-Provence/Essence de lavande de Haute-Provence”.

⁽²⁾ Athraíodh “Prosciutto di S. Daniele” go “Prosciutto di San Daniele”.

⁽³⁾ Athraíodh “Jamon de Teruel” go “Jamón de Teruel/Paleta de Teruel”.

⁽⁴⁾ Athraíodh “Jamón de Huelva” go “Jabugo”.

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2022/2400 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truaileáin orgánacha mharthanacha

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 317 an 9 Nollaig 2022)

Ar leathanach 29, san Iarscríbhinn, i bpointe (1)(c), sa cheathrú colún den tábla, i bpointe (a):

in ionad: “(a) go dtí an 29 Nollaig 2027, 500 mg/kg;”

léitear: “(a) go dtí an 29 Nollaig 2025, 500 mg/kg;”

ar leathanach 29, san Iarscríbhinn, i bpointe (1)(c), sa cheathrú colún den tábla, i bpointe (b):

in ionad: “(b) ón 30 Nollaig 2025 go dtí an 28 Nollaig 2027, 350 mg/kg nó, más airde, suim thiúchan na substaintí sin i gcás inarb ann dóibh i meascáin nó in earraí, mar a leagtar amach sa cheathrú colún, pointe 2, d'Iarscríbhinn I maidir leis na substaintí éitear teitreabrómaidhé fheinile, éitear einteabrómaidhé fheinile, éitear heicseabrómaidhé fheinile, éitear heipteabrómaidhé fheinile agus éitear deacabrómaidhé fheinile;”

léitear: “(b) ón 30 Nollaig 2025 go dtí an 29 Nollaig 2027, 350 mg/kg nó, más airde, suim thiúchan na substaintí sin i gcás inarb ann dóibh i meascáin nó in earraí, mar a leagtar amach sa cheathrú colún, pointe 2, d'Iarscríbhinn I maidir leis na substaintí éitear teitreabrómaidhé fheinile, éitear einteabrómaidhé fheinile, éitear heicseabrómaidhé fheinile, éitear heipteabrómaidhé fheinile agus éitear deacabrómaidhé fheinile;”

Ceartúchán ar Cinneadh (AE) ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun achmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisia agus na Heirseagaivéine a neartú

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 311 an 2 Nollaig 2022)

Sa teideal ar leathanach na n-ábhar agus sa teideal ar leathanach 149:

in ionad: “Cinneadh (AE) 2022/2353...”,

léitear: “Cinneadh (CBES) 2022/2353...”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)